

Comhairle Contae Mhuineacháin

Monaghan County Council



ANNUAL REPORT

2025

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

www.monaghan.ie

Clár Ábhar

<i>Réamhrá</i>	2
<i>Léarscáil den Cheantar / Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna</i>	4
<i>Ionadaithe Tofa</i>	5
<i>Airgeadas</i>	6
<i>Tithíocht & Foirgneamh</i>	8
<i>An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta</i>	10
<i>Seirbhísí Uisce</i>	12
<i>Cosaint an Chomhshaoil</i>	16
<i>An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide</i>	25
<i>Oifig Oidhreachta an Chontae</i>	31
<i>Bithéagsúlacht</i>	34
<i>Cosaint Dóiteáin & Shibhialta</i>	41
<i>Forbairt Pobail</i>	46
<i>Pleanáil</i>	54
<i>Tionscadail Chaipitil</i>	59
<i>Athnuachan Bailte</i>	66
<i>Seirbhísí Leabharlainne Chontae Mhuineacháin</i>	71
<i>Músaem Chontae Mhuineacháin</i>	79
<i>An Oifig Ealaíon</i>	82
<i>An Rannóg Turasóireachta</i>	84
<i>Oifig Fiontair Áitiúil</i>	92
<i>Córais Faisnéise</i>	98
<i>Bóithre agus Iompar</i>	102
<i>Seirbhísí Corparáideacha</i>	107
<i>Acmhainní Daonna</i>	115
<i>Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois</i>	120
<i>Ceantar Bardasach Mhuineacháin</i>	126
<i>Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan</i>	132
<i>Soláthar Corparáideach</i>	137
<i>Coistí um Beartais Straitéiseacha</i>	138
<i>Ionadaíocht Comhairleoirí ar Choistí Seachtracha agus Comhairle</i>	140
<i>Comhdhálacha/Oiliúint ar ar Fhreastail Baill in 2024</i>	146
<i>Aguisín I Costais na mBall</i>	147
<i>Aguisín II Ráiteas Airgeadais 2024</i>	148
<i>Aguisín III Ráiteas Rialachais</i>	154

Réamhrá

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Mhuineacháin a chur i láthair le haghaidh 2025. Sa tuarascáil seo, leagtar béim ar na héachtaí agus an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana ar fud sheirbhísí uile na Comhairle, rud a léiríonn ár dtiomantas comhroinnte seirbhísí poiblí ardchaighdeán a sholáthar, pobail bheoga a chothú, agus forbairt inbhuanaithe a chinntiú ar fud Chontae Mhuineacháin.

Thugamar tús áite fós do sholáthar tithíochta, agus táimid bródúil as a thuairisciú gur seachadadh 115 teach nua, lena n-áirítear 81 teach sóisialta, rud a sháraigh spriocanna náisiúnta. I measc na ngarspriocanna móra, bhí an chéad Scéim Ceannaigh Inacmhainne sa chontae, a sholáthar 10 dteach ardchaighdeán ag Radharc an Stáisiúin i mBaile Mhuineacháin agus tá scéim eile beartaithe ag Sean Ghairdíní i gCarraig Mhachaire Rois a chuirfidh 10 dteach inacmhainne ar fáil le ceannach. Seoladh an chéad Scéim Cíos Costais i Muineachán in 2025 freisin, rud a chuir 16 árasán cíos fadtéarmach, slán ar cíos faoi bhun rátaí an mhargaidh ar fáil. Léiríonn an dul chun cinn seo ár dtiomantas leanúnach maidir le soláthar tithíochta a mhéadú, inacmhainneacht a fheabhsú, agus tacú leo siúd is mó a bhfuil gá acu leis.

Ba í 2025 an chéad bhliain iomlán de Phlean um Ghníomhú ar Son ar hAeráide Mhuineacháin 2024–2029, agus tugadh breis is 70% dá 153 gníomh chun críche nó cuireadh tús leo, rud a léiríonn tiomantas na Comhairle don inbhuanaitheacht agus ceannaireacht aeráide a leabú i ngach roinn. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí an Staidéar Féidearthachta ar Théamh Ceantair, dul chun cinn tionscadal i gCrios Dícharbónaithe Bhaile Mhuineacháin agus €612,000 infheistithe i 17 dtionscadal aeráide faoi stiúir an phobail.

Bhí an obair chosanta comhshaoil láidir go fóill, le gníomhaíocht fhorfheidhmiúcháin dramhaíola fhorleathan agus baile Mhuineacháin ag baint amach an 4ú háit go náisiúnta i rangú glaineachta IBAL agus rangaithe “Níos Glaine ná Gnásanna Eorpacha” (Cleaner than European Norms). Leanadh le hinfheistíocht shuntasach i seirbhísí uisce tuaithe, agus coinníodh ardleibhéil chomhlíontachta i soláthairtí beaga príobháideacha.

Lean ár gcláir chultúrtha, oidhreacht agus bithéagsúlachta ag fás. I measc na mbuaicphointí bhí foilsiú Toibreacha Naofa Chontae Mhuineacháin, breis is 50 imeacht de chuid Sheachtain na hOidhreacht a reáchtáladh, agus rinneadh dul chun cinn le Straitéis Oidhreacht nua an Chontae 2026–2031. Rinneadh forbairt mhór ar thionscnaimh bithéagsúlachta, lena n-áirítear foilsiú Treoir do Thosaitheoirí maidir le Bogaigh, seoladh an leabhair, Flóra Mhuineacháin, breis is 30 imeacht le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta, agus maoiniú do thionscadail mhóra athchóirithe amhail tionscnamh athchóirithe tailte portaigh PEACEPLUS dar luach €4 milliún ag Sliabh Beatha.

In 2025, lean Comhairle Contae Mhuineacháin lena gcomhpháirtíocht chultúrtha le Project Children agus an eagraíocht ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód. Tá Project Children - a bunaíodh in 1975 chun sos samhraidh síochánta a thairiscint do dhaoine óga ó Thuaisceart Éireann sna Stáit Aontaithe - tar éis breis is 23,000 saol a athrú agus is siombail bhuan é fós d'athmhuintearas trasphobail. I mí Dheireadh Fómhair, bhí aghaidh gach bóthar ar Chontae Mhuineacháin nuair a chuir an contae fáilte roimh na mílte duine chun comóradh 50 bliain Project Children agus seoladh taispeántais nua ag an gCampas Síochána, dar teideal ‘Project Children Stories’, a cheiliúradh. Bhí réimse leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl thar thréimhse cúig lá ar fud an chontae, agus meastar gur thug sé seo borradh €1 mhilliún do gheilleagar an chontae.

D’fhreagair ár Seirbhís Dóiteáin agus Cosanta Sibhialta 432 eachtra éigeandála, rud a léiríonn méadú 18% ar 2024, den chuid is mó mar gheall ar dhrochaimsir agus méadú ar imbhuailtí bóthair. Neartaigh tabhairt chun críche Stáisiún Dóiteáin nua Bhéal Átha Beithe agus infheistíocht i gcablaigh agus i dtrealamh nua ár gcumas freagartha éigeandála. Lean oibrithe deonacha na Cosanta Sibhialta de chúnamh tábhachtach a thabhairt ar fud an chontae, go háirithe le linn Stoirm Éowyn.

Sheol Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhar le FSS agus leis an nGarda Síochána, tionscnamh ar fud an chontae chun Leabhrán Athléimneachta Pearsanta agus Pobail agus maighnéad cuisneora éigeandála a sheachadadh chuig gach teach agus gnó. Tugann an leabhrán treoir shoiléir maidir le hullmhú le haghaidh éigeandálaí agus tacú le comharsana leochaileacha, agus cuireann an scéim ‘Message in a Bottle’ (Teachtaireacht i mBuidéal) ar chumas paraimhíochaineoirí rochtain thapa a fháil ar fhaisnéis leighis riachtanach i gcás éigeandála. Le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt, tá sé d’aidhm ag an tionscnamh gach cónaitheoir - beag beann ar aois nó rochtain dhigiteach - a ullmhú leis an bhfaisnéis riachtanach, rud a neartóidh ullmhacht agus athléimneacht Mhuineacháin i gcoitinne.

Bhí folláine an phobail agus ionchuimsitheacht shóisialta fós mar ghnéithe lárnacha dár gcuid oibre. D’fhreagair Foireann Chomhtháthaithe an Údaráis Áitiúil breis is 2,300 iarratas tacaíochta, rud a léiríonn tiomantas leanúnach an chontae tacú le pobail nua agus le daoine atá ag teacht isteach trí chonairí cosanta idirnáisiúnta agus athlonnaithe. Fuair an Chomhairle €2.55 milliún i maoiniú náisiúnta thar chlár cosúil le CLÁR, an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS), Athnuachan

Bailte agus Sráidbhailte agus an Ciste Aitheantais Pobail, rud lena rabhthas in ann feabhsuithe a dhéanamh ar áiseanna pobail ar fud Mhuineacháin. Chuaigh Plean Gníomhaíochta PEACEPLUS, ar fiú €4.57 milliún é, i bhfeidhm go hiomlán i rith na bliana, ag tacú le hathghiniúint, comhtháthú agus ceiliúradh cultúrtha ar fud an chontae.

Lean an fhorbairt eacnamaíoch ar aghaidh go láidir trí obair na hOifige Fiontar Áitiúil, a thug tacaíocht do 92 fiontar trí €798,230 a bhronnadh i ndeontais, a chuir le 166 post nua, agus a sholáthair oiliúint do bheagnach 1,000 duine agus meantóireacht do 336 cliant. Tacaíodh le nuálaíocht agus inbhuanaitheacht trí thionscnaimh dhigiteacha, ghlasa agus a bhí dírithe ar easpórtálacha, rud a léiríonn pobal gnó dinimiciúil agus athléimneach Mhuineacháin.

Rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach freisin ar thionscadail chaipitil, lena n-áirítear Bóthar Rochtana Thailte Rúscáí, athghiniúint mhór lár bailte i gcúig phríomhbhaile an chontae, Muineachán, Carraig Mhachaire Rois, Béal Átha Beithe, Cluain Eois agus Baile na Lorgan, forbairt mol digiteach i gCúil Darach, Cluain Eois, agus Gleann na Dubhabhann, agus iarrachtaí leanúnacha chun maoine folmha agus tréigthe a athbheochan. Críochnaíodh agus seoladh Pleananna Lár an Bhaile ar dTús do Mhuineachán agus do Bhéal Átha Beithe, rud a bhíonn tionchar aige ar fhorbairt amach anseo agus athghiniúint faoi stiúir an phobail. Lean leabharlanna agus músaeim an chontae de chlár, taispeántais agus imeachtaí den chéad scoth a reáchtáil, agus taifeadadh breis is 371,000 cuairt ar an leabharlann agus ceiliúradh imeachtaí cultúrtha tábhachtacha lena n-áirítear craoltaí beo náisiúnta agus taispeántais phobail shuntasacha.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt turasóireachta in 2025, agus rinne Comhairle Contae Mhuineacháin dul chun cinn ar thionscadail mhóra chun feabhas a chur ar bhonneagar áineasa agus ar thaithí cuairteoirí. Cuireadh uasghráduithe ag Oileán Dubh, Loch Mucnú i gcrích, agus ceadaíodh agus seoladh Plean Aeraíochta an Chontae. Chuaigh tionscadail thábhachtacha ar aghaidh go dtí an pointe seachadta, lena n-áirítear Abhainn an Droma Mhóir i nGormbhealach, sean-eispéreas cuairteoirí Lennard Arms, agus stad nua do mhótar-thithe i mBaile Mhuineacháin. Fuarthas tuilleadh infheistíochta do Fhoraois Chaisleán an tSiáin, do Chosáin Rothar Sléibhe Mhullach Meata, agus do thionscadal Shliabh Beatha arbh fhiú €6 mhilliún é, rud a léiríonn móiminteam láidir i bhforbairt turasóireachta inbhuanaithe ardchaighdeán don chontae.

Gabhaimid buíochas as an tiomantas agus an comhoibriú a léirigh an Comhairleoir Paul Gibbons, an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, agus an Comhairleoir Peter Conlon, an Leas-Chathaoirleach atá ag dul as oifig, agus iad ag cuidiú le spriocanna ardleibhéil na Comhairle a bhaint amach le linn 2024/2025.

Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí leis na Comhaltaí Tofa, leis an bhFoireann Bainistíochta agus le foireann na Comhairle, le grúpaí pobail, le gnólaigh, le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus le hoibrithe deonacha a chuir ar a gcumas an dul chun cinn atá leagtha amach sa tuarascáil seo a dhéanamh. Thar aon ní eile, ba dheas linn buíochas a ghabháil le bunadh Chontae Mhuineacháin, as a rannpháirtíocht, a dteacht aniar agus a mbród leanúnach as a bpobail.

Molaimid an Tuarascáil Bhliantúil seo le haghaidh 2025 lena glacadh ag na Comhaltaí Tofa. Léiríonn sé na héachtaí suntasacha agus neart leanúnach ár gcontae agus taispeánann sé ár dtiomantas comhroinnte chun todhchaí inbhuanaithe, chuimsitheach agus rathúil a chothú do gach duine a chónaíonn, a oibríonn, a thugann cuairt ar Chontae Mhuineacháin agus a infheistíonn ann.




PJ O'Hanlon
Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhuineacháin
Mhuineacháin



Robert Burns
Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae

Léarscáil Cheantair / Ráiteas Misin



Ráiteas Misin

*Monaghan County Council provides
High Quality, Sustainable Public Services to enhance the
Economic, Environmental and Cultural Wellbeing
of our People and County.*

Comhaltaí Tofa

Is iad seo a leanas na Comhaltaí Tofa do Chontae Mhuineacháin:

CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA BEITHE-CHLUAIN EOIS



Clr Seamus
COYLE (FF)



Clr Richard
TRUELL (FG)



Clr Sinéad
FLYNN (SF)



Clr Sean
GILILAND (FG)



Clr Pat
TREANOR (SF)

CEANTAR BARDASACH MHUINEACHÁIN



Clr Raymond
AUGHEY (FF)



Clr Seamus
TREANOR (NEAMH.)



Clr Seán
CONLON (SF)



Clr Pauric
CLERKIN (FG)



Clr Bronagh
MCAREE (SF)



Clr Alan
JOHNSTON (FG)



Clr Niamh
MCCOOEY (SF)

CEANTAR BARDASACH CHARRAIG MHACHAIRE ROIS-BHAILE NA LORGAN



Clr Noel
KEELAN (SF)



Clr Aidan
CAMPBELL (FG)



Clr PJ
O'HANLON (FF)



Clr Colm
CARTHY (SF)



Clr Paul
GIBBONS (SF)



Clr Peter
CONLON (FG)

Airgeadas

Réiteach an Ráitis ar Staid an Airgeadais (SoFP) agus athbhreithniú an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (SoCI)

Déanann an rannóg Airgeadais réitigh agus athbhreithnithe rialta ar iarmhéideanna ar an SoFP, agus ar an gcaoi sin cloítear le moltaí deachleachtais.

Cinntíonn sé seo go mbailítear fiacha chomh tapa agus is féidir, go n-aithnítear maoiniú do thionscadail chaipitil agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar idirbhearta ar bhonn tráthúil, go ndéantar iasachtaí a réiteach le ráitis agus go ndéantar sócmhainní seasta a réiteach le cláir eile atá ar fáil mar iHouse agus an Clár Sócmhainní Réadmhaoine.

Ina theannta sin, déanann an rannóg Airgeadais anailís ráithiúil ar chaiteachas agus ioncam iarbhir i gcomparáid le hioncam agus caiteachas buiséadaithe chun a chinntiú go ndéantar gach caiteachas agus ioncam a phostáil go cruinn agus go n-aithnítear sa tréimhse cheart iad.

Barrachas Carnach

Bhain an Chomhairle barrachas carnach €291,378 amach in 2024. Tá súil ag an gComhairle barrachas a choinneáil amach anseo. Baintear barrachas bliantúil amach trí ullmhúchán cruinn buiséid, feacht ar laghdú costas agus monatóireacht chúramach ar chaiteachas iarbhir i gcoinne an bhuiséid.

Bainistíocht an Stáitchiste

D'fhonn ús infhaighte ar chistí breise a uasmhéadú, déanann baill foirne na rannóige Airgeadais monatóireacht ar an iarmhéid bairc agus aistríonn siad cistí breise chuig HFA, a íocann 1.5% ar infheistíochtaí suas le trí mhí agus 2% ar infheistíochtaí thar thrí mhí.

Bailiú Rátaí

Bhí bailiúchán Rátaí Chomhairle Contae Mhuineacháin thar barr arís in 2025. Meastar gurb é 99% an ráta bailiúcháin deiridh. Is a bhuí le billeáil luath agus chruinn, baill foirne a bhfuil taithí acu, roghanna íocaíochta iolracha do chustaiméirí agus úsáid sainghnólachtaí dlí atá ráta bailithe Chomhairle Contae Mhuineacháin chomh hard sin.

Díscríobh Rátaí a laghdú

Mar iarracht chun aghaidh a thabhairt ar leibhéal na réadmhaoine folmha i gceantair uirbeacha, ghlac na Comhaltaí Tofa rún ag cruinniú Bhuiséad 2023 chun an díscríobh Rátaí ar réadmhaoin tráchtála a laghdú ó 100% go 80% le haghaidh 2023, 2024 agus 2025.

Tá laghdú tagtha ar fholúntais dá bhrí sin. Ó tugadh isteach an laghdú díscríofa, rinneadh roinnt réadmhaoine a dhíliostú, a athshocrú, a thiontú le haghaidh úsáide baile nó tá athchóiriú á ndéanamh orthu.

Tionchar Chostas an Oifigh Dóiteáin ar Áirithíocht

Bhí cur i bhfeidhm mholtaí an choimisiúin um chaidreamh san áit oibre do chomhraiseoirí dóiteáin ar áirithíocht le cur i bhfeidhm le héifeacht ón timthriall pá seachtainiúil/coicise is gaire don 1 Iúil 2023.

Chuir an comhaontú ioncam seasta ar fáil do chomhraiseoirí dóiteáin ag tosú ag €18,050 in aghaidh na bliana d'earcaigh nua. Beidh criú de 12 ar a laghad i ngach stáisiún dóiteáin. Mar gheall air sin, ba ghá 12 comhraiseoir dóiteáin nua agus príomhoifigeach dóiteáin cunta i gContae Mhuineacháin a earcú.

Cuireadh tús le feachtas earcaíochta sa 4ú Ráithe de 2023 agus lean sé ar aghaidh in 2024. Meastar gurb ionann na glanchostais bhreise don tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht do 2026 agus thart ar €0.25m i gcomparáid le buiséad 2025. Níl sé deimhnithe an ndéanfar na costais bhreise seo a fhritháireamh le deontas ó DHLGH.

Costais phinsin

Meastar go n-ardóidh costas breise do Chomhairle Contae Mhuineacháin as íocaíochtaí pinsin agus cnapshuime a chomhlíonadh faoin scéim pinsin Rialtais Áitiúil faoi €0.38m idir 2025 agus 2026 agus go mbeidh dliteanas ionchais os cionn €5.7m ann do 2026.

Léiríonn athbhreithniú achtúireach ar an dliteanas i leith LGSS a rinneadh amhail an 1 Eanáir 2024 go bhfuiltear ag súil go méadóidh sreabhadh airgid iníoctha ag ÚA thar 2025 go dtí go sroichfidh siad a mbuaicphointe in 2048 sula dtosóidh siad ag laghdú arís. Measann anailís ar shreabhadh airgid go mbeidh méadú

thart ar €7m ann do Mhuineachán idir 2024 agus 2048. Léiríonn sé seo fás 150% ar riachtanais sreabhadh airgid don chostas seo amháin do Chomhairle Contae Mhuineacháin thar thréimhse 23 bliain sula gcuirtear aon ghluaiseachtaí costais eile san áireamh fiú.

Uisce Éireann- costais thréigthe

D'eisigh DHLGH Meabhrán Tuisceana le linn 2023 maidir le híocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla ar chostais tréigthe a d'eascair as an gclár Seirbhísí Uisce a Chlaochlú.

Maidir leis an tréimhse idir 2024 agus 2026, arb í an tréimhse a thuairtar sa chreat chun foireann údaráis áitiúil a tharraingt siar ó sholáthar seirbhísí uisce í, déantar Costais Bhainistíochta Lárnacha (CMC) a bhaineann le seirbhísí Uisce a fháil ar ais ó DHLGH in ionad Uisce Éireann mar a bhí amhlaidh roimhe seo.

Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar an sruth ioncaim seo toisc go mbeidh formhór an fhorchúitimh sin bunaithe ar chostais CMC ó 2022. Tá roinnt baill foirne seirbhísí uisce athlonnaithe chuig rannóga eile laistigh den Chomhairle nó tá siad aistrithe go Uisce Éireann. Níl ach líon íosta foirne fós inmhuirir i leith seirbhísí uisce le haghaidh 2026.

Ullmhú buiséid

I rith R3/R4 2025, d'ullmhaigh an rannóg Airgeadais buiséad bliantúil Ioncaim 2026.

Tá foráil anseo le haghaidh €97m d'ioncam agus caiteachas. Déantar ioncam ó rátaí a bhuiséadú ag €18 milliún (ARV 0.2594) agus déantar maoiniú ón gCáin Mhaoine Áitiúil a bhuiséadú ag €13.592 milliún, lena n-áirítear méadú 15% ar an mbonnráta. Tá méadú 4% tagtha ar mhaoiniú Bhuiséad 2026 le taobh bhuiséad 2025.

Is ionann é sin agus €3.86 milliún d'ioncam agus de chaiteachas sa bhreis do Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2026. Ullmhaíodh an Buiséad agus é mar chuspóir maoiniú a chur ar fáil chun leanúint leis na leibhéil seirbhíse atá ann cheana in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le costais atá ag ardú.

Tithíocht & Foirgneamh

Soláthar Tithíochta 2025

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin 115 teach ar fáil san iomlán in 2025, lena n-áirítear tithe sóisialta, inacmhainne, cíos costais, ceannacháin agus morgáiste le ligean ar cíos.

As an 115 thuas, is tithe sóisialta breise iad 81 acu. Seachadadh na tithe seo trí mheascán tithe nuathógtha agus ceannacháin nua. Ba é 61 aonad tithíochta sóisialta sprioc na Roinne Tithíochta a socraíodh do Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2025. Sáraíodh an sprioc faoi 32%. Ba iad na tionscadail tógála nua príomhfhócas an chlár caiteachais chaipitiúil in 2025.

Chríochnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin 22 teach nua ag Slí Lorcáin, Leat Lorcáin, Muineachán, 21 teach ag Slí na Coille, Mullach Meata, Muineachán, 13 theach ag Coill an Rí, Carraig Mhachaire Rois, 14 theach nua ag Cois Abhainn, Béal Átha an Fhóid, 4 theach ag Cnoc na Gréine, Tigh Damhnata, 3 theach ag Cúirt an tSéipéil, an Charraig Rua, agus 4 theach nua ag Radharc an Stáisiúin, Muineachán agus rinneadh plé ar dhá cheann acu faoi Chuid V.

Chomh maith leis an 81 teach sóisialta a seachadadh, sheol Comhairle Contae Mhuineacháin an chéad Scéim Ceannaigh Inacmhainne sa chontae, ag seachadadh 10 dteach nua ag Radharc an Stáisiúin, Muineachán. Cuireann an Scéim Ceannaigh Inacmhainne ar chumas Chomhairle Contae Mhuineacháin tithe nua-thógtha ardchaighdeán a chur ar fáil do Cheannaitheoirí Céaduaire agus d'iarratasóirí Tús Úr ar phraghsanna atá laghdaithe go suntasach. Tacaíonn an scéim le teaghlaigh nach leor a morgáiste agus a n-éarlais le chéile chun an luach margaidh iomlán a bhaineann le teach nua a chomhlíonadh.

Bhí an chéad Scéim Cíosa Costais i gContae Mhuineacháin ar fáil freisin, ag soláthar 16 árasán ar Shráid na Páirce i mBaile Mhuineacháin. Seod é an chéad fhiontar atá ag an gComhairle maidir le cóiríocht ar Cíosa Costais a sholáthar, cineál nua tionachta a thairgeann tionóntachtaí fadtéarmacha, slána le cíosanna socraithe ag íosmhéid 25% faoi bhun rátaí reatha an mhargaidh.

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin ceannach 5 theach i gcrích in 2025 — 2 cheann le haghaidh Tionóntaí in Situ agus 3 gcinn le haghaidh Imeacht ó easpa dídine/easpa dídine a chosc.

Tríd an scéim, Morgáiste go Cíosa, tá 3 theach eile á mbainistiú anois ag “Home for Life”. Taifeadtar na réadmhaoin seo go hoifigiúil faoin gceannnteideal “Léasú” nó is féidir go mbeidh siad faoi úinéireacht na n-áititheoirí arís sa deireadh. Tá siad faoi úinéireacht “Home for Life” faoi láthair, áfach, chun ligean d’áititheoirí fanacht ina dtithe in ainneoin saincheistanna airgeadais.



Deontais Tithíochta — Príobháideach

In 2025 fuair Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh 100% tosaigh €1,912,040. Tar éis tuilleadh iarratas chuig an Roinn Tithíochta, méadaíodh é go €2,969,057 sa deireadh don bhliain 2025 mar gheall ar an méadú ard leanúnach atá á dhéanamh ar dheontais tithíochta sa Chontae. Sa bhliain 2025, cheadaigh an Rannóg Tithíochta 292 iarratas, d’eisigh sí íocaíocht ar 343 iarratas agus d’aisghabh sí 346 iarratas trí leithdháileadh iomlán 2025 a tharraingt anuas ón Roinn. Rangaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin fós ag barr ‘tábla tarraingthe anuas’, fianaise ar an obair iontach agus tiomantas gach ball foirne a bhfuil baint acu leis na Scéimeanna Deontais Tithíochta a chur chun cinn agus a sheachadadh.

Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas — Réadmhaoin LA

Sa bhliain 2025, thug Comhairle Contae Mhuineacháin faoi oibreacha lucht míchumais i 45 réadmhaoin faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil. Ar an hoibreacha a rinneadh bhí cithfholcadán boinn leibhéalta, rampaí, lámhráillí, cathaoireacha staighre agus síneadh.

De dheasca na n-oibreacha sin, beidh na tionóntaí ábalta fanacht neamhspleách, aire a thabhairt dóibh féin agus fanacht ina dtithe.

Leithdháiltí 2025

Ba é 106 líon iomlán na leithdháiltí in 2025 (ní áirítear leis seo leithdháiltí AHB)



Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Tá ról tábhachtach ag Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) fós mar chineál tacaíochta tithíochta sóisialta dóibh siúd a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu. Sa bhliain 2025, cuireadh tús le 84 tionóntacht, agus bhí líon iomlán na dtionóntachtaí gníomhacha faoi thacaíocht HAP ag 406 an 31 Nollaig 2025.

Tá Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP atá lonnaithe i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach as gach idirbheart airgeadais, bailiú cíosa ó thionóntaí agus íocaíocht tiarna talún ag deireadh na míosa.

Scéim Cóiríochta Cíosa

Is éard atá sa Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS) ná tacaíocht do dhaoine a bhfuil gá acu le tithíocht fhadtéarmach. Ba é 263 líon iomlán na dtionóntachtaí a raibh tacaíocht chíosa RAS á fáil acu amhail an 31 Nollaig 2025: Bhí 92 teaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus bhí 171 teaghlach i réadmhaoín Comhlachta Cheadaithe Tithíochta. Agus na tionóntachtaí uile le chéile, bá é na dtiarnaí talún in aghaidh na míosa amhail an 31 Nollaig 2025 ná €119,775.46.26.

Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Sa bhliain 2025 - fuarthas 26 iarratas ar Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí. Críochnaíodh 3 cinn, tarraingíodh siar 6 cinn, bhí 5 cinn leis an atur nae agus tá 12 cheann i gcéimeanna éagsúla idir luacháil a fháil agus dul chuig an atur nae.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

In 2025, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin 205 fiosrúchán chuig seirbhísí do dhaoine gan dídean go díreach ó theaghlach iad féin nó ó dhaoine eile ar a son, á rá go rabhadar gan dídean. Tugadh faoi deara go raibh tionchar aige sin ar 119 páiste go hindíreach. Tar éis Measúnú um Dhaoine gan Dídean a dhéanamh, measadh go raibh 35 teaghlach gan dídean, lenar áiríodh 27 páiste a raibh tionchar aige sin orthu go hindíreach, agus ba ghá iad a cur i gCóiríocht Éigeandála do Dhaoine gan Dídean. Bhí deacrachtaí a bhaineann le cóiríocht i gceist leis an 170 fiosrúchán eile nó bhí siad i mbaol gan dídean a bheith acu, ach ní raibh siad gan dídean. Maidir le gach fiosrú faoi dhaoine gan dídean, chuir Seirbhísí na Comhairle do Dhaoine gan Dídean tacaíocht agus treoir ar fáil. Tá 7 nduine aonair ag plé leis an gClár Tithíocht ar dTús i gcontae Mhuineacháin faoi láthair. Tá siad ag fanacht i meascán d'aonaid tithíochta Údaráis Áitiúil agus Cheadaithe agus faigheann siad tacaíocht ó thimseirbhís tacaíochta a chuireann lontaobhas Peter McVerry ar fáil dóibh.

Folúntais Ócáideacha / Tithe Folmha Mhuineacháin

Dhéileáil Comhairle Contae Mhuineacháin le 63 Folúntas Ócáideach in 2025 ar chostas €1,338,383.02 agus fuair sí €929,356 faoi chomhair na gcostas ar ais ón Roinn Tithíochta. Ullmhaíodh na tithe le hathligeran ar mheánchostas €21,244.17 an ceann agus críochnaíodh iad taobh istigh de thart ar 11.27 seachtaine ar an meán, agus is laghdú mór é sin i gcomparáid le 2024. I measc na ngnáthoibreacha athligerin tá cistin nua, urlárlach, an córas leictreachais, péintéireacht, córas teasa, uasghráduithe ar an seomra folctha agus fálú. Níl aon tithe folmha fadtéarmacha ag Comhairle Contae Mhuineacháin.

Cothabháil Tithe

Caitheadh €1,242,423 ar Chotheabháil Tithe sa bhliain 2025, ar figiúr é atá os cionn an bhuiséid (€1,125,000) a leagadh amach faoi choinne cothabháil ghinearálta freagartha agus phleanáilte ar stoc tithíochta na Comhairle. Fuarthas €82,414 ar ais ón Roinn Tithíochta agus chlúdaigh Fáltais Chaipitil Inmheánacha an t-iarmhéid a bhí fágtha. Bhí cuid den locht as an méadú sin ar an Stoc Tithíochta atá ag dul i méid. Fáth eile ná na hoibreacha breise práinneacha nach raibh súil leo agus a tháinig chun solais de bharr cigireachtaí.

An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta

Plean Oibriúcháin:

I gcomhréir leis an bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil (ASDP) a ceapadh don bhliain 2025, d'fhorbair Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta Plean Oibriúcháin an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta, 2025. Leagtar amach sa phlean seo na spriocanna oibre atá le baint amach in 2025. Rinne Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta athbhreithniú ar an bPlean Oibriúcháin ar bhonn seachtainiúil chun a chinntiú go mbainfí an plean amach. Cuireadh an plean oibriúcháin i gcrích go rathúil (cuireadh obair ní ba thábhachtaí nach raibh coinne léi in ionad cuid den obair a bhí sa phlean bunaidh).

Seo a leanas achoimre ar phríomhghnéithe na hoibre a rinne Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta in 2025:

- Forbraíodh Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta 2025 in am agus cuireadh i bhfeidhm é.
- Críochnaíodh Tuarascáil Bhliantúil an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta 2024 in am.
- Forbraíodh Plean Oibriúcháin an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta 2025 in am agus seachadadh é.
- Rinneadh Clár Riosca Corparáideach an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta 2025 a athbhreithniú, a nuashonrú go ráithiúil agus eisíodh tuarascáil.
- Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar HSMS i Márta agus Deireadh Fómhair 2025.
- Athbhreithníodh/nuashonraíodh Ráiteas um Shábháilteacht Chorporáideach faoi dhó in 2025.
- Forbraíodh agus eisíodh 58 Nós Imeachta agus 27 Foirm / Teimpléad le lógó nua CCM HSSP29 Nós Imeachta um Rothair Leictreacha.
- Formheasadh HSSP06 Nós Imeachta um Fhoréigean agus Ionsaitheacht san Ionad Oibre i Meitheamh 2025.
- D'eisigh LGMA Treoir Oibriúcháin Chaighdeánach (TOC) maidir le Cosaint do Mhuintir na hÚcráine agus Cosaint Idirnáisiúnta ('Standard Operating Guidance (SOG) for Ukrainian & International Protection') agus cuireadh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Seirbhíse freagrach í lena cur i bhfeidhm.
- Baineadh Nós Imeachta Covid HSP55 agus nuashonraíodh na nósanna imeachta gaolmhara eile go léir.
- Athbhreithníodh agus nuashonraíodh 12 Nós Imeachta an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta.
- Athbhreithníodh agus nuashonraíodh 11 Fhoirm an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta.
- Rinneadh Iniúchadh Lámhleabhair amháin ar Shláinte agus Sábháilteacht na Roinne in 2025 (an Rannóg Acmhainní Daonna). Eisíodh tuarascáil iniúchta mhionsonraithe mar aon le tuarascálacha iniúchta achoimre.
- Rinneadh athbhreithniú ar anailís bearnaí HSMS.
- Tuarascálacha Míosúla HSU eisithe in am
- Freastalaíodh ar cheithre Chruinniú LASOG (lenar áiríodh an Chomhdháil Náisiúnta a mhair dhá lá).
- Forbraíodh agus seachadadh 15 x Faisnéisiú Sábháilteachta do gach fostaí.
- Bhí Lá Cuimhneacháin Náisiúnta na nOibrithe ar siúl an 28 Aibreán 2025. D'eisigh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta eolas chuig an bhfoireann agus chuig an bpobal trí na meáin shóisialta agus trí ríomhphost chun an lá a chomóradh. Bhí Seachtain Sábháilteachta na hEorpa ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Tugadh faisnéis sábháilteachta go laethúil mar aon le faisnéis sláinte agus sábháilteachta ghinearálta.
- Reáchtáladh imeachtaí laethúla faoi choinne Sheachtain na Sláinte agus na Sábháilteachta i mí Dheireadh Fómhair 2025.

- Rinneadh tástáil, cothabháil agus glanadh ar dhífhibrileoirí ar bhonn démhíosúil. Rinneadh taighde ar chaibinéid théite dífhibrileora códaithe nua agus ceannaíodh dhá cheann acu.
- Trealamh agus soláthairtí Garchabhrach á n-eisiúint de réir mar a bhí siad ag teastáil. Stoc leordhóthanach trealamh déanta agus soláthairtí coinnithe.
- Eisíodh nuachtlitreacha Safety Link (Nasc Sábháilteachta) i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2025; fuarthas aiseolas dearfach ó fhostaithe ina leith.
- Bunaíodh 14 láthair tástála GCC i gClár Measúnaithe H&R. Bhí láithreacha nua ann, agus thóg sé neart ama iad a chur i gcrích.

Clár Cigireachta:

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar na spotseiceálacha a rinne Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta (níor leagadh sprioc ar bith amach cionn is go ndearnadh na seiceálacha de réir mar a bhí am ann). Sonraítear sa tábla thíos na cigireachtaí a rinneadh:

Cigireachtaí a Rinneadh:	Líon Ar Tugadh Fúithi:
Bóithre / CBanna Lasmuigh	08
Clóis Súgartha agus Páirceanna	20
Iomlán:	28

Measúnú Guaiseacha agus Rioscaí:

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar Mheasúnuithe Guaiseacha agus Rioscaí a chríochnaigh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta in 2025:

Cineál Measúnaithe:	An Líon a Rinneadh:
Iosta	13
Foirgnimh	09
Páirc Súgartha / Clóis Súgartha / Aclaíocht	04
Láithreacha Tástála GCC	14
Measúnú ar Fhostaithe	01
Iomlán:	41

Seirbhísí Uisce

Claochlú Uisce Éireann

Tá Uisce Éireann freagrach as na seirbhísí uisce phoiblí agus dramhuisce uile a oibriú, lena n-áirítear:

- Bainistíocht ar shócmhainní uisce agus fuíolluisce náisiúnta.
- An córas uisce agus fuíolluisce a chothabháil.
- Infheistíocht agus pleanáil.
- Tionscadail chaipitil a bhainistiú.
- Cúram agus billeáil do chustaiméirí.

Chomh maith leis sin, tá freagracht ar Uisce Éireann as na cinntí uile i dtaobh infheistíocht chaipitil agus as an gclár caipitil a chur chun feidhme ar fud na tíre.

Leis an Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe a shínigh Comhairle Contae Mhuineacháin agus Uisce Éireann sa bhliain 2023, tá freagracht glactha ag Uisce Éireann as bainistiú agus stiúradh gach baill foirne seirbhísí uisce incháilithe i gComhairle Contae Mhuineacháin. Tiocfaidh deireadh leis an Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe i mí na Nollag 2026.

Tá mórán baill foirne i ndiaidh aistriú go buan chuig Uisce Éireann agus ba dheas le Comhairle Contae Mhuineacháin buíochas a ghabháil leis na baill foirne sin as a gcuid oibre crua thar na blianta agus guímid gach rath orthu ina ngairmeacha.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin i gceannas ar an gClár Uisce Tuaithe i rith an ama. Ní dhearna aistriú na seirbhísí poiblí chuig Uisce Éireann difear ar bith dó sin.

An Clár Uisce Tuaithe

Tá an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhuineacháin á riar ag Comhairle Contae Mhuineacháin. Cuireann an clár bearta ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sna nithe seo a leanas:

- Grúpscéimeanna Uisce.
- Grúpscéimeanna Séarachais.
- Soláthairtí Uisce Príobháideacha nuair nach bhfuil aon ghrúpa malartach ná soláthar poiblí ar fáil.
- Córais Cóireála Dramhuisce Tí (DWWTSanna) Phríobháideacha trína gcáilíonn an t-iarraitasóir faoi Rialacháin na dTithe (Cúnamh Airgeadais le haghaidh Córais Cóireála Dramhuisce Tí), 2020.
- Soláthairtí Uisce Príobháideacha trína gcáilíonn an t-iarraitasóir faoi Rialacháin na dTithe (Deontas um Leasúchán Luaidhe Baile), 2022.

Fóirdheontais

Tá 12 ghrúpscéim uisce sa chontae. Freastalaíonn an 12 Ghrúpscéim Uisce ar thart ar 43% de dhaonra Chontae Mhuineacháin.

Bunchuid de chaighdeán agus d'iontaofacht an tsoláthair uisce tuaithe a choinneáil agus a fheabhsú is ea an fóirdheontas bliantúil, arna riar ag Comhairle Contae Mhuineacháin, faoi chomhair chostais oibriúcháin agus bhainistíochta na ngrúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce le haghaidh úsáid tí.

Is é cuspóir an fhóirdheontais a chinntiú go gcaitear go cothrom le teaghlaigh a úsáideann soláthar uisce phoiblí (Uisce Éireann) agus teaghlaigh atá i ngrúpscéim uisce agus go gcuirtear tacaíocht airgeadais choibhéiseach ar fáil dóibh.

Rinne Comhairle Contae Mhuineacháin íocaíochtaí fóirdheontais ar luach €4.5 milliún le dhá ghrúpscéim uisce dhéag in 2025.



Sampla d'oibreacha a rinneadh ar Thobar

Córais Cóireála Dramhuisce Tí Faoi Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012, tugann Comhairle Contae Mhuineacháin faoi chigireachtaí ar Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (DWWTSanna). Soláthraíonn an Scéim Deontais um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí maoiniú deontais suas le 85% de chostas na ndeisiúcháin ar an gcóras nó ar chóras úr, suas go dtí €12,000 ar a mhéad. Is méadú é seo ón deontas a bhí ann roimhe seo de €5,000, agus níl aon cheanglas ann a thuilleadh córas baile a chlárú le bheith incháilithe do chúnamh deontais. Is ann do trí chineál scéim deontais um dhabhcha séarachais in Éirinn, taobh faoi deara nach Deontas uilíoch é seo agus go bhfuil sé faoi réir an líon tí a bheith ag sásamh na gcritéir le haghaidh gach scéim deontas do dhabhcha séarachais de réir mar a leagtar amach thíos:

- Deontas DWTTS faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta — D'fhonn a bheith incháilithe don deontas seo, caithfidh oibreacha ar an DWWTS teacht go díreach as cigireacht arna déanamh faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta, agus as Fógra Comhairleach arna eisiúint ina dhiaidh sin ag an údarás áitiúil chuig an sealbhóir tí.
- Deontas DWTTS i Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta — D'fhonn a bheith incháilithe don deontas seo, caithfidh DWWTS atá ag freastal ar theach a bheith suite i Limistéir Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí reatha d'Éirinn, agus níor mhór go mbeadh litir faighte ag an iarratasóir ó Oifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) á dheimhniú go bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas.
- Deontas DWTTS i Limistéir Ghabhála Cuspóra Ard-Stádais — D'fhonn a bheith incháilithe don deontas seo, caithfidh DWWTS atá ag freastal ar theach a bheith suite i Limistéir Ghabhála Cuspóra Ard-Stádais

Limistéir i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí reatha d'Éirinn. Tig leis an iarratasóir iarratas ar dheontas DWWTS a dhéanamh chun an údarás áitiúil.

Sa bhliain 2025, faoin bPlean Iniúchta Náisiúnta (NIP) breathnaigh orthu seo a leanas:

- Rinne foirne na nÚdarás Áitiúil 50 iniúchadh ar chórais chóireála fuíolluisce tí
- Eisíodh 24 fógra comhlíontachta agus 26 fógra comhairleach chuig sealbhóirí tí.
- I gcás cigireachtaí a rinneadh in 2025, íocadh 7 ndeontas NIP san iomlán le haghaidh oibreacha uasghrádaithe arb ionann iad agus €80,432 le sealbhóirí tí faoin deontas.
- Íocadh 9 ndeontas NIP san iomlán le haghaidh oibreacha uasghrádaithe arb ionann iad agus €68,054 le sealbhóirí tí faoin deontas.

Leanfaidh sealbhóirí tí le hiarratais ar dheontais a bhaineann le ceanglais maidir le fógra comhairleach 2025 a chur isteach in 2026 de réir mar a bheidh oibreacha feabhsúcháin críochnaithe agus iniúchta. Tá an plean bainistíochta abhantraí nua tar éis an Limistéir Ghabhála Ard-Stádais atá suite i gceantar Bhaile an Scotaigh a leathnú, tá 170 úinéir tí san iomlán curtha san áireamh sa limistéir seo agus tá fógra tugtha ag an Rannóg Uisce Tuaithe do gach úinéir tí trí litir go bhfuil siad curtha san áireamh sa limistéir seo.



Sampla d'oibreacha a rinneadh ar Chórais Cóireála Dramhuisce Tí

Comhlíontacht maidir le hUisce Óil

In 2025, b'ionann an ráta comhlíontachta i Muineachán do ghrúpscéimeanna príobháideacha uisce agus do sholáthairtí beaga príobháideacha agus 99.5% i gcás 1,914 paraiméadar a ndearnadh anailís orthu.

Tugadh 30 sárú faoi deara i rith na bliana agus chuathas i gcomhairle le FSS nuair a bhí sé ábhartha. Ba iad Mangainéis na príomhsháruithe. Aithníodh an 30 sárú trínár gclár samplála féin, ar thug an tsaotharlann fógra ina leith, agus a cuireadh in iúl do na scéimeanna ansin.

I measc na ngníomhartha ceartaitheacha a rinne na scéimeanna chun deireadh a chur le sáruithe bhí sampláil arís agus arís eile chun comhlíontacht a fhíorú, imscrúduithe ar phróisis ionad cóireála agus tabhairt faoi iniúchadh láithreáin má bhí gá leis.

Chomh maith leis an gclár samplála rialála, is ann freisin do chlár monatóireachta amhuisce ar fhoinsí na ngrúpscéimeanna uisce. Déantar sin sa bhreis ar na samplaí laethúla a thógann na scéimeanna féin.

Soláthraíonn gach sampla amhuisce a thóg CCM in 2025 faisnéis bhreise maidir le substaintí arb ábhair spéise iad amhail luibhicídí agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (PAHanna). Ina theannta sin, críochnaíodh monatóireacht bhreise Amhuisce i gcás dhá scéim in 2025, ar scéimeanna iad a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu i gcomhair uasghrádú. Bainfear leas as na sonraí sin chun cur le tuairisciú nuair is gá.

Eisíodh fógra 'Ná hÓltar' amháin chuig bunscoil bheag i mí na Nollag 2024 i leith soláthar príobháideach beag. Fanfaidh na fógraí seo i bhfeidhm go dtí go ndéanfar oibreacha deisiúcháin ar a soláthairtí. Sa bhliain 2025, rinne an dá áitreabh uasghrádú ar a gcórais chóireála agus tá siad lánchomhlíontach anois agus ag baint úsáid as a soláthair bheaga príobháideacha arís.

Chomh maith leis an obair shamplála agus mhonatóireachta a leagtar amach thuas, rinne Comhairle Contae Mhuineacháin ceithre

iniúchadh ar ionaid cóireála grúpscéimeanna uisce príobháideacha agus tugadh roinnt cuairteanna ar lear soláthairtí beaga príobháideacha le linn 2025. Roghnaíodh na cuairteanna ar bhonn tosaíochta bunaithe ar a ndáta deireanach cigireachta nó ar shaincheist ar leith maidir le caighdeán an uisce.

Tugadh dornán saincheisteanna oibriúcháin faoi deara sna hiniúchtaí, ar saincheisteanna iad a bhaineann le feidhmíocht ionad, próisis ionad agus an chóireáil atá ar fáil. Tá siad seo a leanas ar na moltaí a shonraítear sna tuarascálacha iniúcháin agus atá á gcur i bhfeidhm ag na grúpscéimeanna uisce:

- Rialuithe breise um théachtadh, focasú agus gléghlanadh (CFC) a shuiteáil.
- Aláraim agus baic a athbhreithniú.
- An mhonatóireacht a athbhreithniú san ionad agus sa líonra.

Aistriú Sócmhainní

Foráiltear le hAlt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 d'aistriú Sócmhainní Seirbhísí Uisce chuig Uisce Éireann.

Bhí 164 sócmhainn san iomlán le haistriú chuig Uisce Éireann ag Comhairle Contae Mhuineacháin faoi dheireadh 2025 - an dul chun cinn maidir le haistriú na sócmhainní:

Sócmhainní aistrithe go hiomlán	90
Le LMT don aontú deiridh	24
Níltear ag baint úsáid astu a thuilleadh- ní bheifear á n-aistriú	26
Ag feitheamh ar réiteach ar shaincheisteanna úinéireachta	24
Iomlán	164

Tá obair mhionsonraithe ar siúl an t-am ar fad chun ábhar tacaíochta a ullmhú chun na sócmhainní sin a aistriú, lena n-áirítear foroinnt fóiliónna agus mapáil ghaolmhar, láithreáin neamhchláraithe a chlárú, cearta slí dlíthiúla a bhunú agus aimhrialtachtaí teidil gan réiteach go fóill a réiteach.

Cosaint an Chomhshaoil

Le linn 2025, cuireadh de chúram arís ar Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil i gComhairle Contae Mhuineacháin reachtaíocht agus Beartas Comhshaoil AE agus Náisiúnta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar ár gComhshaoil a chosaint.

De réir Sprioc a Ceathair “Todhchaí Inbhuanaithe” i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhuineacháin, 2024-2029, bhí obair Aonad na Seirbhísí Comhshaoil in 2025 dírithe ar chlár oibre feasachta, rialála agus forfheidhmithe a chur chun feidhme sna réimsí a bhaineann le caighdeán an uisce, caighdeán an aeir, bruscar, agus bainistíocht dramhaíola i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta forfheidhmithe comhshaoil.

Ba chuid shuntasach dár n-ualach oibre in 2025 é a chinntiú go leanfadh Comhairle Contae Mhuineacháin de chlár oibre a sheachadadh i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta sna réimsí téamacha seo a leanas:

- **Dramhaíl** - Feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus ár dtimpeallacht a chosaint.
- **Uisce** - Stádas Uisce a Fheabhsú i ngach dobharlach.
- **Aer** - Sláinte an phobail a chosaint agus cáilíocht an aeir a fheabhsú.

Ba é an próiseas RMCEI an mheicníocht trína ndearnadh an obair a chur chun cinn agus i mí Feabhra 2025 chuir Comhairle Contae Mhuineacháin plean cuimsitheach cigireachta RMCEI faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ina raibh sonraí faoin obair a bhí le déanamh ag Comhairle Contae Mhuineacháin laistigh de na réimsí téamacha seo. Tá achoimre ar an obair a rinneadh faoi na 3 réimse théamacha seo leagtha amach thíos.

Rialacháin forfheidhmiúcháin dramhaíola Le linn 2025, ullmhaíodh plean oibre comhshaoil RMCEI dár gcuid maidir le dramhaíl i gcomhréir leis na Tosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta (TFNanna) a cuireadh in iúl do gach údarás áitiúil trí chomhfhreagras a d’eisigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí na Nollag 2024.

- Dul i ngleic le gníomhaíochtaí suntasacha dramhaíola atá neamhdhleathach.
- Dramhaíl Tógála agus scartála.
- Dramhaíl Tí.
- Dramhaíl Tráchtála.
- Tionscnaimh freagrachta táirgeora.

Le linn 2025, bhí ceathrar Oifigeach Forfheidhmithe lánaimseartha ann ag gabháil le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin dramhaíola agus aeir, agus fuair Comhairle Contae Mhuineacháin €192,000 ar ais ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil as costais a bhain le gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola, lena n-áirítear costais foirne. Ina theannta sin, bhí maor patróil timpeallachta lánaimseartha ann. Bíodh is gur bhain cuid shuntasach d’ualach oibre na foirne forfheidhmiúcháin le réimsí oibre na dTosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta (NEPanna), bhí baill foirne ag plé le gníomhaíochtaí eile freisin ar nós gearáin dramhaíola a imscrúdú, iarratais ar Dheimhniú Clárúcháin agus Ceadanna Saoráide Dramhaíola a phróiseáil, measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála chun comhlíonadh bainistíochta dramhaíola a chinntiú, agus a chinntiú go raibh gníomhaíochtaí dramhaíola a bhí ar siúl laistigh de Chontae Mhuineacháin á ndéanamh i gcomhréir le reachtaíocht bainistíochta dramhaíola tríd an gcóras deimhniúcháin agus ceadaithe cuí.



Suíomh dramhaíola neamhdaraithe a ndearnadh imscrúdú air in 2025

Agus na tosaíochtaí dramhaíola seo á gcomhlíonadh in 2025, chríochnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas:

- Rinneadh imscrúdú ar 497 gearán a bhain le dramhaíl.
- Rinneadh 466 gnáthchigireacht uisce, lena n-áirítear 122 cigireacht ar láithreáin dramhaíola ceadaithe agus cláraithe atá údaraithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin.
- Eisíodh 353 litir rabhaidh, 61 treoir faoi Alt 14 agus 14 fhógra faoi Alt 55 faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola.
- Eisíodh 4 Fhógra Pionóis Sheasta faoi na Rialacháin um Cheadanna Bailithe Dramhaíola.
- Fuarthas 3 chiontú ar leithligh i gCúirt Dúiche Mhuineacháin i gcoinne triúir as sárú ar reachtaíocht dramhaíola.
- Measúnaíodh tuairim is 150 iarratas pleanála ó thaobh bainistíocht dramhaíola de.



Níochán Díosail arna stóráil ag Compún Choirnéal na nAlbanach.

Le linn 2025, ceist achrannach a bhí i ndumpáil mhídhleathach dramhaíola sciúrtha díosail i gcónaí agus taifeadadh 36 eachtra níocháin díosail le linn na bliana, i ndeisceart an chontae. B'ionann an costas a tabhaíodh chun déileáil le dramhaíl níocháin díosail in 2025 agus níos mó ná €100,000 a fuarthas ar ais ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil ina dhiaidh sin.

Le linn 2025, fuair Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil maoiniú ar luach €98,000 freisin chun tionscadail éagsúla a chur i gcrích faoin Tionscnamh in aghaidh Dumpála.

I measc na dTionscnamh a éascaíodh in 2025 bhí:

- Mí um Bailiú Earraí Builc Fóirdheontais ag Ionaid Athchúrsála Charraig Mhachaire Rois agus

Choirnéal na nAlbanach.

- Glanadh Suímh agus Obair feabhsúcháin bhonneagair suímh ag suíomhanna ar leith i mBaile na Lorgan, Muineachán, Dartraí, agus Carraig Mhachaire Rois chun gníomhaíocht dumpála mhídhleathach a laghdú.



Fálú tógtha ar shuíomh i mBaile na Lorgan faoin gClár ADI

Ar an 11 Deireadh Fómhair 2025, d'eagraigh Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhpháirtíocht leis na hOifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola réigiúnacha, imeacht saor in aisce chun dramhaíl ghuaiseach tí a bhailiú. Bailíodh breis is 7,500 kg de dhramhaíl ghuaiseach tí go sábháilte ag an ócáid sin. Ina dhiaidh sin, seoladh an dramhaíl ghuaiseach sin le haghaidh cóireáil chuig ag saoráidí cóireála dramhaíola guaiseacha atá ceadúnaithe go cuí ar chostas measta €27,871.

ONE DAY ONLY to drop off your HOUSEHOLD HAZARDOUS WASTE...for FREE!

**SATURDAY 11TH OCT. 2025
9AM - 1PM***

**SCOTCH CORNER RECYCLING CENTRE, LETTERBANE,
ANNYALLA, CASTLEBLAYNEY, CO. MONAGHAN, A75 P267**
*Opening hours subject to capacity limits

**Householders, this is a great chance
to safely dispose of that household
hazardous waste that's been building
up...and all for FREE!**

T&Cs apply:

- Limit of 10 paint cans per customer
- Limit of 25 litres of motor oil per customer
- **No commercial/farm waste**
- Strictly limited to householders
- Only products in original containers with original labels will be accepted
- Materials may **not** be left at the venue outside of the opening hours

**NO
HAZARDOUS
FARM OR
COMMERCIAL
WASTE**

Check out
www.mywaste.ie
for full list of
accepted items

Cáilíocht Uisce

Sa bhliain 2025, bhí cúigear ball foirne teicniúla lánaimseartha páirteach i mbaint amach na dTosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta seo a leanas san uisce a cuireadh in iúl d'údaráis áitiúla i mí na Nollag 2024.

- Brúnna ó Thalmhaíocht (Clóis feirme) - bailiú agus stóráil sciodair/uisce salaithe.
- Brúnna ó Thalmhaíocht (Talamh feirme) leathadh sciodair agus leasacháin.
- Ceadúnais Sceite/ Mícheangail.
- Brúnna Cáilíochta Uisce Áitiúil lena n-áirítear Dabhcha Séarachais agus Soláthairtí Uisce Príobháideacha.

Ullmhaíodh plean forfheidhmithe agus cigireachta RMCEI 2025 i mí Feabhra i gcomhréir leis na tosaíochtaí náisiúnta seo. I gcaitheamh na bliana lean foireann uisce Chomhairle Contae Mhuineacháin lena gclár samplála cáilíochta uisce in aibhneacha agus lochanna ainmnithe i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, rinne siad obair mheasúnaithe imscrúdaitheach ar dhobharlaigh eile abhann agus locha a roghnaíodh, thug siad faoi chlár cuimsitheach cigireachta feirme, rinne siad monatóireacht ar uiscí snámha neamhainmnithe sa chontae, rinne siad imscrúdú ar líon mór teagmhais truaillithe uisce, rialáil siad sceitheadh eisiltigh trí cheadúnú, agus d'oibrigh siad le hOifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus é mar aidhm acu caighdeán an uisce a fheabhsú i limistéir a ainmníodh mar limistéir thosaíochta le haghaidh gníomhaíochta faoin bplean, An Plean Gníomhaíochta Uisce 2024: An Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn.

Is é an Plean Gníomhaíochta Uisce náisiúnta an plean uileghabhálach a leagann amach na gníomhartha atá á ndéanamh ag Éirinn chun feabhas a chur ar chaighdeán an uisce agus stádas 'maith' éiceolaíochta a bhaint amach i ndobharlaigh (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta).

I measc cuid den obair chigireachta a rinne ár bhfoireann uisce in 2025 bhí an méid seo a leanas:

- Fiosraíodh 131 gearán maidir le truailliú uisce.
- Rinneadh 157 cigireacht feirme maidir le Dea-Chleachtas Talmhaíochta (GAP).

- Rinneadh 87 cigireacht ar áiseanna atá ceadúnaithe chun eisilteach a scaoileadh faoi Alt 4 den Acht um Thruailliú Uisce.
- Tógadh 268 sampla mar chuid de mhonatóireacht na Creat-treorach Uisce ar aibhneacha agus ar lochanna.



Foireann Samplála WFD


- Tógadh 257 sampla Imscrúdaitheach Abhann.
- Rinneadh measúnú ar níos mó ná 300 cigireacht phleanála ó thaobh chaighdeán an uisce de.
- Reáchtáladh 47 cigireacht samplála ar uisce snámha in ocht láthair neamhainmnithe uisce snámha sa chontae.
- Cuireadh tús le 3 ionchúiseamh i leith sárúithe a bhain le cáilíocht uisce.
- Cuireadh 16 thuairisc thrasnacha faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcás sárúithe ar na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta.



Postáil Facebook Chomhairle Contae Mhuineacháin

Sannadh cuid shuntasach d'obair ár bhfoireann uisce in 2025 ar chigireachtaí feirme a dhéanamh agus bhí beirt den fhoireann sin á maoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoin gClár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta (NAIP) 2025. Is réimse é seo a bhfuil béim mhéadaithe air go náisiúnta agus le blianta beaga anuas agus in 2025 bhí corp ollmhór oibre críochnaithe sa réimse seo.

Le linn 2025, thug ár bhfoireann um chaighdeán an uisce ár réamhstaidéar eolaíochta dar teideal tionscadal Téarnaimh Loch Mucnú chun críche. Faoin gcéim sin den tionscadal, ba é an aidhm staidéar pailéilinneolaíoch ar dhríodar an locha a chur i gcrích chun tagairt a dhéanamh d'athruithe trófacha agus amanna téarnaimh locha a thuar.



Mar thoradh ar an tionscadal seo, tá Loch Mucnú san áireamh mar Limistéar Tosaíochta le haghaidh Gnímh i bPlean Gníomhaíochta Uisce na hÉireann (2022-2027). Ina theannta sin, le linn 2025, rinneadh comhpháirtí comhlach de Chomhairle Contae Mhuineacháin ar thionscadal PEACE 5.3 plus “Ag Cosaint ár nUiscí Comhroinnte”. Is é ról Chomhairle Contae Mhuineacháin mar Chomhpháirtí Comhlach ná saineolas áitiúil a sholáthar ar dhobharcheantar Abhainn Átha Féan agus tacú le roghnú feirme taispeána is féidir a úsáid chun críocha malartaithe eolais.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe tréithriú agus cigireachtaí a dhéanamh ar dhobharcheantair i gceantair Uisce an Chontae agus Dhobharcheantar Abhainn Gentle Owens. Tá na ceantair seo leagtha amach ag an tionscadal mar na dobharcheantair a chuireann na hualaí is suntasaí ar Loch Mucnú.

Ina theannta sin, bhí ár bhfoireann uisce páirteach go mór sa ghrúpa stiúrtha ponc gorm a bunaíodh in 2024 leis an aidhm ard-aicmiú Abhainn Phonc Gorm Bhaile an Scotsaigh a chosaint. Tá an grúpa comhdhéanta de ghníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cosaint uisce agus áirítear ann ionadaithe ó Scéim Uisce Ghrúpa Thigh Damhnata, rannóga Comhshaoil agus Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Mhuineacháin, LAWPRO, ASSAP, ACRES, lascaigh Intíre na hÉireann, Cairde Éanlaith Éireann, agus Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna Ard Mhacha.

Ceann de na príomhfhorbairtí in 2025 ná rath Ghrúpscéim Uisce Thigh Damhnata maidir le thart ar €500,000 i maoiniú PEACEPLUS a fháil tríd an tionscadal CALM d’Abhainn Phonc Gorm Bhaile an Scotsaigh chun cuidiú le bearta a chur i bhfeidhm chun an sruthchúrsa luachmhar seo a chosaint. Cuireadh an tionscadal ar an ngearrliosta i ngradaim bhliantúla Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chambers Ireland – “Abhainn Bhaile an Scotsaigh a chosaint: Tionscnamh Dobharlach Ponc Gorm faoi stiúir an phobail chun tacú le pobail inbhuanaithe”.


Obair Rialála Aeir

Cé gur dhírigh ár n-obair forfheidhmithe agus rialála san aonad Seirbhísí Comhshaoil go mór ar an réimse dramhaíola agus uisce, tá béim níos mó á cur anois ar cháilíocht an aeir ar bhonn náisiúnta. Le linn 2025, bhí an obair a rinne Chomhairle Contae Mhuineacháin i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta seo a leanas maidir le haer a eisíodh chuig údaráis áitiúla i mí na Nollag 2024.

- Breosla Soladach
- Monatóireacht ar Cháilíocht Aeir agus Úsáid Sonraí
- Gníomhaíochtaí faoin Treoir maidir le Torann Comhshaoil (END)
- Imscrúduithe Aeir agus Torainn Áitiúla

Le linn 2025 rinneadh os cionn 60 gnáthchigireacht ar chaighdeán an aeir faoi na Rialacháin um Breoslaí Soladacha, na Rialacháin um Ghal Peitriam, na Rialacháin um Thuaslagóirí, an tAcht um Thruailliú Aeir agus na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla. Chomh maith leis sin, rinneadh imscrúdú ar 26 gearán faoi aer/boladh agus 16 ghearán faoi thorann. Faoi dheireadh 2025 rinneadh na saoráidí seo a leanas a rialáil faoi na rialacháin aeir seo a leanas.

- Údaráíodh 24 ath-chríochnaitheoir gluaisteáin faoi na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla.
- Údaráíodh 3 shaoráid tirimghlanta agus foirgneamh tionsclaíoch amháin faoi na Rialacháin um Thuaslagóirí.
- Údaráíodh 31 saoráid Céim 1B agus trí shaoráid Céim II faoi na Rialacháin maidir le Gal Peitriam.
- Ceadúnaíodh saoráid déantúsaíochta macadaim amháin faoin Acht um Thruailliú Aeir.



Póstaer Buacach ó Chomórtas Cáilíochta Aeir arna réachtáil ag Seirbhísí Comhshaoil i mí na Nollag 2025



Duais bhuacach á bronnadh ar Scoil Mhichíl Naofa Eanaigh Gheala

Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola.

Le linn 2025, lean Comhairle Contae Mhuineacháin ar aghaidh ag oibriú líonra

cuimsitheach bonneagair de shaoráidí athchúrsála sa chontae ina bhfuil dhá ionad athchúrsála ag Coirnéal na nAlbanach agus Carraig Mhachaire Rois agus 26 ionad beir leat atá suite go straitéiseach inár mbailte agus sráidbhailte contae.

Oibrítear an dá ionad athchúrsála faoi chonradh lamháltais, rud a ghineann ioncam don Chomhairle. Tá an conradh seo le cur ar tairiscint arís in 2026.



Ionad Athchúrsála Charraig Mhachaire Rois.

Maidir leis an láithreán líonta talún ag Coirnéal na nAlbanach cuireadh tuilleadh feabhsuithe bonneagair ar mhionscála chun cinn le linn 2025, lena n-áirítear oibreacha bainistíochta uisce dromchla, oibreacha bainistíochta láisteáite, agus imscrúduithe breise screamhuisce agus uisce dromchla.

Leanadh ar aghaidh le gach obair mhonatóireachta agus samplála lena chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh ár gceadúnais dramhaíola don tsaoráid i gCoirnéal na nAlbanach. Ní léiríonn ár n-iniúchtaí EPA is déanaí ar an láthair aon neamhchomhlíonadh, agus thrácht foireann na Gníomhaireachta ar an tsárobair atá á déanamh ag ár bhfoireann líonta talún chun comhlíonadh iomlán ár gceadúnais a chinntiú.

Le linn 2025 chuir ár bhfoireann, i gcomhar le Coillte iarratas chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tionscadal cuir crann dúchasach a chur chun cinn ar thimpeall 8 n-acra talún i gCoirnéal na nAlbanach. Ullmhaíodh iarratas curadóireachta ag deireadh 2024 i dteannta le Leasú Teicniúil a thaisceadh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an tionscadal Cuir Crann atá beartaithe. Fuarthas cead foirmiúil ó DAFM go déanach in 2025 agus táthar ag súil go dtosófar ar oibreacha curadóireachta i ráithe 1 2026. Táthar ag súil go

dtabharfar oibreacha curadóireachta chun críche ar an láthair faoi Mheitheamh 2026.

Láithreáin Líonta Talún Stairiúla Dúnta

Le linn 2025, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú €20,000 ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil chun tuilleadh oibreacha a chur chun cinn faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Gníomhaíocht Stairiúil Neamhcheadúnaithe Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola a Dheimhniú), 2008. Baineann na rialacháin le láithreáin líonta talún dhúnta a bhí á n-oibriú ag údaráis áitiúla roimhe seo idir 1977 agus 1997. Faoi na rialacháin sin, éilítear ar údaráis áitiúla measúnú comhshaoil a dhéanamh ar na láithreáin líonta talún dhúnta, údarú dramhaíola a iarraidh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do gach láithreán agus oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ag gach láithreán ina dhiaidh sin. Tig leis na húdaráis áitiúla na costais a thabhaíonn siad a fháil ar ais ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh in 2025 i dtaca leis na láithreáin líonta talún dhúnta sin;

- Fuarthas cead pleanála faoi alt 177AE ón mBord Pleanála faoi choinne oibreacha feabhsúcháin ag láithreáin líonta talún dúnta Choillidh Chairn taobh amuigh de Bhaile na Lorgan.
- Cuireadh oibreacha imscrúdaithe láithreáin i gcrích agus réitíodh dréachtarratas um Dheimhniú Údarúcháin do láithreáin líonta talún dúnta Thír an Gharbháin taobh amuigh de Charraig Mhachaire Rois.
- Deimhniú Údaraithe á fháil don sean-líonadh talún ag Coirnéal na nAlbanach.
- Iarratas ar Theastas Údaraithe á chur isteach chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil don láithreán líonta talún dúnta i gCorr Chaorthainn lasmuigh de Bhéal Átha Beithe.
- Ceapachán comhairleoirí RPS chun dearadh mionsonraithe feabhsúcháin a chur chun cinn ag láithreáin líonta talún dúnta Chill na Cruithneachta lasmuigh de na Mullaí.

Rialú Bruscair agus Feasacht Chomhshaoil

Sa bhliain 2025, lean Comhairle Contae Mhuineacháin de bheith ag comhlíonadh a freagrachtaí reachtúla faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997 agus na rialacháin náisiúnta dramhaíola gaolmhara, agus lena sainchúram rialaithe bruscair a áiríonn forfheidhmiú, pleanáil, cothabháil, feasacht ar bhruscar agus oideachas.

Plean Bainistíochta Bruscair

In 2025, thugamar faoi athbhreithniú ar ár bplean bainistíochta bruscair roimhe seo chun ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Chuamar i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, rinneamar measúnú ar shaincheisteanna bruscair áitiúla bunaithe ar shuirbhéanna NLPMS roimhe seo agus leagamar síos spriocanna agus gníomhartha soiléire maidir le cosc agus rialú bruscair don chéad 3 bliana eile. Cuirfear an Plean Bainistíochta Bruscair 2026 – 2029 faoi bhráid Chomhaltaí na Comhairle lena ghlacadh in 2026.

Gníomhaíochtaí an Mhaoir Patróil Comhshaoil

- Rinneadh 270 suirbhé ar thruailliú bruscair agus chuir siad na sonraí faoi bhráid an Chórais Faireacháin Náisiúnta ar Thruailliú ó Bhruscar (NLPMS).
- Rinneadh imscrúdú ar 267 gearán a bhain le diúscairt mhídhleathach agus dumpáil mhídhleathach.
- Reáchtáladh 347 cigireacht agus cuairt chothabhála ar ár 26 Ionad Bainc Beir Leat atá lonnaithe ar fud an chontae.
- Cuireadh 150 cuairt i gcrích i measc Grúpaí Pobail a bhí páirteach i nGlanadh Bruscair.

Torthaí Suirbhé IBAL 2025

Bhí baile Mhuineacháin sa 4ú háit as 40 baile/cathair a ndearnadh suirbhé orthu in 2025 agus aicmíodh é mar “Níos Glaine ná Noirm na hEorpa”, ag leanúint lena fheidhmíocht láidir náisiúnta. Déanann torthaí IBAL 2025 cur síos ar Mhuineachán mar seo a leanas:

- Ar cheann de na bailte is glaine in Éirinn.
- Léiríodh feabhsú bliain i ndiaidh bliana leantach.
- Ag baint leas as infheistíochtaí nua sa réimse poiblí (e.g., an Campas Síochána).
- Ag baint torthaí iontacha amach thar iliomad suíomhanna lárnacha.

Is iad na hiarrachtaí comhordaithe idir Comhairle Contae Mhuineacháin, Bailte Slachtmhara, gnólachtaí áitiúla agus oibrithe deonacha is cúis leis an bhfeidhmíocht seo.

Bailiúchán Bruscair N2

Lean Seirbhísí Comhshaoil de bheith ag leithdháileadh €25,000 in aghaidh na bliana ar an Rannóg Bóithre chun go mbaileoidh conraitheoirí arna gceapadh chun na fálaithe a ghearradh bruscar faoi dhó sa bhliain feadh an N2.

Feasacht agus Bainistiú Bruscair

Cuireadh béim ar leith ar **feasacht agus bainistiú bruscair** ar feadh 2025. Reáchtáladh feachtais chun aird a tharraingt ar thionchair chomhshaoil agus shóisialta an bhruscair, agus tacaíodh leis sin le bearta forfheidhmiúcháin agus imeachtaí glantacháin sa phobal. Chuidigh comhoibriú le scoileanna, grúpaí pobail agus na meáin áitiúla le teachtaireachtaí dearfacha a threisiú agus iompar freagrach a spreagadh ar fud an chontae.

Oifigeach Feasachta Comhshaoil

Chuir an tOifigeach Feasachta Comhshaoil clár uailmhianach agus fairsing de thionscnaimh chomhshaoil i bhfeidhm i rith 2025, ag neartú rannpháirtíocht an phobail, ag cur inbhuanaitheacht chun cinn, agus ag tacú le spriocanna comhshaoil náisiúnta agus áitiúla. Bhain nuálaíocht, comhoibriú agus aitheantas leis an mbliain ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. I measc na dtionscadal a rolladh amach in 2025 bhí:

Tionscnaimh an Gheilleagair Chiorclaigh:

An Chéad Tobshiopa do Ghúnaí Mhór-rince cinn scoile

Éacht suntasach in 2025 ab ea seoladh an chéad Tobshiopa do Ghúnaí Mhór-rince cinn scoile, tionscnamh cruthaitheach a chuireann athúsáid agus faisean inbhuanaithe chun cinn i measc daoine óga. Spreag an tionscnamh scoláirí chun éadaí foirmiúla athlámhe a bhronnadh agus a cheannach, ag laghdú dramhaíl teicstíle agus ag tacú le hinacmhainneacht agus cuimsitheacht ag an am céanna. Bronnadh **Gradam Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil** ar an tionscnamh agus mheall sé spéis ó **RTÉ** agus ó údaráis áitiúla eile a raibh fonn orthu rud cosúil leis a dhéanamh. Leag an tionscadal seo béim ar chumas tionscnamh geilleagair chiorclaigh faoi stiúir an phobail chun athrú iompraíochta a spreagadh.

Comórtas Relove Fashion

Rinne Muineachán ceiliúradh ar aitheantas náisiúnta a bhaint amach nuair a bhuaigh rannpháirtí áitiúil an **Gradam Náisiúnta** foriomlán i **gComórtas Relove Fashion**; tionscnamh a thugann dúshlán do scoláirí éadaí a dhearadh agus a chruthú ag baint úsáid as ábhair athchúrsáilte. Léirigh an éacht seo ceannaireacht an chontae maidir le faisean inbhuanaithe agus rannpháirtíocht na hóige i ngníomhú ar son an chomhshaoil a chur chun cinn. Is é aidhm an chlár feisteas inbhuanaithe a d'fhéadfaí a chaitheamh a chruthú trí úsáid a bhaint as éadaí ó shiopaí carthanais áitiúla nó as earraí atá sa bhaile cheana féin. Eagraíodh roinnt ceardlann ar fud an chontae do scoileanna agus do ghrúpaí óige rannpháirteacha, arna maoiniú ag Comhairle Contae Mhuineacháin. Ceannaíodh meaisíní fuála chun na himeachtaí seo a éascú.

Ceardlanna ar an nGeilleagar Ciorclach

Le linn na Nollag, reáchtáladh sraith **Ceardlann ar an nGeilleagar Ciorclach** ar mhaithe le cónaitheoirí a spreagadh chun nósanna tomhaltais níos inbhuanaithe a ghlacadh. Dhírigh na ceardlanna seo ar athúsáid chruthaitheach, laghdú dramhaíola, agus bronnánais eolacha, ag soláthar treoir phraiticiúil maidir le héifeacht ar an gcomhshaol am Nollag. Bhí freastal maith ar na seisiúin agus moladh iad as a gcur chuige praiticiúil, dírithe ar an bpobal.

Tionscnamh Siúlóirí Madraí Glasa

Tugadh isteach an tionscnamh Siúlóirí Madraí Glasa in Earrach na bliana 2025 agus leathnaíodh é ar fud an chontae, ag cur úinéireacht fhreagrach madraí agus spásanna poiblí níos glaine chun cinn. Trí ghealltanais phobail, feachtais feasachta, agus dáileadh ábhar brandáilte, chothaigh an tionscnamh bród sibhialta agus spreag sé nósanna comhshaoil dearfacha i measc úinéirí peataí. Léirigh rath an tionscadail comhoibriú láidir idir an Oifig Feasachta Comhshaoil, pobail áitiúla, agus grúpaí deonacha.

Tacaíocht do Bhailte Slachtmhara

Tugadh tacaíocht shuntasach do **Líonra na mBailte Slachtmhara** ar fud Chontae Mhuineacháin i rith 2025. D'oibrigh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil agus an Maor Patróil Comhshaoil i ndlúthchomhar le coistí áitiúla, agus thug siad treoir, oiliúint, agus acmhainní chun tionscnaimh chomhshaoil a fheabhsú agus scóir inbhuanaitheachta sa chomórtas náisiúnta. Lean Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil uirthi ag soláthar uirlisí piochta bruscair, málaí agus scipeanna bruscair do ghrúpaí pobail a ghlac páirt i gcur chun cinn imeachtaí glantacháin, mar shampla Glantachán an Earraigh agus Glantachán an Fhómhair.

Ciste Comhshaoil 2025

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin lena Scéim Maoinithe um Sheirbhísí Comhshaoil ilbhliantúil, a chuir tacaíocht airgeadais ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha le haghaidh tionscnaimh a fheabhsaíonn agus a chothaíonn spásanna poiblí. Ba é €90,000 an leithdháileadh iomlán ón gCiste Comhshaoil i gcomhair 2025, arb ionann é agus méadú €20,000 ar an mbliain roimhe sin.

Scoileanna Glasa

I gcomhar le An Taisce, cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do Chlár na Scoileanna Glasa freisin, rud a chabhraigh le scoileanna a mBratacha Glasa a bhaint amach agus a choinneáil. Áiríodh leis seo ceardlanna, cuairteanna scoile, agus comhairle maidir le bainistíocht dramhaíola, bithéagsúlacht, agus caomhnú fuinnimh, rud a chuidigh le feasacht chomhshaoil a chothú i measc daoine óga. Bronnadh bratacha ar na scoileanna rathúla ag searmanas i nDún Dealgan.

Mol na nGnólachtaí Glasa

Lean **Mol na nGnólachtaí Glasa** ag cur cleachtais ghnó inbhuanaithe chun cinn ar fud an chontae, ag soláthar faisnéise, acmhainní agus deiseanna líonraithe do ghnólachtaí áitiúla atá ag iarraidh dramhaíl a laghdú agus feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú. D'fhóin an mol mar phointe fócais le haghaidh comhoibriú idir gnólachtaí, grúpaí pobail, agus an chomhairle, ag cur chun cinn clár oibre an ghnó ghlais i Muineachán. Rinneadh iniúchtaí Dramhaíola Amhairc i dtrí shuíomh de chuid Enterprising Monaghan i ngach ceann de na ceantair bhardasacha agus cuireadh seisiúin lóin agus foghlama ar fáil ina dhiaidh sin. Soláthraíodh iniúchtaí do sheacht ngnólacht chomh maith, agus cuireadh tuarascálacha cuimsitheacha ar fáil ar gach suíomh.

An Clár “Picker Pals”

Mheall an clár **“Picker Pals”** páistí bunscoile chun dul i mbun gníomhaíochtaí bailithe bruscair agus oideachais comhshaoil, áit a ndearnadh ceangal idir spraoi agus foghlaim chun luachanna comhshaoil ar feadh an tsaoil a chothú. Chumhachtaigh an tionscnamh leanaí agus a dteaghlaigh chun gníomhú go díreach ina bpobail, rud a chuirfeadh le

comharsanachtaí níos glaine agus feasacht níos fearr ar an gcomhshaoil.

Tá an clár dírithe ar pháistí idir 6 – 9 mbliana d’aois a fhaigheann tacaíocht ranga agus acmhainní bailithe bruscair. Fuair aon scoil a rinne iarratas ar an tionscnamh i gContae Mhuineacháin maoiniú in 2025.

Deontais Reilige 2025

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin fós tiomanta d’aire a thabhairt agus do chaomhnú na ndeich reilig oidhreachta atá sa chontae, ag soláthar tacaíocht airgeadais, treoir agus faisnéis leanúnach chun a chinntiú go gcosnófar iad agus go leanfar ag léiriú measa orthu mar shuíomhanna cultúrtha agus stairiúla tábhachtacha. Leithdháileadh suim €1,000 ar gach reilig chun cabhrú lena gcoistí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le cúram agus caomhnú reiligií oidhreachta i gContae Mhuineacháin.

RepairMyStuff.ie

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag comhoibriú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i rith an ama maidir leis an suíomh gréasáin, repairmystuff.ie, tríd an gcomhlacht náisiúnta páirtithe leasmhara ar a dtugtar an Líonra Náisiúnta Athúsáide agus Deisiúcháin.

Sa bhliain 2025, chríochnaigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil staidéar cuimsitheach chun forbairt an tsuímh gréasáin amach anseo a mheas agus a phleanáil.

Tháinig an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar an gconclúid, i bhfianaise cheanglais atá ag teacht chun cinn in Éirinn maidir leis an **gCeart chun Deisiúcháin**, go bhfuil ról lárnach náisiúnta ag an suíomh gréasáin **RepairMyStuff.ie** maidir le tacú leis an ngeilleagar ciorclach trí sheirbhísí deisiúcháin a dhéanamh níos inrochtana, ach go bhfuil gá le feabhsuithe suntasacha ar inúsáidteacht, infheictheacht agus ailíniú le hoibleagáidí deisiúcháin an AE chun a thionchar a mhéadú.

An tAonad um Rialú Madraí

De réir *Spríoc 2: Pobal Faoi Bhláth*, de Phlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhuineacháin 2024-2029, le suntas ar leith á thabhairt d’fhochatagóir 2D:

Chun sábháilteacht phoiblí a chinntiú dár bpobail, dhírigh obair an Aonaid um Rialú Madraí in 2025 ar úinéireacht fhreagrach madraí a fhorfheidhmiú, bainistiú a dhéanamh ar mhadraí fáin agus contúirteacha, agus freagra pras a thabhairt ar eachtraí, chuidigh an tAonad le spásanna poiblí sábháilte a choinneáil do chónaitheoirí. Laghdaigh ár gcuid oibre na rioscaí do choisithe, chosain sí beostoc, agus chuir sí folláine an phobail chun cinn, rud a chuir go díreach le timpeallacht níos sábháilte agus níos sláine do gach duine a mhaireann, a oibríonn, agus a thugann cuairt ar Chontae Mhuineacháin.

Tá athrú as cuimse feicthe ag an Aonad um Rialú Madraí in 2025. Ar deireadh, thug aistriú Seirbhísí Tréidliachta ón údarás áitiúil chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) athruithe suntasacha don Aonad um Rialú Madraí laistigh den rannóg seo.

Roimhe seo, d'oibrigh an t-aonad faoi chreat ina raibh maoirseacht agus forfheidhmiú tréidliachta á mbainistiú ar bhonn áitiúil, rud a chumasaigh comhordú díreach le maoir madraí agus seirbhísí pobail. Leis an aistriú chuig DAFM, aistríodh freagrachtaí, struchtúir tuairiscithe agus ceanglais chomhlíonta ionas go mbeidís ailínithe le caighdeáin náisiúnta agus le prótacail ranna.

Bhí gá le coigeartuithe ar phróisis oibríochtúla, ar chainéil chumarsáide agus ar leithdháileadh acmhainní mar thoradh ar an aistriú seo, rud a chruthaigh tréimhse oiriúnaithe don fhoireann agus do na páirtithe leasmhara agus muid ag leanúint nósanna imeachta agus ionchais nua.

Tar éis 25 bliain de sheirbhís dhílis, bhog Oifigeach Tréidliachta an Chontae, Brendan Smith, ó Chomhairle Contae Mhuineacháin go dtí an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i mí an Mhárta 2025.

Faoin struchtúr nua seo, fostaíonn an Chomhairle Oifigeach Cléireachais lánaimseartha amháin agus beirt Mhaor Madraí lánaimseartha anois. Fuaireamar maoiniú don dara maor madraí tríd na Ranna DRCDG agus an Roinn DAFM chun cabhrú le rianú agus le Teastais Díolúine a eisiúint do Mhadraí de mhianach “XL Bully”.

Tháinig Maor Madraí “XL Bully” ar bord i Meán Fómhair 2025. Tá an Maor Madraí “XL Bully” seo i bhfeidhm faoi réir leithdháileadh maoinithe leanúnaigh ó DAFM.

Is éard a bhí mar aidhm ag an maoiniú ná rialú madraí a neartú ar fud an chontae trí fhoireann na líne tosaigh a mhéadú, rud a chuir ar chumas Chomhairle Contae Mhuineacháin clúdach seirbhíse rialaithe madraí lánaimseartha a bheith acu as sin amach.

Chomh maith leis sin, chuir sé ar chumas an toirmeasc ar “XL Bully” agus dlíthe eile a bhaineann le madraí a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus rinne sé iarracht a chinntiú nach nglacfaí le madraí gan smacht orthu i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon.

Leanann Carrick Dog Shelter de bheith ag soláthar saoráidí dídine thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin chun madraí fáin agus madraí nach bhfuil duine ag bith ag iarraidh a choinneáil agus aire a thabhairt dóibh i Lios Dúnáin.

Ba é 403 líon na madraí a ligeadh isteach sa Phóna Madraí in 2025. Rinneadh na madraí seo ar fad seachas 7 gcinn a aisghabháil nó a thabhairt do bhaill den phobal nó do lucht tarrthála madraí. Cuireadh sé mhadra síos ar amhras go ndearna siad ionsaí ar chaoirigh, ar ainmnithe eile, nó ar dhuine. Bhásaigh madra amháin go nádúrtha.


Ba é 5,923 líon na madraí a ceadúnaíodh i Muineachán in 2025 ar méadú beag é ar an líon a ceadúnaíodh in 2024 - 5,888. Ceannúnaíodh thart ar aon trian de na ceadúnais ar líne. Lean an Chomhairle lena feachtas fógraíochta chun aird a tharraingt ar an gcontúirt atá ann do chaoirigh nuair a bhíonn madraí ar strae.

Ar deireadh, fuaireamar maoiniú €65,000 ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag deireadh mhí na Nollag agus úsáidfear an t-airgead seo chun ár ndara veain Madraí a aistriú go feithicil leictreach atá ailínithe leis an sprioc sa Phlean um Ghníomhú ar Son ar hAeráide maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030.

An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide



Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin (2024-2029)



Ba í 2025 an chéad bhliain a cuireadh Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin (2024–2029) i bhfeidhm ó cheann ceann na tíre. Tá 153 gníomh sa phlean a bhaineann leis na téamaí seo a leanas: Rialachas, Timpeallacht Thógtha agus Iompar, Timpeallacht Nádurtha, Pobail, agus Inbhuanaitheacht.

Ag tógáil ar an rath a baineadh amach as tabhairt isteach an phlean in 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach i ngach réimse seirbhíse de chuid na Comhairle maidir le gníomhú ar son na haeráide a leabú i mbeartais, in oibríochtaí agus i gcláir rannpháirtíochta pobail.

Tugadh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin 2024-2029 go Cruinniú mhí Aibreáin den Chomhairle. Léiríonn an tuarascáil dul chun cinn seo tréimhse chur i bhfeidhm an phlean ó Eanáir 2024 go Feabhra 2025. Léirigh an tuarascáil go raibh os cionn 70% de na bearta uile faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide críochnaithe nó ar siúl faoi láthair, rud a léiríonn comhoibriú láidir tras-rannach agus comhtháthú méadaitheach na gníomhaíochta ar son na haeráide in obair lárnach na Comhairle.

Tá na príomhspríocanna fós ina gcuid lárnach den seachadadh:

- Feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030.
- Laghdú 51% in astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030.
- Athléimneacht aeráide a neartú ar fud Chontae Mhuineacháin.
- Tacú le pobail, agus iad a chumasú, chun dul i mbun gníomhaithe ar son na haeráide.

Príomhghnóthachtálacha sa bhliain 2025

1. Rialachas agus Gníomhú ar son na hAeráide ar fud na Comhairle Uile



Cuairt na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide go Feirm Ghaoithe Drumlins Park i gCúil Darach

An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide – Cruinnithe Ráithiúla

Lean an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud na Comhairle ag bualadh le chéile gach ráithe i rith 2025, agus bhí rannpháirtíocht láidir ó gach roinn i gceist. Reáchtáladh cruinnithe in:

Márta – an chéad athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn.

Meitheamh - Cuairt ar Fheirm Ghaoithe Drumlins Park, tionscadal fuinnimh inathnuaite lárnach atá ailínithe lenár bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Meán Fómhair – cruinniú an fhómhair ag díriú ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí agus Téamh Ceantair.

Nollaig – forbheathnú ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta cúig bliana nua Chomhairle Contae Mhuineacháin, lena n-áirítear cuairt ar shuíomh bithéagsúlachta Eco Meadow.

D'fhreastail an Bhainistíocht Shinsearach ar gach seisiún, rud a chuir béim ar an tosaíocht chorparáideach a bhaineann le seachadadh i réimse na haeráide. Áiríodh sna cuir i láthair nuashonruithe ar Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, gníomhartha bithéagsúlachta, obair indéantachta ar théamh ceantair, agus dul chun cinn i ngach rannóg den Chomhairle.

Tugadh Cuir i Láthair na gCoistí um Beartais Straitéiseacha maidir le Comhtháthú ar Ghníomhú ar son na hAeráide ag an gcéad chruinniú de chuid na gCoistí um Beartais Straitéiseacha a leag amach an gá atá ann gníomhú ar son na haeráide a chur san áireamh i bhforbairt beartas thar bithéagsúlacht, caighdeán uisce, úsáid talún, iompar, caighdeán aeir, bainistiú dramhaíola, agus gníomhaíochtaí pobail. Rinne gach Coiste um Beartais Straitéiseacha comhtháthú ar ghníomhú ar son na haeráide mar théama tras-ghearrtha ina gclár oibre le haghaidh 2025.

2. Crios Dícharbónaithe (DZ) – Baile Mhuineacháin




Ainmníodh Baile Mhuineacháin mar Chrios Dícharbónaithe an chontae faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Bhuail an Tascfhórsa DZ—atá comhdhéanta de gach rannóg ábhartha den Chomhairle—le chéile

faoi dhó in 2025 chun idirghabhálacha spriocdhírthe a chur chun cinn.

Príomhfhorbairtí DZ in 2025

- Bunú agus oibriú an Tascfhórsa DZ tras-rannach
- Clár tionscadal tosaíochta, lena n-áirítear bearta don réimse poiblí, fuinnimh, iompair agus bithéagsúlachta
- D'fhreastail breis is 60 gnólacht áitiúil ar ócáid an Chreasa Dícharbónaithe ar an 5 Márta, áit ar leag an Oifig Fiontair Áitiúil amach tacaíochtaí chun cabhrú le hinbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- Dul chun cinn ar Thionscnamh Iarfheistithe Cheantar Mhuineacháin (MABRI) faoi stiúir na foirne Tithíochta atá ag díriú ar uasghráduithe ar bhreis is 100 teach
- Forbairt togra ag Oifigeach Bithéagsúlachta do Thalamh Elliott lena n-áirítear féarach, fála agus innilt chaomhnaithe

3. Staidéar Féidearthachta ar Théamh Ceantair, Fuinneamh, Timpeallacht



Ba chloch mhíle mhór in 2025 tús a chur le Staidéar Féidearthachta Téimh Ceantair na Comhairle faoi stiúir Chomhairle Contae Mhuineacháin agus a seachadadh i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla an Chabháin agus Liatroma.

Roinneadh an staidéar féidearthachta ina dhá chéim.

Céim 1 (críochnaithe): Rinneadh measúnú ar an éileamh ar theas ar fud lonnaithe i gContae Mhuineacháin chun braislí tosaíochta a aithint. Rinneadh meastóireacht ar cúig bhaile — Muineachán, Carraig Mhachaire Rois, Baile na Lorgan, Cluain Eois agus Béal Átha Beithe — bunaithe ar leibhéil éilimh,

ualaí ancaire, acmhainneacht foinsí teasa, réamh-mheastacháin fáis agus criosú talún. Cuireadh Baile Mhuineacháin, Carraig Mhachaire Rois agus Baile na Lorgan ar an ngearrliosta.

Aithníodh in anailís mhionsonraithe deisce gurbh é Baile Mhuineacháin an suíomh is fearr le haghaidh líonra téimh ceantair.

Céim 2 (beagnach críochnaithe): díríonn sé ar Chrios Dícharbónaithe Bhaile Mhuineacháin, lena n-áirítear dearadh bealaigh agus measúnú teicneolaíoch-eacnamaíoch, ag críochnú go luath in 2026.

Fuair an tionscadal seo maoiniú 100% de €66,457 trí Thionscadal Pathfinder SEAI.

Léiriú Spéise SEAI don Chiste Réamhthógála:

Tar éis dhá dheis ard-acmhainneachta a aithint le haghaidh téamh ceantair laistigh den staidéar féidearthachta, chuir Comhairle Contae Mhuineacháin léiriú spéise isteach chuig ciste Réamhthógála Téimh Ceantair SEAI. Is é cuspóir an EOI maoiniú a fháil chun dul chun cinn a dhéanamh ar an dá dheis téimh ceantair a sainaithníodh trí Fhorbairt Tionscadail Mhionsonraithe (FDM).



Scéim Phíolótach Fheithiclí Leictreach GoCar le haghaidh Taisteal Gnó

Seoladh scéim píolótach iompair inbhuanaithe 6 mhí, ag tabhairt isteach gluaisteán leictreach atá ar fáil do thaisteal gnó na foirne. Thacaigh an tionscnamh le laghdú astaíochtaí ó thaisteal cabhlaigh na Comhairle agus chuir sé roghanna malartacha ísealcharbóin in ionad iompair thraidisiúnta chun cinn.

Reáchtáladh imeachtaí taispeántais foirne i rith an tsamhraidh chun glacadh leis an tseirbhís feithiclí leictreacha a mhéadú, ag soláthar faisnéise agus tástálacha tiomána.

4. Clár um Ghníomhú an Phobail ar son na hAeráide (CCAP)

COMMUNITY CLIMATE ACTION PROGRAMME

Bliain thar a bheith táirgiúil ab ea 2025 do ghníomhaíocht aeráide faoi stiúir an phobail. Fuair seacht ngrúpa déag maoiniú faoi Chéim 1 de Chlár um Ghníomhú an Phobail ar son na hAeráide.

Seachadadh Céim 1 (Snáithe 1 agus 1a) Faoi dheireadh 2025:

- Tarraingíodh €612,000 den leithdháileadh €770,000 anuas
- 56% (9 dtionscadal) críochnaithe go hiomlán
- 38% (6 dtionscadal) nach mór críochnaithe

Áiríodh leis na hoibreacha suiteáil gréine PV, stóráil ceallraí, soilse spóirt LED, feabhsuithe bithéagsúlachta, stáisiúin athlíonta uisce, insliú, racaí rothair agus foscadh rothair.



Traugh Gaeils GFC- Solar PV System



Cremartin GAA- Solar PV System



Monaghan Harps Replacement Windows & Doors



Monaghan Rugby Club- Insulation

Seoladh Céim 2



Osclaíodh Céim 2 le haghaidh iarratais ón 28 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 6 Eanáir 2026 le leithdháileadh maoinithe iomlán de €392,000.

Rinneadh for-rochtain fairsing, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin, clinicí faisnéise agus tacaíochtaí duine-le-duine do ghrúpaí pobail.

COMMUNITY CLIMATE ACTION PROGRAMME

Phase 2
Opening
28th October 2025!

To find out more visit
monaghan.ie/climate-action



TYPES OF ELIGIBLE PROJECTS:

- ✓ Community Energy
- ✓ Travel
- ✓ Food and Waste
- ✓ Shopping and Recycling
- ✓ Local Climate and Environmental Action



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



5. Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2025



Bhí clár cuimsitheach imeachtaí i Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin a ceapadh chun nasc, comhroinnt eolais agus rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnaimh inbhuanaitheachta a chothú.

Leag téama an chláir, Céimeanna Beaga – Athruithe Móra, béim ar na gníomhartha beaga iomadúla is féidir linn a dhéanamh inár saol laethúil a chruthaíonn athruithe móra dearfacha dár bpobail agus dár bpláinéad.



Comórtas Ealaíne do Pháistí maidir leis an Aeráid

Buaicphointe ab ea an rannpháirtíocht láidir, agus breis is 1,600 duine ag glacadh páirt i rith na seachtaine. Bhí sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí, a tionóladh ar fud an chontae, feasacht a chur chun cinn ar ghníomhartha agus bearta praiticiúla is féidir le daoine aonair

agus pobail a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil agus pearsanta araon chun cur le todhchaí níos inbhuanaithe.



Seachadadh Seachtain na Gníomhaíochta Aeráide 2025 (13–19 Deireadh Fómhair) an clár is uailmhianaí go dtí seo, le breis is 1,600 rannpháirtí ar fud an chontae.

Áiríodh i measc na mBuaicphointí:

- Comórtas póstaear bunscoile le breis is 400 iontráil
- “Dúshlán Foirne Laochra Aeráide” – breis is 140 rannpháirtí agus 7,000 kg CO₂ sábháilte
- Imeachtaí scéalaíochta leabharlainne
- Ceardlanna múirínithe
- Imeachtaí seachtain athchúrsála WEEE
- Gníomhaíochtaí bithéagsúlachta do dhaoine óga
- Ceardlanna Re-Love Fashion
- Imeachtaí gnó ar éifeachtúlacht fuinnimh FBManna
- Siúlóidí dúlra agus foráiste
- Cuir crann pobail
- Imeachtaí curadóireachta bogaigh, pailneoirí agus foraoisí beaga
- Seoladh an tionscnaimh um Mhalartú Cultacha Oíche Shamhna

Léirigh Seachtain na Gníomhaíochta Aeráide ceannaireacht phobail agus neartaigh sí feachtas ar na céimeanna praiticiúla is féidir le saoránaigh a ghlacadh chun cur le spriocanna aeráide.

Seó Bóthair maidir le hIarfheistiú i mBaile Mhuineacháin



Íomhánna ón Seó Bóthair maidir le hIarfheistiú

Chuaigh an tAonad um Ghníomhú ar Son ar hAeráide i mbun comhpháirtíochta le hInstitiúid Mhuineacháin chun an Seó Bóthair maidir le hIarfheistiú a óstáil idir an 4–7 Samhain, ag mealladh spéis láidir i measc an phobail. Thug an t-aonad soghluaiste NZEB treoir phraiticiúil maidir le huasghrádúithe fuinnimh agus athchóiriú tithe, le clinici cuairte coitianta agus 32 rannpháirtí ag freastal ar cheardlanna breise.

6. Tionscadail Phobail

Chuir tionscadail a maoiníodh trí CCAP go mór le feabhsuithe bithéagsúlachta in 2025, lena n-áirítear:

- Gairdíní pailneoirí
- Foraoisí beaga agus úlloird
- Crainn dhúchasacha agus bláthanna fiáine a chur
- Fálta agus gnáthóga a chruthú
- Tacaíochtaí gairdín pobail

Bhí mórócaid cuir crann pobail ar siúl ag an nGairdín Portaigh i gcomhpháirtíocht le EUROPE DIRECT, Bailte Slachtmhara Mhuineacháin, scoileanna áitiúla, an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus foireann Gairneoireachta Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tháinig scoláirí na hIdirbhliana ó Mheánscoil St. Louis i Mhuineachán, baill de Theach na nDaoine, agus oibrithe deonacha áitiúla le chéile chun réimse crainn óga a chur.



Bhí freastal maith ar an ócáid agus chruthaigh sé deis bhríomhar do dhaoine, idir shean agus óg, gníomhú go praiticiúil ar son na haeráide. Chuir sé freisin le gealltanas 3 Bhilliún Crann an AE—gealltanas tábhachtach faoin gComhaontú Glas Eorpach a bhfuil sé mar aidhm aige trí bhilliún crann ar a laghad a chur faoi 2030. Is é an sprioc sláinte na bhforaoisí a fheabhsú, cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a chur chun cinn, agus ceantair thuaithe agus uirbeacha araon a neartú.

7. Maoiniú agus Tionscadail AE agus Náisiúnta

Rath ar Líonra Aistrithe URBACT



Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin áit i Líonra Aistrithe URBACT Eorpach faoi stiúir Perugia na hIodáile. Tacóidh an chomhpháirtíocht seo le forbairt Phlean Bonneagair Ghlas Mhuineacháin, ag comhtháthú réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus tionscnaimh inbhuanaitheachta uirbí ar fud an chontae.

Conclúid

Ba bhliain rithabhachtach í 2025 maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide a luathú ar fud Chontae Mhuineacháin. Rinneadh dul

chun cinn suntasach i gcomhtháthú beartais, rannpháirtíocht phobail, pleanáil fuinnimh, feabhsú bithéagsúlachta agus seachadadh staidéar féidearthachta mór-scála a bheidh mar bhonn le hinfheistíocht sa todhchaí.

Léiríonn rath 2025 tiomantas comhchoiteann fhoireann na Comhairle, grúpaí pobail, gnólachtaí, scoileanna agus páirtithe leasmhara ar fud an chontae. Leanfaidh an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide ag obair i gcomhar le chéile chun spriocanna uailmhianacha an Phlean um Ghníomhú ar Son na hAeráide a bhaint amach agus contae níos athléimní ó thaobh na haeráide de, níos saibhre ó thaobh bithéagsúlachta de agus níos inbhuanaithe le geilleagar áitiúil glas rathúil a bhaint amach.

Oifig Oidhreachta an Chontae

Rinneadh dul chun cinn suntasach i gcaomhnú, i rannpháirtíocht an phobail, agus i gcur chun cinn Straitéis Oidhreachta nua an Chontae in 2025.

Fóram Oidhreachta

Bhuail an Fóram Oidhreachta, atá comhdhéanta de ghrúpa ionadaíoch d'eagraíochtaí oidhreachta agus de chomhaltaí tofa chomh maith le foireann Údaráis Áitiúil, le chéile gach ráithe i rith 2025. Dhírigh an cur is cúiteamh ar iarratais ar mhaoiniú, tosaíocht a thabhairt do thionscadail, agus forbairt Straitéis Oidhreachta Contae nua 2026–2031.

Sraith Oidhreachta – Tobair Bheannaithe Chontae Mhuineacháin



Seoladh an tríú himleabhar de Shraith Oidhreachta Mhuineacháin 'Toibreacha Beannaithe Chontae Mhuineacháin' go luath in 2025.

Ciste na Séadchomharthaí Pobail

I measc thionscadail thábhachtacha Chiste na Séadchomharthaí Pobail in 2025 bhí oibreacha ag Aireagail Tricha Céd, Tobair Beannaithe Phádraig (Cluain Fada), agus Mainistir Chill Laobháin.



Chuir clár Chiste na Séadchomharthaí Pobail ar chumas oibreacha suntasacha caomhnaithe a dhéanamh ar fud suíomhanna seandálaíochta tábhachtacha. Ag Tobair Beannaithe Phádraig, chuir an meascán de shuirbhéanna, bainistíocht fásra, agus dearadh léirmhínithe feabhas mór ar thuiscint agus ar inrochtaineacht an phobail ar an áit. D'fheidhmigh an tionscadal mar mhúnla d'oidreachas cultúrtha freisin trí cheardlanna, scéalaíocht phobail, agus rannpháirtíocht scoile. Idir an dá linn, thug oibreacha cobhsaíochta agus cranneolaíochta ag Mainistir Chill Laobháin aghaidh ar rioscaí fadtréimhseacha agus chuidigh siad le sláine stairiúil a chaomhnú do chéimeanna caomhnaithe amach anseo.

Tionscnamh na mBailte Stairiúla agus Athnuachan ar bhonn Oidhreachta

Cuireadh dhá iarratas ar mhaoiniú Thionscnamh na mBailte Stairiúla isteach go luath sa bhliain. Chomh maith leis sin, chuir an tOifigeach Oidhreachta Plean Athnuachana ar bhonn Oidhreachta do Bhaile Mhuineacháin i láthair ag siompóisiam réigiúnach, ag léiriú dea-chleachtas in athnuachan ar bhonn oidhreachta.

Maoiniú Phlean Oidhreachta an Chontae

Bronnadh maoiniú €37,500 faoi Phlean Oidhreachta an Chontae ar an Rannóg Oidhreachta ón gComhairle Oidhreachta a thacaigh le leanúint leis an Tionscadal Ainmneacha Páirceanna, podchraoltaí Heritage at the Heart, scéim deontas imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta agus tionscnaimh feasachta fógraíochta.

Bronnadh €17,000 breise ar chomhoibriú tionscadail Seandálaíochta Pobail idir an Rannóg Oidhreacht agus Músaem Chontae Mhuineacháin a thacaigh le staidéar féidearthachta a dhéanamh le haghaidh tochailt shéasúrach Pobail ag Ros Mór. Mheaitseáil Ceantar Bardasach Mhuineacháin an maoiniú seo go flaithiúil.



Seachtain na hOidhreachta 2025

Reáchtáladh breis is 50 imeacht le linn Sheachtain na hOidhreachta (16–24 Lúnasa), lena n-áirítear an Tochailt Mhór i bPáirc Rós Mór, cainteanna, turais, taispeántais scileanna traidisiúnta, agus go leor gníomhaíochtaí faoi stiúir an phobail. D'éagraigh Muineachán 76 imeacht in aghaidh gach 100,000 duine den daonra agus chuir sé le breis is 13 milliún imprisean ar na meáin shóisialta náisiúnta.



Gearrliostaíodh imeacht “Spiorad an Uisce” a reáchtáil Friends of the Upper Annalee do Ghradam Náisiúnta na hOidhreacht Uisce, agus ceiliúradh aitheantas air ag Gradaim Sheachtain Náisiúnta na hOidhreacht in IMMA i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.

[illegible]

For-rochtain agus Rannpháirtíocht Phobail

Bhí rannpháirtíocht phobail fós lárnach i ngníomhaíocht 2025. Lean leathnú Thionscadal Ainmneacha na bPáirceanna agus an cúigiú sraith den phodchraoladh Heritage at the Heart ag cur leis an tuiscint áitiúil ar thírdhreach, ar chuimhne agus ar áit. Idir an dá linn, bhain eagraíochtaí pobail leas as tacaíocht dhíreach le pleanáil imeachtaí, taighde oidhreachta, agus comhairle caomhnaithe. Neartaigh na tionscnaimh seo foghlaim idirghlúine agus chothaigh siad rannpháirtíocht níos leithne i measc pobal éagsúil.

Freagairt do Stoirm Éowyn

Bhí tionchar ag stoirmeacha ar roinnt reiligi stairiúla i rith na bliana, go háirithe ag Stoirm Éowyn. Bhí gá le freagairt chomhordaithe idir an tOifigeach Oidhreacht agus na Ceantair Bhardasacha chun déileáil le cnámha daonna a stoitheadh agus déileáil le crainn leagtha agus damáiste do bhallaí teorann.



straitéiseach, inar tháinig méadú mór ar ghníomhaíocht oidhreachta faoi stiúir an phobail, agus ina ndearnadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail chaomhnaithe agus seandálaíochta ar fud Chontae Mhuineacháin. Chomh maith le tionscadail a chur i gcrích, neartaigh an Oifig Oidhreachta comhpháirtíochtaí le grúpaí áitiúla, chuir sí an Straitéis Oidhreachta nua chun cinn, agus leathnaigh sí cláir for-rochtana lena n-áirítear podchraoltaí, ceardlanna, agus rannpháirtíocht scoilbhunaithe.

Straitéis Oidhreachta 2026–2031

Bhí forbairt Dréacht-Straitéis Oidhreachta an Chontae mar fhócas lárnach in 2025. Bhí ról lárnach ag rannpháirtíocht an phobail i múnú na Dréacht-Straitéise nua. Chuir seisiún eolais i ngach Ceantar Bardasach pobail ar an eolas faoi thionscadail atá le teacht agus spreag siad aighneachtaí. Fuair suirbhéanna réamhdhréachta beagnach 50 freagra. Críochnaíodh an dréacht agus cuireadh faoi bhráid an Choiste um Bearta Beartais i mí na Nollag é roimh aistriúchán Gaeilge, Measúnú Cuí, agus comhairliúchán poiblí atá sceidealaithe le haghaidh thús 2026.

Have your say!

- ✓ Via the online portal
- ✓ Email comments to heritage@monaghancoco.ie
- ✓ In writing marked "Monaghan County Heritage Strategy 2026-2031 (Draft)", Heritage Officer, Monaghan County Council, 1 Dublin Street, Monaghan, County Monaghan H18 X982.


Comhairle agus Treoir

I rith 2025, thug an tOifigeach Oidhreachta tacaíocht leanúnach do thionscnaimh athghiniúna agus d'iarratais phleanála a raibh ionchur oidhreachta ag teastáil uathu. Leathnaíodh an treoir freisin chuig iarratais BHIS, fiosrúcháin oidhreachta tógtha, agus fiosrúcháin oidhreachta poiblí.

Ba bhliain í 2025 inar mhéadaigh an fhorbairt

Bithéagsúlacht

Oibríonn an tOifigeach Bithéagsúlachta, agus cúntóir riaracháin páirtaimseartha ag tacú leis, anois laistigh den Stiúrthóireacht Iompair, Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide. I rith 2025, lean an rannóg de bheartas bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm, tionscnaimh feasachta agus imeachtaí poiblí a réachtáil, agus réimse tionscadal bithéagsúlachta maoinithe a bhainistiú. Fuarthas maoiniú don obair seo ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreacht, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin agus Muineachán Ildánach.



Lá Domhanda na mBogach 2 Feabhra 2025

Agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an gcomheagraíocht i gComhairle Contae an Chláir agus leis an bhFóram Pobail do Bhogaigh, tháirg an tOifigeach Bithéagsúlachta ***A Beginner's Guide to Wetlands***. Tugann an leabhrán nua seo forbhreathnú inrochtana ar ghnáthóga fliucha na hÉireann, míníonn sé a dtábhacht éiceolaíoch, agus tugann sé aird ar speicis tháscacha tábhachtacha. Tá torthaí ó 15 bliana de mhonatóireacht ar thalamh fliuch i gContae Mhuineacháin le feiceáil ann freisin, rud a léiríonn luach na ngnáthóg seo maidir le bithéagsúlacht, cáilíocht uisce agus athléimneacht aeráide

Rinneadh seoladh oifigiúil ar *A Beginner's Guide to Wetlands* ar Lá Domhanda na mBogach i mí Feabhra i Leabharlann Charraig Mhachaire Rois. D'fhreastail breis is 20 duine ar chaint spreagúil, *Monaghan's Wonderful*



Wetlands, arna seachadadh ag an Oifigeach Bithéagsúlachta agus Oifigeach Uisce Pobail LAWPRO, agus tugadh cóipeanna den leabhrán do na rannpháirtithe go léir.

Cur i láthair U3A

Thug an tOifigeach Bithéagsúlachta cur i láthair a raibh an-tóir air ar Bhithéagsúlacht Mhuineacháin, agus béim á leagan aige ar Speicis Ionracha, do bhaill ghrúpa gníomhach U3A Mhuineacháin in Óstán na Four Seasons ar an 28 Feabhra. Bhí an rannpháirtíocht agus an t-aiseolas thar barr.



Scoileanna Glasa

Tugadh cuireadh don Oifigeach Bithéagsúlachta Scoil Éanna, Béal Átha Beithe, a threorú ina Lá Gníomhaíochta Bithéagsúlachta ar an 3 Márta agus iad ag obair i dtreo a mBrat Ghlas um Bithéagsúlacht. Bhain na scoláirí go léir i Rang a hAon agus Rang a Dó taitneamh as tráth na gceist faoin dúlra agus ina dhiaidh sin turas allamuigh go Loch Mór.



An Chomhairle Oidhreacht agus Comhoibriú Teagasc

Tá an chomhpháirtíocht idir an Chomhairle



Oidhreacht agus Teagasc tar éis naisc idir Oifigigh Bithéagsúlachta agus comhairleoirí Teagasc a neartú. Mar chuid de seo, d'fhreastail an tOifigeach Bithéagsúlachta ar lá oiliúna fáilte i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis ar an 6 Márta.

Rinneadh ceiliúradh ar **Sheachtain na Gaeilge** i mí an Mhárta trí chomharthaí bithéagsúlachta saincheaptha a bhronnadh ar na ceithre Ghaelscoil i gContae Mhuineacháin a raibh íomhánna áille de fhlóra agus fána dúchasach na hÉireann orthu, agus iad uile lipéadaithe i nGaeilge. Cuirfidh na comharthaí ildaite seo feabhas ar spás allamuigh gach scoile. Bhí Courtney Nic Uilís ó Mhuineachán Le Gaeilge in éineacht leis an Oifigeach Bithéagsúlachta ar na cuairteanna scoile.



Seachtain na Bithéagsúlachta 16-25 Bealtaine

Rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta i Muineachán le breis is 30 imeacht saor in aisce ar siúl ar fud an chontae. Idir shiúlóidí beach, éan agus ialtóig go feirmeacha oscailte agus seisiúin sealgaireachta, bhí rud éigin ann do gach duine, lena n-áirítear gníomhaíochtaí scéalaíochta agus ceardaíochta dúlra do pháistí. Bhí na sluaite i láthair ag gach imeachta agus fuarthas aiseolas iontach ina leith.

Biodiversity Week Monaghan 16TH - 25TH MAY 2025	
For 16th 10am - 1pm Soil Building & Nature Cycles Learn how soil and nature and how they connect the most of your garden. Suitable for Elementary, Intermediate and Secondary. Venue: Ballykeel, Aghnaghton, Carranmore, 48T 1200.	For 17th 10am - 12pm Nature based crafts for children with daily theme Spend time in nature and discover how to create with a wide range of natural materials. Venue: Long Blaney, Carranmore. Book your place! (see details above).
For 18th 10am - 12pm Bringing Back the Cuckoo Join Courtney Nic Uilís to learn about the cuckoo and its nesting habits. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.	For 19th 10am - 12pm Children's Forest Art Workshop Join Courtney Nic Uilís to learn about the forest and its many secrets. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.
For 20th 10am - 12pm Children's Forest Art Workshop Join Courtney Nic Uilís to learn about the forest and its many secrets. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.	For 21st 10am - 12pm Children's Forest Art Workshop Join Courtney Nic Uilís to learn about the forest and its many secrets. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.
For 22nd 10am - 12pm Children's Forest Art Workshop Join Courtney Nic Uilís to learn about the forest and its many secrets. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.	For 23rd 10am - 12pm Children's Forest Art Workshop Join Courtney Nic Uilís to learn about the forest and its many secrets. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.
For 24th 10am - 12pm Children's Forest Art Workshop Join Courtney Nic Uilís to learn about the forest and its many secrets. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.	For 25th 10am - 12pm Children's Forest Art Workshop Join Courtney Nic Uilís to learn about the forest and its many secrets. Venue: Carranmore, Carranmore, 48T 1200.

Ceann de na himeachtaí ba mhó a tharla le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta 2025 ná seoladh an leabhair **The Flora of Monaghan**

in Óstán na Four Seasons. Scríofa ag Alexis FitzGerald tar éis beagnach deich mbliana d'obair allamuigh a chur i gcrích ag doiciméadú breis is 1,200 speiceas plandaí, is cloch mhíle mhór é an leabhar d'oidhreacht nádúrtha an chontae. Bhí an áit dubh le daoine don seoladh, agus ceiliúradh á dhéanamh ar an acmhainn luachmhar nua seo do thaighdeoirí agus don phobal i gcoitinne araon.



Seoladh an leabhair 'Flora of Monaghan'



Siúlóid Feirme ag Feirm Orgánach Mark Gillanders



Chomhoibrigh Foireann Uisce Chomhairle Contae Mhuineacháin leis an Oifigeach Bithéagsúlachta chun Ceardlann Cáilíochta Uisce Mhucnó a reáchtáil ar an Luan an 19ú.



Foireann Gairneoireachta chun ceardlann plandaí a raibh an-tóir uirthi a reáchtáil i mBaile na Lorgan.



Ba é an príomhimeacht ag Seachtain na Bithéagsúlachta ná teacht an láithreora meán aitheanta agus saineolaí fiadhúlra Éanna Ní Lamhna a threoraigh siúlóid fiadhúlra timpeall Loch Pheadair agus a thug caint ar an mbithéagsúlacht ina dhiaidh sin ar an gCampas Síochána.



Bronnadh cóipeanna de leabhar nua Éanna 'Great Irish Biodiversity Book' ar bhuaiteoirí an chomórtais.



Thug Teaghlach Morehart cuireadh don Oifigeach Bithéagsúlachta, mar aon le neart páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta, páirt a ghlacadh ina gclár **'ASU Inaugural Academic Program: The estate as a Living Laboratory'**, inar tháinig mic léinn iarchéime ó Ollscoil Stát Arizona go Mhuineachán ar feadh coicís cónaithe chun staidéar a dhéanamh ar bithéagsúlacht an eastáit agus bealach inbhuanaithe chun cinn a mholadh.

Ina theannta sin, chomhoibrigh an



Seó Talmhaíochta Bhaile na Lorgan

Tugadh cuireadh don Oifigeach Bithéagsúlachta an chéad Phuball Inbhuanaitheachta a sheoladh ag Seó Bhaile na Lorgan i mí Lúnasa. In ainneoin na drochaimsire, bhí slua mór i láthair agus bhí rannpháirtíocht mhór idir úinéirí talún agus an pobal i gcoitinne le sonrú.



President of the Irish Shows Association Freda Kinnarney, right and President of Castleblayney Show Eddie Forde, making a presentation to Dr Patricia McCreesh, at the opening of the Sustainability Village at Castleblayney Show.
Photo Rory Geary



Buaiteoirí ríméadacha an Chomórtais 'Aimsigh an Uimhir'!

Ainmníodh Bailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois sa chomórtas **Bród Áite** sa rannóg Bithéagsúlachta agus Gníomhú ar son na hAeráide. Bhí áthas ar an Oifigeach Bithéagsúlachta bualadh leis na breithiúna agus na tionscadail bhithéagsúlachta ar fud an bhaile a leagan amach,

amhail an Móinéar Éiceolaíochta, a bhfuil an grúpa i ndiaidh dian-obair a dhéanamh air.



Seachtain na hOidhreacht Lúnasa 2025

Mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hOidhreacht, chuir an tOifigeach Bithéagsúlachta fáilte roimh an éaneolaí agus taifeadtóir fuaime fiadhúlra ceannródaíoch Seán Ronayne le haghaidh lá imeachtaí dúlra nach ndéanfar dearmad air. Thosaigh an mhaidin le siúlóid Chór na nÉan, áit ar threoraigh Seán na rannpháirtithe trí bheathra éan an chontae agus roinn sé a shaineolas ar cheol éan agus ar éiceolaíocht. Ina dhiaidh sin, thug sé caint am lóin a raibh freastal maith uirthi, áit ar thug sé léargas ar a chuid oibre ag doiciméadú éin na hÉireann, na dúshláin atá rompu, agus an tábhacht a bhaineann le caomhnú gnáthóg.



Rinneadh ceiliúradh ar **Seachtain Náisiúnta na bhFálta Sceach** i mí Mheán Fómhair le himeacht rathúil leagtha fál ag Feirm Elliot i mBaile Mhuineacháin. Bhí spéis mhór san ócáid, arna éascú ag Hedgerows Ireland, idir úinéirí talún, feirmeoirí agus grúpaí pobail.



Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide i nDeireadh Fómhair

D'éascaigh an tOifigeach Bithéagsúlachta trí imeacht don tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus d'fhreastail 6 ghrúpa pobail agus cónaitheoirí ar cheardlanna den scoth maidir le déanamh Múnlaí Duille i Muineachán agus



i mBaile na Lorgan. Reáchtáladh ócáid bailiúcháin síolta dúchasacha leis na páistí ó scoil Waldorf i mbogaigh Bhéal Átha Beithe

agus d'fhreastail grúpa an-díograiseach d'fháitealláí ar an tsiúlóid sealgaireachta muisiriúin i bPáirc Ros Mór.



Gradaim an Chrannchuir Náisiúnta um Dhea-Chúiseanna



Bhí an-áthas ar an Oifigeach Bithéagsúlachta tacú le Craobh Mhuineacháin d'iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann agus iad ainmnithe i nGradaim an Chrannchuir Náisiúnta um Dhea-Chúiseanna a bhí ar siúl in Killashee Hotel i mí Dheireadh Fómhair.

An Dara Fóram um Bhitshlándáil agus Speicis Ionracha Oileáin Chomhroinnte

Ócáid a bhí ar siúl i mBéal Feirste ar an 4 Samhain, rinne Oifigeach Bithéagsúlachta ionadaíocht ar Chomhairle Contae Mhuineacháin. Bhí cur i láthair faoi stiúir saineolaithe agus pléphainéil, cás-staidéir ó gach cearn d'oileán na hÉireann, seisiúin éagsúla agus deiseanna líonraithe den scoth le saineolaithe ceannródaíocha i mbithéagsúlacht, i gcaomhnú agus i mbeartas speiceas ionrach i láthair ag an bhfóram.

An Tríú Comhdháil Bhliantúil um Bithéagsúlacht Mhuineacháin



Tionóladh **An Tríú Comhdháil Bhliantúil um Bhitheagsúlacht Mhuineacháin** ar an 8



Samhain in Óstán Shliabh Beatha mar chuid de Sheachtain Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin. Thug an ócáid saineolaithe agus baill den phobal le chéile le haghaidh cainteanna ar

thopaicí lena n-áirítear an fritileán réisc, dobharchúnna, eolaíocht shaoránach, cosc ar fhalscaí, lapairí pórúcháin, agus Spéartha Dorcha.

Buaicphointe ab ea bronnadh Ghradam Cuimhneacháin Fearghal Duffy ar Joe Shannon as a chuid blianta fada ag taifeadadh éan sa chontae. Fuair siad siúd a bhí i láthair crainn fhréamhacha loma freisin a bhronn John McKeon orthu roimh a scannán *Seeds of Inspiration*. Ag tógáil ar na himeachtaí rathúla in 2022 agus 2023, leanann an chomhdháil ag neartú an chomhoibrithe agus ag atreisiú tiomantas Mhuineacháin do chosaint na bithéagsúlachta.



D'fhreastail an tOifigeach Bithéagsúlachta ar an tríú cruinniú de **Ghrúpa Bainistíochta Falscaí Shliabh Beatha** in Óstán Shliabh Beatha i mí na Samhna. Tugadh taispeántas de dhrón ardteicneolaíochta atá in ann 100 kg a iompar, ag taispeáint a chumas uisce a sheachadadh chun tinte luatha a mhúchadh, briseadh dóiteáin a chruthú, nó trealamh trom comhraicthe dóiteáin a iompar isteach i dtír-raon anróiteach.

Oiliúint na Comhairle Oidhreachta

Lean an tOifigeach Bithéagsúlachta ag freastal ar oiliúint ráithiúil i rith 2025 arna héascú ag an gComhairle Oidhreachta. Is deis luachmhar í seo le haghaidh oiliúna agus líonrú. Taispeánann an grianghraf baill de Líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta ar fud na tíre.



Cruinniú den Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC)

I mí Mheán Fómhair, thug an tOifigeach Bithéagsúlachta cur i láthair ar ról an Oifigigh Bithéagsúlachta d'fhoireann NBDC. Is deis iontach é an cruinniú bliantúil seo chun tosaíochtaí comhpháirteacha a phlé agus leas a bhaint as oiliúint spriocdhírithe.



Cruinniú Tionscnaimh Chomhshaoil PleacePlus, Dún Geanainn

I mí Mheán Fómhair, d'fhreastail an tOifigeach Bithéagsúlachta ar an gcéad chruinniú grúpa de na comhpháirtithe uile a bhí páirteach i dTionscadal Comhshaoil PeacePlus. Sa tionscadal seo, déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin athchóiriú ar thalamh portaigh ag Sliabh Beithe ar fiú €4m é, i gcomhpháirtíocht le hlontaobhas na hAbhann Duibhe agus Truagh Development.




Ionad Comhshaoil Chnoc na gCnámh, Wilder World Monaghan

Bhí áthas ar an Oifigeach Bithéagsúlachta an dréacht-Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus an dréacht-Straitéis Crann agus Fálta a chur i láthair ag an ócáid Wilder World Monaghan a reáchtáil an LRP i gcomhar le Lónra Comhshaoil na hÉireann (IEN). Lá cainteanna agus taispeántas a bhí ann, a bhain le huisce, bithéagsúlacht agus sruthanna maoinithe sa chontae agus ba dheis iontach líonraithe é do bhaill den LRP.

Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta agus Dul Chun Cinn an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

Bhuail an Grúpa Oibre Bithéagsúlachta le chéile trí huair in 2025—i mí Eanáir, i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair. Mar fhóram comhoibríoch de pháirtithe leasmhara éagsúla, tugann an grúpa saineolas áitiúil agus peirspictíochtaí pobail le chéile chun treoir a thabhairt d'fhorbairt Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Mhuineacháin (BAP) nua. An ról atá aige ná cabhrú le gníomhartha praiticiúla, bunaithe ar fhianaise, a mhúnlú agus comhpháirtíochtaí a neartú a thacaíonn le bithéagsúlacht ar fud an chontae.

Ar feadh na bliana ar fad, cuireadh an dréacht BAP i láthair ag gach cruinniú de na Ceantair Bhardasacha, ag cruinniú Lónra an LRP, ag dhá chruinniú den SPC, agus cuireadh faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Sinsearaí é. Aistríodh gníomhartha an doiciméid go Gaeilge, críochnaíodh scagadh comhshaoil, agus chuaigh an plean ar aghaidh chuig comhairliúchán poiblí deiridh i mí na Nollag.



05.12.2025 - 20:30
02.01.2026 - 20:30

CLOSED

Draft Monaghan Biodiversity Action Plan 2026-2031

3 SUBMISSIONS DASHBOARD

Cosaint Dóiteáin agus Shibhialta

COSAINT SHIBHIALTA AGUS DÓITEÁIN MHUINEACHÁIN

Lean Cosaint Shibhialta agus Dóiteáin Mhuineacháin (MFCP) de bheith ag tabhairt aghaidh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an Athrú Aeráide amhail Stoirm Éowyn, agus an t-aistriú fuinnimh, lena n-áirítear Córais Stórála Fuinnimh i gCadhna (BESS) agus Modhanna Tógála Nua-Aimseartha (MMC), in 2025. Cé gur ghá nuashonruithe suntasacha a dhéanamh ar phróisis riaracháin, ar earcaíocht, ar oiliúint, ar ailíniú beartais AD, agus ar dhúshláin a bhaineann le caighdeánú pá, agus ar ghealltanais phárolla coicise chun comhaontú na gcomhraiceoirí dóiteáin coinnithe de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a chur i bhfeidhm. Chuir na dúshláin seo le hualach oibre riaracháin agus oibríochtúil a bhí ag méadú i gcónaí agus beidh tionchar acu ar phleanáil buiséid amach anseo.

Cé gur lean MFCP de bheith ag soláthar seirbhís riachtanacha do mhuintir Mhuineacháin, lena n-áirítear freagairt éigeandála, tacaíocht phobail, agus comhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun planáil éigeandála móra a neartú. Chomh maith leis sin, reáchtáil an tseirbhís feidhmeanna sábháilteachta dóiteáin agus rialaithe foirgníochta, cigireachtaí comhlíontachta, measúnuithe ceadúnaithe, agus tionscnaimh sábháilteachta dóiteáin pobail.




Foirne Dóiteáin ag freastal ar Oiliúint Caidéil Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann: Deireadh Fómhair 2025

Sa bhliain 2025, chuaigh Seirbhís Dóiteáin Mhuineacháin i ngleic le 432 teagmhas, rud a léiríonn méadú 18% ar líon na bhfreagairtí céadfheastail i gcomparáid le 2024. I measc na gcineálacha teagmhas is coitianta bhí imbhualtí tráchta bóthair, gníomhachtuithe aláraim, tinte tí, agus tinte beaga, agus lean tinte simléir ag dul i laghad.

Ba ghlaonna amach a bhain le stoirmeacha agus méadú ar imbhualtí tráchta bóthair a d'éiligh idirghabháil ón tseirbhís dóiteáin ba chúis den chuid is mó leis an méadú foriomlán ar ghníomhaíocht.

Seo a leanas miondealú stáisiún ar stáisiún ar an gcéad agus an dara turas freastail in 2025:

Stáisiún Dóiteáin	1ú Turas Freastail	2ú Turas Freastail
Béal Átha Beithe	49	41
Carraig Mhachaire Rois	98	7
Baile na Lorgan	85	17
Cluain Eois	41	4
Muineachán	159	8



Teagmhais na Seirbhíse Dóiteáin in 2025 le hais 2024

Ba iad Imbhualtí Tráchta Bóthair an cineál teagmhais ba choitianta in 2025, agus b'ionann iad agus 21% de na glaonna amach ar fad a ndearnadh freastal orthu.



Oifigigh MFCP ag freastal ar cheardlann Dea-Chleachtais NOAC Samhain 2025

Ghlac oifigigh MFCP páirt i gCeardlann Dea-Chleachtais NOAC i mí na Samhna 2025 freisin, ag cur le foghlaim chomhroinnte agus malartú cur chuige dea-chleachtais ar fud earnáil an rialtais áitiúil.

Oiliúint: Sa chlár oiliúna in 2025 bhí Cúrsaí um Earcaigh Thosaigh agus Gaireas Análaithe do chomhraiceoirí dóiteáin nua, arna dtacú le cúrsaí um Chéadfhreagróir Tuilte, Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (ESDS), agus oiliúint Chéadfhreagróra Éigeandála.



Foirne Dóiteáin ag freastal ar Oiliúint Iompair Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann: Meán Fómhair 2025

Chuir MFCP oiliúint RTC-HGV ar fáil ag Stáisiún Dóiteáin Mhuineacháin in 2025 agus ó shin i leith, is é an ceannaire náisiúnta é don oiliúint speisialaithe seo. Feabhsaíodh an clár tuilleadh trí fhorbairt ar chúrsa oiliúna creidiúnaithe QQI- (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) arna chur le chéile ag Grúpa Oiliúna Náisiúnta na Seirbhísí Údarais Áitiúil (LASNTG) i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM).



Little Blue Heros Chluain Eois Lúnasa 2025

Cuimsíonn measúnú ar riachtanais oiliúna MFCP an ceanglas ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus cuimsíonn sé an clár oiliúna stáisiúin atá ag dul ar aghaidh. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar an measúnú seo chun a chinntiú go dtagann sé le córas bainistíochta sábháilteachta na heagraíochta agus chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Sláinte agus Sábháilteacht: Tá Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde MFCP creidiúnaithe de réir ISO 45001, agus tá réimsí feabhsúcháin le feiceáil sna hiniúchtaí gaolmhara, go háirithe i mbainistíocht sócmhainní atá ina ghné riachtanach dár gclár seachadta Sláinte agus Sábháilteachta.

Sábháilteacht Dóiteáin: Rinne an Rannóg um Chosc ar Dhóiteán athbhreithniú agus próiseáil ar gach iarratas bailí ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas agus thug sí treoir maidir le comhlíonadh Chuid B de na Rialacháin Foirgníochta a bhaint amach. I measc na rioscaí sábháilteachta dóiteáin a bhí ag teacht chun cinn in 2025 bhí Córais Stórála Fuinnimh i gCadhna agus Modhanna Tógála Nua-Aimseartha. Rinneadh cigireachtaí ar raon leathan foirgneamh, lena n-áirítear áitribh cheadúnaithe, tithe cúraim cónaithe, réamhscoileanna, árasáin, stáisiúin pheitрил agus foirgnimh phobail.

Chuir Seachtain na Sábháilteachta Dóiteáin sábháilteacht dóiteáin sa bhaile chun cinn, ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le haláram deataigh atá ag obair i ngach teach. I rith na bliana, chuir MFCP feachtais spriocdhírthe ar fáil do dhaoine scothaosta agus leochaileacha, mar aon le tionscnaimh shéasúracha faoi Cháisc, Oíche Shamhna, faoin Nollaig, agus le linn Sheachtain na Sábháilteachta Dóiteáin.



Buaiteoir póstaer Rang a 4 ó Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig Chorr a'Chrainn Deireadh Fómhair 2025

Rinneadh 238 cigireacht ar Shábháilteacht Dóiteán agus Rialú Foirgníochta san iomlán in 2025, agus críochnaíodh 164 tuarascáil atreoraithe pleanála. Rinne oifigeach dóiteáin gach atreorú ceadúnaithe a fógraíodh le haghaidh tithe tábhairne, clubanna, hallaí damhsa, etc. a mheas agus eisiódh moltaí chuig an tSeirbhís Cúirteanna.

Rinneadh anrud Ceadúnas um Shubstaintí Contúirteacha a phróiseáil agus a eisiúint arís in 2025.



An Cathaoirleach, an Comhairleoir O'Hanlon, ag Comhdháil Aoisbháúil roimh Sheachtain na Sábháilteachta Dóiteáin 2025

Sábháilteacht ó Dhóiteáin sa Phobal: Cuireadh réimse tionscnamh sábháilteachta dóiteáin ar fáil a dhírigh ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail araon. Dáileadh brathadóirí deataigh mar chuid den Scéim Aláirim Deataigh Pobail agus cuireadh príomhtheachtaireachtaí na Seachtaine Feasachta Aonocsaíde Carbóin agus na Seachtaine um Shábháilteacht ó Dhóiteán chun cinn ar ardáin áitiúla agus meán sóisialta.

Rialú Tógála

Sa bhliain 2025, fuair Údarás Rialaithe Tógála Mhuineacháin 210 Fógra bailí um Thosach Feidhme, ar léiriú é de laghdú 9% i gcomparáid le 2024. Thit líon na bhFógraí um Thosach Feidhme le haghaidh aonaid chónaithe nua go géar, rud a léiríonn tionchar na Scéime um Tharscaoileadh Ranníocaíochtaí. Baineadh amach ráta cigireachta 32% le haghaidh foirgnimh nua le linn na bliana. Ina theannta sin, rinneadh 88 iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus 44 iarratas ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas faoin reachtaíocht um Rialú Foirgníochta.

Leanann cion na dtithe aonuaire atá ag baint leas as an bhforáil chun 'díliostáil' ó dheimhniú reachtúil de bheith ard go maith. Trí rogha a dhéanamh chun díliostáil, tuigeann úinéirí tí nach mbeidh a n-áit chónaithe le feiceáil ar chlár an Deimhnithe Reachtúil um Chomhlíonadh ar Chríochnú.



Cigireacht um Rialú Tógála: Gleann Droimnin Iúil 25

Teacht Aniar Pobail

Fuair gach teaghlach agus áitreabh i gContae Mhuineacháin leabhrán Teacht Aniar Pearsanta agus Pobail i mBealtaine 2025. Is é cuspóir an leabhráin pobal sábháilte, inbhuanaithe agus athléimneach a chur chun cinn, trí threoir phleanála praiticiúil. Is comhoibriú idir an FSS, AGS agus Grúpaí Deonacha éagsúla é an Leabhrán, ina bhfuil sé mar aidhm aige comhairle, sonraí teagmhála agus leideanna praiticiúla a sholáthar don phobal maidir le bheith ullmhaithe i gcás éigeandála.



Leabhrán Teacht Aniar Pobail Bealtaine 2025

Bainistíocht Mórigeandála

Lean MFCP ar aghaidh in 2025, le cabhair an Gharda Síochána agus FSS araon, chun ár gcumas freagartha a bhaineann le nósanna imeachta a thástáil chun freagairt éifeachtach idirghníomhaireachta, próisis chumarsáide agus meán, agus idir-inoibritheacht a chinntiú. Is éard atá i gceist le Bainistíocht Mórigeandála Ilghníomhaireachta ná pleananna, córais, nósanna imeachta agus oiliúint a chothabháil, agus cumas na bpáirtithe leasmhara go léir a fheabhsú.



Ceardlann Bainistíochta Éigeandála Meán Fómhair 2025

Bainistíocht Éigeandála: Chuir Stoirm Éowyn brú suntasach ar MFCP agus ar ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta, rud a d'éiligh glanadh bóithre fairsing, freagairt

éigeandála, agus tacaíocht leanúnach d'oibríochtaí FSS, Uisce Éireann, agus BSL. Léirigh a mhó is a bhí an cur isteach an tionchar méadaitheach atá ag imeachtaí drochaimsire agus threisigh sé an gá atá le struchtúr pleanála éigeandála MFCP a neartú agus a leathnú tuilleadh chun acmhainn, teacht aniar agus comhordú ilghníomhaireachta níos fearr a chinntiú.

Ceardlann Bainistíochta Éigeandála: Reáchtáladh an Cheardlann seo i Meán Fómhair 2025, rud a thug deis do ghníomhaireachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta, comhordú idirghníomhaireachtaí a threisiú, agus ullmhacht do theagmhais mhóra a fheabhsú.

Bhí Ionad Réamhaisnéise Tuilte Met Éireann mar aon le Uisce Éireann i measc na ndaoine a thug cur i láthair ag an gceardlann, agus thug na gníomhaireachtaí nuashonruithe freisin maidir leis an ullmhacht don séasúr geimhridh amach romhainn. Leag an t-oifigeach réamhaisnéise tuilte amach an méid eolais atá ar fáil chun cabhrú le Príomhghníomhaireachtaí Freagartha agus le fónais éagsúla araon.

Pleanáil Éigeandála Trasteorann: Leanann an Grúpa Bainistíochta Éigeandála Trasteorann (CBEMG) ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag feabhsú rannpháirtíocht ilghníomhaireachtaí chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun freagairt éifeachtach ó ghníomhaireachtaí ar an dá thaobh den teorainn a chumasú.

Taighde Trasteorann - 'Advancing a Focused All-Ireland and Cross Border Approach to Planning for Recovery in Strategic Emergency Management': Cuireadh an tuarascáil seo, arna cur i gcrích ag ICLRD i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin agus an Grúpa Bainistíochta Éigeandála Trasteorann, i gcrích sa bhliain 2025, agus scrúdaíonn sí an chaoi a bhféadfadh cur chuige trasteorann um Atógáil chun Feabhais (BBB) téarnamh ó thubaistí agus teacht aniar fadtéarmach a neartú ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann trí dhul in oiriúint don athrú aeráide, riosca tubaistí a laghdú (DRR) agus bainistíocht éigeandála straitéiseach a chomhtháthú.

Grúpa Bailíochtaíthe Seachtrach (EVG): Ba é MFCP an chéad Údarás Dóiteáin a ndearnadh cuairt Ghrúpa Bailíochtaíthe Seachtrach air i mí Dheireadh Fómhair 2025. Is gné lárnach den Chreat 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' an próiseas EVG, ag soláthar measúnú struchtúrtha, neamhspleách ar fheidhmíocht na Seirbhíse Dóiteáin agus deiseanna a shainaitheint le haghaidh feabhais leanúnaigh.

Thóg timthriall EVG na bliana 2025 ar chleachtaí bailíochtaíthe roimhe seo, agus béim láidir i gcónaí ar chaighdeán seirbhíse agus ar éifeachtacht oibríochtúil. Fuair MFCP moladh an-dearfach, ag tabhairt aitheantas do dhúthracht na heagraíochta i dtaobh dea-chleachtas a sholáthar.

Oibreacha caipitiúla: Críochnaíodh oibreacha uasghrádaithe i Stáisiún Dóiteáin Charraig Mhachaire Rois agus Chluain Eois araon, agus tá áis fearais bhreise i Stáisiún Dóiteáin Mhuineacháin i ndiaidh a bheith ag feidhmiú in 2025 chun feithiclí a chosaint ó dhrochaimsir. Tugadh an tógáil ar Stáisiún Dóiteáin nua i mBéal Átha Beithe chun críche sa bhliain 2025 chomh maith.



Stáisiún Dóiteáin Nua Bhéal Átha Beithe Deireadh Fómhair 2025

Infheistíocht chaipitil i bhflít agus i dtrealamh: Rinneadh cuid mhór infheistíocht chaipitil arís in 2025 — cuireadh Tairiscint Éigeandála nua ar fáil do Stáisiún Dóiteáin Mhuineacháin, mar aon le foireann nua de Ghairis Análaithe chun aistriú ó shorcóirí 200 barra go 300 bara a chumasú, arna maoiniú ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála.

COSAINT SHIBHIALTA MHUINEACHÁIN

Sholáthraigh Oifigigh agus Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta Mhuineacháin tacaíocht riachtanach do bhaill leochaileacha den phobal i ndiaidh Stoirm Éowyn agus bhí ról lárnach acu i gcúnamh a thabhairt do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha. Ar feadh 2025 ar fad, léirigh an tseirbhís dul chun cinn láidir, rud a léiríonn a tiomantas do thacaíocht phobail agus d'ullmhacht éigeandála.



Oifigeach Cosanta Sibhialta Brian McCreery le Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhuineacháin, Tánaiste agus Comhairleoir

Bhí an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí agus na héachtaí móra i gcaitheamh na bliana:

Tionscnaimh Tacaíochta Pobail

- Cuireadh tacaíocht leighis ríthábhachtach ar fáil ag imeachtaí éagsúla amuigh faoin spéir.
- Thug oibrithe deonacha bia agus cógas dóibh siúd a bhí i ngátar, lena chinntiú go bhfuair daoine leochaileacha an chabhair a bhí uathu.
- Bhíothas réamhghníomhach le linn crua-aimsire, tugadh tacaíocht do phobail áitiúla agus maolaíodh tionchar na n-éigeandálaí.



Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta ag Féile Cheol Tíre Mhuineacháin Iúil 25

Oiliúint agus Forbairt Scileanna: Dhírigh oiliúint Chosaint Shibhialta Mhuineacháin, ag a bhfuil 54 oibrí deonach iolte, ar réimsí ríthábhachtacha, mar shampla:

- Garchabhair Taismí
- Cuardach agus Tarrtháil, lena n-áirítear teagmhais bhádóireachta agus uisce
- Seirbhís Dóiteáin Chúnta
- Leas agus Cumarsáid
- Monatóireacht Radaíochta agus Cumarsáid Raidió

Eagraíodh cúrsaí oiliúna ar leibhéal éagsúla. Feabhsaíodh scileanna trí dheiseanna a chur ar fáil ag saoráidí oiliúna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.



Searmanas gradam Chosaint Shibhialta Mhuineacháin: Deireadh Fómhair 2025

Earcaíocht: Tháinig méadú ar líon na n-oibrithe deonacha i gCosaint Shibhialta Mhuineacháin in 2025 ar na fáthanna seo a leanas:

- Cláir oiliúna chuimsitheacha.
- Deiseanna le haghaidh forás pearsanta agus obair bhuíne.
- Forbairt scileanna i réimsí ar nós Tarrtháil Theicniúil agus Céadfhreagairt Éigeandála.
- Plé leis an bpobal trí imeachtaí áitiúla agus náisiúnta.

Feabhsú Flít: Fuarthas Feithicil Iompair Othar nua in 2025 a chuirfidh leis an inrochtaineacht do dhaoine éagsúla sa phobal, rud a fheabhsóidh an soláthar seirbhíse trí chéile dá bharr.



Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta ag léiriú flít agus trealaimh Lúnasa 2025

B'ionad fíorthábhachtach é ceanncheathrú Chosaint Shibhialta Mhuineacháin, mar is gnách, chun tacaíocht áitiúil agus comhoibriú le Príomhghníomhaireachtaí Freagartha a chomhordú. Cinntíonn sé sin bainistíocht éigeandála éifeachtach.

Mar achoimre, mar gheall ar a cur chuige réamhghníomhach in 2025, rinne Cosaint Shibhialta Mhuineacháin cinnte de go raibh sí ullmhaithe go maith do dhúshláin amach anseo. Léiríonn sé sin a thiomanta atá sí do leas an phobail agus d'fhorbairt oibrithe deonacha. Is príomhpháirtí sa phráinnfhreagairt agus san ullmhacht sa réigiún í de thairbhe a dhírthe atá sí ar an oiliúint, ar an gcomhoibriú agus ar an tacaíocht.



Oibrithe Deonacha Chosaint Shibhialta Mhuineacháin ag a gComhdháil Bhliantúil: Samhain 2025

Forbairt Pobail



Foireann Údarás Áitiúil Um Imeascadh, Muineachán (LAIT)

Tacaíonn Foireann Chomhtháthaithe Údarás Áitiúil Mhuineacháin (LAIT) le daoine a thagann go hÉirinn trí chonair idirnáisiúnta um chosaint agus athlonnú, lena n-áirítear iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Dídeanaithe, Dídeanaithe Cláir, agus Tairbhíthe de Chosaint Shealadach.

Soláthraíonn an fhoireann eolas praiticiúil, treoir agus tacaíocht chomhtháthaithe do dhaoine aonair agus do theaghlaigh ar fud Chontae Mhuineacháin. Cuirtear seirbhísí ar fáil trí mheascán clinici for-rochtana áitiúla, rannpháirtíocht dhíreach ar an teiléafón agus trí ríomhphost agus comhoibriú le comhpháirtithe reachtúla agus pobail.

D'fhreagair an fhoireann os cionn 2,300 iarratas ar thacaíocht ó dhaoine aonair, ó theaghlaigh agus ó ghrúpaí pobail in 2025. Áirítear leis na tacaíochtaí cúnamh duine le duine, treoir chuig seirbhísí ábhartha, soláthar faisnéise agus ceardlanna agus gníomhaíochtaí pobail a chur ar bun. Neartaíonn na tionscnaimh seo ionchuimsiú, spreagann siad rannpháirtíocht agus feabhsaíonn siad comhtháthú pobail i measc phobail éagsúla Mhuineacháin.



Fóram Imeasctha Pobail Mhuineacháin (CIF)

Leanann Fóram Imeasctha Pobail Mhuineacháin de bheith ag imirt ról ríthábhachtach mar líonra comhoibríoch agus mar mheitheal oibre. Is é an cuspóir atá leis treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint, aghaidh a thabhairt ar riachtanais nó ar bhearnaí i soláthar seirbhísí agus réitigh a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil nó saincheisteanna a ardú nuair is gá. Tá an Fóram faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Seirbhísí um Fhorbairt Pobail agus Tuaithe, Patricia Monahan, agus áirítear ionadaithe ó sholáthraithe seirbhísí ar fud an chontae ann.

I rith 2025, bhuail an Fóram le chéile cúig huairé, ag neartú a thiomantais maidir le comhtháthú a chothú agus tacú le beartais agus tionscnaimh cuimsithe shóisialta.

Clár Feabhsúcháin Áitiúil

Bhainistigh CFPÁ Mhuineacháin an ciste thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Bhí an ciste ar fáil do ghrúpaí a raibh maoiniú le haghaidh costais oibríochtúla, miontionscadail chaipitil agus chun trealamh a cheannach á lorg acu. Tugadh maoiniú do 156 grúpa agus bronnadh €150,835 san iomlán, a raibh €148,490.77 de tarraingthe anuas go rathúil roimh dheireadh na bliana. Tugadh an t-iarmhéid ar aghaidh go dtí 2026.

Ciste Forbartha Pobail

Tacaíodh le 93 eagraíocht phobail agus dheonach faoi Chiste Forbartha Pobail na Comhairle in 2025, agus baineadh leas as €100,000 de. Díríonn an Ciste ar chuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus tacú le réimsí gníomhaíochta nach bhfuil mórán sruthanna ioncaim ar fáil dóibh, amhail costais chláir. I measc na dtionscnamh a bhainfidh leas as tá cóisirí Nollag do dhaoine scothaosta, foilseacháin oidhreacht áitiúla agus ceannach trealamh tarrthála beatha do ghrúpaí Céadfhreagróirí.

Forbairt Pobail

Leathnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin a foireann forbartha pobail, agus earcaíodh triúr Oifigeach Tacaíochta Forbartha Pobail nua le linn 2025.

Is é ról na n-oifigeach seo comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí pobail, cur le hacmhainn cheannaireachta áitiúil agus oibriú i gcomhar le pobail chun Pleananna Pobail agus iarratais mhaoinithe a ullmhú ionas go mbeidh earnáil phobail rathúil agus ghníomhach ar fáil sa chontae i gcónaí, rud atá ina chuid lárnach de Mhuineachán inbhuanaithe, rathúil, dar linn féin.

Súgradh & Áineasa

Bhí Comhairle Contae Mhuineacháin ar cheann de dhá údarás áitiúil a fuair an deontas uasta de €125,000 a bhí ar fáil ón Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais i dtreo spás do dhéagóirí a fhorbairt. I ndiaidh comhairliúcháin le daoine óga as Cluain Eois, tá dearadh curtha le chéile le haghaidh saoráid €1 milliún, a bheidh lonnaithe ar shuíomh an tsean-láithreáin stad ag 98 An Ascaill. Tá dul chun cinn déanta ar Chéim I den fhorbairt, le maoiniú ón DCDE, agus maoiniú breise ón gclár Peace Plus agus ó Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe, Cluain Eois. Cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích le linn 2025, agus táthar ag súil go mbeidh an conraitheoir ar an láthair in R1 de 2026. Táthar ag súil go mbeidh Céim I, a bhfuil líne ghorm timpeall air san íomhá thíos, oscailte faoi shamhradh 2026.



Spás Déagóirí Chluain Eois

Clós Súgartha Nua

Fuarthas maoiniú €18,800 ó Chlár Deontais Chaipitil do Shúgradh agus Áineas DCDE chun clós súgartha a sholáthar in eastát tithíochta nua an údaráis áitiúil in Achadh na hAbhla, Luí na Gréine. Ghlac na páistí a bhfuil cónaí orthu san eastát páirt in imeacht comhairliúcháin, rud a mhúnlaigh an achoimre dearaidh a tugadh do na conraitheoirí. D'oscail an áis go luath i mí Feabhra 2026. Chosain an tionscadal beag seo níos mó ná €30,000 le cur i gcrích, agus an t-iarmhéid á sholáthar ag Ceantar Bardasach Mhuineacháin.



An áis súgartha nua ag eastáit tithíochta Luí na Gréine

Bhí an **Lá Náisiúnta Súgartha** ar siúl i mí Iúil, agus arís eile chomhoibrigh Comhairle Contae Mhuineacháin le neart eagraíochtaí ar fud an chontae chun réimse imeachtaí a reáchtáil, ó cheardlanna scileanna sorcais go tógáil eitleog. Chuir DCDE an maoiniú ar fáil.



Leabharlann Chluain Eois le linn Lá Náisiúnta Súgartha 2025

Maoiniú DRCDG

Sa bhliain 2025, lean Comhairle Contae Mhuineacháin ag baint an leas is fearr as maoiniú forbartha tuaithe chun tionscadail phobail a bhfuil tionchar ard acu a chur i gcrích ar fud an chontae. Is éacht mór do Mhuineachán an cómhaoiniú €2,552,340 a fuarthas, ag tacú le tionscnaimh i réimsí na háineasa, athnuachan lár an bhaile, áiseanna pobail, bithéagsúlacht agus pleanáil straitéiseach. Léiríonn na hinfheistíochtaí seo tiomantas láidir na Comhairle don fhorbairt inbhuanaithe agus do cháilíocht na beatha a fheabhsú don phobal trí chéile.

Scéim	Deontais a Ceadaiodh
CLÁR	€580,658.72
Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte	€1,200,000
An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS)	€447,837.02
Ciste Aitheantais Pobail	€323,845
Maoiniú iomlán arna fhaomhadh ag DRCDG in 2025	€2,552,340.74

Clár CLÁR 2025

Sa bhliain 2025, d'éirigh le Comhairle Contae Mhuineacháin €580,658 a fháil, pacáiste infheistíochta suntasach faoin gClár CLÁR, ag tacú le raon leathan tionscnamh faoi stiúir an phobail ar fud Chontae Mhuineacháin. Ceadáíonn an maoiniú feabhsuithe do shaoráidí spóirt agus áineasa áitiúla, inrochtaineacht fheabhsaithe agus spásanna pobail leathnaithe. Léiríonn clár na bliana seo an chomhpháirtíocht láidir idir an Chomhairle agus grúpaí pobail, rud a chinntíonn go leanfaidh pobail tuaithe de bheith in ann rochtain a fháil ar áiseanna nua-aimseartha, ionchuimsitheacha agus sábháilte.



Spás Súgartha Céadfach Scoil Náisiúnta an Éadain Mhoir

An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) 2024/2025

Trí Scéim ORIS 2024/2025, chuir Comhairle Contae Mhuineacháin sraith uailmhianach d'fheabhsuithe aeraíochta allamuigh chun cinn le leithdháileadh iomlán de €447,837. Tacaíonn an maoiniú seo le háiseanna siúil agus rothaíochta feabhsaithe, uasghráduithe ar bhonneagar páirce agus cosán, inrochtaineacht fheabhsaithe, agus forbairt uirlisí pleanála aeraíochta straitéiseacha. Neartaíonn na hinfheistíochtaí seo acmhainneacht turasóireachta allamuigh Mhuineacháin, spreagann siad stíl mhaireachtála ghníomhach, agus cosnaíonn siad áiseanna nádúrtha le húsáid ag an bpobal.



Tionscadal Radharc an Oileáin Duibh

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (TVRS) 2025

Faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2025, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin €1.2 milliún chun tionscadail a chur chun cinn a dhíríonn ar athbheochan lár bailte, áiseanna a fheabhsú, agus pleananna straitéiseacha a fhorbairt le haghaidh athghiniúint sa todhchaí. Déanfaidh an maoiniú seo athbheochan ar spásanna poiblí, cruthóidh sé deiseanna nua eacnamaíocha agus sóisialta, agus cinnteoidh sé go leanfaidh bailte agus sráidbhailte de bheith ina n-áiteanna bríomhara, fáilteacha agus inrochtana le maireachtáil, le hobair agus le cuairt a thabhairt orthu.



Uasghrádú ar Chlós Súgartha Chorr Uí Bhraonáin

Ciste Aitheantais Pobail 2025

Sa bhliain 2025, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin €323,845 faoin gCiste Aitheantais Pobail chun tacú le pobail a leanann ag cur fáil roimh dhaoine nua sa chontae. Chuidigh an infheistíocht seo le háiseanna pobail comhroinnte a fheabhsú, inrochtaineacht a fheabhsú, spásanna poiblí a athghiniúint, agus foirgnimh thearcúsáidte a athúsáid chun leasa an phobail.



Spás céadfach na Clochbhuaile



Sa bhliain 2025, rinne Comhairle Contae Mhuineacháin dul chun cinn suntasach i dtaobh Plean Gníomhaíochta €4.57 milliún PEACEPLUS a chur i bhfeidhm, tar éis don Aire Calleary é a sheoladh go hoifigiúil ar an 9 Aibreán 2025 ag Campas Síochána Mhuineacháin. Ba é seo tús sheachadadh an chlár thar thrí théama: Athghiniúint agus Claoclú Pobail, Pobail Rathúla agus Síochánta, agus Ceiliúradh ar Chultúr agus Éagsúlacht.



An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Príomhfheidhmeannach Chomhlacht na gClár Speisialta AE, CE Chomhairle Contae Mhuineacháin, Comhaltaí Bhord Comhpháirtíochta PEACEPLUS Mhuineacháin, Comhpháirtithe Chlár PEACEPLUS Mhuineacháin

I rith 2025, bhog an clár isteach chuig an gcéim cur i bhfeidhm iomlán, agus chuir Comhlacht na gClár Speisialta AE conradh foirmiúil ar bun leis an bhfeidhmchlár, rud a chumasaigh rochtain ar an gcóras tuairiscithe agus réamhíocaíochtaí a scaoileadh. Rinneadh dul chun cinn ar an bpróiseas ceapacháin don Rialaitheoir Seachtrach Neamhspleách, rud a thug deis dul chun cinn a dhéanamh ar an obair ullmhúcháin airgeadais agus chomhlíontachta.



An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Príomhfheidhmeannach Chomhlacht na gClár Speisialta AE, CE Chomhairle Contae Mhuineacháin, Ionadaí Áitiúil ó Chomhairle Contae Mhuineacháin agus Foireann Shinsearach Chomhairle Contae Mhuineacháin

Tríd is tríd, díriodh in 2025 ar bhunús láidir a thógáil chun Plean Gníomhaíochta PEACEPLUS Mhuineacháin a chur i gcrích.

Tugadh tús áite freisin do

rannpháirtíocht le comhpháirtithe seachadta chun a chinntiú go dtuigeann siad riachtanais an chlár agus go dtugtar tacaíocht iomlán dóibh chun caighdeán chomhlíonta Chomhlacht na gClár Speisialta AE a chomhlíonadh.

Éire Shláintiúil

Sa bhliain 2025, rinne Comhairle Contae Mhuineacháin agus comhpháirtithe tionscadail dul chun cinn suntasach ar fud an dá réimse torthaí de chuid Éire Shláintiúil. Ghlac thart ar 4,500 duine páirt i gclár ar fud an chontae a fuair maoiniú ó Éire Shláintiúil.

Ba ghnóthachtáil mhór a bhí i ndáileadh Pasanna Clós Súgartha Mhuineacháin ar gach seirbhís réamhscoile, rud a thacaigh le gníomhaíocht choirp agus folláine sna luathbhlianta le haghaidh breis is 2,800 leanbh.

Rinneadh deich ngníomh san iomlán, agus clár éagsúla, bunaithe ar fhianaise a sholáthar a chlúdaigh an luath-óige suas go daoine fásta níos sine atá i lár na n-ochtóidí. Áiríodh ar na cohóirt spriocdhírthe daoine óga, daoine faoi mhíchumas, pobail mionlaigh eitneacha, daoine LADT+, tuismitheoirí nua, agus daoine fásta níos sine, chomh maith le tionscnaimh pobail uilíocha. Tacaíonn an obair seo go láidir le tosaíochtaí LECF maidir le neamhionannais sláinte a laghdú, cuimsiú sóisialta a neartú, agus pobail ghníomhacha, athléimneacha a chur chun cinn.

Forbairt thábhachtach eile in 2025 ab ea seoladh shuíomh gréasáin Cavan–Monaghan Connects, a sholáthraíonn faisnéis, oiliúint agus tacaíochtaí inrochtana maidir le meabhairshláinte.



Comhairle na nÓg Mhuineacháin

Sa bhliain 2025, dhírigh Comhairle na nÓg ar an ábhar tosaíochta Meabhairshláinte na nÓg.

Rinne an Chomhairle Bridging the Gap a sholáthar, tionscnamh idirghlúine a forbraíodh leis an bhfeachtas Hello, How Are You? Thacaigh an tionscadal le hidirphlé agus tuiscint idir daoine óga agus daoine fásta.

Ina theannta sin, chomhoibrigh baill le Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach an Chabháin agus Mhuineacháin chun sraith podchraoltaí a chruthú a scrúdaíonn strus acadúil, cairdeas, agus an tionchar níos leithne a bhíonn ag strus ar mheabhairshláinte daoine óga.

Ghlac baill den Chomhairle páirt i gcomhairliúcháin áitiúla iomadúla agus chuir siad go mór leis an iarratas rathúil ar mhaoiniú Áiteanna a Chruthú, rud a chinntigh go raibh guth na hóige lárnach sa phleanáil áitiúil.

Ná Caith Uait do Chuid Brionglóidí

Reachtáladh feachtas bliantúil feasachta alcóil agus sóisialú sábháilte do dhaoine óga, Ná Caith Uait do Chuid Brionglóidí, roimh thorthaí an Teastais Shóisearaigh. Chuaigh an clár ilghníomhaireachta seo arna sheachadadh i gcomhar le Lárionad Lár Tíre, Oibriú Óige Éireann, Foróige, CYPSC, agus An Garda Síochána i gcion ar bhreis agus 1,000 scoláire ar fud na 12 iar-bhunscoil go léir.

Sa bhliain 2025, rinneadh taifeadadh gairmiúil ar na seisiúin uile agus roinneadh iad le tuismitheoirí roimh na torthaí, rud a chinntigh go raibh tuismitheoirí ar an eolas faoi na rioscaí sóisialta agus dlíthiúla agus go raibh siad réidh ar shlí níos fearr chun tacú le daoine óga.

Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil Mhuineacháin

Bhí cruinniú tionscnaimh Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Mhuineacháin (LCSP) ar siúl Déardaoin 27 Samhain 2025. Baineann coincheap na sábháilteachta pobail le daoine a bheith sábháilte agus iad ag mothú go bhfuil siad sábháilte ina bpobal féin. I gcroílár an bheartais seo tá an prionsabal go bhfuil sé de cheart ag gach pobal a bheith sábháilte, agus a mhothú go bhfuil siad sábháilte, ionas go mbláthóidís agus go n-éireodh leo ina bpobail féin.

Is Comhpháirtíocht nua í seo agus tá seachtar comhairleoirí áitiúla mar bhaill, chomh maith le hionadaithe ó Chomhairle Contae Mhuineacháin, An Garda Síochána, FSS agus Tusla.

Tá ionadaíocht ag muintir na háite, baill a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí óige, an daonra níos aosta, pobail nua, grúpaí mionlaigh, ionadaithe gnó agus oideachais ar Chomhpháirtíocht Pobail Áitiúil Mhuineacháin chomh maith.



An Comh. Toghadh Alan Johnston mar Chathaoirleach ar an LCSP, leis an gComhairleoir Sinéad Flynn á toghadh mar Leas-Chathaoirleach. Reachtálfadh an Chomhpháirtíocht sé chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana, lena n-áirítear cruinniú leis na Comhaltaí Tofa a bheidh ar siúl i mí na Bealtaine 2026, agus Cruinniú Poiblí.

Is é príomhfhócas na Comhpháirtíochta ná forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Sábháilteachta Pobail 3 Bliana. Cé go bhfuiltear ag díriú ar fhorbairt an Phlean 3 Bliana ar an mórchuid, oibreoidh an chomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus leis an bpobal freisin chun maoiniú a lorg chun tionscadail Sábháilteachta Pobail a chur i gcrích.

Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin (MSP)

Cláir Phobalbhunaithe:

D'éascaigh MSP 25 gníomhaíocht éagsúil do Dhaoine Fásta Gníomhacha (50+) i suíomhanna pobail éagsúla ar fud an chontae. Ghlac os cionn 750 rannpháirtí páirt i réimse éagsúil gníomhaíochtaí, lena n-áirítear roinnt gníomhaíochta aclaíochta speisialta a bhaineann le sláinte do dhaoine a bhfuil riochtaí ainsealacha ag dul dóibh.



Ag Tacú le himeachtaí/Tionscnaimh Náisiúnta:

Reáchtáil MSP imeachtaí chun tionscnaimh náisiúnta a cheiliúradh ar leibhéal áitiúil, lena n-áirítear; Seachtain um Mná sa Spórt, Seachtain Sláinte na bhFear, an tSeachtain Náisiúnta Rothar, an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta, Seachtain Amuigh Faoin Aer HER, an tSeachtain um Aosú Dearfach, Seachtain Eorpach an Spóirt, agus breis is 500 duine ag glacadh páirt sna himeachtaí uile.

Páistí agus Daoine Óga: Chruthaigh MSP deiseanna nua do a) ghníomhaíocht bunscoileanna do 35 scoil le breis is 2,300 páiste páirteach agus gníomhaíocht iar-bhunscoileanna do 6 scoil le 226 déagóir páirteach i Liathróid Láimhe Oilimpeach, Ceannairí Badmantan na Todhchaí, Lúthchleasaíocht Hallaí Spóirt, Cispheil, Corpoideachas sa Pháirc, Dúshlán Céime Timpeall ar Mhuineachán, Eitpheil, oiliúint cheannaireachta Playmaker.

Ionchuimsiú Spóirt do Dhaoine Fásta faoi

mhíchumas: Chuir MSP sraith gníomhaíochtaí coirp ar fáil do 190 úsáideoir seirbhíse de chuid seirbhísí lae áitiúla do dhaoine fásta faoi mhíchumas – d'fhreastail siad ar ghníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear scileanna sacair, cleachtaí cathaoireacha, bollaí faiche, preabranganna Linn Snámha, aclaíocht le ceol, agus damhsa don aclaíocht.



Ionchuimsiú Spóirt do Leanaí faoi mhíchumas:

Chuir MSP sraith deiseanna gníomhaíochta coirp ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu laistigh de 16 rang oideachais speisialta / ranganna a raibh tacaíocht uathachais acu a bhain leis an ngníomhaíocht- Rothaíocht Ionchuimsitheach, Gleacaíocht, Peil do Chách, Ceachtanna Snámha, Gluaiseacht agus Soghluaiseacht. Tacaíodh le gníomhaíocht ilspóirt faoi stiúir an phobail.

Oideachas agus Oiliúint: D'fhreastail 340 duine ar 7 gcúrsa oideachais, lena n-áirítear scoláirí idirbhliana, daltaí bunscoile, múinteoirí agus oibrithe deonacha clubanna spóirt.

Clár Maoinithe Deontas do Chlubanna Spóirt

2025: Riar MSP €27,700 i dtacaíocht mhaoinithe do 56 club spóirt faoi 2 bheart; trealamh spóirt ar scála beag agus oiliúint agus oideachas. Chuidigh na tacaíochtaí Oiliúna agus Oideachais le 85 duine aonair feabhas a chur ar a gcuid scileanna i gcóitseáil spóirt agus i gceardlanna ábhartha eile.

Moil Ghníomhaíochta Spóirt Pobail:

Faoi stiúir MSP, chonaic Mol Chill Mhór agus Dhroim Sneachta breis is 600 rannpháirtí uathúil, daoine fásta agus páistí, a ghlac páirt i spóirt ar nós cispheile, lúthchleasaíocht, badmantan, bollaí faoi dhíon, ealaíon chomhraic, ióga, agus cleachtadh cuarda. Tá breis is 300 rannpháirtí áitiúil tar éis páirt a ghlacadh i dtionscadail Dhúthamlacht agus Thulaigh Charbaid.

Tob-linn Snámha (Carraig Mhachaire Rois)

Lean tionscnamh Chumann Snámha na hÉireann atá lonnaithe i gCarraig Mhachaire Rois a bhfuil Comhairle Contae Mhuineacháin ag tacú leis, de bheith i bhfeidhm i rith 2025. Tá os cionn 400 duine i ndiaidh leas a bhaint as an linn snámha faoi choinne ceachtanna snámha, ranganna aclaíochta, gníomhaíocht speisialta agus seirbhísí athshlánúcháin. Thacaigh agus thug MSP fóirdheontas do ghníomhaíochtaí do dhaoine scothaosta agus do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas.

Clár Sport4Empowerment

A bhuí d'éascú ó MSP, cuireadh tús le clár ESF+ Spórt Éireann "Sport 4 Empowerment" (S4E) in 2025 a chuireann clár nuálacha sóisialta i bhfeidhm, ag baint úsáid as spórt agus gníomhaíocht choirp, chun cuimsiú sóisialta a chothú agus folláine, oideachas agus ionchais eacnamaíocha daoine atá i mbail eisiaimh shóisialta a fheabhsú.

Coiste um Fhorbairt PobailÁitiúil (CFPÁ)



Tá ról comhordúcháin ag CFPÁ Mhuineacháin ar leibhéal an chontae. Féachann sé le cinnte a dhéanamh de go bhfuil cur chuige comhleanúnach ann maidir le forbairt áitiúil agus pobail sa chontae. In 2025, tháinig CFPÁ le chéile 8 n-uaire agus d'oibrigh sé go héifeachtach chun clár éagsúla a bhainistiú, lena n-áirítear SICAP, PEACEPLUS, an Ciste Feabhsúcháin Pobail, Ionchuimsiú Sóisialta agus an Ciste um Éire Shláintiúil.

Tionscadal Bochtaineachta Leanaí ar an Leibhéal Áitiúil

Fuair Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) i gcomhpháirtíocht le LCDC Mhuineacháin maoiniú €186,000 ón Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais chun an Tionscadal Bochtaineachta Leanaí ar an Leibhéal Áitiúil a chur i gcrích. Tá an scéim phíolótach seo ar cheann de cheithre cinn ar fud na tíre agus déanann sé iniúchadh ar chúiseanna bochtaineachta i measc na ndaoine agus na dteaghlach faoi mhíbhuntáiste ar fud Chontae Mhuineacháin. Is é an aidhm atá leis riachtanais áitiúla a aithint agus an gá atá le comhtháthú seirbhísí a chur chun cinn chun freagairt do na riachtanais seo.

An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)

Cuireann an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2024-2028 maoiniú ar fáil chun dul i ngleic le bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta go háitiúil trí rannpháirtíocht áitiúil agus comhpháirtíochtaí idir daoine faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí.

Rinne LCDC Mhuineacháin maoirseacht ar chur i bhfeidhm phlean oibre 2025, a fuair maoiniú €882,000 ó Pobal.

Clár Aoisbhá Mhuineacháin

Rinne Clár Aoisbháúil Mhuineacháin athstruchtúrú ar bhallraíocht an Chomhghuaillíocht Aoisbháúil in 2025. Tá an Príomhfheidhmeannach Robert Burns ina chathaoirleach ar an gcoiste. Áirítear leis na príomhthosaíochtaí in 2025 athbhreithniú Straitéis Aoisbháúil 2020-2024 a chríochnú, agus Straitéis Aoisbháúil nua 2026-2030 a fhorbairt.



Seoladh an Leabhrán Eolais do Dhaoine Scothaosta i Márta 2025.

Is treoir chuimsitheach atá sa leabhrán atá saincheaptha do chónaitheoirí scothaosta, ina bhfuil sonraí teagmhála riachtanacha le haghaidh seirbhísí áitiúla chun maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn. Clúdaíonn sé ábhair ar nós sláinte, leas sóisialta, tithíocht agus tacaíochtaí pobail.

An tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta

Sa bhliain 2025, chinn an Foghrúpa Áitiúil um Chomhionannas ar an téama “Éagsúil, Ionchuimsitheach, Meas” mar a dtéama don tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta. Roinn roinnt baill den Foghrúpa Comhionannais a scéalta pearsanta féin faoina saol i gContae Mhuineacháin agus leag siad béim ar thionscadail a bhfuil baint acu leo a chuireann ionchuimsiú chun cinn ar fud an Chontae.

Lá na hAfraice 2025

Ar an 24 Bealtaine 2025, ceiliúradh Lá na hAfraice sa Champas Síochána i mBaile Mhuineacháin. Bhí filíocht, ceol, faisean, bia agus scéalta ag ceiliúradh phobal na hAfraice i gContae Mhuineacháin i gceist leis an lá.

Lá Géillte Slí 2025

Rinneadh comóradh ar Lá Géillte Slí sna trí Cheantar Bhardasacha. Rinne ár nOifigeach Míchumais agus ár nOifigigh Forbartha Pobail iniúchtaí siúil i gcomhar le Mise i mBaile Mhuineacháin agus Cairde i gCluain Eois. Aithníodh sna hiniúchtaí saincheisteanna féideartha a d'fhéadfadh deacracht a chruthú do dhaoine agus iad ag gluaiseacht timpeall na mbailte éagsúla.

CISTE FORBARTHA POBAIL 2025.

Chuir an Ciste Forbartha Pobail maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla. Leithdháileadh €100,000 ar 93 grúpa pobail a chuir le ceannach trealaimh, laethanta spraoi pobail agus cúrsaí ceardaíochta.



Árachas na mBailte Slachtmhara

I mí Aibreáin 2025, thacaigh an LRP leis an gComhairle chun an scéim nua Árachais Bailte Slachtmhara a rolladh amach. Tá an scéim maoinithe ag an údarás áitiúil gan aon táille ar Choiste na mBailte Slachtmhara.



Ionadaithe ó Lónra na mBailte Slachtmhara le Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Mhuineacháin agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí

Oiliúint

Reachtáladh sraith imeachtaí oiliúna i rith na bliana dár ngrúpaí pobail, lena n-áirítear:-

Cruinnithe
Éifeachtacha Dea-
Rialachas
Scileanna Cumarsáide agus Bainistíocht
Tionscadail Meán Sóisialta d'Eagraíochtaí
Pobail
Ceardlann Oiliúna
Bithéagsúlachta ar an
nGeilleagar Ciorclach
Iarratais ar Mhaoiniú a Scríobh



Turas go Stormont chun comóradh a dhéanamh ar

Lá Idirnáisiúnta na mBan

Rinne Tionól na mBan i Muineachán, i gcomhar le WCI Blayney Blades agus WCI Mhuineacháin, comóradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan le turas spreagúil go Stormont.

Mná Lasmuigh den Dáil

D'éagraigh Tionól na mBan Mhuineacháin i gcomhar le Comhairle Náisiúnta na mBan agus SHE (See Her Elected) Seimineár ar Mhná Lasmuigh den Dáil i Seomra na Comhairle, ina raibh pléphainéal lenár gcomhairleoirí baineanna reatha i gComhairle Contae Mhuineacháin faoi *"Rochtain, Ionadaíocht agus Coinneáil na mBan i Rialtas Áitiúil na hÉireann"*

Mórtas Ceantair

D'ainmnigh Comhairle Contae Mhuineacháin ceithre ghrúpa pobail chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gContae ag Gradaim Mórtas Áite Uile-Éireann a tionóladh i Luimneach.



Tháinig Ionad Pobail Dhúthamlacht sa chéad áit sa chatagóir Tionscnamh Folláine Pobail, agus tháinig Forbairt Pobail na Carraige Rua sa dara háit sa chatagóir Ceantar le Daonra de 0-100.



Pleanáil

Pleanáil chun Cinn

Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2025 – 2031

Is é Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin an príomhchreat beartais a threoraíonn pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Chontae Mhuineacháin. Tháinig an Plean Forbartha Contae nua i bhfeidhm an 7 Iúil 2025, i ndiaidh clár dhá bhliain a raibh comhairliúcháin agus rannpháirtíocht fairsing le ranna inmheánacha, gníomhaireachtaí reachtúla, an pobal agus ionadaithe poiblí mar chuid de.

Fuair an Chomhairle dhá Dhréacht-Ordachán Aireachta maidir leis an bPlean a glacadh. D’eisigh an tAire Treoir deiridh ar an 21 Deireadh Fómhair 2025, agus leasaíodh an Plean Forbartha dá réir.

An Creat Náisiúnta Pleanála (An Chéad Athbhreithniú)

Ar an 29 Iúil 2025, d’eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht litir chuig an bPríomhfheidhmeannach maidir le cur i bhfeidhm na ‘Riachtanas Fáis Tithíochta’ nuashonraithe atá leagtha amach sa Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) (Aibreán 2025). Cuireadh tús leis an obair seo láithreach agus tá na measúnuithe riachtanacha déanta ag an Roinn Pleanála i gcomhar leis an bhFoireann Gníomhachtaí Tithíochta chun a chinntiú go bhfuil an Straitéis Lárnach ailínithe leis na spriocanna méadaithe seachadta tithíochta atá leagtha amach sa Chreat nuashonraithe.

Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025- 2031

Cuireadh an chéad athrú ar an bPlean Forbartha Contae 2025-2031 ar taispeáint go poiblí ar an 14 Lúnasa 2025. Bhí sé mar aidhm leis an athrú cuid de na tailte in Eanach Átha, Muineachán a athchriosú go ‘Tionscal, Fiontar agus Fostaíocht’. Tar éis dóibh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú, ghlac na Comhaltaí Tofa leis an athrú ar an bPlean Forbartha ar an 6 Deireadh Fómhair 2025.

Baint ón Taifead de Dhéanmhais Chosanta

Tar éis iarratas chun an sean ‘Paragon Bar’, ar Shráid Fhear Manach, Cluain Eois, a bhaint ón Taifead de Dhéanmhais Chosanta, cuireadh tús le próiseas foirmiúil faoi na hAchtanna

Pleanála. I ndiaidh próiseas comhairliúcháin phoiblí, agus tuarascáil chuig na Comhaltaí Tofa, ritheadh rún i mí na Nollag 2025 chun an struchtúr a scriosadh ón Taifead de Dhéanmhais Chosanta.

Pleananna Sráidbhaile Sraith 4

Is cuspóir de chuid Phlean Forbartha an Chontae trí phlean sráidbhaile a ullmhú in aghaidh na bliana do shráidbhailte ar Shraith 4. Tar éis comhaontú le Comhaltaí na gCeantar Bardasach, roghnaíodh sráidbhailte Ghlasloch, Inis Caoin agus na Mullaí le haghaidh ullmhú pleananna in 2026. Táthar ag súil go gceapfar comhairleoirí i mí an Mhárta 2026, tar éis próiseas tairisceana, chun tús a chur leis an bpróiseas agus go mbeidh na pleananna críochnaithe faoi dheireadh 2026.

Léarscáiliú Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe (RZLT)

Tugadh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe (RZLT) isteach sa Bhuiséad in 2022, faoi fhorálacha an Achta Airgeadais, 2021 agus arna leasú faoin Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023.

Tá sé mar aidhm ag an gCáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe úinéirí talún a spreagadh chun ceadanna pleanála atá ann cheana a chur i ngnímh le haghaidh tithíocht ar thailte sainaitheanta agus talamh atá seirbhísithe agus criosaithe le haghaidh forbairt chónaithe ach nach bhfuil forbairt déanta orthu go fóill a spreagadh.

Is gá do gach údarás áitiúil dul faoi léarscáiliú chun tailte a aithint faoi chuimsiú na cánach ina réimse feidhme faoi seach. Tá gá le léarscáiliú RZLT a dhéanamh ar bhonn bliantúil.

Foilsíodh na léarscáileanna deiridh le haghaidh 2025 ar an 31 Eanáir 2025, agus bhí aon dliteanas cánach i ndáil le maoine ar an Léarscáil Deiridh seo iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim faoin 23 Bealtaine 2025.

B'éigean d'úinéirí maoine lena mbaineann clárú do Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe agus tuairisceán Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe 2025 a chur isteach. Fuair an tÚdarás Pleanála ceithre aighneacht ag lorg athchriósú tailte i leith an léarscáil chríochnaithigh do 2025. De réir cheanglais an Achta Airgeadais (Uimh. 2) 2023, d'eisigh an tÚdarás Pleanála cinntí i leith gach aighneachta a fuarthas. Cuireadh tús leis an obair i mí na Samhna 2025 ar ullmhú na Léarscála Deiridh do 2026 agus an Dréachtléarscáil Bhliantúil do 2027.

Tacaíocht don Fhoireann Gníomhachtaithe Tithíochta agus don Oifig Athghiniúna Baile

Chuir an Roinn Pleanála treoir phleanála ar fáil i rith 2025 don Fhoireann Gníomhachtaithe Tithíochta agus don Oifig Athghiniúna Baile araon, maidir le tailte oiriúnacha a aithint le haghaidh tithíochta agus bonneagair, chomh maith le gníomhachtú agus forbairt suíomhanna folmha nó tréigthe.

Máistirphlean Loch Mucnú agus na Ceantair Mháguaire

Chuir an Rannóg Pleanála tús le Máistirphlean agus Creat Forbartha a ullmhú le haghaidh Loch Mucnú agus na ceantair mháguaire in 2025.



Bhí achar de thart ar 1,000 heicteár sa limistéar staidéir, lena n-áirítear an loch, an pháirc, an tírdhreach tuaithe, agus an limistéar uirbeach. Reáchtáladh taighde agus anailís chúlra fhairsing roimh an rannpháirtíocht phobail, rud a rinneadh i mBealtaine 2025. Áiríodh leis seo ceardlanna do gheallsealbhóirí, clinic 'buail isteach' don phobal, ceardlann do scoileanna, suirbhé pobail ar líne agus cruinnithe le comhpháirtithe straitéiseacha agus le gníomhaireachtaí reachtúla. San iomlán, cuireadh 271 freagra isteach chuig an suirbhé pobail ar líne, agus d'fhreastail 140 duine ar imeachtaí duine le duine.



Tá sé beartaithe tuarascáil 'Roghanna atá ag Teach Chun Cinn' a chríochnú go luath in 2026 agus í a scaoileadh le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, chun a n-aiseolas a fháil sula gcuirfear Dréachtphlean i gcrích i Samhradh 2026. Beidh an Dréachtphlean faoi réir measúnuithe reachtúla comhshaoil agus cuirfear an plan deiridh i gcrích faoi Shamhain 2026.

Oidhreacht Thógtha

Riarann Roinn Pleanála Chomhairle Comhairle Contae Mhuineacháin dhá scéim deontais oidhreacht bliantúla, an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (BHIS) agus Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF).

Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha

Tugann an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (BHIS) spreagadh le hinfheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal príobháideach ar scála beag, tograí dlúth-shaothair chun struchtúir stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacú le gairmithe caomhantais, ceardaithe agus daoine a bhfuil ceird acu.

Fuair Contae Mhuineacháin leithdháileadh iomlán €161,952 faoin BHIS in 2025 agus bronnadh maoiniú ar dhá thionscadal déag;

- Teach Lakeview, an Bóthar Thuaidh, Baile Mhuineachán
- Séipéal an Teaghlaigh Naofa, Baile Uí Oisín
- Teach Hilton, Páirc Hilton, Cluain Eois
- Seanscoil Mhachaire Airne
- Eaglais Naomh Síoláin, Tigh Thaláin
- Séipéal Naomh Laebhan, Cúil Darach
- Eaglais na hÉireann an Droim
- Naomh Uinseann, Baile na Lorgan
- Eaglais an tSeanchuaich, Scairbh na gCaorach

- Freame Mount Demense, Dartraí, Muinchille
- Áitreabh príobháideach, Cearnóg an Mhargaidh, Baile na Lorgan
- Newbliss Gate Lodge, Teach na dTrí Mhíle


Teach Lakeview, an Bóthar Thuaidh, Muineachán



Roimh



Le Linn



Tar Éis

Ciste na Struchtúr Stairiúil

Tá sé mar phríomhchuspóir ag Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF) struchtúir agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus cur leo ar mhaithe leis na pobail agus na daoine.

Tá sé mar aidhm aige cur ar chumas oibreacha caomhantais a dhéanamh ar struchtúir oidhreacht a mheastar a bheith suntasach agus a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu. Ba é €100,000 an maoiniú iomlán a bronnadh faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil le haghaidh 2025, agus baineann sé seo le hathchóiriú ar Ardeaglais Naomh Macartan.

Ardeaglais San Macartan



Roimh



Tar Éis

Dearbhuithe Alt 57

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) maidir le hoibreacha a mheasfaí a bheith díolmhaithe faoi Alt 4(1)(h) den Acht d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad díolmhaithe maidir le Déanmhas Cosanta nó Déanmhas Cosanta Molta.

Ligeann Alt 57 den Acht d’úinéir nó áititheoir an Déanmhais Chosanta nó an Déanmhais Chosanta Mholta iarratas scríofa a dhéanamh chuig an Údarás Pleanála dearbhú a eisiúint maidir leis na cineálacha oibre a mheasann sé a chuirfeadh isteach nó nach gcuirfeadh isteach ar charachtar an déanmhais nó aon ghné den déanmhas, ag soiléiriú mar sin cé na hoibreacha a mheasfaí a bheith mar fhorbairt díolmhaithe agus iad siúd óna dteastódh cead pleanála. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin ocht nDearbhú Alt 57 in 2025.

Bainistíocht Forbartha

Fuair an tÚdarás Pleanála 641 iarratas pleanála, 12 iarratas ar shíneadh ar thréimhsí cead pleanála, agus 138 iarratas forbartha díolúnaithe le linn 2025.

Tháinig méadú beag thart ar 2.5% ar líon na n-iarratas i gcomparáid le líon na n-iarratas a fuarthas in 2024.

Tá líon na n-iarratas forbartha díolmhaithe a fuarthas fós ard, a bhuí do rath na Scéime Deontas Croí Cónaithe go príomha.

Rinneadh an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED) III a thrasú i reachtaíocht na hÉireann in 2025, agus tháinig formhór na bhforálacha i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2025. Tá forálacha san Treoir a bhfuil sé mar aidhm leo an próiseas deonaithe ceadanna do thionscadail fuinnimh in-athnuaite a bhrostú. Fuarthas trí iarratas faoin bhforáil seo sa bhliain 2025. Astu seo, measadh go raibh 2 díobh neamhiomlán, agus chuaigh ceann díobh ar aghaidh chuig an Aonad Bainistíochta Forbartha.

Próiseáladh sárú ábhartha amháin sa bhliain 2025.

Iarratais Phleanála a Fuarthas in 2025	
Cead Iomlán	521
Cead Imlíneach	6
Cead Iarmhartach	7
Coinneáil	107
Síneadh ar Fhad Ama	12
Forbairt Díolmhaithe	138
Tograí Cuid VIII	9
Iarratais Iomlána a Fuarthas	800

Cé gur le haghaidh teaghaisí aonair, síntí tithe agus forbairt talmhaíochta a bhí formhór na n-iarratas a fuarthas, cuireadh isteach roinnt iarratais shuntasacha agus chasta, (a raibh Tuarascálacha Measúnaithe Tionchair Timpeallachta agus/nó Ráitis Tionchair Nádúrtha ag gabháil le go leor díobh) le linn na bliana.

Staitisticí maidir le hIarratais Phleanála in 2025	
Neamhbhailí	109
Bronnta	451
Diúltaithe	32
Tarraingthe siar	31

B’ionann deonuithe ceadanna agus 83% de na hiarratais a próiseáladh, agus b’ionann diúltuithe agus 6% díobh. Rinneadh achomharc ar naoi gcinneadh chuig an mBord Pleanála, sin 1% de na hiarratais a fuarthas in 2025.

Ceadanna Pleanála a Deonaíodh le haghaidh Tithíochta Tá scagadh ar na cineálacha tithíochta a deonaíodh in 2025 leagtha amach anseo thíos. Léiríonn líon na n-aonad tithíochta a deonaíodh méadú 151% ar fhigiúirí 2024.

Ceadanna Pleanála deonaithe le haghaidh 2025	
Tithe (seachas tithe aonuaire)	290
Árasáin	58
Tithe Aonuaire	108
Iomlán	456

Comhlíonadh Coinníollacha

Éilíonn an reachtaíocht ar an Údarás Pleanála plé le haon aighneacht chomhlíonta maidir le coinníoll(acha) in éineacht le cead pleanála óna dteastaíonn comhaontú scríofa ón Údarás Pleanála laistigh de thréimhse ama ocht seachtaine.

Fuair an tÚdarás Pleanála 143 aighneacht chomhlíontachta in 2025, ar méadú de bheagán é ó 2024.

Iarratais ar Chuardach Pleanála

Tá méadú tagtha ar líon na n-iarratas cuardaigh pleanála a fuarthas le blianta beaga anuas, rud a léiríonn leibhéil níos airde d'idirbhearta maoine agus spéis i bhforbairt laistigh den chontae. Is cosúil go léiríonn an t-ardú seo béis níos mó ar dhícheall cuí freisin, agus iarratasóirí agus aturnaetha ag lorg stair phleanála níos cuimsithí sula dtéann siad ar aghaidh le díolacháin nó le tograí forbartha. Sa bhliain 2025, cuireadh 239 cuardach pleanála i gcrích.

Tairseach Ríomhphleanála

Tá an Rannóg Pleanála ag leanúint de bheith ag feidhmiú déchóras d'iarratais go fóill, a ghlacann le hiarratais mar chóip chrua agus ar líne. Sa bhliain 2025, fuarthas 83.5% de na hiarratais phleanála ar líne san iomlán, ar méadú beag é sin ó 2024, de 79%.

Forfheidhmiú Pleanála

Nuair a chuirtear an tÚdarás Pleanála ar an eolas faoi shárú ar chead pleanála nó forbairt neamhúdraithe, is leor plé a dhéanamh le húinéir/áititheoir na talún/na maoine lena mbaineann chun réiteach a fháil. Más rud é, áfach, nach dtéann an t-úinéir/áititheoir i ngleic le fadhbanna, is minic a bhíonn gá le gníomh forfheidhmithe foirmeálta. Tá líon na ngearán forfheidhmiúcháin i ndiaidh a bheith comhsheasmhach bliain i ndiaidh bliana le 116 cás nua in 2025 i gcomparáid le 118 in 2024.

Tá staitisticí forfheidhmithe le haghaidh 2025 leagtha amach anseo thíos.

Staitisticí Forfheidhmithe 2025	
Cásanna nua a osclaíodh	116
Cásanna a dúnadh	46
Cásanna forfheidhmithe leanúnacha	294

Tá 29 cás forfheidhmithe á saothrú faoi láthair le haghaidh caingean dlí tríd an gcóras cúirteanna.

Tógáil i gCúram

Tógadh cúig eastát i gcúram in 2025. Rinneadh dul chun cinn ar dhá cheann eile trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus meastar go nglacfar go foirmiúil leo in 2026.

Tá 27 iarratas faoi bhreithniú sa phróiseas “Freagracht a Ghlacadh”.

Leanann an tÚdarás Pleanála de bheith i dteagmháil le Uisce Éireann mar chuid den phróiseas.

Leanúint le Forbairt Ghairmiúil faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024

Lean tosú céimnithe ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt nua 2024 in 2025. Áirítear leis seo forálacha a bhaineann leis an gCoimisiún Pleanála, Oifig an Rialaitheora Pleanála, Athbhreithniú Breithiúnach, an Creat Beartais Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil (lena n-áirítear an Plean Forbartha), agus Measúnuithe Comhshaoil. Táthar ag súil le tuilleadh tosaithe in 2026, lena n-áirítear forálacha don chreat Bainistíochta Forbartha.

Tá baill foirne tar éis freastal ar laethanta oiliúna arna soláthar ag Oifig an Rialaitheora Pleanála i leith an Acht Pleanála nua agus leanfaidh siad orthu ag tabhairt a gcuid oiliúna cothrom le dáta in 2026.



D'fhreastail baill foirne ar oiliúint éagsúil eile i rith na bliana, lena n-áirítear scríobh tuarascálacha, Buneolas i Riarachán Pleanála, Bainistíocht Forbartha, Forfheidhmiú, Pleanáil Chun Cinn, Measúnú Comhshaoil, Oidhreacht Thógtha agus Athghiniúint Bailte.

Tionscadail Chaipitil

Bóthar Rochtana ar Thailte Rúscáí

Cuireadh tús le tógáil Bhóthar Rochtana Thalamh Rúscáí agus na Naisc Taistil Ghníomhaigh ar an 28 Iúil 2025 agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh faoi Gibson Brothers Ltd., faoi mhaoirseacht Chomhairle Contae Mhuineacháin agus Innealtóirí Comhairleacha DBFL. Tá glanadh an tsuímh, baint barrithreach, dúshraitheanna cosáin agus formhór na seirbhísí faoi thalamh críochnaithe. Rinneadh suiteáil ar philéir agus ar bhíomaí droichid thar Abhainn an tSeamlais. I measc na chéad chéimeanna eile tá coincreít trasdeisce, críochnú na seirbhíse, bealach isteach nua do Monaghan Harps, agus bunsraitheanna asfailt. Críochnófar na hoibreacha seo i Ráithe 3 2026.



Bóthar Rochtana ar Thailte Rúscáigh agus Naisc Taistil Ghníomhaigh

Ceanncheathrú Oifige Cathartha nua

beartaithe Cheadaigh na Comhaltaí Tofa Iarratas Pleanála Chuid 8 do Cheanncheathrú Oifig Chathartha Chomhairle Contae Mhuineacháin ag Rúscáigh, Muineachán in Aibreán 2024. Ina theannta sin, ceadáíodh freisin an Deimhniú um Shábháilteacht Dóiteáin agus an Deimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Tá gearrliosta déanta ag foireann an tionscadail de chonraitheoirí oibre ionchasacha agus tá doiciméid tairisceana eisithe agus tá na tuairisceáin Tairisceana dlite i mí an Mhárta 2026. Cuirfear an Tuarascáil Tairisceana faoi bhráid an Chomhalta tofa tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an tairiscint i R2 2026.



Radharc ón spéir d'íomhá CGI 3T de na hOifigí Cathartha beartaithe nua ag Rúscáigh



Íomhá CGI aghaidhchló de na hOifigí Cathartha beartaithe nua ag Rúscáigh

Tionscadal Athnuachana ar Shráid Bhaile Átha Cliath agus an Talamh Cúil

Tionscadal Athghiniúna Shráid Bhaile Átha Cliath Theas

Le linn 2025, rinne Comhairleoirí Dearaidh RPS dearáí mionsonraithe a chur chun cinn do Chéim I den scéim athghiniúna a dhírigh ar fhorbairt na cearnóige cathartha nua amach ó Shráid Bhaile Átha Cliath.

Lean Avison Young (an Oifig Luachála) den rannpháirtíocht agus den chaibidlíocht le húinéirí réadmhaoine lena mbaineann agus tá comhaontú déanta maidir le seacht maoín a ghlacadh.

Déanfar dul chun cinn ar na hidirbheartaíochtaí maidir leis na maoine atá fágtha in 2026. Faoi réir fháil na maoine riachtanacha agus cheadú na Roinne URDF, táthar ag súil go mbeidh Céim 1 ag dul ar aghaidh go tairiscint in R2 2026.



Íomhá Choincheapúil – Radharc ar an bPlás Cathartha do Choisithe atá beartaithe ó Shráid Bhaile Átha Cliath



Radharc 3T ón Spéir ar thograí Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus acmhainn d'fhorbairt amach anseo



Íomhá Choincheapúil – Radharc ar an bPlás Cathartha do Choisithe atá beartaithe i dtreo Shráid Bhaile Átha Cliath

Tionscadal Athghiniúna Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Tá an tAonad um Thionscadail Chaipitil ag cur tograí chun cinn go fóill freisin maidir le hathnuachan cheantar Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh Bhaile Mhuineacháin. Tá cead pleanála ceadaithe ag an gCoimisiún Pleanála. Tá Costais á n-ullmhú ag Tionscadail Chaipitil faoi láthair chun bogadh ar aghaidh sa chéad chéim eile den tionscadal Dearadh Mionsonraithe agus Talamh a Fháil. Beidh ceadú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag teastáil sula mbogfar ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile sin.



Radharc an phlean ar thograí Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Athnuachan Cearnóg Mhargaidh Bhaile na Lorgan Céim II - Teach Margaidh agus Cearnóg Mhargaidh Bhaile na Lorgan.

Chuir an Chomhairle aighneacht isteach chuig an roinn maoinithe (DRCDG) i mí an Mhárta 2025 ag lorg cead chun dul ar aghaidh go céim 2 den phróiseas tairisceana. I ndiaidh dó a fhaomhadh, críochnaíodh an próiseas tairisceana i mí Mheán Fómhair, agus aithníodh an Conraitheoir Felix O'Hare mar an forthairgeoir rathúil. Cuireadh aighneacht bhreise faoi Gheata Cinntí 3, Faomhadh chun Dul Ar Aghaidh, isteach i mí Dheireadh Fómhair 2025 lena n-iarrtar faomhadh chun an conradh tógála a bhronnadh. Tá an aighneacht seo fós faoi bhreithniú ag an DRCDG. Braitheann tús na n-oibreacha tógála in 2026 ar na hamlínte ceadaithe faoi Gheata Cinntí 3.



Íomhá Choincheapúil – Teach Athchóirithe an Mhargaidh



Íomhá Choincheapúil - Urlár na Talún Uachtair

Coimpléasc Linn Snámha agus Fóillíochta Beartaithe i mBaile Charraig Mhachaire Rois

Chríochnaigh comhairleoirí S3 Solutions an Tuarascáil maidir leis an Staidéar Indéantachta agus an Measúnú Straitéiseach i mí Eanáir 2025. Ina dhiaidh sin, chríochnaigh na comhairleoirí measúnú cuimsitheach ar shuíomhanna féideartha don tsaoráid atá beartaithe le linn 2025. Cuireadh an suíomh láithreáin is fearr faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan ag Cruinniú Ceantair Bhardsaigh i mí na Samhna. Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn ar sholáthar Seirbhísí Suirbhéireachta agus Comhairleoirí Dearaidh le linn 2026.



Íomhá choincheapúil den tSaoráid atá beartaithe

Mol Fiontraíochta agus Digiteach RRDF

Chúil Darach Shlánaigh Comhairle Contae Mhuineacháin tacaíocht RRDF ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun Mol Fiontraíochta agus Digiteach Chúil Darach a sheachadadh. Sa tionscadal claochlaitheach seo déanfar iar-Oifig Cheantar Chúil Darach a thiontú ina saoráid chianoibre, fiontraíochta, agus dhigiteach úrscothach lán-seirbhíse.



Cúil Darach – Cúl

Tá ról lárnach ag an tionscadal in athghiniúint inbhuanaithe Shráidbhaile Chúil Darach. Agus úsáid táirgiúil á thabhairt ar ais do struchtúr cosanta folamh, cuireann an Mol le líon na ndaoine sa sráidbhaile, tugann sé aghaidh ar shaincheistean tréigthe atá ann le fada, agus feidhmíonn sé mar chatalaíoch d'athnuachan eacnamaíoch áitiúil. Tá an tsaoráid á bainistiú agus á hoibriú ag Enterprising Monaghan.



Cúil Darach – Aghaidh

Roghnaíodh Lowry Construction Ltd. mar an príomh-chonraitheoir agus cuireadh tús leis an tógáil i mí an Mheithimh 2023. Críochnaíodh an obair go substaintiúil i mí an Mhárta 2025. Tá an oifig lánáitithe ó bhí mí Mheán Fómhair 2025 ann, agus tacaíonn sí le raon fiontar áitiúil agus cianoibrithe. Tá áiseanna breise—lena n-áirítear an seomra comhdhála agus spásanna deisce te—ar fáil ar cíós trí Enterprising Monaghan.

Mol Fiontraíochta Tuaithe Ghleann na hAbhann Móire

Cuireadh tús le tionscadal Mhol Fiontraíochta Tuaithe agus Digiteach Ghleann na hAbhann Móire i mí an Mhárta 2025, agus McKelvey Construction Ltd ceaptha mar phríomhchonraitheoir agus Craftstudio Architecture Ltd ag gníomhú mar Ionadaí an Fhostóra.

Tá an obair thógála ar na bloic críochnaithe anois, agus tá sé beartaithe go ndéanfar an díon a shuiteáil sna seachtainí amach romhainn. Leis an gcloch mhíle seo, féadfar tosú ar an gcéad chéim de na hoibreacha meicniúla agus leictreacha go gairid ina dhiaidh sin.

Táthar ag súil le críochnú suntasach ag tús R4 2026. Tar éis chríochnú na tógála, comhoibreoidh Comhairle Contae Mhuineacháin (MCC) le Truagh Spirit chun an feistiú deiridh a chomhordú agus an próiseas seachadta foirgnimh a bhainistiú i dtreo dheireadh 2026.



Tionscadal Mhol Athnuachana Chluain Eois

I Lúnasa 2024, fuair CCM deimhniú maoinithe maidir le Tionscadal Mhol Athnuachana Chluain Eois.

Bhí an tionscadal comhdhéanta d'fhorbairt dhá mhol sa bhaile, ceann ar shuíomh na Seanphictiúrlainne ar Shráid Fhear Manach agus an ceann eile ar shuíomh Lennard Arms.



Seanláithreán pictiúrlainne, Sráid Fhear Manach

Tá Foireann an Tionscadail Caipitil freagrach as Mol Gnó Shráid Fhear Manach a sheachadadh. Nuair a bheidh an foirgneamh críochnaithe, cuirfidh sé timpeall 632m cearnach de spás ar fáil d'úsáid oifige agus saoráidí lena mbaineann ar dhá urlár. Áirítear ann páirceáil do charranna a sholáthar chomh maith le forbairt spáis réimse poiblí nua, ar a bhfuil tógáil rampa inrochtana agus staighre ó thuaidh den suíomh agus an bealach reatha poiblí do choisithe chuig Sráid Fhear Manach, gar don suíomh a choinneáil.

Roghnaíodh Lowry Construction Ltd. mar Chonraitheoir agus táthar ag súil go dtosóidh siad ar an láthair go luath in 2026. Is í an tréimhse ama mheasta chun an tionscadal seo a chríochnú ná R3 2027.



Athnuachan Shráid Fhear Manach

Ionad Pobail Bhuíochair

Ceapadh foireann deartha, faoi stiúir Hall Black Douglas Architects, i mí Mheán Fómhair 2024 chun an dearadh a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar thógáil an tionscadail seo.

I ndlúthchomhar le Grúpa Pobail Bhuíochair agus Comhairle Contae Mhuineacháin, fuarthas cead pleanála don Ionad Pobail i mí Aibreáin 2025. Bhí Céim an Dearaidh Mhionsonraithe ina dhiaidh sin agus tá sí críochnaithe anois. Tá na Riachtanais Oibreacha riachtanacha ullmhaithe, agus tá an tionscadal réidh anois le dul ar aghaidh chuig tairiscint phoiblí.

I mí Lúnasa 2025, chuir an Chomhairle an Geata Cinntí faoi bhráid DRCDG lena cheadú chun dul ar aghaidh. Tá sé sin fós le DRCDG lena údarú. Nuair a thabharfar cead, meastar go dtógfaidh an tógáil thart ar 15 mhí.

Tailte Críosaithe Tionsclaíocha, Eanach Átha, Muineachán

I mí na Nollag 2025, chuir Comhairle Contae Mhuineacháin larratas Pleanála Chuid 8 isteach le haghaidh bonneagar seirbhísithe a mbeidh forbairt thionsclaíoch nua mar thoradh air ar 15 heicteár talún atá críosaithe do thionsclaíocht/Fiontar/Fostaíocht siar ó Thimpeallán Eanach Átha ar an N2 i mbaile Mhuineacháin. Tá Foireann Deartha ceaptha ag Comhairle Contae Mhuineacháin chun an tionscadal a chur i gcrích go dtí an chéim thógála. Cuirfidh na Comhaltaí Tofa larratas Chuid 8 i láthair lena bhreithniú i R2 2026. Ag an am céanna, d'fhógair Comhairle Contae Mhuineacháin Léirithe Spéise agus fuair sí Léirithe Spéise ó ghnólaictaí a raibh spéis acu ceapacha a cheannach ar na tailte atá ar fáil le haghaidh forbairt eacnamaíoch.



Plean Féidearthachta d'fhorbairt suíomhanna tionsclaíocha ag Eanach Átha, Muineachán

Mol Beag Digiteach Chluain Eois

Seoladh an tionscadal maidir leis an Mol Beag Digiteach go hoifigiúil ar an 21 Samhain 2025 ag Campas Síochána Mhuineacháin. Fuair an tionscadal seo tacaíocht ó PEACEPLUS; clár a ndéanann Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) bainistíocht air. Faoi stiúir Réigiún na Teorann Thoir, tá Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrna agus an Dúin, Comhairle Contae na Mí, Comhairle Buirge Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon agus Comhairle Buirge na hArda agus Thuaisceart an Dúin i measc chomhpháirtithe an tionscadail.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag lorg Foireann Deartha faoi láthair chun urlár na talún d'iar-Bhanc na hÉireann, Cluain Eois, a fhorbairt, agus meastar go n-osclofar an tsaoaráid in 2026.



Foirgneamh Iar-Bhanc na hÉireann, Cluain Eois



Mol Digiteach Soghluaiste, DKIT

Tionscadal Athnuachana Cheathrú Naomh Tiarnach i gCluain Eois

Rinneadh dul chun cinn ar Thionscadal Athnuachana Cheathrú Naomh Tiarnach in 2025 le deimhniú ó DRCDG go raibh €664,668 i maoiniú Chatagóir 2 RRDF ann chun tacú le máistirphleanáil agus luath-obair dhearaidh.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla agus CLG Chluain Eois agus Mhuineacháin, i gceannas ar athfhorbairt Pháirc Naomh Tiarnach agus an cheantair máguaird.



Leis an maoiniú cuirfear máistirphlean don Cheathrú

níos leithne chun cinn, cuirfear tús le dearadh Mol Pobail ilchuspóireach nua, agus cuirfear feabhsuithe luatha ar an réimse poiblí chun cinn.

Cuirfidh an Mol spásanna solúbtha pobail, fiontraíochta, oiliúna agus digiteacha ar fáil, ag tacú le grúpaí áitiúla agus fiontair shóisialta.

Cuireann an tionscadal seo le háiseanna reatha Chluain Eois, lena n-áirítear Páirc Naomh Tiarnach, an Nasc Síochána, agus Canáil Uladh chun próifíl an bhaile a neartú, gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fhadtéarmach Chluain Eois.

Coimpléasc Fóillíochta Mhuineacháin

Tá Ionad Fóillíochta Mhuineacháin á bhainistiú fós thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin ag Coral Leisure Ltd., a bhfuil an tsaoráid á hoibriú acu ó bhí 2006 ann. Tá Coral Leisure ar cheann de phríomhsholáthraithe seirbhíse fóillíochta na hÉireann – ag bainistiú ocht saoráid faoi úinéireacht phoiblí ar fud na tíre.

Sa bhliain 2025, choinnigh an Coimpléasc bonn ballraíochta láidir de 1,002 ball agus taifeadadh 178,026 cuairt aonair, rud a léiríonn a thábhacht leanúnach mar áis sláinte agus folláine don chontae.



Buaicphointe suntasach in 2025 ab ea leadóg phicile a thabhairt isteach, agus d'éirigh go hiontach leis sin.

Tá baill agus úsáideoirí nua idir shean agus óg tar éis tabhairt faoin spórt raicéid a ghluaiseann go tapa agus atá sóisialta, rud a fhágann gur áis bhreise bhríomhar agus choitianta í ar an gclár agus is feabhsú dearfach é ar thairiscint áineasa bhaile Mhuineacháin.




Fuinneamh

Déanann Roinn Thionscadail Chaipitil Chomhairle Contae Mhuineacháin maoirseacht ar mhonatóireacht agus ar thuairisciú fuinnimh i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2024–2029 agus oibleagáidí náisiúnta faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Áirítear leis na gealltanais seo laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050.

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí sonraí bliantúla feidhmíochta fuinnimh a chur isteach trí Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI. Tacaíonn sé seo le comhlíonadh spriocanna náisiúnta agus AE, lena n-áirítear feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí faoi 2030.

Tuarascáil SEAI maidir le Monatóireacht agus Tuairisciú 2024

- Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh 50% bainte amach (roimh an sceideal)
- Laghdú 41% CO₂ bainte amach go dtí seo (Torthaí 2025 ar feitheamh)



Leanann Comhairle Contae Mhuineacháin den dul chun cinn i dtreo a spriocanna le haghaidh 2030 agus 2050 trí réimse tionscnamh, lena n-áirítear:

- Monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht trí chóras SEAI maidir le Monatóireacht agus Tuairisciú.
- Astaíochtaí carbóin a laghdú ó fhoirgnimh thábhachtacha faoi Chlár Pathfinder SEAI, ag díriú ar athchóirithe doimhne fuinnimh.
- Ag aistriú an fhlít chuig roghanna malartacha níos ísle carbóin amhail HVO agus feithiclí leictreacha.
- A chinntiú go gcomhlíonann gach foirgneamh nua caighdeán NZEB.

Gnóthachtálacha san Éifeachtúlacht

Fuinnimh Tá dul chun cinn suntasach bainte amach ag Comhairle Contae Mhuineacháin maidir le dícharbónú agus feabhsú fuinnimh:

- **Feidhmíocht ardhuinnimh:** Tá Comhairle Contae Mhuineacháin i measc na ngníomhaithe is láidre feidhmíochta go náisiúnta, agus feabhas 50% bainte amach acu cheana féin ar éifeachtúlacht fuinnimh.
- **Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha:** Tacaíonn comhoibriú leanúnach le SEAI agus CARO an Oirthir agus Lár-Tíre leis na cleachtais is fearr maidir le gníomhaíocht aeráide agus bainistíocht fuinnimh.
- **Comhshaothar Réigiúnach:** Trí Aonad Fuinnimh Teorann CARO, oibríonn Comhairle Contae Mhuineacháin le Comhairlí Contae Liatroma agus an Chabháin chun tionscadail dhícharbónaithe réigiúnacha a chomhordú.

Tionscadal Pathfinder SEAI

Iarfheistiú domhain ar phríomhfhoirgnimh. Ceapadh an Fhoireann Deartha i Ráithe 3 de 2025 chun an próiseas deartha athchóirithe a

threorú agus dul chun cinn a dhéanamh chuig an Dearadh Mionsonraithe ag tús 2026.

- Coimpléasc Fóillíochta Mhuineacháin
- Oifigí Cathartha Charraig Mhachaire Rois
- Ceanncheathrú Leabharlann Chluain Eois

Beidh sé mar aidhm ag an gclár seo laghdú suntasach a bhaint amach ar astaíochtaí CO₂ iontaise na Comhairle agus dul chun cinn na Comhairle i dtreo spriocanna aeráide 2030 agus 2050 a chur chun cinn.

Bainistíocht Sócmhainní Réadmhaoine

Taifeadann agus rianaíonn Clár Leasanna Maoine (PIR) na Comhairle gach sócmhainn talún agus foirgníochta atá faoi rialú na Comhairle. Cinntíonn sé seo dea-Rialachas agus bainistíocht éifeachtach ar ár bpunann réadmhaoine agus naisc le Clár na Sócmhainní Airgeadais (FAR).

Ó mhí na Nollag 2025, tá 2,120 Sócmhainn sa Chlár Leasanna Maoine ag Comhairle Contae Mhuineacháin faoi láthair.

Cineál Sócmhainne	Clár PIR Deireadh 2025
Tithíocht	881
Bóithre	690
Áis	141
Seirbhísí Uisce	126
Foirgneamh Údarás Áitiúil	72
Carrchlós	54
Eile	44
Talamh	38
Foirgneamh Campais Údarás Áitiúil	30
Ceannach ar Siúl	11
Cúlsláthar Talún	11
Iosta	7
Láithreán Líonadh Talún	6
Oidhreacht	6
Reiligí	1
Clóis Shúgartha	1
Cairéal	1

An Rannóg Athnuachana Baile

Plean Lár Bailte ar dTús Mhuineacháin

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin Ailtirí John McLaughlin i mí Iúil 2024 chun Plean Lár Bailte ar dTús agus Páipéar roghanna a fhorbairt do Thailte Naomh Louis do Bhaile Mhuineacháin.



Tar éis sraith imeachtaí comhairliúcháin, críochnaíodh an dréacht deiridh de na doiciméid agus cuireadh ar fáil iad i lár mhí na Samhna 2024. Sa phlean rinneadh sraith tionscadal claochlaitheach a mhapáil atá curtha in oiriúint go sonrach do bhaile Mhuineacháin, ina gcuimseofar réimse scálaí agus uaillmhianta.

Doiciméad beo é sin, a bheidh fós freagrúil d'ionchur agus aiseolas leanúnach, rud a chinnteoidh go mbeidh sé inoiriúnaithe do riachtanais agus uaillmhianta bhaile Mhuineacháin a thiocfaidh chun cinn.



Seoladh é ar deireadh ar an 20 Deireadh Fómhair 2025



Seoladh Phlean Lár Bailte ar dTús Mhuineacháin

Foirgnimh agus Tailte Chlochar Naomh Louis

I gcomhar le forbairt Phlean Lár Bailte ar dTús Mhuineacháin, ba é ceann de na cuspóirí tograí a fhorbairt d'fhoirgnimh oidhreacht folmha faoi úinéireacht phoiblí le tabhairt ar ais in úsáid, agus rannpháirtíocht saoránach a dhéanamh i gcomhar leis na tionscadail seo.

Forbraíodh máistirphlean do shuíomh Naomh Louis i gcomhar le doiciméid Phlean Lár Bailte ar dTús Mhuineacháin.



Tar éis fhorbairt an doiciméid seo, rinne Craftstudio Architects iarratas ar dheontas do Shéipéal Chlochar Naomh Louis faoi shnáithe maoinithe THRIVE 2 thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Ar an 17 Meán Fómhair 2025, d'fhógair an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an tUasal James Browne TD, maoiniú €7 milliún do Chomhairle Contae Mhuineacháin faoin Scéim Athbheochana Oidhreacht Lár Bailte ar dTús (THRIVE) chun tacú le hathfhorbairt Séipéal Chlochar Naomh Louis.

Leis an infheistíocht beifear in ann an sean-séipéal a chaomhnú agus a athúsáid go hoiriúnaitheach mar áis phobail agus chultúrtha sholúbtha, agus cuirfear spás d'imeachtaí, do chruinnithe, do ghníomhaíocht chruthaitheach agus d'úsáid phobail ar fáil. Feabhsóidh an tionscadal nascacht choisithe idir an láthair agus Lár Bhaile Mhuineacháin freisin.

Faoi réir chríochnú na bpróiseas dearaidh mionsonraithe agus soláthair, meastar go dtosóidh an tógáil in R4 2026, agus go mbeidh sí críochnaithe in R4 2027.

Plean Lár Bailte ar dTús Bhéal Átha Beithe

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin Paul Hogarth Company Ireland chun Plean Lár Bailte ar dTús a ullmhú do Bhéal Átha Beithe i mí Iúil 2024. Chuir siad tús leis an bpróiseas comhairliúcháin tosaigh i mí Mheán Fómhair 2024 agus eisíodh dréachtphlean i mí na Samhna 2024.



Tar éis tuilleadh comhairliúcháin, sheol Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe – Chluain Eois an doiciméad deiridh i gcomhar le Foireann Bhéal Átha Beithe ar an 21 Iúil 2025.

Tá an tionscadal seo á mhaoiniú le leithdháileadh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Forbairtí Thodhchaí Lár an Bhaile agus Forbairt Acmhainneachta Fhoireann an Bhaile

Bronnadh maoiniú €10,000 ar Chomhairle Contae Mhuineacháin le tabhairt faoi Fhorbairtí Thodhchaí Lár an Bhaile agus Forbairt Acmhainneachta Fhoireann an Bhaile i ndáil

le Cluain Eois, Baile na Lorgan agus Muineachán.

Ceapadh Ollscoil na Banríona, faoi choimirce Scoil na Pleanála le tabhairt faoi Fhorbairtí Thodhchaí Lár an Bhaile don trí bhaile. Cuireadh tús i Meán Fómhair 2024 leis an obair tosaigh shuirbhéireachta comhdhéanta de cheistneoirí ar líne agus suirbhéanna duine le duine.



Cuireadh na forbairtí todhchaí i gcrích i mí an Mhárta 2025.

I ndiaidh na hoiliúna, rinne MCA Consulting obair ar thógáil acmhainne do Chluain Eois, Baile na Lorgan agus Muineachán agus leanadh leis an obair in R1 2025.

Tá Pleananna Gníomhaíochta forbartha ag na foirne Baile aonair chun aidhmeanna agus cuspóirí na bhFoirne Baile a chur chun cinn agus iad bunaithe ar na Pleananna Lár Bailte ar dtús a forbraíodh ina gceantair.

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) - Gairm 3

Tá an t-aonad seo ag cur chun cinn an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) – Gairm 3 do Bhaile Mhuineacháin.

Baineann sé seo le rannpháirtíocht ghníomhach le húinéirí réadmhaoine, i gcás inar féidir, chun aghaidh a thabhairt ar fhoilmhe fhadtéarmach agus tréigean 87 réadmhaoin laistigh den bhaile. Cheadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht fáil fhéideartha na réadmhaoine agus chuir siad acmhainní ar fáil do na réadmhaoine seo, go héigeantach nó trí chomhaontú, chun iad a chur ar an margadh oscailte lena ndíol le ceannaitheoirí a thabharfaidh na réadmhaoine ar ais in úsáid ghníomhach. Tá an maoiniú seo geallta a fhad le 2030.

Faoi fhoráil URDF – Gairm 3, tá réadmhaoin amháin anois dílsithe agus díolta le forbróir áitiúil a bhfuil iarratas déanta aige cheana féin ar an deontas do thithe folmha.

Bhí an Chomhairle in ann freisin réadmhaoin a fháil faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 chun tosú thionscadal Athnuachan Shráid Bhaile Átha Cliath Theas a chumasú arna mhaoiniú faoi URDF – Gairm 2.

Faoi fhorálacha na scéime URDF – gairm 3, tá uastairseacha praghsanna a bhfuil gá réamhcheadú a fháil ón Roinn Tithíochta roimh cheannach má théitear os a gcionn. Mar gheall ar fhoirm, cineál, agus méid na Seomraí Tionóil ar Shráid Dawson sháraigh an luacháil na tairseacha, mar sin lorgaíodh agus fuarthas cead chun an réadmhaoin a fháil. Fuarthas maolú ar mhaoiniú feabhsúcháin don réadmhaoin seo freisin a thug deis don Chomhairle an fásra breise a bhaint ar chúl na réadmhaoine agus í a dhéanamh níos tarraingtí le díol.



Tá na seomraí tionóil thréigthe le níos mó ná 30 bliain agus ceannófar anois iad trí chomhaontú



Cúl na seomraí tionóil, fásra á bhaint

Sainaithníodh trí réadmhaoin do Ghníomhachtú CPO a thosóidh in R1 2025. Tá Ordú Dílsithe eisithe i gcás ceann de na réadmhaoine.



Ordú dílsithe eisithe ar 9 Ardán na Plandála.

Tá 26 réadmhaoin curtha isteach ag Comhairle Contae Mhuineacháin ar chlár na láithreán thréigthe laistigh de limistéar ghairm 3 de chuid URDF. D'oibríomar leis na húinéirí nua sin, agus tá clár oibreacha eisithe ag an gcuid is mó acu chun na réadmhaoine a úsáid arís nó a chur ar an liosta le díol.

Liostaíodh 17 réadmhaoin le díol/díol curtha i gcrích. Tugadh roinnt ama do na húinéirí réadmhaoine chun an díolachán a chur i gcrích. Cuirfear iad seo ar chlár na láithreán thréigthe mura gcuirtear an díolachán i gcrích faoi R2 in 2025.

Trí idirghabháil, tugadh 14 réadmhaoin thréigthe ar ais in úsáid anois agus tá siad ag feidhmiú mar réadmhaoine thráchtála/chónaithe agus rinne 13 réadmhaoin iarratas ar an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha Croí Cónaithe (Baile).



24-26 Sráid an Mhargaidh. Rinne tine damáiste don réadmhaoin in 2017. Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin tús le himeachtaí maidir le ordú ceannaigh éigeantaigh, ach díoladh an réadmhaoin le forbróir a thosaigh ag déanamh oibreacha

Nuashonrú ar Chlár Tréigthe ar fud an

Chontae Tá 234 fógra Alt 8(2) (lena n-áirítear clár URDF) eisithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin ó bhí 2024 ann. Deirtear leis an úinéir réadmhaoin san fhógra seo go measann an Chomhairle go bhfuil a réadmhaoin tréigthe agus tugtar cuireadh dóibh tograí a chur isteach laistigh d’amfhráma réasúnta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an tréigthe.

Ag eascairt as an rannpháirtíocht seo, cuireadh 114 réadmhaoin eile ar Chlár na Láithreán Tréigthe mar a leagtar amach thíos:

Bhí 30 réadmhaoin stairiúil ar Chlár na Láithreán Tréigthe. Tar éis suirbhé a dhéanamh ar na réadmhaoin seo, bhí an Chomhairle in ann 31 a bhaint den chlár, rud a fhágann 113 réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe faoi láthair.




Clár Gníomhachtaíthe CPO

Anuas ar Scéim URDF Bhaile Mhuineacháin – Gairm 3, tá trí réadmhaoin déag faighte ag an gComhairle trí úsáid a bhaint as a cumhachtaí mar a leagtar amach san Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990. Ceannaíodh cúig réadmhaoin don Rannóg Tithíochta le forbairt agus réadmhaoin amháin don Cheantar Bardasach le forbairt. Tá sé réadmhaoin faoi chonradh díolacháin/díolta againn agus fógraítear réadmhaoin amháin lena díol faoi láthair.

Athchóiriú Réadmhaoin Croí Cónaithe

Is é an deontas iomlán a ceadaíodh go dtí Nollaig 2025 €19,988,396 le meánmhéid deontais ceadaithe €62,269. Tarraingíodh anuas 132 deontas le méid iomlán €7,634,907.

Fuarthas 457 deontas Croí Cónaithe agus ceadaíodh 322 deontas, gan ach 61 diúltaithe.



**Samplaí de Réadmhaoín a fuair
an Deontas Croí Cónaithe**

1)



2)



3)



4)



Leabharlanna Contae Mhuineacháin

Uimhreacha 2025

Cuairteoirí	371,197
Imeachtaí for-rochtana	3,623
Freastal ar imeachtaí	61,824
Earraí tugtha ar iasacht	149,382
Iasachtaí ar líne	91,406
Fiosruithe staire áitiúla	2,490

EANÁIR, FEABHRA, MÁRTA

Tacaíocht bhreise do phobail a raibh tionchar ag Stoirm Éowyn orthu

Rinne leabharlanna ar fud an chontae a dtairiscintí seirbhíse a éagsúlú tar éis Stoirm Éowyn chun cabhrú leo siúd is mó a bhí buailte ag an stoirm. Thug siad deis don phobal teacht isteach, na fóin a luchtú agus téamh.



Leabharlann Bhaile na Lorgan ar oscailt gach Satharn

Osclaíodh Leabharlann Bhaile na Lorgan gach Satharn ó 10am-1pm in 2025 agus tá áthas orainn daoine a fheiceáil ag teacht ar cuairt maidin Dé Sathairn.

Fighting Words

Is eagraíocht scríbhneoireachta cruthaithí é Fighting Words a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le scoláirí is cuma cén aois iad a gcuid scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt agus a ngrá don scríbhneoireacht a iniúchadh. Cuireadh tús le tionscadal píolótach idir Amharclann Ealaíon Iontas agus Muineachán Ildánach agus cuireadh i bhfeidhm é trí líonra na mbrainní leabharlainne in 2025.

Seiceálacha brú fola agus cuisle saor in aisce

D'óstáil Leabharlann Bhaile Mhuineacháin Aonad Sláinte Soghluaisite Fhondúireacht Croí na hÉireann ag an gCampas Síochána an 6 Feabhra. Seachadadh é seo mar chuid den tionscnamh Éire Shláintiúil @ Do Leabharlann.

Dúshlán 'Léim isteach i ndraíocht na léitheoireachta' le haghaidh 2025

Reáchtálar tionscnamh léitheoireachta nua a dearadh chun cuidiú le daoine fásta gnóthacha athcheangal a dhéanamh lena ngrá don léitheoireacht. Ba é an dúshlán 'Léim isteach i ndraíocht na léitheoireachta' ná ceithre leabhar leabharlainne ar a laghad a léamh le bheith in ann folúsghlantóir róbatach a bhuachan. Bronnadh bua an ama ar an mbuaiteoir chun níos mó léitheoireacht a dhéanamh!

Comórtas "Mála leabhar a dheardh"

Ar Lá Domhanda na Leabhar, sheolamar comórtas nua do bhaill leabharlainne idir 4 agus 13 bliana d'aois. Ba é an dúshlán ná mála leabhar a dheardh a léiríonn do ghrá do leabhair agus scéalta. Fuaireamar na céadta iontrálaithe agus bronnadh duaiseanna ar chatagóirí éagsúla.

Seachtain na nInnealtóirí

Bhí áthas orainn comhoibriú le Roinn Innealtóireachta DKIT agus le brainse Thuaidh-Thoir d'Innealtóirí Éireann chun Tráth na gCeist Bunscoile Sheachtain na nInnealtóirí a dhéanamh. Chuaigh foirne san iomaíocht i gcáilitheoirí réigiúnacha agus chuaigh na buaiteoirí san iomaíocht sa chluiche ceannais in DKIT.

Seachtain na Gaeilge

Bhíomar an-ghnóthach le linn Seachtain na Gaeilge 2025 le himeachtaí Gaeilge i ngach leabharlann. Bhunaigh muid Club Leabhar nua i Muineacháin ag obair le Muineacháin le Gaeilge. Bhí tob-Ghaeltacht againn i Leabharlann Charraig Mhachaire Rois, thugamar cuireadh do gach Gaelscoil chuig Seónna Draíochta as Gaeilge agus thugamar Scéalaíocht Leanaí as Gaeilge do níos mó ná 340 leanbh.



Cuairt ar Theach Laighean an 11 Márta 2025

Thugamar grúpa 60 duine óg as Muineachán agus as an gCabhán chun an lá a chaitheamh i dTeach Laighean le foghlaim faoi conas a oibríonn an pharlaimint. Bhí sé seo mar chuid de thionscadal Eorpach (dar teideal FUTU4U) a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le daoine óga foghlaim faoin daonlathas. Rinne mic léinn ó Institiúid Mhuineacháin, ó Institiúid an Chabháin, ó Ógtheagmháil Dhún na Rí agus ó Lónra Náisiúnta Foghlama Mhuineacháin turas ar Theach Laighean agus d'fhreastail siad ar cheardlann faoi stiúir Oifigeach Oideachais na Parlaiminte.



AIBREÁN, BEALTAINÉ, MEITHEAMH

Mí feasachta an uathachais

Mí Feasachta Domhanda an Uathachais a bhí ann i mí Aibreáin, agus thapaíomar an deis aird a tharraingt ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá neamhdhíobhálach don uathachas a chuirimid ar fáil dár bpobail i rith na bliana. Choimeádamar rogha de mholtaí leabhar do dhaoine a bhfuil uathachas ag dul dóibh, dá dtuismitheoirí nó dá gcúramóirí, nó go simplí d'aon duine ar mhaith leo a dtuiscint ar uathachas a leathnú. D'óstálar ceardlann foghlama ar líne saor in aisce le speisialtóir luath-idirghabhála, Sylvia Angel. Gheallamar tacaíocht don tionscnamh nua ar fud an chontae do Mhuineachán le bheith ina chontae a thacaíonn leis an uathachas, ag cur leis an deimhniú roimhe seo ar bhraintí leabharlainne mar spásanna a thacaíonn leis an uathachas.

Comhdháil LAI á hóstáil i Muineachán

Ba chúis bhróid do Leabharlanna Chontae Mhuineacháin comhdháil Ghrúpa Leabharlanna Óige de chuid Cumann Leabharlann na hÉireann a óstáil ar an gCampas Síochána, Muineachán an 26 Márta. Chaith breis agus 60 leabharlannaí ó gach cearn den oileán an lá ag foghlaim ó shainchainteoirí agus ó chomhghleacaithe. Ba í Allison Keating, an Síceolaí Praicticiúil, an príomhchainteoir.

TechKnow

Bhí áthas orainn a fhógairt go bhfuil ár seisiún TechKnow saor in aisce ar ais. Is ceardlanna scileanna digiteacha duine ar dhuine iad seo le teagascóir a bhfuil taithí aige/aici. Cinneann baill na leabharlainne an t-ábhar, mar shampla comhairle a fháil maidir le gléas cliste nua a chur ar bun nó a úsáid, pas bordála a phriontáil nó ríomhphost a sheoladh. Is féidir le baill a ngléas féin a thabhairt leo nó gléas a chuirtear ar fáil ag an leabharlann a úsáid. Is é an Coimisiún Eorpach a mhaoiníonn TechKnow trí EUROPE DIRECT Chluain Eois, atá mar mhol eolais faoin Eoraip do réigiún an Chabháin, Lú agus Mhuineacháin.

Seoladh taispeántas grianghrafadóireachta EU21

Ar an Aoine, 2 Bealtaine, sheol an Cathaoirleach An Clr. Paul Gibbons taispeántas grianghrafadóireachta nua ina ndéantar ceiliúradh ar chothrom 21 bliain ó mhéadú 2004 an Aontais Eorpaigh. D'fhreastail níos mó ná 50 duine ar an seoladh chun tacú leis an ngrianghrafadóir Barbara Golec Regiec, a rugadh sa Pholainn agus atá lonnaithe i Muineachán, a chruthaigh taispeántas portráidí ina ndéantar iniúchadh ar ghné dhaonna na lánpháirtíochta Eorpaí. Bhí an taispeántas ar oscailt don phobal ag ionad EUROPE DIRECT Chluain Eois i Leabharlann Chluain Eois ar feadh mhí na Bealtaine. Ón áit sin, thaistil sé go leabharlanna poiblí sa Chabhán agus i Lú; an réigiún a chumhdaítear le lárionad EUROPE DIRECT i gCluain Eois. Tá leagan ar líne den taispeántas ar fáil freisin ar Thaisclann Dhigiteach na hÉireann. Thacaigh Leabharlanna Chontae Mhuineacháin leis an taispeántas, trí EUROPE DIRECT Chluain Eois, agus Muineachán Ildánach.



Seomra céadfach Leabharlann Bhaile na Lorgan

Ar an Máirt, 29 Aibreán, reáchtáil Leabharlann Bhaile na Lorgan oscailt mhór dá Seomra Céadfach nua, timpeallacht shaintógtha a dearadh chun tacú le daoine aonair a bhfuil riachtanais chéadfacha acu. Tugadh cuireadh do chleachtóirí, do sheirbhísí tacaíochta agus do chúramóirí an spás agus na hacmhainní a fhiosrú.

Cuireann an Seomra Céadfach timpeallacht chiúin, ionchuimsitheach ar fáil inar féidir le cuairteoirí a n-ionchur céadfach a rialáil i suíomh sábháilte agus tacúil. Tá acmhainní speisialaithe ann atá deartha chun freastal ar roghanna agus riachtanais chéadfacha éagsúla.



Comórtas digiteach 'Scríobh leabhar'

Chuaigh Leabharlanna Chontae Mhuineacháin i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Mhuineacháin ar an gcomórtas 'Scríobh leabhar' a bhfuil an-tóir air, atá ar siúl le 25 bliain anuas. Rinne foireann na leabharlainne céad leabhar digiteach a léamh agus a mheas agus bronnadh a nduaiseanna ar na buaiteoirí ag searmanas speisialta bronnta duaiseanna in Amharclann an Gharáiste Dé Céadaoin 21 Bealtaine. D'éagraigh Leabharlanna Chontae Mhuineacháin don údar/léiritheoir iontach Alan Nolan labhairt leis na buaiteoirí faoina aistear chun bheith ina údar.

Comórtas Scríbhneoireachta Staire 2025

Dé Máirt, 20 Bealtaine, bhronn an Cathaoirleach, an Clr. Paul Gibbons duaiseanna ar bhuaiteoirí Chomórtas Scríbhneoireachta Staire 2025. Bhí an comórtas oscailte do gach scoláire bunscoile i rang a sé agus do gach scoláire meánscoile i gcontae Mhuineacháin. Tugadh cuireadh do scoláirí taighde a dhéanamh agus scríobh faoi ábhair ar leith a bhaineann le stair Chontae Mhuineacháin. Foilsíodh gach iontráil bhuaiteach i leabhrán atá ar fáil le breathnú air ar shuíomh gréasáin na leabharlainne.

Ceiliúrann Leabharlann Bhaile Mhuineacháin bliain amháin sa Champas Síochána

Ar an 13 Bealtaine, rinne Leabharlann Bhaile Mhuineacháin ceiliúradh ar a céad chomóradh ina leabharlann nua sa Champas Síochána. Sa tréimhse ama sin, chuireamar fáilte roimh níos mó ná 180,000 duine chuig an leabharlann: méadú 127% ar 2023/2024. D'óstáladar 908 imeacht, ar fhreastail níos mó ná 20,000 duine orthu.

Chuireamar fáilte roimh níos mó ná 6,000 scoláire chuig an leabharlann ar 176 cuairt scoile.

Compánaigh Chultúrtha

D'fhorbair Leabharlanna Chontae Mhuineacháin bealach nua chun daoine a bhfuil páisean acu d'eispéiris chultúrtha a nascadh, ach ar daoine iad a mb'fhéidir nach mbíonn compánach acu i gcónaí a roinneann na hábhair spéise chéanna. Roghnaíonn Leabharlanna Chontae Mhuineacháin imeachtaí, bailíonn na Compánaigh Chultúrtha roimh gach imeacht le haghaidh comhrá suaimhneach agus baineann siad taitneamh as léirithe, taispeántais agus eispéiris chultúrtha le chéile.




Mála Mo Leabharlann Bheag

Chuir Leabharlanna Chontae Mhuineacháin mála leabhar saor in aisce ar fáil do gach leanbh a bhí ag tosú ar an mbunscoil i gcontae Mhuineacháin in 2025. Tá málaí leabhar ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Is comhoibriú é an tionscnamh 'Mála Leabhar Mo Leabharlann Bheag' idir leabharlanna, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar chuid de Straitéis na Chéad 5.

Lá Bloom i Muineachán

Chuireamar fáilte roimh leanaí scoile chuig leabharlann Mhuineacháin le haghaidh léiriú de 'The Cat and the Devil' a léigh Pat Deery. Sa tráthnóna, d'óstáladar imeacht léitheoireachta pobail agus léiriú de 'The Dubliners' le Declan Gorman. D'óstáil Leabharlann Bhaile na Lorgan seisiún Scéalaíochta agus Ceardaíochta dar téama Joyce ar Lá Bloom trí chéim chun deiridh a ghlacadh chuig Baile Átha Cliath in 1904 le léamh de 'A blooming great day' le Úna Woods agus an deis chun hataí bádóra a dhéanamh.

Reáchtáil siad comórtas scríbhneoireachta filíochta freisin agus tugadh cuireadh do bhaill dán a chumadh ina litríonn an chéad litir de gach líne a n-ainm féin.



Éire Shláintiúil @ Do Leabharlann

Mar chuid de Sheachtain Shláinte na bhFear, d'óstáil Leabharlanna Chontae Mhuineacháin tráthnóna eolais i Leabharlann Chluain Eois.

Mar chuid de na haoichainteoirí, bhí dochtúir teaghlaigh, fisiteiripeoir agus síceolaí. D'fhreastail níos mó ná 20 duine ar an imeacht agus bhain siad taitneamh as bia sláintiúil agus seisiún an-fhaisnéiseach. I mí an Mheithimh, d'óstáil Leabharlann Bhaile na Lorgan sraith cainteanna faoin ngalar céiliach a bhainistiú le Darina Curran, Diaitéiteach Sinsearach.

IÚIL, LÚNASA, MEÁN FÓMHAIR

Campa Samhraidh Litearthachta agus Folláine Teaghlaigh Little Sunflower

Ón 4-18 Iúil, d'óstáil Leabharlann Bhaile na Lorgan an 'Campa Samhraidh Little Sunflower' – tionscnamh a thug tuismitheoirí agus leanaí le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar scéalta cumhachtacha *Little Sunflower*.

Tá na scéalta seo cruthaithe go speisialta chun féinmheas agus teacht aniar a chothú i leanaí óga. Tugadh uirlisí praiticiúla do thuismitheoirí chun tacú lena leanaí mothúcháin mhóra a bhainistiú ar bhealach spráíúil, machnamhach agus bríoch. Gach lá, roinn teaghlaigh scéalta agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí téamacha a bhí dírithe ar mhisneach, ar chairdeas agus ar nósanna sláintiúla. Ba í an t-údar Sarah Gilbert a d'éascaigh an campa.



Imeartas Focal ag Leabharlann Chluain Eois

Ón 21-25 Iúil chuir Leabharlann Chluain Eois fáilte roimh rannpháirtithe óga chuig a Campa Samhraidh SENSational 'Imeartas Focal'. Clár tarraingteach agus tacúil a bhí ann a dearadh go sonrach do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. Dhirigh an campa ar fhorbairt urlabhra agus teanga, scileanna mínluaileacha agus oll-luaileacha, agus idirghníomhaíocht shóisialta a chothú trí ghníomhaíochtaí spráíúla, a raibh cuspóir leo. Agus é suite i seomra céadfach Leabharlann Chluain Eois, thug an campa deis uathúil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu taitneamh a bhaint as seachtain lán spraoi d'fhoghlaim, nascadh agus cruthaitheacht.

Málaí 'Grab and Go'

Tá iontas léitheoireachta ag fanacht le baill na leabharlainne lenár málaí 'Grab and Go'. Tá trí leabhar i ngach mála a roghnaigh foireann na leabharlainne go cúramach chun iontas a chur ar bhaill agus iad a spreagadh chun seánraí, údair agus ábhair nua a fhiosrú, a mb'fhéidir nach n-aimseoidís leo féin iad. Tá an-tóir ar na málaí agus deir léitheoirí gur leathnaigh siad a léargas ar an léitheoireacht agus go mbaineann siad taitneamh as an áisiúlacht a bhaineann le mála a bhailiú má bhíonn deifir orthu.

Lá na nDineasár i Leabharlann Bhaile na Lorgan

Athraíodh Leabharlann Bhaile na Lorgan ina pharthas réamhstairiúil ar feadh lae i mí Iúil nuair a chuireamar fáilte roimh theaghlaigh chun ré na ndineasár a fhiosrú. Bhain baill na leabharlainne taitneamh as an mboth grianghraf le dineasáir lánmhéide, zú peataireachta dineasár beag, tochailt iontaise, dathú dineasáir agus puzail dineasáir agus, ar ndóigh, rogha mór leabhar le téama dineasáir le fáil ar iasacht.

Is scéal ann féin é an fhoghlaím i gcónaí i do leabharlann áitiúil!

Ceardlanna Eolaíochta Réaltaí an tSamhraidh

Bhí an-tóir ar ár sraith de cheardlanna Eolaíochta Réaltaí an tSamhraidh ar fud ár mbrainsí i mí Iúil. D'fhoghlaím leanaí faoi réimsí éagsúla eolaíochta a léirítear i roinnt leabhair mór le rá do leanaí. Is tionscnamh náisiúnta léitheoireachta é clár Réaltaí an tSamhraidh do leanaí atá deartha chun léitheoireacht a spreagadh i rith mhíonna an tsamhraidh.

Leabharlann Charraig Mhachaire Rois 'An intleacht shaorga inár saol laethúil' D'fhreastail níos mó ná 50 duine ar chaint le príomhshaineolaí in IS, an Dr. Dymna O'Sullivan, i Leabharlann Charraig Mhachaire Rois an 8 Meán Fómhair. Sa chaint, dar teideal "An intleacht shaorga inár saol laethúil: faoi láthair agus amach anseo", fiosraíodh an tionchar a bhíonn ag an intleacht shaorga ar an saol laethúil agus tugadh aghaidh ar mhíthuiscintí coitianta maidir leis an intleacht shaorga. Cuireadh an chaint ar fáil mar chuid dár gclár 'Scileanna ar feadh an tSaoil', EUROPE DIRECT agus 'Leabharlanna Aoisbháúla'.



Clubanna Súgartha i Leabharlann Chluain Eois

Bhí áthas ar Leabharlann Chluain Eois dul i gcomhpháirtíocht leis an nGréasán Náisiúnta Óige ar shraith de Chlubanna Súgartha sa leabharlann i rith mhí Lúnasa. Ar an 12, 14 agus 19 Lúnasa, cuireamar fáilte roimh leanaí idir 0-14 bliana d'aois go dtí an spás lasmuigh i leabharlann Chluain Eois le haghaidh go leor spraoi agus cluichí, iad go léir á n-éascú ag Shelly McGee agus a foireann iontach.



Ceardlanna coipthe

Chuir Leabharlanna Bhaile na Lorgan agus Charraig Mhachaire Rois fáilte roimh Bia Cultures chun ceardlanna a chur ar fáil ar ealaín an choipthe. Cuireadh na ceardlanna sin ar fáil faoinár gclár 'Scileanna ar feadh an tSaoil', ina leagtar béim ar ról na leabharlann chun cabhrú le daoine fásta scileanna laethúla saoil a fhorbairt ó dhul ar líne agus airgead a bhainistiú go fanacht sláintiúil agus maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe.

Seirbhís nua scanacháin agus aistriúcháin Tá uirlis nua scanacháin agus aistriúcháin ag Leabharlann Bhaile Mhuineacháin ar a dtugtar ScanEZ. Is féidir le baill leabharlainne an gléas ScanEZ a úsáid chun doiciméid a scanadh agus a aistriú go níos mó ná 100 teanga. Maoiníodh an gléas trí EUROPE DIRECT Chluain Eois chun tacú lenár gcuspóir seirbhísí ionchuimsitheacha a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bpobail éagsúil.

DEIREADH FÓMHAIR, SAMHAIN, NOLLAIG

Comic Con 2025

Bhí áthas ar Leabharlanna Chontae Mhuineacháin dul i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM) chun Comic Con a thabhairt ar ais go Muineachán don dara bliain. Tháinig na céadta leantóir díograiseach anuas le haghaidh imeacht iontrála saor in aisce eile ina ndearnadh ceiliúradh ar gach rud a bhaineann le greannáin, úrscéalta grafacha agus cultúr an phobail.



Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide ag Leabharlanna Chontae Mhuineacháin

Bhí áthas ar Leabharlanna Chontae Mhuineacháin tacú leis an tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide ag Comhairle Contae Mhuineacháin trí réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú inar músclaíodh feachtas ar ghníomhú ar son na haeráide do bhaill na leabharlainne agus dár bpobal i gcoitinne.

Taispeántas 'Wolfwalkers' i Leabharlann Chluain Eois i gcomhar le Féile Scannán Chluain Eois

Mar chuid de chlár Fhéile Scannán Chluain Eois, bhí áthas orainn taispeántas fíorálainn 'Wolf Walkers' le Cartoon Saloon a óstáil i Leabharlann Chluain Eois. Lena linn, chuireamar fáilte roimh leanaí isteach sa leabharlann le haghaidh turas ar an saothar ealaíne agus ceardlann ina bhfuair siad an deis a saothar féin a tharraingt.

Comórtas Soapbox EUROPE DIRECT Chluain Eois

Ar an Aoine 24 Deireadh Fómhair d'óstáil EUROPE DIRECT Chluain Eois an Comórtas Óráidíochta Poiblí Réigiúnach Soapbox do rannpháirtithe ón gCabhán, ó Lú agus ó Mhuineacháin. Bhailigh níos mó ná daichead rannpháirtí ag an gCampas Síochána chun a n-argóint 3 nóiméad a thabhairt ar son nó i gcoinne an rúin "Likes, Lies and Legal Limits: Is it time the EU banned social media for under-16s". Bhuaigh Pablo Rafael Lopez Cardozo ó Choláiste Mhic Chairthinn, ár mbuaiteoir réigiúnach de EUROPE DIRECT bliantúil, an duais náisiúnta €1,000 sa chatagóir '16 & Faoina bhun'.



Turas ar Bhóithrín na Smaointe

Thiomsaíomar agus sheolamar rogha gearrthóg agus grianghraf ó nuachtáin áitiúla, a dearadh chun cuimhne agus caomhnú a spreagadh go séimh.

Leabharlann Bhaile na Lorgan ar TG4!

An bhfaca tú an chéad eipeasóid de Buildings Beo a d'inis scéal Hope Castle Gate Lodge agus Leabharlann Bhaile na Lorgan?

Bhí Leabharlanna Chontae Mhuineacháin an-bhródúil as bheith le feiceáil sa tsraith 'Buildings Beo', ina ndéantar ceiliúradh ar an gcaoi a bhfuil pobail ag cur beocht nua i réadmhaoine tréigthe, trí spásanna maireachtála a dhéanamh de spásanna tréigthe.

Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin 2025

Rinne Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin (CMSF) ceiliúradh ar a 10 mbliana ar an bhfód i mí na Samhna le clár imeachtaí bunaithe ar an téama: *An tAm Sin, Inniu, Amárach*. Bhí an fhéile ar siúl ón 8-16 Samhain agus cuireadh breis agus 30 imeacht ar fáil ar fud Mhuineacháin. Rinneadh rud inrochtana, tarraingteach agus ábhartha don saol laethúil den eolaíocht mar chuid di.

Podchraoladh Chatterbox ar an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta

Chun an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta 2025 a cheiliúradh, sheol Leabharlanna Chontae Mhuineacháin podchraoladh nua le scoláirí ón Lónra Náisiúnta Foghlama. Labhraíonn na scoláirí faoi cé chomh tábhachtach is atá sé a bheith san áireamh i ngach cuid den tsochaí. Thug sé sin tuiscint dóibh ar neamhspleáchas, dínit agus meas.



Sraith Cainteanna Stairiúla

Chuamar i gcomhpháirtíocht le Músaem Chontae Mhuineacháin ar shraith cainteanna tráthnóna Dé Sathairn inar fiosraíodh comóradh 100 bliain an choimisiúin teorann agus an tionchar a bhí aige ar phobail teorann.

Comhdháil 'Mo Thodhchaí'

An 20 Samhain 2025, d'óstáil Leabharlanna Chontae Mhuineacháin 'Mo Thodhchaí', comhdháil lae saor in aisce a dearadh chun daoine fásta óga a spreagadh agus a chumhachtú chun a dtodhchaí a shamhlú agus a mhúnlú, ag an gCampas Síochána i mBaile Mhuineacháin. I measc na gcainteoirí ag an gcomhdháil bhí daoine a sháraigh deacracht chun an todhchaí a theastaíonn uathu a chothú. Is ionann 'Mo Thodhchaí' agus Céim 2 de thionscadal daonlathais FUTU4U.



Taispeántas 'Dathanna na gCultúr'

I mí na Samhna agus i mí na Nollag, ba chúis bhróid do Leabharlann Chluain Eois 'Dathanna na gCultúr' a óstáil, taispeántas faoi dhamhsa, a bhí mar chuid de chlár an Cheiliúrtha Thraschultúrtha arna mhaoiniú ag Clár Dea-Chaidrimh Chomhairle Ceantair na hOifige Feidhmiúcháin (DCGRP) agus ag Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.

EUROPE DIRECT Chluain Eois 2026-2031

D'éirigh le Leabharlanna Chontae Mhuineacháin Ionad EUROPE DIRECT a óstáil i Leabharlann Chluain Eois ar feadh cúig bliana eile mar chuid de ghréasán náisiúnta na n-ionad arna gcomhordú ag Leabharlanna Éireann ag LGMA.



EUROPE DIRECT
Clones

Leabharlanna Chontae Mhuineacháin i dTuarascáil ar an Táscaire Feidhmíochta NOAC 2024

Léiríodh sa Tuarascáil ar an Táscaire Feidhmíochta NOAC Uimh. 77 (2024) gur thuairiscigh Leabharlanna Chontae Mhuineacháin na méaduithe feidhmíochta seo a leanas sa bhliain sin:

- Méadú 62% ar líon na gcuartheanna leabharlainne in aghaidh an duine den daonra (ó 3.29 in 2023 go 5.34 in 2024).
- Tháinig méadú 52.61% ar líon na n-earraí tugtha ar iasacht.
- Tháinig méadú 25% ar líon na mball gníomhach leabharlainne
- Tháinig méadú 26.53% ar líon na n-úsáideoirí leabharlainne cláraithe.

Táimid thar a bheith bródúil a fheiceáil go leanann muintir Mhuineacháin ag glacadh lena gcuid seirbhísí leabharlainne, a chuireann Comhairle Contae Mhuineacháin ar fáil, agus go bhfuil meas acu orthu.



Clár Meantóireachta Ionad Scríbhneoirí na hÉireann

Tá áthas ar Leabharlanna Chontae Mhuineacháin urraíocht a thabhairt do scríbhneoirí cónaitheach i gcontae Mhuineacháin chun páirt a ghlacadh i gClár Meantóireachta Náisiúnta Ionad Scríbhneoirí na hÉireann. Déanann an tionscnamh seo ar fud an oileáin scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn a phéireáil le príomhúdair Éireannacha, rud a thugann an deis chun tacaíocht leanúnach chruthaitheach agus ghairmiúil a fháil ó scríbhneoir Éireannach aitheanta. Fógrófar meantaithe roghnaithe do thimthriall 2026 i mí an Mhárta 2026.



Muineachán Ildánach 2025

In 2025, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú **€403,544** ó Éire Ildánach, rud a chuir ar chumas chlár Muineachán Ildánach tacú le raon leathan tionscnamh cultúrtha agus cruthaitheach ar fud an chontae agus iad a bhaint amach.

Tacaíodh le **60** tionscadal san iomlán, bhí lucht féachana **22,422** duine ann agus bhí **462 cleachtóir cruthaitheach** rannpháirteach i rith na bliana, ag cur le tionscadail a neartaigh rannpháirtíocht an phobail, a rinne ceiliúradh ar oidhreacht áitiúil, agus a leathnaigh deiseanna cruthaitheacha do gach aois.

Cruinniú na nÓg

Chuir Cruinniú na nÓg 2025 clár bríomhar de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha saor in aisce ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ar an 7 Meitheamh. I measc na n-imeachtaí bhí scileanna sorcais, ealaín, grianghrafadóireacht, amharclannaíocht, ceol, drámaíocht, scannánaíocht agus ceardaíocht. Mheall Lá Cruthaitheachta Teaghlaigh suaitheanta ag Campas Síochána Mhuineacháin 600+ cuairteoir agus cuireadh ar fáil é i gcomhpháirtíocht le Leabharlann Bhaile Mhuineacháin, Músaem Chontae Mhuineacháin, agus Foróige.



Féile CREATE!

Ar siúl i bPáirc Hilton, Cluain Eois an 9 Lúnasa 2025, léirigh Féile CREATE! cruthaitheacht i suíomh tuaithe uathúil. Ghlac cuairteoirí páirt i gceardlanna praiticiúla lena n-áirítear gaibhneacht copair, péinteáil gloine dhaite agus potaireacht. Chuir turais scéalaíochta Pháirc Hilton agus taibhiú le Armagh Rhymers leis an eispéireas cultúrtha. Leag Margadh Ceardaithe Glasa béim ar cheardaíocht inbhuanaithe agus ar dhéantóirí áitiúla.

Maoiníodh an fhéile trí Thionscnamh Sláinte agus Folláine Ildánach an Oileáin Chomhroinnte de chuid Éire Ildánach.



Tionscnaimh SCRAP

Sa dara bliain, chuir SCRAP faisean mall agus inbhuanaitheacht chun cinn i measc scoláirí meánscoile, rud a spreag uaschúrsáil, athearraíocht agus cleachtais faisin eiticiúla. In 2025, ghlac 73 scoláire as Muineachán páirt sa chomórtas náisiúnta Relove. Ar fud an chontae, cuireadh 26 ceardlann phoiblí ar fhuáil, athruithe agus uaschúrsáil ar fáil tríd an tseirbhís leabharlainne.



Féile Scéalaíochta Droimnín

Ar siúl ón 19 go dtí an 21 Meán Fómhair 2025, thug an dara féile bhliantúil scéalaíocht chuig ionaid ar fud an chontae. Mar chuid den chlár bhí seisiúin scoile agus cúraim baile, ceardlanna puipéad, imeachtaí músaeim agus láithreacha oidhreacht, siúlóidí scéalaíochta amuigh faoin aer, agus príomhthráthnóna i dTeach Bessmount. Ghlac beagnach 600 rannpháirtí de gach aois páirt i ngníomhaíochtaí féile, ag cur béim ar thraidisiún láidir scéalaíochta an chontae.

Músaem Chontae Mhuineacháin

Craoladh Beo Ireland AM ó Mhúsaem Chontae Mhuineacháin

Ar maidin an 16 Eanáir, craoladh an músaem i dtithe ar fud na tíre nuair a bhí Músaem Chontae Mhuineacháin ina óstach ar Ireland AM. Ba le sceitimíní mór a rinne Deric Hartigan, láithreoir teilifíse agus fear aimsire, a chraoladh beo ar maidin ó ghailearaithe an mhúsaem.



Deric Hartigan le foireann Mhúsaem Chontae Mhuineacháin

Chuir an Coimeádaí, Liam Bradley, fáilte roimh an gclár mar dheis iontach chun ár dtaispeántas úrnua 'Réaltachtaí ar an Teorainn - Muintir agus Scéalta Mhuineacháin' a chur amach ar na haerthonnta.

Bhí Liam ag caint le Deric faoi na scéalta uathúla a bhaineann lenár gcontae agus leis an gceantar máguaird atá mar insint an taispeántais. Mar gheall ar an gcuart seo, bhí go leor suim bhreise ag daoine ó gach cearn den tír sa mhúsaem agus sa taispeántas.

Ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan ag an Músaem



Comharghrúpa Ban Éireann, Muineachán ag ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan i Músaem Chontae Mhuineacháin. I mí an Mhárta seo, bhí áthas ar an músaem Lá Idirnáisiúnta na mBan a óstáil i gcomhar le Comharghrúpa Ban Éireann, Muineachán (Dóchas do Mhná roimhe seo).

Ceardlann na Cásca



Rannpháirtithe ag fíodóireacht chiseáin na Cásca ag ceardlann an mhúsaem

Ceiliúradh an Cháisc sa mhúsaem le ceardlann déanta ciseán do gach aois. Faoi stiúir Ealaíontóirí Anann's Arch, tugadh deis do rannpháirtithe ceardaíocht ársa na fíodóireachta ciseán a fhoghlaim trí úsáid a bhaint as earraí a fuarthas nó a athchúrsáladh go héasca ó ábhar a fuarthas timpeall an tí. Bhí spraoi iontach ann agus bhí gach rannpháirtí in ann a gcuid ciseán Cásca féin a thabhairt abhaile leo.

Barry McGuigan: Cioclón Chluain Eois ag Músaem Chontae Mhuineacháin

I mí Aibreáin bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh Barry McGuigan chuig an músaem arís. Bhí sé anseo chun labhairt faoi chomóradh 40 bliain ó bhuaigh sé teideal domhanda i gcoinne Eusebio Pedroza agus chun an ócáid speisialta a chur chun cinn ag comóradh a bhua stairiúil a bhí ar siúl in Hillgrove Hotel, Muineachán Dé Domhnaigh 8 Meitheamh.



Barry ag caint faoina throid i gcomhair Chraobh an Domhain

Taispeántas Suntasach “Tionscadal Leanaí”



Tráthnóna an 8 Deireadh Fómhair 2025, d'oscail Músaem Chontae Mhuineacháin an taispeántas suntasach *The Project Children Stories*.

Seoladh an taispeántas i gcomhthráth le comóradh 50 bliain ó bhunú an tionscnaimh cheannródaíoch “Tionscadal Leanaí” a thug deis do na mílte duine óg ó Thuaisceart Éireann éalú ón bhforéigean le linn na dTrioblóidí.

Traidisiúin Cheoil Albanacha Ultacha

I mí na Bealtaine, d'óstáil an músaem ócáid phíolótach inar thug Gníomhaireacht na hUltaise cuireadh do scoileanna ón gceantar chuig ceardlann ar an stair agus an oidhreacht Albanach Ultach.

Ar an lá, bhí an ghrian ag taitneamh, agus bhí na scoláirí in ann taitneamh a bhaint as ceol ó phíobaire agus roinnt damhsa traidisiúnta ag an ardán taobh amuigh i gCampas Síochána.



Scoláirí ón Scoil Ríoga sa Chabhán ag éisteacht leis an bpíobaire

Teacht le chéile ag Teach na Cúirte

Tháinig bannaí Píob agus Drumaí an Gharda Síochána agus Roinn Póilíneachta Nua-Eabhrac (NYPD) i bhfoirmiú ar an gcearnóg mar ullmhúchán do pharáid a thabharfadh iad, mar aon le buíon mhór cuairteoirí ó Thionscadal Leanaí ó na Stáit Aontaithe, ó Thuaisceart Éireann agus níos faide i gcéin, chuig an gCampas Síochána chun *'The Project Children Stories – A Legacy of Peace lives on in Monaghan'* a sheoladh go hoifigiúil.



Paráid



Coimeadaí Mhúsaem Chontae Mhuineacháin, Liam Bradley, ar chéimeanna Theach na Cúirte.

Ansin, bhí Cathaoirleach agus Comhbhunaitheoir Thionscadal Leanaí Denis Mulcahy agus a theaghlach ar thús na paráide. Ag fágáil Theach na Cúirte dóibh, bhí Banna NYPD agus Banna an Gharda Síochána ar thús na paráide tríd an mbaile tríd an mBóthar Thuaidh i dtreo an Champais Síochána. Ba é seo an chéad uair don dá bhanna a bheith ag máirseáil agus ag seinm le chéile i Muineachán.



Cuireadh stop leis an bparáid os comhair an Champais Síochána agus tugadh cuireadh do Denis Mulcahy an garda onóra ón nGarda Síochána a iniúchadh sula ndeachaigh sé isteach san fhoirgneamh.



Denis Mulcahy le Catherine Flood (ar chlé) agus Linda Croston (ar dheis), comhordaitheoirí deonacha an Tionscadail

Tugtar le chéile sa taispeántas grianghraif, teistiméireachtaí pearsanta, agus fistaifeadtaí neamhchoitianta ina dtaifeadtar cuairteanna leanaí ó Thuaisceart Éireann.

Thosaigh scéal Thionscadal Leanaí i samhradh 1975 nuair a thaistil seisear leanaí, triúr Protastúnach agus triúr Caitliceach, go Greenwood Lake, baile beag i Stát Nua Eabhrac le haghaidh saoire sé seachtaine.

Ba shimplí ach ba cumhachtach an smaoineamh: sos a thabhairt do leanaí as na pobail scoilte i dTuaisceart Éireann ó 'Na Trioblóidí' in áit a bhféadfaidís a bheith ina leanaí agus sin amháin. Ón gcéad seisear in 1975, d'éagraigh Tionscadal Leanaí turais do mhéid chomh hard le 23,000 leanbh sna blianta ina dhiaidh sin.



Cathaoirleach P J O'Hanlon

Chuir Cathaoirleach Chontae Mhuineacháin P J O'Hanlon fáilte roimh theaghlach Mulcahy agus roimh na Meiriceánaigh a bhí ar cuairt. Ag labhairt dó ag oscailt an taispeántais, dúirt Denis Mulcahy; "Is mór an onóir dom an taispeántas Tionscadal Leanaí atá i gCampas Síochána Mhuineacháin a fheiceáil".

Bhí Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin ag seinm ann agus sheinn siad píosa a coimisiúnaíodh go speisialta a chum Michael Rooney chun scéal agus spiorad Thionscadal Leanaí a cheiliúradh.

Taispeántas *The Project Children Stories*



An chéad ró, (ó chlé go deas): Denis Mulcahy, Miriam Mulcahy, Cathaoirleach, an Comhairleoir P.J. O'Hanlon. An ró deiridh, (ó chlé go deas): Cathal Flynn, Stiúrthóir Seirbhísí. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pleanáil agus Tionscadail Chaipitil; Olga McConnon. Stiúrthóir Seirbhísí. An Stiúrthóireacht Airgeadais, Tithíochta agus Chultúir; Robert Burns, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhuineacháin; Peadar O'Lamhna, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála; Carmel O'Hare, Stiúrthóir Seirbhísí. An Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha agus Nuálaíochta.

Oifig Ealaíon

Is é an ról atá againn cuidiú le hEalaíontóirí sa Chontae agus iad a chothú agus leanann an Oifig Ealaíon ag **cuidiú le hEalaíontóirí aonair** e.g. Scríbhneoirí, Cleachtóirí Amharclainne agus Amharcealaíontóirí. Fuair roinnt acu deontais ón gComhairle Ealaíon agus ó Chultúr Éireann. Ina measc bhí cúnamh taistil agus ceannacháin ábhar agus maoiniú díreach meaitseálte le maoiniú a fuarthas ón gComhairle Ealaíon. Taigimid saoráidí Theach an Mhargaidh d'Ealaíontóirí i rith na bliana.

Lean an Oifig Ealaíon ag glacadh cur chuige réamhghníomhach lena gClár do na hEalaíona 2025.

Cuspóirí Forbartha Ealaíon: 2025

Bhí sé mar phríomhchuspóir arís in 2025 ár múnla Clársceidealaithe agus maoinithe a choinneáil do na 3 sprioc straitéiseacha dár **gcreat-chomhaontú leis an gComhairle Ealaíon 2020-2027**, sa tuiscint gur féidir le seachadadh agus tiomantas na Comhairle do na hEalaíona i gContae Mhuineacháin a bheith níos inbhuanaithe ar an mbealach seo. Bhí na trí phríomhchuspóir seo mar bhunchloch dár n-iarrachtaí ról sásúil a choinneáil do na hEalaíona i bpobal ildánach Mhuineacháin.

[Sliocht SPC ón gCreat-Chomhaontú 2020-2027](#)

Seo a leanas cuid de na nuashonruithe inár seachadadh in 2025:

1. **Ag Tacú leis an Ealaíontóir:** Luach a chur ar shaothar ealaíontóirí agus tacú leis agus raon deiseanna d'ealaíontóirí a leathnú chun a gcleachtas a fhorbairt.

Chuir ár **Scéim Bhreisluacha 2020-2027** maoiniú ar fáil do 1 **Ealaíontóir**. Tá an tiomantas ag croílár na scéime tacú leis na **hEalaíontóirí Gairmiúla** ar bronnadh **sparánacht** orthu ó chomhlachtaí amhail **An Chomhairle Ealaíon /Cultúr Éireann**

<https://monaghan.ie/arts/value-added-scheme-2020-2027>

Ina theannta sin, bhronn **Scéim Tacaíochta Ealaíontóirí**, a reáchtáladh in 2025, **€18,000** ar **20 Ealaíontóir**, mar Thallann ag Teach Chun Cinn & Ealaíontóirí Bunaithe araon.

<https://monaghan.ie/arts/2024/12/19/artist-support-scheme-tacaiocht-do-ealaiontoiri-2025/>

D'éascaíomar 2 Ghig leis an gCeoltóir **Gráinne**

Duffy i mí Aibreáin. Bhí ionad pacáilte againn an dá thráthnóna agus fillfidh sí in 2026.

D'éascaíomar Pobal na hÚcráine le Ranganna Ealaíne agus Drámaíochta i rith na bliana.

Is é **Stiúideonna Ealaíontóirí Chluain Eois** an infheistíocht phoiblí is mó de chuid na Comhairle a thacaíonn leis an méid a chuireann ealaíontóirí lenár gcomharsanacht. Chuir na healaíontóirí sna stiúideonna ceardlanna faoi stiúir ealaíontóra ar fáil in 2025 mar aon le himeachtaí eile níos inrochtana go poiblí agus bhí siad mar dhroichead do roinnt tionscadail lárnacha laistigh den cheantar. Bhí tiomantais na Comhairle d'ealaíontóirí in 2025 iontach.

<https://www.facebook.com/ClonesArtStudios>

1. **Daoine Óga agus na hEalaíona;** deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga chun ealaín iontach a chruthú, rochtain a fháil uirthi agus páirt a ghlacadh inti.

Ranníocaíocht le **Music Generation** in 2025 dar luach €30,000 arb é an tSeirbhís Oideachais Ceoil é a chuireann deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga rochtain a bheith acu ar theagasc uirlise ceoil go háitiúil agus ar dheiseanna iontacha. Baineann go leor dár scoileanna agus dár ndaoine óga an-tairbhe as páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo.

Seoladh **Sparánacht Ealaíona Óige an Chabháin agus Mhuineacháin** do 2025 i mí an Mhárta agus tacaíonn sí le daoine óga chun páirt a ghlacadh i dTionscadail Ealaíon Óige gearra i gcomhar le hEalaíontóirí Gairmiúil agus laistigh d'obair Óige agus Suíomhanna Oideachais neamhfhoirmiúla. Bronntar 6 Sparánacht ar fiú €1600 an ceann iad, 3 cinn do Chontae Mhuineacháin.

<https://www.youth.ie/articles/cavan-monaghan-youth-arts-bursary-call-for-applications/>

Cuirimid araon maoiniú ar fáil don oibríocht a chabhraíonn dá réir sin le scoileanna sa dá chontae stádas faoi **Chlár na Scoileanna Cruthaitheacha** a bhaint amach faoi scáth na Comhairle Ealaíon. Tá sé mar aidhm againn tacú leo agus a gClár a bhreisiú, agus anois tá go leor scoileanna againn i gContae Mhuineacháin a bhain an clár amach agus a ghlac páirt sa chlár.

Chuireamar €5K ar fáil freisin d'**Fhéile Tradoodle**, Féile Ealaíon thraidisiúnta "**A Very Curious Céilí**" ina raibh Ceol agus Ceardlanna le daoine cumasacha do lucht féachana óg in 2025.

Chuireamar €800 ar fáil do **Thicéid Sparánachta Ealaíon** le haghaidh *The Limerick Gathering* i mí na Bealtaine do na hEalaíontóirí Eileen Gomez agus Matthew McMahon.

B'iomaí Imeacht Ealaíon agus Cultúrtha saor in aisce a reáchtáladh ar fud na tíre mar chuid d'**Oíche Chultúir** na bliana seo agus bhí Contae Mhuineacháin mar chuid mhór di ag ionaid éagsúla le tacaíocht ónár n-oifig.

D'úsáid **Grúpa Óige Face-Off Project** an t-ionad i rith na bliana dá gcruinnithe agus dá bpléití.

Comhthiomantas is ea ár **gComhpháirtíocht um Ealaíona Áitiúla san Oideachas** (LAEP) do na hEalaíona, le béim ar leith ar dhaoine óga agus deiseanna dóibh, a roinnimid le Comhairle Contae an Chabháin & CMETB.

Agus go leor ionad Ealaíon, Féilte agus Ionaid eile sa Chontae á maoiniú againn freisin iarraimid orthu trínár gcláir mhaoinithe leanúint leis an gclár abhcóideachta a bhfuilimid tiomanta dó chun acmhainneacht gach linbh a bhaint amach agus tiomantas do thacú le daoine óga sna hEalaíona.

3. **Cumas a Chruthú** Infheistiú i bhforbairt ghairmiúil na n-ionad, na bhféilte agus na n-eagraíochtaí a chuireann eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán ar fáil.

Bhronn an Chomhairle trí **Scéim na gComhpháirtithe Ealaíon** méid dar luach **€75,000** san iomlán ar an seachtar faighteoirí seo a leanas

Féile Oriel Amharclann

an Gharáiste

Amharclann Íontas

Féile Patrick Byrne

Mania Mhucnú, Féile

Drámaíochta Bhaile na

Lorgan, Féile Scannán

Chluain Eois

Cumann Ceoldrámaíochta agus Drámaíochta an Oirthuaiscirt

An Rannóg Turasóireachta

Is é ról an Aonaid Turasóireachta laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin:

- Feasacht custaiméirí a ardú ar cheantar Mhuineacháin mar cheann scríbe turasóireachta
- Táirge turasóireachta an chontae a fhorbairt agus cur lena fhorbairt

Ar na **Príomhthionscnaimh Forbartha Turasóireachta** a tugadh chun cinn in 2025, tá na cinn seo a leanas:

Fóram Turasóireachta agus Áineasa

Lean Fóram Turasóireachta agus Áineasa Mhuineacháin, a bunaíodh in 2024 faoi Chathaoirleach neamhspleách Matt Mohan, de theacht le chéile go rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na *Straitéise Turasóireachta do Chontae Mhuineacháin 2023-2028*. Tá an straitéis dírithe ar an táirge turasóireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt i gContae Mhuineacháin trí shócmhainní agus bonneagar saibhir an chontae a uasmhéadú chun eispéireas na gcuariteoirí a fheabhsú trí thairiscintí nua agus tairiscintí atá ann cheana araon. I measc na n-aidhmeanna, tá líonraí agus comhoibrithe a leathnú, líon na gcuariteoirí a mhéadú agus turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn ag an am céanna, agus borradh a chur faoi bhranda Turasóireachta Mhuineacháin trí iarrachtaí margaíochta straitéiseacha. Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa straitéis i rith 2025, agus mar thoradh air sin rinneadh athbhreithniú ag deireadh na bliana i mí na Nollag 2025.

FORBAIRT TURASÓIREACHTA

In 2024/2025, bronnadh maoiniú ar Aonad Turasóireachta Mhuineacháin ó roinnt foinsí agus rinneadh oibreacha chun na tionscadail seo a leanas a thabhairt chun cinn.

Tionscadail Chríochnaithe

Feabhsuithe Áineasa ar an Oileán Dubh, Loch Mucnú – fuair Muineachán maoiniú ORIS

ar luach €500,000 chun na háiseanna áineasa ar an oileán a fheabhsú. Deonaíodh cead pleanála do na hoibreacha uasghrádaithe sin i Meán Fómhair 2024 agus tugadh faoi phróiseas soláthair ina dhiaidh sin. Críochnaíodh oibreacha i mí na Nollag 2025 agus áiríodh leo cosáin uasghrádaithe, athchóiriú droichid, agus suiteáil daingneán agus feisteas nua amhail pointí féachana, suíocháin agus comharthaíocht.

Chuir na hoibreacha sin go mór le hinrochtaineacht agus leis an eispéireas foriomlán do chuariteoirí i gceann de na háiteanna amuigh faoin aer is áille i Muineachán. Táthar ag súil go seolfar an tionscadal seo go foirmiúil in earrach 2026.



Plean Aeraíochta an Chontae – Cheadaigh



CCM Plean Aeraíochta nua an Chontae do Mhuineachán ag cruinniú na Comhairle i mí Aibreáin. Leagtar amach sa phlean creat straitéiseach chun forbairt, feabhsú agus bainistiú inbhuanaithe na haeraíochta ar fud an chontae a threorú.

Bhí ról lárnach ag fochoiste, a bunaíodh tríd an bhFóram Turasóireachta agus Áineasa, i bhforbairt an phlean seo, a cuireadh i láthair go hoifigiúil ag cruinniú Fhóram Turasóireachta agus Áineasa i mí Aibreáin.

Leithdháileadh gníomhaíochtaí laistigh den phlean ar pháirtithe leasmhara/eagraíochtaí éagsúla agus déanfaidh an Fóram maoirseacht ar chur chun feidhme céimnithe an phlean sna blianta amach romhainn. Thacaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le Plean Aeraíochta an Chontae a fhorbairt.



Seoladh Phlean Aeraíochta an Chontae do Chontae Mhuineacháin ag Fóram Turasóireachta agus Áineasa Mhuineacháin – Dé Máirt, 8 Aibreán 2025

Seoltaí Oifigiúla

Feabhsuithe Áineasa ag Foraois Dhartraí – I mí Aibreáin 2025, bhí áthas ar CCM fáilte a chur roimh an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary, chun an tionscadal Feabhsúcháin ar Fhorois Dhartraí a sheoladh go hoifigiúil, tionscadal a fuair €400,000 faoi Chlár ORIS. Bhí ionadaithe ó Coillte, ó Chomhairle Contae Mhuineacháin, agus ó phobail áitiúla Bhuíochair agus Mhuinchille i láthair ag an seoladh freisin. I measc na n-oibreacha bhí uasghráduithe ar na cosáin, comharthaíocht, trealamh súgartha agus carrchlós leathnaithe.



Síneadh Pháirc Spraoi Foraoise Ros Mór – I mí Aibreáin 2025, sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary, tionscadal Síneadh Pháirc Spraoi Ros Mór go hoifigiúil freisin. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo, a fuair maoiniú €150,000 faoin gCiste Aitheantais Pobail, ná síneadh a chur leis an bpáirc spraoi ag Ros Mór agus chun trealamh súgartha a sholáthar a bheadh oiriúnach do leanaí níos sine. Suiteáladh páirceáil carranna bhreise agus suíocháin agus boird phicnice inrochtana bhreise freisin.





Tionscadail Tugtha Chun Cinn

Tionscadal Ghormbhealach Abhainn an Droma Mhóir

– Fuarthas maoiniú €500,000 faoi Bheart 3 ORIS roimhe seo chun bonneagar a sholáthar do Ghormbhealach 12km faoi chlár ORIS 2023 le haghaidh oibreacha caipitil. Tar éis próiseas pleanála fada, thug an Coimisiún Pleanála cead pleanála don tionscadal i mí Iúil 2025, agus faoi dheireadh fuair an tionscadal cead chun dul ar aghaidh. Tá foireann deartha ceaptha anois, agus leanfaidh an tAonad Turasóireachta ag obair i gcomhar le Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois go dtí go mbeidh an tionscadal críochnaithe faoi dheireadh 2026. Nuair a bheidh sé críochnaithe, sínfidh an Ghormbhealach ó Loch Major, Béal Átha Beithe go Lios na Long le fánáin rochtana agus dul amach, comharthaíocht, clár eolais agus carrchlós agus limistéar taitneamhachta ag Droichead Ballynascarva.

Eispéireas Cuairteoirí ag Iarfhoirgneamh Lennard Arms

– Tá iar-óstán Lennard Arms i gCluain Eois á athchóiriú agus á fhorbairt ina eispéireas do chuairteoirí atá tábhachtach do dhaoine áitiúla agus a mheallann cuairteoirí – a bheidh mar dhíol spéise ina cháil féin agus mar thairseach d'oidhreacht níos leithne an bhaile agus an réigiúin. Thacaigh an tAonad Turasóireachta le Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois chun gné dearaidh agus léirithe an tionscadail seo a chur chun cinn. Nuair a bheidh sé críochnaithe in 2027, cuirfidh an tionscadal seo díol spéise cultúrtha agus oidhreacht tarraingteach ar fáil i gcroílár Chluain Eois, rud a chuirfidh feabhas ar thairiscint an bhaile do chuairteoirí agus a thacóidh le gníomhaíocht eacnamaíoch áitiúil.

Forbairt Conláiste Stoptha Mótarbhaile i mBaile Mhuineacháin

– Tar éis do chomhairleoirí ón tionscal turasóireachta fóillíochta mótarbhaile measúnú a dhéanamh ar shuíomhanna éagsúla ar fud an chontae i mí Mheán Fómhair 2024, sainithníodh láithreán i lár bhaile Mhuineacháin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh air. Deonaíodh Ceadú Pleanála Chuid 8 chun láithreán stoptha mótarbhaile a fhorbairt ag Cearnóg na Seanchroise, Baile Mhuineacháin in R3 2025. D'éirigh le hiarratas maoinithe a cuireadh isteach faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, agus bronnadh €300,000 i mí na Nollag 2025 chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Cuirfidh an fhorbairt seo feabhas ar áiseanna do chuairteoirí laistigh de Bhaile Mhuineacháin, ag tacú le turasóireacht mhéadaithe thar oíche agus ag cur an baile chun cinn mar bhonn fáilteach do chuairteoirí ar chamchuairt trí pháirceáil shábháilte thar oíche a chur ar fáil do suas le naoi mótarbhaile, agus áiseanna seirbhíse le haghaidh ceangal leictreach, agus diúscairt fuíolluisce á gcur ar fáil freisin.

Léarscáil Áineasa Idirghníomhach do Chontae Mhuineacháin

– Fuarthas maoiniú €30,000 faoi Bheart 1 ORIS chun Léarscáil Idirghníomhach a chruthú ina leagtar amach na háiseanna áineasa go léir atá ar fáil ar fud chontae Mhuineacháin. Leis an tionscadal seo, a aithnítear mar ghníomhaíocht i bPlean Aeraíochta an Chontae, cuirfear ardán digiteach, so-úsáidte ar fáil ina dtaispeánfar na cosáin, na páirceanna agus na háiseanna caithimh aimsire lasmuigh atá sa chontae. Chuir Aonad Turasóireachta Mhuineacháin tús le hoibreacha chun an tábhar a theastaíonn don tionscadal seo a chomhthiomsú in R3 2025, agus lorgaíodh tairiscintí le haghaidh saineolas teicniúil chun an ghné bogearraí idirghníomhach gheospásúil den tionscadal seo a sholáthar. Cuirfear an tionscadal i gcrích in 2026.

Oibreacha feabhsúcháin ag Foraois Chaisleán an tSiáin

– Bronnadh maoiniú €151,000 faoi Bheart 2 ORIS ar oibreacha feabhsúcháin ag Foraois Chaisleán an tSiáin, ag díriú ar rochtain do chuairteoirí, nascacht conaire agus léiriú a fheabhsú laistigh den láithreán coillearnaí seo a mbíonn tóir air. Cuirfidh an tAonad Turasóireachta an tionscadal seo chun cinn in 2026.

Forbairt tionscadail chun conairí Rothaíochta Sléibhe a sholáthar ag Foraois Mhullach Meata

– Fuair Tionscadal Rothaíochta Sléibhe Foraois Mhullach Meata tacaíocht faoi Bheart Forbartha Togra ORIS chun ullmhú d'fhorbairt conaire rothaíochta sléibhe nua a thacaíonn le teaghlaigh laistigh den fhoraois.

Tugadh an próiseas tairisceana don tionscadal seo chun críche faoi dheireadh 2025 d'fhonn an fothairgeoir rathúil a cheapadh agus tús a chur leis an tionscadal in 2026.

Sliabh Beatha – Tar éis staidéar indéantachta arna mhaoiniú ag Oileán Comhroinnte in 2023, úsáideadh an tuarascáil chríochnaitheach agus na staidéir lena mbaineann mar bhunús le maoiniú a lorg do na hoibreacha beartaithe. Fógraíodh maoiniú caipitil €6M don tionscadal seo faoin gclár Oileán Comhroinnte i mí na Bealtaine 2025 agus ar litir thairisceana oifigiúil a fháil, táthar ag súil go gcuirfear tús le seachadadh an tionscadail in 2026.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUR CHUN CINN TURASÓIREACHTA

Bhí an rannóg an-ghníomhach i gcur chun cinn na turasóireachta in 2025, agus béim láidir á leagan ar fheachtais cur chun cinn a dearadh chun aird a tharraingt ar mhuintir, áiteanna agus eispéiris uathúla cuairteoirí an chontae. I measc roinnt de na tionscnaimh rathúla a cuireadh i gcrích tá an méid seo a leanas:

C'Mon to Monaghan – Tógtha ar an rath leanúnach a bhí ar an tsraith físeán 'C'Mon to Monaghan' le blianta beaga anuas, ba léiriú bríomhar í sraith na bliana seo ar na nithe is díol spéise, gníomhaíochtaí agus scéalta áitiúla a léiríonn spiorad an chontae, ag cur Muineachán chun cinn mar cheann scríbe fáilteach, barántúil, ag spreagadh muintir na háite agus cuairteoirí chun gach rud atá le tairiscint ag an gcontae a iniúchadh.



Seisiún le Radhairc Áille – Feachtas nua a bhí sa tsraith 'Seisiún le Radhairc Áille' a seoladh in 2025 agus bhí bailiúchán de thob-thaibhithe mar chuid de a rinneadh a scannánú i gcuid de na suíomhanna is gleoite i Muineachán, lena n-áirítear Páirc Bhaile Bhéal Átha Beithe, Loch Mucnú agus Cearnóg na hEaglaise, i measc suíomhanna eile. Forbraíodh an tsraith i gcomhar leis an Rannóg Chultúrtha agus tugadh le chéile ceoltóirí áitiúla agus radharcra iontach, ag sroicheadh leibhéal láidre rannpháirtíochta ar fud ardáin shóisialta Thurasóireacht Mhuineacháin agus féiniúlacht Mhuineacháin mar cheann scríbe cruthaitheach agus cultúrtha á neartú tuilleadh.

Tacaíodh leis an bhfeachtas le maoiniú ó Fháilte Éireann, ó Mhuineachán Ildánach agus ó Oifig Ealaíon CCM.



Postálacha Tionchairí – Bhí áthas ar Thurasóireacht Mhuineacháin fáilte a chur roimh *Best of Ireland* (@best_of_ireland ar Instagram) agus é a óstáil ar dhá chuairt ar leith ar an gcontae in 2025. Dhírigh a gcéad chuairt i mí na Bealtaine 2025 ar Dheisceart Mhuineacháin, áit a ndearna siad iniúchadh ar raon nithe agus eispéireas lena n-áirítear Gailearaí Lása Charraig Mhachaire Rois, Swallow Studios, Ionad Patrick Kavanagh, Brehon Brewhouse agus Séipéal Stáin sa Láithreach. Sa dara cuairt a thug siad i mí Lúnasa 2025, díriodh aird ar Thuaisceart Mhuineacháin, le cúrsa taistil ina raibh Rally School Ireland, Páirc Foraoise Ros Mór, Músaem Contae Mhuineacháin, Sliabh Beatha, agus stad i Sráidbhaile Ghlas Locha. Chruthaigh an dá chuairt rannpháirtíocht den scoth ar fud na meán sóisialta, rud a chuidigh le próifíl Mhuineacháin a ardú mar cheann scríbe barántúil fáilteach.





Chuir Turasóireacht Mhuineacháin fáilte roimh Stephanie Buckley ó Eat Sleep Chic (@eatsleepchicblog ar Instagram) chomh maith lena teaghlach go tuaisceart Mhuineacháin ar feadh deireadh seachtaine, áit ar bhain siad taitneamh as gníomhaíochtaí lasmuigh ag Páirc Foraoise Ros Mór, spóirt uisce i gCluain Eois, agus ceardaíocht in éineacht ag Busy Bee Ceramics i sráidbhaile Ghlaschú, chomh maith le sampláil ar chuid de na heispéiris bhlasta bia atá le tairiscint ag an gcontae ar an mbealach.

Feachtas na Nollag – Ag cur le rath na bhfeachtas samhraidh, cuireadh tús le feachtas Nollag Thurasóireacht Mhuineacháin go déanach i mí na Samhna 2025. Díríodh ar imeachtaí agus margáí théamaí na Nollag a chur chun cinn ar fud an chontae, le híomhánna nua féile, físeán de Shoilse na Nollag a lasadh agus sraith comhshaothar le tionchairí chun eispéiris a thacaíonn le teaghlaigh i Muineachán a chur ar taispeánt.

Tionscnaimh Diaspóra – Forbraíodh an tsraith físeán ‘How Monaghan Are You?’ chun dul i dteagmháil le diaspóra domhanda Mhuineacháin agus chun aird a tharraingt ar naisc ghinealais agus chultúrtha an chontae. Le tacaíocht ó Fháilte Éireann, bhí an tionchaire Helen Drumm páirteach sa tionscnamh agus a fréamhacha gaoil i Muineachán á rianú aici agus bhuail sí le saineolaithe áitiúla chun naisc theaghlaigh a nochtadh. Deartha d'ardáin meán sóisialta, rinne an tsraith scéalaíocht phearsanta agus oidhreacht áitiúil a chomhcheangal, ag spreagadh daoine eile le sinsearach Mhuineacháin chun athcheangal leis an gcontae. Leis an bhfeachtas, cuireadh cruinnithe finte atá ar na bacáin agus eispéiris turasóireachta atá dírithe ar an diaspóra atá beartaithe do 2026 chun cinn freisin.



D'fhorbair an tAonad Turasóireachta leabhrán treorach freisin chun tacú le rannpháirtíocht an diaspóra agus chun eolas praiticiúil a chur ar fáil do chuairteoirí a bhfuil a n-oidhreacht i Muineachán á rianú acu. Áirítear sa leabhrán treoir maidir le taighde ginealais, naisc nasctha bailte, turais threoraithe agus cúrsaí taistil molta. Tá sé deartha mar acmhainn dhigiteach agus chlóite le húsáid ag comhpháirtithe turasóireachta, grúpaí diaspóra agus cruinnithe finte atá le teacht.

Imeachtaí ar Tacaíodh leo – Chuir Turasóireacht Mhuineacháin a Scéimeanna Maoinithe Féile chun cinn i mí an Mhárta 2025, ag tacú le réimse imeachtaí áitiúla. Leithdháileadh maoiniú do phríomhfhéilte, ag breisiú ceiliúradh cultúrtha, ceoil agus séasúrach ar fud na tíre. Bhí ról ríthábhachtach ag na himeachtaí seo chun cuairteoirí a mhealladh agus rannpháirtíocht an phobail a chothú.



Ina theannta sin, d'éirigh le Turasóireacht Mhuineacháin maoiniú a fháil tríd an Scéim Maoinithe Turasóireachta Gnó Agraibhia ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú le tionscnaimh agus imeachtaí turasóireachta bia áitiúla, lena n-áirítear Féile Bia Sráide Mhuineacháin.

Tionscadal Leanai – Mar chuid den cheiliúradh ar an gcomhpháirtíocht chultúrtha Tionscadal Leanai le Comhairle Contae Mhuineacháin i mí Dheireadh Fómhair 2025, bhí áthas ar Thurasóireacht Mhuineacháin fáilte a chur roimh rannpháirtithe le haghaidh sraith turais threoraithe agus eispéiris chultúrtha le linn a gcuartha ar Chontae Mhuineacháin.

D'eagraigh agus d'éascaigh an tAonad Turasóireachta cuairteanna ar phríomhláithreáin is díol spéise do chuairteoirí ar fud Thuaisceart Mhuineacháin agus Chluain Eois, Dheisceart Mhuineacháin agus Kavanagh Country, chomh maith le turas siúil go Sliabh Beatha. Glacadh go han-mhaith leis na turais agus thug siad léargas speisialta do na rannpháirtithe ar oidhreacht shaibhir, tírdhreach agus fáilteachas an chontae.



Cuairteoirí ó Thionscadal Leanaí ag baint taitneamh as cuairteanna ar Chloigtheach Chluain Eois agus Gailearaí Lása Charraig Mhachaire Rois mar chuid dá dturais ar fud chontae Mhuineacháin, Deireadh Fómhair 2025



Turais Taithíochta Trádála, Ceardlanna & Tacaíochtaí Tionscail – Chuir Aonad Turasóireachta Mhuineacháin fáilte roimh phríomhpháirtithe leasmhara tionscail maidir le sraith turais taithíochta i mí an Mhárta 2025, a dearadh chun tairiscint turasóireachta an chontae a thaispeáint. I rith dhá chuairt leathlae, rinne na turais iniúchadh ar Mhuineacháin Thuaidh agus Theas, rud a thug eispéireas pearsanta do na rannpháirtithe ar an raon éagsúil nithe is díol spéise do chuairteoirí, gnólachtaí áitiúla, agus seoda ceilte ar fud an chontae. Ó shainchomharthaí cultúrtha agus láithreáin oidhreachta go léiritheoirí ceardaí agus soláthraithe fáilteachais, thug an cúrsa taistil deis luachmhar chun naisc a chothú, comhoibriú a neartú, agus cur chun cinn Mhuineacháin mar cheann scríbe turasóireachta amach anseo a spreagadh.

Tá ról tábhachtach ag na cuairteanna taithíochta sin i gcónaí maidir le heolas tionscail a dhoimhniú, caidrimh a chothú, agus muinín a mhéadú sa mhéid atá le tairiscint ag Muineachán do chuairteoirí agus don earnáil turasóireachta i gcoitinne.



Tugann rannpháirtithe ar thuras taithíochta trádála cuairt ar an Séipéal Stáin sa Láithreach, Márta 2025

I mí Aibreáin 2025, d'eagraigh Turasóireacht Mhuineacháin i gcomhar le Fáilte Éireann Ceardlann Seaimpíní sa Champas Síochána, a bhí dírithe ar na huirlisí agus an t-eolas a thabhairt do sholáthraithe turasóireachta áitiúla chun eispéireas an chuairteora a fheabhsú. Dhírigh an seisiún, a raibh 37 rannpháirtí ann, ar eolas cinn scríbe a fheabhsú, naisc bhríocha a chruthú le haíonna agus rannpháirtithe a chumhachtú le bheith ina bhfíor-ambasadóirí do Mhuineacháin agus do Shean-Oirthear na hÉireann. Spreag an cheardlann idirghníomhach comhoibriú agus comhroinnt dea-chleachtas i measc na seaimpíní turasóireachta, rud a threisigh tiomantas an chontae eispéiris bharántúla agus speisialta a chur ar fáil do gach duine a thugann cuairt ar an gcontae.

I measc na ngníomhaíochtaí breise a chuir Aonad Turasóireachta Mhuineacháin i gcrích chun tacú leis an tairiscint turasóireachta a chur chun cinn sa chontae, bhí sraith straitéisí margaíochta a chruthú a bhí dírithe ar thionscal na turasóireachta áitiúla chun treoir agus comhairle phraiticiúil a chur ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun iad féin a chur chun cinn agus a láithreach laistigh den tírdhreach turasóireachta áitiúil agus náisiúnta a fheabhsú, chomh maith le hoiliúint feasachta turasóireachta a sholáthar d'fhoireann Chomhairle Contae Mhuineacháin atá lonnaithe i leabharlanna agus Pointí Eolais do Chuairteoirí eile laistigh den chontae. Reáchtáladh an oiliúint sin trí sheimineár gréasáin inar tugadh forléargas do rannpháirtithe ar na nithe is díol spéise do thurasóirí i Muineachán, rud a chinntigh go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun eolas agus comhairle a thabhairt do chuairteoirí faoi rudaí atá le feiceáil agus le déanamh sa chontae.

Ionad Patrick Kavanagh

Uimhreacha 2025

Chuireamar fáilte roimh 4,255 cuairteoir chuig an ionad le haghaidh taispeántas agus imeachtaí.

An fhoireann a fhás

I mí Iúil bhí an-áthas orainn Shaun O'Byrne a dheimhniú mar ár gComhordaitheoir Eispéireas Cuairteoirí, ról nua d'Ionad Patrick Kavanagh chun tacú le forbairt an ionaid agus Inis Caoin mar áit a mbíonn an-tóir ag turasóirí uirthi.

Féile Tráthnóna i mí Iúil

Mar a tharla in 2024, thacaigh Ionad Kavanagh le Féile Tráthnóna Inis Caoin i mí Iúil, a bhíonn á reáchtáil ag an bpobal. Chomh maith le tacaíocht mhargaíochta agus léiriúcháin a chur ar fáil, chláraíomar taispeántas de shaothar nua le John Price agus d'óstálarar imeacht leis an taibheoir Phelim Drew san ionad.



Deireadh Seachtaine Patrick Kavanagh

Agus í ag dul chun cinn go maith ó atosáíodh í in 2023, chuir an fhéile lena rannpháirtíocht leis an bpobal filíochta agus ealaíne. Bhí an fócas téamach ar ealaín a dhéanamh le linn tréimhsí deacra cumhachtach agus cuireadh in iúl é i spreagaitheasc iontach ó cheann dár n-ealaíontóirí ag a bhfuil an taithí is mó, Declan Gorman.

I measc na ngnéithe nua den fhéile, tugadh isteach snáithe ealaíontóra chónaithigh leis an amhránaí is scríbhneoir Dani Larkin, agus tugadh isteach comhpháirtí ionaid, Brehon Brewhouse, freisin.

D'fhoilsíomar an dara leabhar filíochta agus chruthaíomar líne táirge nua de chártaí beannachta bunaithe ar thaispeántas Geraldine Martins 'A Hole in Heavens Gable'.



Mar chuid den chlár bhí léirithe ó Michael Gallen agus Cormac Begley i measc daoine eile, mórshiúl bliantúil an tsolais le Armagh Rhymers, cainteanna, ceardlanna agus léirithe scannán.



Chruthaíomar comhthaobhacht nua branda agus margaíochta chomh maith le leathanach tiomnaithe tuirlingthe féile ar shuíomh Gréasáin PKC i sampla eile de ghairmiúlú na féile.

Bhí an lucht féachana don fhéile mórán mar an gcéanna leis an mbliain roimhe sin (c. 1,200) agus chuireamar feabhas ar ár maoiniú ón gComhairle Ealaíon ó €5K go €6K.

Ar deireadh, tá sé mar aidhm againn leibhéil níos airde maoinithe a fháil ón gComhairle Ealaíon chun tacú le haidhmeanna na féile agus leis an bhfás.

Eternal Lanes of Joy & Taking Flight

Chraol Raidió RTÉ dhá léiriúchán a raibh baint ag Ionad Kavanagh leo. Scríobh agus stiúir an scannánóir Pat Collins, a bhuaigh duaiseanna, an chéad dráma raidió, dar teideal *'Eternal Lanes of Joy'*, agus bhí Mikel Murfi, Rosaleen Linehan agus Charlene McKenna agus daoine eile ann. Baineann an dráma a bhfuil an-tóir air le siúlóid cháiliúil Patrick Kavanagh ó Inis Caoin go Baile Átha Cliath i ngeimhreadh 1931, chun bualadh leis an bhfoilsitheoir AE Russell. Thug Mick Heaney, a scríobh don Irish Times, mion-sárshaothar air. Choimisiúnaigh Ionad Kavanagh céim thaighde agus forbartha na hoibre.

Craoladh an dara sraith d'aistí Taking Flight in earrach na bliana 2025 agus bhí saothar nua ó Annemarie Ní Churreáin agus Scott McKendry i measc ealaíontóirí eile ann. Rinne Ionad Kavanagh é sin a choimisiúnú agus a léiriú le tacaíocht ó Mhuineachán Ildánach.



Imeachtaí eile

Le linn na bliana, d'óstáil Ionad Patrick Kavanagh imeachtaí lena n-áirítear taispeáint scannáin "Tionscadal Leanaí", an cheolchoirm thraidisiúnta *'No Earthly Estate'* agus taibhiú Oíche Cultúir le Tiarnan O'Duinnchinn agus Sean McElwaine.

Grúpa Fiontar agus Forbartha Inis Caoin

I mí na Nollag, d'óstáil an t-ionad cur i láthair agus nochtadh plaic, ag ceiliúradh an mhéid atá déanta ag iarchomhaltaí Ghrúpa Forbartha Fiontar Inis Caoin. Gan a n-iarrachtaí agus a bhfís ní bheadh Ionad Kavanagh ann.



Ceardlanna Armagh Rhymers

Mar chuid den ullmhúchán do Dheireadh Seachtaine Kavanagh, chuir Armagh Rhymers sraith de cheardlanna taibhithe agus ceardaíochta ar fáil ar fud scoileanna agus grúpaí i Muineachán agus in Ard Mhacha. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar na leibhéil rannpháirtíochta i mórshiúl bliantúil an tsolais agus tháinig méadú ar an éagsúlacht freisin.



Oifig Fiontair Áitiúil

Réamhrá

In 2025, lean Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Mhuineacháin, i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann, de bheith i gceannas ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe ar fud an chontae. Trí thacaíocht spriocdhírthe a thabhairt do mhicrifhiontair agus trí chultúr ar son an fhiontair a chur chun cinn laistigh d'Údaráis Áitiúla, bhí OFÁ Mhuineacháin fós ina phríomhspreagadh do chruthú post áitiúil, d'fhás gnó agus d'athléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach.

I measc phríomhfheidhmeanna OFÁ Mhuineacháin tá:

- Tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus micreaghnlachtaí trí chomhairle, oiliúint, meantóireacht agus cúnamh airgeadais.
- Fiontraíocht a chur chun cinn ar fud an chontae.
- Gníomhaíochtaí geilleagracha a sheachadadh faoin bPlean Forbartha Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil, agus faoin bPlean Forbartha Contae.
- Spriocanna inbhuanaitheachta a chur chun cinn trí thionscnaimh amhail an tsraith Go Green.



Tacú le Gnólachtaí Nuathionscanta

Tacaíochtaí Airgeadais & Cruthú Post

In 2025, d'fhormheas OFÁ Mhuineacháin €798,230 i ndeontais agus i dtacaíochtaí do 92 fiontar áitiúil. Áiríodh ar na tacaíochtaí sin deontais Bheart 1 – amhail GradStart, Market Explorer, Indéantacht, Prapáil, agus Leathnú Gnó – chomh maith le tacaíochtaí Bheart 2 atá dírithe ar athléimneacht agus iomaíochas a neartú trí tháirgiúlacht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú.

Ceaduithe Deontais 2025

Scéim	Deontais	Gealltanais 2025
Beart 1	26	€475,624
Digiteach	14	€32,000
Fuinneamh	25	€223,000
Lean	8	€37,638
Glas	19	€29,968
	92	€798,230

Chuir na deontais seo ar a gcumas do chuideachtaí tabhairt faoi staidéir indéantachta d'fhorbairt táirgí agus margaí nua, fiontair nua a thosú trí dheontais phrapála agus chabhraigh siad chun gnólachtaí seanbhunaithe a scálú trí Dheontais um Leathnú Gnó.



LEO Monaghan 2025 Highlights

Taifeadadh 166 post nua sa Suirbhé Bliantúil Fostaíochta, a rinneadh thar ceann Fhiontraíocht Éireann, a chruthaigh gnólachtaí a fuair tacaíocht ó OFÁ in 2025, ar glanghnóthachan 90 post é.



Rangaíodh Muineachán sa 9ú háit go náisiúnta le haghaidh glanghnóthachain fostaíochta, rud a léiríonn an séú bliain as a chéile d'fhás.

Oiliúint

Le linn 2025, chuir an rannóg tacaíocht agus seirbhísí feabhsaithe ar fáil a dearadh chun fás gnólachtaí nuathionscanta nua a chur chun cinn agus gnólachtaí atá ann cheana a neartú agus béim á leagan ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus digitíú.

Ghlac 989 rannpháirtí san iomlán, ina bhfuil úinéirí gnó, fiontraithe, agus daoine aonair atá ag iarraidh gnólacht a thosú nó a fhás, páirt i gclár oiliúna OFÁ Mhuineacháin.

Ina measc sin bhí sainchúrsaí “Tosaigh Do Ghnó Féin”, chomh maith le ceardlanna in Airgeadas, Margaíocht Dhigiteach, agus réimsí saincheaptha eile.

Meantóireacht

Meitseálann an Clár Meantóireachta eolas, scileanna, léargais, agus cumas fiontraíochta cleachtóirí a bhfuil taithí acu le húinéirí / bainisteoirí gnólachtaí beaga óna dteastaíonn comhairle agus treoir rúnda phraiticiúil agus straitéiseach.

Tá tacaíocht mheantóireachta duine le duine ar fáil do chuideachtaí seanbhunaithe agus i roinnt cásanna do ghnólachtaí nuathionscanta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhainistíochta ar leith.

In 2025, cuireadh seisiúin mheantóireachta ar fáil do 336 cliant ag clúdach téamaí cosúil le TF, AD, Díolacháin, agus Margaíocht.

Lean for Business



I gcomhréir le colún straitéiseach ‘Iomaíochas’ OFÁ Mhuineacháin, tacaíonn an clár LEAN For Business le prionsabail LEAN a chur chun feidhme chun coigilteas a bhaint amach agus cumas oibríochtúil a fhorbairt.

In 2025, seachadadh ocht dtionscadal le tiomantais €37,638.

Tacaíochtaí Digiteacha

Chun cuidiú le gnólachtaí beaga buntáiste iomaíoch a uasmhéadú tríd an digitíú, shann OFÁ Mhuineacháin tacaíocht chomhairleach do 11 fhiontar áitiúla in 2025. Chuir moltaí ó shainchomhairleoirí ar chumas cuideachtaí rannpháirteacha iarratais a ullmhú le haghaidh bogearraí nua faoin dearbhán um Fhás Digiteach.



Cuirtear deontas ar fáil leis an dearbhán a chlúdaíonn 50% de na costais incháilithe, suas le €5,000, chun tacú le réitigh ríomhthráchtála, córais bainistíochta caidrimh le custaiméirí (CRM), bogearraí cuntasáíochta, agus oiliúint ghaolmhar.



Clár Get Exporting

Díríonn an beartas Rialtais seo ar an líon onnmhaiseoirí céaduaire a mhéadú faoi 2000 cuideachta faoin mbliain 2030.



Rinneadh ionadaíocht láidir ar ghnólachtaí Mhuineacháin i dtreoirthionscadal 2025 Get Exporting. Ghlac seacht gcuideachta áitiúla páirt i gclinicí measúnaithe ullmhachta easpórtála le meantóirí de chuid Fhiontraíocht Éireann: chuaigh cúig cinn acu ar aghaidh chuig Céim 2 chun pleananna forbartha onnmhairiúcháin saincheaptha a fhorbairt.

In 2025, thacaigh OFÁ Mhuineacháin freisin le sé cuideachta a dtáirgí a thaispeáint ag imeachtaí trádála idirnáisiúnta trí Dheontas Fiosraithe Margaidh a seoladh le déanaí.

Fiontraíocht a Chur Chun Cinn

Dámhachtainí Fiontair Áitiúil agus Náisiúnta

Mheall Seachtain Fiontair Áitiúil 2025 breis agus 250 rannpháirtí, ag ceiliúradh nuálaíochta agus fiontraíocht inbhuanaithe ar fud an chontae.



Eagraíodh réimse imeachtaí chun léiriú a thabhairt ar na roghanna atá ar fáil d'fhiontraithe chun a bhfiontair a fhorbairt trí dhigitiú méadaithe agus trína lorg carbóin a laghdú trí thionscnaimh ghlasa a ghlacadh.



Chríochnaigh an tseachtain leis na gradaim fiontair áitiúla a bhí urraithe ag Mullan Lighting.

Rinne na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais ionadaíocht ar réimse leathan earnálacha – lena n-áirítear monaraíocht, innealtóireacht, fuinneamh in-athnuaite, bia, fáilteachas agus teicneolaíocht – agus léirigh siad fairsinge fiontraíochta Mhuineacháin.



Ba é an buaiteoir a roghnaigh painéal neamhspleách ná SPRYT, comhlacht sláinte digité atá lonnaithe i

mbaile Mhuineacháin, agus i mí na Bealtaine ba é an chéad fhiontar as Muineachán é a bhuaigh Fiontraíocht Náisiúnta na Bliana.

Dámhachtainí Fiontair Scoláirí 2025



Reáchtáladh Dámhachtainí Fiontair Scoláirí Mhuineacháin 2025 i mí Feabhra. I mbliana, ghlac níos mó ná 595 scoláire ó 11 scoil áitiúla páirt sa chlár go háitiúil.



Maoinithe ag Rialtas na hÉireann trí Fhiontraíocht Éireann agus curtha ar fáil ag an 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fud na tíre, tacaíonn an clár le scoláirí a ngnólachtaí féin a chruthú, a dhearadh agus a mhargú, agus é mar aidhm aige na Cluichí Ceannais Náisiúnta a bhaint amach.



Coláiste Learga, Buaiteoir na Catagóire Sinsearaí 2025



Meánscoil Mhuire, Buaiteoir Idirmheánach 2025

Cócaire Óg na Bliana san Idirbhliain Mhuineacháin



Bhí Comórtas “Cócaire Óg na Bliana san Idirbhliain” Mhuineacháin ar siúl in Institiúid Mhuineacháin i mí Feabhra freisin. Rinne OFÁ Mhuineacháin urraíocht ar Naprúin do na scoláirí rannpháirteacha. Rinne Coláiste Ard Feá ionadaíocht ar Mhuineachán ag an ócáid a reáchtáladh in Institiúid Teicneolaíochta an Chabháin i mí an Mhárta.

Lá Náisiúnta Fiontair na mBan

Bhí Lá Náisiúnta Fiontair na mBan (NWED), an t-imeacht is mó in Éirinn atá tiomnaithe d’fhiontraíocht na mban, ar siúl an 16 Deireadh Fómhair 2025.

D’óstáil OFÁ Mhuineacháin imeacht ina raibh an príomhchainteoir Laura Dowling, abhcóide do shláinte na mban, i láthair. D’óstáil Gráinne McElwain comhráite le ceannairí mná spreagúla, lena n-áirítear Ambasadóir NWED Tara Gartlan, bunaitheoir Tara Gartlan Chocolate a bhuaigh ilghradam.

Leanann Lónra na mBan i nGnó Mhuineacháin de bheith ag bualadh le chéile go míosúil.



An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Rinne Bia Cultures, gnólacht bia atá lonnaithe i Mhuineachán agus a bhunaigh Rory Gartlan agus Laura Pusceddu, ionadaíocht

bhródúil ar Oifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin ag Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2025, a reáchtáladh ón 17 go dtí an 19 Meán Fómhair. Agus é ag glacadh páirt sa Sráidbhaile Fiontair Áitiúil, léirigh an gnólacht a raon bianna coipthe amha, neamhphaisteartha a dhéantar as glasraí séasúracha na hÉireann.

Gníomhaíochtaí Fiontar a Sheachadadh

Cuirtear creat straitéiseach ar fáil sa Phlean Forbartha Fiontair Áitiúil do OFÁ Mhuineacháin chun tacú le fiontraíocht, le fás fiontraíochta, le heaspórtáil agus le cruthú post ar fud Chontae Mhuineacháin.

I gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach, díreann sa Phlean ar iomaíochas, táirgiúlacht agus athléimneacht micrifhiontar agus fiontar beag a neartú agus an claochlú digiteach agus an gníomhú ar son na haeráide á gcur chun cinn ag an am céanna. Tugann sé tús áite do thacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, ullmhacht easpórtála, nuálaíocht, agus cur chuige láidir áitbhunaithe maidir le forbairt fiontar.

Trí mheantóireacht, oiliúint, forbairt bainistíochta, tionscnaimh dhigiteacha agus inbhuanaitheachta spriocdhírith, thacaigh OFÁ Mhuineacháin le gnólachtaí ag gach céim de shaolré an fhiontair agus chuir sé le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus le pobail bhríomhara ar fud an chontae.

Le linn na bliana tugadh faoi na tionscnaimh seo a leanas chun tacú le freagrachtaí OFÁ Mhuineacháin faoin bPlean Forbartha Contae agus faoin bPlean Forbartha Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

Oiliúint do Ghnólachtaí Nuathionscanta Turasóireachta



D’fhorbair OFÁ Mhuineacháin, i gcomhar le Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin, an ‘Clár do Ghnólachtaí Nuathionscanta Turasóireachta’ do dhaoine aonair a bhfuil coincheap le haghaidh gnó acu a bhaineann leis an turasóireacht nó dóibh siúd atá sna luathchéimeanna maidir le fiontar a bhunú.

Clár “Coincheap go Tráchtálaíocht” Seoladh an clár struchtúrtha seo in 2025 agus tacaíonn sé le fiontraíthe aonair agus le cuideachtaí luathchéime táirgí nua a fhorbairt agus iad a chur ar an margadh.

Laghdaítear leis an bhearna idir indéantacht tosaigh agus seoladh tráchtála, ag soláthar tuiscint chuimsitheach ar shaolré forbartha an táirge – ó ghiniúint smaointe go táirge réidh don mhargadh – agus cuimsítear leis meantóireacht thiomnaithe duine le duine le speisialtóir Forbartha Táirgí Nua (NPD) ag a bhfuil taithí.

Do Fhás Gnó a Mhaoiniú

I mí na Bealtaine, reáchtáil OFÁ Mhuineachán imeacht eolais inar leagadh amach raon leathan tacaíochtaí maoinithe chun cabhrú le gnólachtaí fás.

Cumhdaíodh i bhfaisnéisithe príomhchláir lena n-áirítear IP Start/IP Plus, lena dtairgtear €2,000–€35,000 le haghaidh cosaint maoinne intleachtúla; GradStart, ag soláthar suas le €30,000 chun céimithe a fhostú; agus maoiniú Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta, a thacaíonn le tionscadail nuálaíochta le deontais suas le 45% (uasteorann de €300,000).



Leagadh béim freisin ar thacaíochtaí náisiúnta agus trasteorann. Chuir an Roinn Leasa Shóisialaigh scéimeanna fostóirí ar nós Socrúchán Oibre agus JobsPlus i láthair, agus rinne Idir-Thrádál Éireann cur síos ar an gclár Acumen, a mhaoiníonn suas le €21,562 d'fhorbairt díolacháin, agus an Chonair Onnmhairithe Trádála, a thairgeann €5,000 maidir le straitéis onnmhairiúcháin a fhorbairt.

Neartaigh an ócáid éiceachóras na bhfiontar réigiúnach trí thacaíochtaí airgeadais spriocdhírthe a thaispeáint lena gcumasaítear fás inbhuanaithe gnó.

Clár Forbartha Bainistíochta Creatives Connect

Trí OFÁ Mhuineacháin, dearadh clár nua forbartha bainistíochta go sonrach d'earnáil áitiúil na cruthaitheachta.

Bhí clár cumaiscthe d'imeachtaí ar an láthair agus ar líne ar siúl ó mhí an Mhárta go mí na Nollag 2025 d'earnáil na cruthaitheachta, lena gcumhdaítear brandáil, treochtaí dearaidh, inbhuanaitheacht, díolacháin agus PR, treoir maoiniúcháin, acmhainní daonna agus bainistiú airgeadais, mar aon le cuairteanna staidéir ar stiúideonna de chuid Creative Spark agus stiúideonna cruthaitheachta áitiúla.

Scéim an Liúntais Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Le linn na bliana, d'oibrigh OFÁ Mhuineacháin go dlúth le gníomhaireachtaí – ar nós Fhorbairt Chomhtháite Mhuineacháin chun seisiúin faisnéise a chur ar fáil maidir le Scéim an Liúntais Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair.

Faoin scéim seo, is féidir le daoine atá ar leas sóisialach a bheith féinfhostaithe agus cuid dá n-íocaíocht a choinneáil (100% i mbliain 1, 75% i mbliain 2).

Foireann an Bhaile

Leanann OFÁ Mhuineacháin ag obair leis na foirne baile éagsúla chun tacú le fiontar a fhorbairt agus athnuachan uirbeach a chur i bhfeidhm.

Oiliúint maidir le Roghanna Gnó Feirme

Tríd an gclár oiliúna Roghanna, a chuirtear ar fáil i gcomhar le hOifigí Fiontar Áitiúla, cuirtear ar chumas feirmeoirí agus teaghlach feirme deiseanna nua gnó a éagsúlú agus a fhiosrú. Reáchtáladh an chéad imeacht i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis i mí na Samhna agus tá sé deartha dóibh siúd atá ag iarraidh ioncam feirme a fheabhsú nó treo a athrú go fiontar nua amhail fuinneamh in-athnuaite, táirgeadh bia ceardaí, feirmeoireacht orgánach, agus turasóireacht tuaithe.

Cuireann an clár treoir phraiticiúil ar fáil maidir le pleanáil gnó, nascann sé rannpháirtithe le meantóirí, agus nascann sé iad le gníomhaireachtaí ar féidir leo tacaíocht leanúnach a chur ar fáil.

Ciste Nuálaíochta na Réigiún Cliste

I mí Mheán Fómhair 2025, trí OFÁ Mhuineacháin, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú chun staidéar indéantachta a dhéanamh ar na hardearnálacha monaraíochta agus innealtóireachta.



Is é an cuspóir atá ann tacaíochtaí agus idirghabhálacha straitéiseacha a shainaithint ar féidir iad a chur chun feidhme trí Chiste na Réigiún Cliste chun nuálaíocht, iomaíocht agus fás inbhuanaithe a spreagadh laistigh den réigiún. Ceapadh sainchomhairleoirí chun tabhairt faoin staidéar seo.

An Inbhuanaitheacht a Chur Chun Cinn



Le fócas leanúnach ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht, tá OFÁ Mhuineacháin chun tosaigh maidir le straitéisí oiriúnaithe a fhorbairt agus feasacht a chothú i measc gnólachtaí áitiúla i Muineachán le linn na bliana.

An Bhraisle ESG (Rialachas Sóisialta Comhshaoil)

Tríd an gclár seo cuireadh “ESGo” ar fáil do ghnólachtaí áitiúla, uirlis dhigiteach éasca le húsáid a chuidíonn leo a n-aistear Comhshaoil, Sóisialta & Rialachais (ESG) freagrach a rianú agus a bhainistiú.

Ainmníodh an clár seo do Ghradam Chambers Ireland faoin gcatagóir Tionscadal Braisle ESG. Léiríonn an t-aitheantas sin na hiarrachtaí láidre comhoibríocha atá á ndéanamh ar fud ranna agus chomhpháirtithe na Comhairle chun tionscnaimh inbhuanaitheachta a chur chun cinn atá ag teacht le tosaíochtaí forbartha réigiúnaí agus le pleananna náisiúnta gníomhaíochta ar son na haeráide.

Feirmeoireacht le haghaidh Todhchaí Níos Fearr

Mar chuid den tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide, chuaigh Oifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin i gcomhpháirtíocht le “Climate Action” chun “Feirmeoireacht le haghaidh Todhchaí Níos Fearr” a óstáil i mí Dheireadh Fómhair.

Thug an ócáid lucht féachana mór le chéile agus bhí cainteoirí saineolacha ó CREDIT Technology Gateway, a léirigh réitigh nuálacha amhail fuinneamh gaoithe ar an bhfeirm, teicneolaíochtaí cliste beostoic, agus deiseanna maidir le dramhaíl go fuinneamh.



Go Green – Deontais do FB Manna

Le linn na Seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide, thug OFÁ Mhuineacháin, i gcomhar le SSE Airtricity, faisnéisiú ar na tacaíochtaí airgeadais atá ar fáil d’fhiontair ar a n-aistear inbhuanaitheachta.

In 2025, bhain 18 gcuideachta leas as an tacaíocht chomhairleachta Glas do Ghnó, ar féidir léi gníomhú mar bhealach chun tuilleadh deontais inbhuanaitheachta a fháil.

Tacaíonn an Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh le hinfheistiú i dtionscadail inbhuanaitheachta fiontair, ag soláthar suas le 75% de na costais incháilithe (go huasmhéid €10,000) tar éis sannadh Glas do Ghnó, tionscadal Tús Glas, nó Iniúchadh Fuinnimh SEAI a chur i gcrích.

In 2025, fuair 25 gnólacht an deontas chun feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme.

Córais Faisnéise

Tá Rannóg na gCóras Faisnéise (IS) freagrach as seirbhísí TFC, cibearshlándáil, claochlú digiteach agus córais faisnéise geografaí laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin. Soláthraímid bonneagar, córais agus réitigh dhigiteacha atá slán, nua-aimseartha agus athléimneach chun seirbhís éifeachtach a chur ar fáil ar fud na heagraíochta agus don phobal.

Le linn 2025, lean an Rannóg den chlaochlú digiteach a chur chun cinn, den chibear-athléimneacht a neartú, d'ardáin seachadta seirbhísí a fheabhsú agus de thacaíocht a thabhairt do mhórhionscnaimh chorparáideacha agus thras-rannacha.

Feidhmchláir agus Claochlú Digiteach

Lean an tAonad Feidhmchlár agus Claochlú Digiteach de phróisis inmheánacha a nuachóiriú agus de sholáthar seirbhísí ar líne a leathnú i gcomhréir leis na spriocanna náisiúnta go mbeadh 90% de sheirbhísí na n-údarás áitiúil ar fáil ar líne faoi 2030.

Uasghráduithe ar an gCóras

Rinneadh uasghrádú ar roinnt croíchóras le linn 2025 chun slándáil, éifeachtúlacht agus comhlíonadh leanúnach a chinntiú:

- iHouse – Uasghráduithe córais curtha i bhfeidhm
- iReg – Uasghráduithe curtha i bhfeidhm
- Córas T&S – Uasghráduithe curtha i gcrích
- LiveTiles – Leathanach Inlín feabhsaithe forbartha do Chomhaltaí Tofa (“Tairseach na gComhairleoirí”)
- Laserfiche – Uasghrádú Chéim 1 curtha i gcrích, in éineacht le hathruithe freastalaí (Céim 2) chun feidhmíocht agus athléimneacht a fheabhsú

Cinntítear leis na huasghráduithe sin feidhmíocht fheabhsaithe an chórais, seasamh slándála neartaithe agus eispéireas feabhsaithe úsáideora ar fud na rannóg.

Páipéar Ceannteidil Digiteach

Cuireadh Páipéar Ceannteidil Digiteach i bhfeidhm go rathúil ar fud na heagraíochta. Leis an tionscnamh seo, rinneadh caighdeánú ar chomhfhreagras oifigiúil, laghdáíodh an spleáchas ar theimpléid láimhe agus cuireadh feabhas ar chomhsheasmhacht brandála corparáidí. Cuireann sé freisin le spriocanna inbhuanaitheachta trí phriontáil neamhriachtanach a laghdú.

Foirmeacha Laserfiche agus Uathobriú Próisis

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le próisis inmheánacha agus próisis os comhair an phobail a uathobriú.

Le linn 2025:

- Cruthaíodh **110 próiseas poiblí agus inmheánach nua** ag baint úsáid as Foirmeacha Laserfiche.

I measc na bpríomhfhorbairtí bhí:

Tithíocht

- Próiseas na Scéime Tithíochta Inacmhainne
- Cigireachtaí ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos – Foirmeacha cigireachta cuíchóirithe
- Giniúint uathobríoch litreacha le haghaidh Cigireachtaí ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos
- Orduithe Feidhmiúcháin – próisis dhigiteacha chaighdeánaithe

Acmhainní Daonna

- Digitiú ar ocht bhFoirm Iarratais atá oiriúnach do Theaghlaigh
- Foirmeacha Taistil agus Oiliúna cuíchóirithe agus uathobrithe

Pleanáil

- Feabhsuithe ar an bpróiseas Forbartha Díolmhaithe
- Deaiseanna an Chláir Phoiblí

Comhshaoil agus Pobal

- Scéim Ciste Forbartha Pobail
- Scéim an Chiste Seirbhísí Comhshaoil
- An Ciste Comhshaoil, Bitheagsúlachta agus Geilleagair Chiorclaigh
- Foirmeacha digiteacha agus próisis dhigiteacha TCI
- Rannpháirtíocht Phoiblí – Aighneachtaí maidir le hUiscí Snámha a shainaithint

Na hEalaíona agus Turasóireacht

- Deontas Comhpháirtíochta Ealaíon & An Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí
- Foirmeacha iarratais ar mhaoiniú turasóireachta

Scoláireachtaí Gaeltachta

- Rinneadh 116 aighneacht a phróiseáil ó dheireadh mhí Eanáir ar aghaidh tríd an ardán digitithe.

Leis na tionscnaimh sin, laghdáíodh riarachán de láimh, feabhsaíodh agaí próiseála agus feabhsaíodh trédhearcacht d'iaratasóirí.

Comhairliúcháin Phoiblí ar Líne

Lean an Chomhairle d'úsáid a bhaint as ardán comhairliúcháin néalbhunaithe chun comhairliúcháin agus suirbhéanna ar líne a bhainistiú. Cuireadh dhá thráinse d'oiliúint foirne bunaithe ar Teams ar fáil chun comhsheasmhacht a chinntiú sa chur chuige ar fud na rannóg.

Leanadh den rannpháirtíocht leis an díoltóir ardán i ndáil le mol oiliúna nua, rud a chuirfidh ar chumas na foirne deimhniú a fháil agus dea-chleachtas a leabú tuilleadh i bpróisis comhairliúcháin phoiblí ó 2026 ar aghaidh.

Ardán MyCoCo

Leanann MyCoCo de bheith ag forbairt mar ardán seirbhíse comhroinnte inscálaithe do sholáthar seirbhíse ar líne na n-údarás áitiúil. Le linn 2025, d'oibrigh an fhoireann le páirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar na sreafaí oibre a bhí ann cheana, lena n-áirítear feabhsuithe próiseas do Rannóg na mBóithre.

Tá MyCoCo fós ina chumasóir criticiúil don chlaochlú digiteach ar fud an rialtais áitiúil.

Oibríochtaí agus Bonneagar

Bainistíonn an Fhoireann Oibríochtaí agus Bonneagair córais TFC agus seirbhísí líonra thar níos mó ná 35 láthair ar fud an chontae.

Tacaíocht Theicniúil

Lean an Fhoireann Tacaíochta Teicniúla ag cur seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis agus 400 ball foirne agus comhalta tofa.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do níos mó ná 500 ríomhaire glúine agus ríomhaire deisce, bainistíonn an fhoireann fóin phóca agus táibléid, agus breis agus 100 uasghrádú agus nasc nua curtha i gcrích le linn 2025.

Staitisticí Glaonna

Bliain	Na Glao nna lomlá na	Meánghl aonna in aghaidh na Míosa	Meánghl aonna in aghaidh an Lae	Réitithe laistigh de 24 Uair an Chloig
2025	7,957	663	32	87.40%
2024	7,562	630	29	88%
2023	5,488	457	22	68%
2022	4,417	368	18	49%
2021	5,892	491	23	57%

Léiríonn an ráta ard leanúnach réitigh laistigh de 24 uair an chloig tiomantas na foirne do sholáthar seirbhíse freagrúil in inneoin éileamh méadaitheach.

Réiteach Priontála Bainistithe

Cuireadh Réiteach Priontála Bainistithe nua i bhfeidhm:

- ascnaíodh 35 printéir
- díchoimisiúnaíodh 9 bprintéir
- Tugadh srianta priontála daite agus déthaobhaí isteach

Cumasaíonn an réiteach anailísíocht mhionsonraithe priontála, cuireann sé cuntasacht chun cinn agus cuireann sé le coigilteas costais agus le cuspóirí laghdaithe carbóin.

Uasghrádú Windows 11

I gcomhar leis an bhFoireann Cibearshlándála, rinneadh breis agus 400 gaireas a uasghrádú go Windows 11 sular shroich Windows 10 deireadh na tacaíochta, rud a neartaigh bonnlíne slándála na Comhairle.

Uasghráduithe ar Sheomraí Cruinnithe

Suiteáladh córas comhdhála caighdeánaithe i 13 sheomra cruinnithe. Cinntítear leis sin eispéireas comhsheasmhach úsáideoirí, éascaíocht úsáide agus cumas cruinnithe hibrideach feabhsaithe ar fud fhoirgnimh na Comhairle.

Córais Leabharlainne

- Rinneadh 72 ríomhaire pearsanta poiblí agus ríomhaire glúine a uasghrádú ó bhogearraí áirithinte ar an láthair go réiteach néalbhunaithe
- Cuireadh slándáil néalbhunaithe agus bainistiú nuashonraithe i bhfeidhm ar fud gach gléis leabharlainne

Athléimneacht Stoirme agus Éigeandála

Chun ullmhacht éigeandála a fheabhsú:

- Suiteáladh córais idirlín satailíte i ngach ceann de na trí Cheantar Bhardasacha
- Soláthraíodh aonaid mhóibíleacha le haghaidh imlonnú éigeandála

Soláthraíonn na córais sin athléimneacht le linn drochaimsire nó éarthaí líonra.

TCI

Seoladh córas TCI Bhaile Mhuineacháin in 2025. Éascaíonn an Fhoireann Tacaíochta Teicniúla iarratais cheadaithe féachana agus íoslódála ón nGarda Síochána.

Cibearshlándáil

Is tosaíocht straitéiseach í an chibearshlándáil i gcónaí. Le linn 2025, neartaigh an Chomhairle rialachas, bainistiú riosca agus rialuithe teicniúla.

Rialachas agus Ullmhacht Teagmhas

- Rinneadh cleachtadh bogearraí éirice boird leis an gCoiste Slándála Faisnéise / leis an bhFoireann Freagartha ar Theagmhais Chorporáideacha
- Soiléiríodh ról agus freagrachtaí faoin bPlean Freagartha ar Theagmhais
- Rinneadh maoirseacht ghníomhach leanúnach tríd an gCoiste Stiúrtha um Shlándáil Faisnéise

Bainistíocht Paistí agus Leochaileachta

- Rinneadh feabhsúchán leanúnach ar leochaileachtaí a sainaithníodh i mbréagionsaí tástála agus athbhreithniú ar an bhfreastalaí
- Rinneadh gach críochphointe a uasghrádú go Windows 11
- Rinneadh athbhreithniú saineolach ar an néalstruchtúr

Feabhsuithe ar Chosaint Ríomhphost

Tugadh isteach sraith scagtha ríomhphost bhreise, ag cinntiú go ndéantar ríomhphost inmheánacha a scanadh ar an gcaighdeán céanna le teachtaireachtaí seachtracha.

Bainistíocht Riosca

Cuireadh tairseach riosca nua chun feidhme chun rioscaí slándála faisnéise ardtosaíochta a shainaithint agus a rianú lena gcur san áireamh sa Chlár Riosca Corporáideach.

Intleacht Shaorga Fhreagrach

Tugadh isteach uirlis IS fhormheasta, le tacaíocht ó **Bheartas nua maidir le hÚsáid Inghlactha IS** chun úsáid eiticiúil, shlán agus fhreagrach teicneolaíochtaí IS a chinntiú.

Feasacht agus Oiliúint

- Ionsamlhúcháin fioscaireachta agus oiliúint mhíosúil
 - Ailt rialta ar shlándáil i Nuachtlitir na Foirne
 - Clár ceithre sheachtaine do Mhí Feasachta na Cibearshlándála
 - Soláthraíodh cibirsheisiún saincheaptha do cheardaithe tithíochta
 - Tugadh uirlis chomhlíontachta nua isteach chun feabhas a chur ar rátaí críochnaithe oiliúna agus admhála beartais
- Leis na tionscnaimh sin, leantar den chultúr slándála a neartú ar fud na heagraíochta.

An Plean Náisiúnta maidir le Leathanbhanda

agus Forbairt Dhigiteach

Lean an tOifigeach Leathanbhanda de bheith i dteagmháil leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta maidir le rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

- Cuireadh tús le huasghrádú trealamh leathanbhanda agus Wi-Fi ar fud 17 bPointe Nasctha Leathanbhanda (BCPanna) in 2025 agus cuirfear i gcrích é go luath in 2026.
- Ós rud é go bhfuil an chéim tógála gar do bheith curtha i gcrích (a bhfuil coinne léi i lár shamhradh 2026), tá an fócas aistrithe chuig áitribh thuaithe nuathógtha.
- Sainaithníodh dúshláin leathanbhanda atá ag teacht chun cinn i gceantair uirbeacha, rud a éilíonn tionscnaimh bheartais agus bhonneagair amach anseo.

Forbairt STEM agus VEX Robotics

Leanann Comhairle Contae Mhuineacháin ag tacú le hoideachas STEM.

I mí na Bealtaine 2025, bhí an t-imeacht VEX Robotics ba mhó riamh ann san Oirthuaisceart ag Ceanncheathrú Domhanda Combilift i Muineachán:


- Imeacht dhá lá
 - Rannpháirtithe ó Mhuineachán, ón gCabhán, ó Lú, ón Mhí agus ó Dhún na nGall
- Bhí níos mó ná 300 scoláire agus múinteoir rannpháirteach

Bhí bunscoileanna san iomaíocht in VEX IQ, agus ghlac meánscoileanna agus grúpaí Ógtheagmhála páirt i gcomórtais VEX V5.

Ba í Scoil Náisiúnta Eanaigh Gheala an chéad scoil i Muineachán a ghlac páirt in Microsoft Dreamspace agus bronnadh dhá ghradam ar an scoil.

GIS & Nuálaíocht Sonraí i gcás Crua-aimsire


Bhí Aip Teagmhais Bhóthair CCM agus deiseanna GIS gaolmhara rithabhachtach le linn Stoirm Éowyn, Stoirm Darragh agus Stoirm Amy.



- Taifeadadh 139 teagmhas bóthair
- Tuairiscíodh gur leagadh 443 crann

Glacadh Plean Forbartha Contae Mhuineacháin
2025-2031 an 26 Bealtaine 2025.

- Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuitle
- Straitéis daonra agus tithíochta
- Bearta cosanta comhshaoil
- Pleanáil bonneagair agus iompair
- Ordlaithas lonnaithe agus tosaíochtaí athghiniúna



Clár Comhshaoil Droim ar Ais

Faoi Fhógraí Alt 18, bailíodh sonraí bailithe dramhaíola ó bhailitheoirí údaraithe. Agus GIS á úsáid, forbraíodh clár droim ar ais chun teaghlaigh nach bhfuil seirbhísí gníomhacha bailithe dramhaíola acu a shainathint, rud a d'fhág go rabhthas in ann cigireachtaí spriocdhírthe a dhéanamh agus feabhas a chur ar mhaoirseacht rialála.

Seoladh Tairseach Sonraí Oscailte nua in 2025, lena soláthraítear an méid seo a leanas:

- Rochtain phoiblí ar thacair sonraí ardcháilíochta
- Tacaíocht don trédhearcacht agus don nuálaíocht
- Uirlisí cinnteoireachta fianaise-bhunaithe



Open Data refers to data that can be freely used, shared, and built upon by anyone for any purpose. At Monaghan County Council, we're proud to support this initiative as part of our commitment to transparency, economic and social innovation, supporting research, digital transformation and public engagement.

Open Data can be downloaded, reuse and redistribution to conduct research, develop web and mobile applications, design data visualisations and much more.



All data on this site is made available under the [Creative Commons Attribution \(CC-BY\)](#) licence. This licence allows the Monaghan County Council Open Data Portal content to be freely used and shared, provided proper credit is given to the source. Any alterations to the original data must be clearly indicated, as outlined in the licence terms. For full details, please see [Creative Commons Attribution 4.0](#). Monaghan County Council provides no warranty regarding the accuracy or completeness of the data published on this portal.

Feel free to peruse our data library by the following categories:



Is cloch mhíle shuntasach é sin in aistear na Comhairle maidir leis an gclaochlú digiteach.

Le linn 2025, lean Rannóg na gCóras Faisnéise de sholáthar seirbhísí digiteacha a neartú, athléimneacht cibearshlándála a fheabhsú, bonneagar a nuachóiriú agus tacú le tionscnaimh forbartha pobail.

Trí ardáin dhigiteacha shlána, bonneagar athléimneach, ardchumais GIS agus creataí láidre rialachais a chomhtháthú, cinntítear go mbeidh Comhairle Contae Mhuineacháin suite go maith chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo agus chun seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar do shaoránaigh, do ghnólaigh agus do chomhaltaí tofa.

Bóithre agus Iompar

Na Mórsceimeanna

Scéim Bóthair N2 - Cluain Tiobrad go Bóthar Teorann
Cuireadh tús leis an tionscadal in 2018. In 2021 sainithníodh Rogha Conaire Bealaigh 400m, agus cuireadh tús leis an bpróiseas maidir leis an gcéad chéim eile den dearadh (Céim 3; Dearadh & Meastóireacht Chomhshaoil). Ní bhfuair an togra aon mhaoiniú in 2022, agus cuireadh an obair dheartha go léir ar fionraí. Go luath in 2023 rinne Comhairle Contae Mhuineacháin iarratas ar mhaoiniú chun ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE), agus fuarthas maoiniú deontais €2,335,005 ón gciste SCE i mí Dheireadh Fómhair 2023. Meaitseálfadh an Roinn Iompair an maoiniú. Cuireadh obair dheartha agus na suirbhéanna comhshaoil ar bun arís ag deireadh 2023. Cuireadh tús le hoibreacha imscrúdaitheacha talún agus le suirbhéanna seandálaíochta i bhfómhar 2024 agus cuireadh i gcrích iad in 2025. Foilsíodh dearadh tosaigh an bhóthair i mí Aibreáin 2025, agus bhí cruinnithe le húinéirí talún agus imeachtaí eolais poiblí ar siúl in imeacht 4 mhí. Bhí roinnt athruithe dearaidh mar gheall ar aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, agus foilsíodh 'Dearadh Nuashonraithe' i mí na Samhna 2025, agus ina dhiaidh sin bhí babhta eile d'imeachtaí faisnéise poiblí chun rannpháirtíocht agus aiseolas a éascú d'úinéirí talún agus do mhuintir an phobail. Tá an dearadh le tabhairt chun críche faoi R2 2026, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann cás gnó a fhorbairt agus toiliú a iarraidh chun dul ar aghaidh go dtí céim 4 (Faomhadh Reachtúil) go luath in 2026.



Scéim Bóthair N2 ó Bhaile Átha Fhirdhia go Baile na Lorgan
Cuireadh maoiniú don tionscadal seo ar fionraí in 2023, agus ní dhearnadh aon obair dheartha ar an tionscadal sin in 2023, 2024 ná 2025. Iarradh maoiniú chun ligean don phróiseas maidir le Céim 3 Dearadh agus Meastóireacht Chomhshaoil tosú arís in 2026.



Bóithre Náisiúnta

Scéim Athailínithe Bóthair Thulaigh Bhriain ar an N54
Fuair CCM faomhadh ó Bhonneagar Iompair Éireann i mí Aibreáin 2025 chun tús a chur le fáil talún agus réadmhaoine. Ina dhiaidh sin, eisíodh litreacha maidir le Fógra Gnóthaíochta agus Fógra um Iontráil chuig gach úinéir talún a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu. Bhí plé fós ar siúl le húinéirí talún maidir le cúiteamh agus oibreacha cóiríochta le linn 2025. Ina theannta sin, rinneadh comhairleoirí nua a fháil agus a cheapadh i mí an Mheithimh chun dearadh mionsonraithe a thabhairt chun críche agus chun doiciméid tairisceana a ullmhú chun fáil conraitheora tógála a éascú.

Cuireadh Oibreacha Cumasúcháin i bhfoirm imscrúduithe seandálaíochta agus Oibreacha imscrúdaitheacha talún breise chun tairisceana in 2025, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an bpríomhthógáil i R4 2026.

N53 - Droichead Bhéal Átha na Cora

Fuair CCM faomhadh ó Bhonneagar Iompair Éireann i mí Aibreáin 2025 chun dul ar aghaidh chuig an bPróiseas Reachtúil agus chun ullmhú na ndoiciméad pleanála a chur chun cinn do dhlínsí Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon. Cuireadh suirbhéanna éiceolaíochta i gcrích chun tuarascálacha comhshaoil a thabhairt cothrom le dáta, toisc nach raibh na suirbhéanna roimhe seo bailí a thuilleadh. Cuireadh iarratais phleanála isteach i R4 2025.

Scéimeanna Sábháilteachta (Bóithre Náisiúnta)

Rinneadh dul chun cinn maidir le Pleanáil agus Dearadh Mionsonraithe roinnt scéimeanna le linn 2025, d'fhonn tús a chur le tógáil in 2026, lena n-áirítear na nithe seo a leanas-

- Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre Scairbh na gCaorach N2.
- Trasrianta Champas Síochána an Bhóthair Thuaidh N54.
- Scéim maolaithe tráchta Acomhal Bhaile Albanaigh N2.
- Acomhal Chaisleán an tSiáin N2.
- Acomhal Thulaigh Bhanrach N2.
- Áis Páirceála agus Taistil N2 ag Carraig Mhachaire Rois.



Leagan Amach Dearaidh maidir le Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre Scairbh na gCaorach N2

Raonta Rothaíochta ar an N2

Críochnaíodh Scéim Taistil Ghníomhaigh Scairbh na gCaorach N2 in 2025.

Cuireadh tús le hiarratas ar thoiliú pleanála Réamh-Chuid 8 don scéim Taistil Ghníomhaigh N2 Chorr Leacht go dtí an Scoil Choláisteach i R4 2025, agus táthar ag súil le tógáil i R3 2026. Cuireadh oibreacha fairsinge imscrúdaithe láithreáin i gcrích ag Timpeallán Chúil Seannach, chun sonraí a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin dearadh is fearr le haghaidh roinnt saoráidí taistil ghníomhaigh atá ag teacht le chéile ag an suíomh seo.



Saoráid Taistil Ghníomhaigh N2 Scairbh na gCaorach.

Athchóirithe Cosáin ar Bhóithre Náisiúnta

Caitheadh €3.3 milliún san iomlán ar an ngréasán bóithre náisiúnta a athchóiríú agus a chothabháil in 2025. Rinneadh obair athdhromchlaithre ar an N2 ón Maigh go Mullach Bhriain agus ar an N12 ó Lios Carnaí go Timpeallán Chúil Seannach. Rinneadh oibreacha athchóirithe cosáin ar chodanna scoite de na gréasáin bóithre náisiúnta freisin.

Glasbhealach Chanáil Uladh - Céim 2 (Muineachán-Teorainn TÉ)

Fuair CCM faomhadh ó Bhonneagar Iompair Éireann i mí Lúnasa 2025 chun tús a chur le fáil talún agus réadmhaoin. Ina dhiaidh sin, eisíodh litreacha maidir le Fógra Gnóthaíochta agus Fógra um Iontráil chuig gach úinéir talún a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu. Bhí plé fós ar siúl le húinéirí talún maidir le cúiteamh agus oibreacha cóiríochta le linn 2025. Ina theannta sin, rinneadh comhairleoirí nua a fháil agus a cheapadh i mí Lúnasa chun dearadh mionsonraithe a thabhairt chun críche agus chun doiciméid tairisceana a ullmhú chun fáil conraitheora tógála a éascú. Cuirfear tús le hoibreacha cumasúcháin i bhfoirm imscrúduithe seandálaíochta i R1 2026. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an bpríomhchonradh tógála i R2 2026.



Glasbhealach Chanáil Uladh - Céim 2 (Na Mullaí - Muineachán)

Cuireadh samhaltú tuilte i gcrích go luath in 2025. Sainaithníodh limistéir atá i mbaol tuilte agus rinneadh iniúchadh ar theicnící tógála malartacha agus cuireadh iad faoi bhráid Bhonneagar Iompair Éireann i R1 2025, agus rinneadh iad a fhaomhadh ina dhiaidh sin. Cuireadh comhairleoirí nua ar fáil chun dearadh mionsonraithe a chur i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear iarratas Chuid VIII isteach i R2 2026.

Glasbhealach Chanáil Uladh - Céim 3 (Na Mullaí - Cluain Eois)

Deimhníodh le samhaltú tuilte go bhfuil 4.1km den bhealach is fearr i mbaol tuilte. Ullmhaíodh teicnící tógála malartacha chun Glasbhealach atá athléimneach ó thaobh tuilte de a sholáthar agus cuireadh iad faoi bhráid Bhonneagar Iompair Éireann lena n-athbhreithniú in 2025.

Bóithre Neamhnáisiúnta

Leithdháil an Roinn Iompair €18,008,350 faoi na Scéimeanna Deontais Bóithre Neamhnáisiúnta éagsúla in 2025.

Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe

Chuir an Roinn Iompair leithdháileadh €8,506,500 ar fáil faoin Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe in 2025, do Chomhairle Contae Mhuineacháin chun Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a aithníodh mar bhóithre a bhfuil rátáil PSCI idir 1 agus 6 acu a athshlánú.

Cothabháil Athchóirithe

Rinne an Roinn Iompair deontais dar luach €1,068,000 san iomlán a leithdháileadh in 2025 le haghaidh athshéalú agus athchóiriú chun cur in aghaidh scide ar ghréasán bóithre neamhnáisiúnta. Leis an maoiniú a leithdháileadh, bhíothas in ann cóiriú dromchla a dhéanamh ar níos mó ná 80km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla in 2025.

Deontas Lánroghnach

Fuarthas leithdháileadh deontais €2,149,000 ón Roinn Iompair faoin Deontas Lánroghnach. Úsáideann na Ceantair Bhordasacha an maoiniú chun cothabháil agus oibreacha riachtanacha a dhéanamh ar an ngréasán bóithre. Déantar foráil sa leithdháileadh sin freisin maidir leis an gclár cothabhála geimhridh agus freagairtí stoirme.

Deontais Feabhsúcháin Shonracha

Fuarthas maoiniú Deontais Feabhsúcháin Shonracha le haghaidh na scéimeanna seo a leanas in 2025:

- Bóthar Rochtana Rúscaigh €100,000
- Athsholáthar Dhroichead Dhroim Airí L63101 €500,000
- R181 Droim Iolaird go dtí an Chrois Dhubh €25,000
- R162 Lintéar Bhóthar an Ghleanna €300,000
- Céim 2 de Lintéar Bhóthar an Ghleanna €50,000
- Dearadh Bóthair Ceangail (Cearnóg na Seanchroise/Slí Óige Uí Dhufaigh, N2 go N12 €30,000

Athshlánú Droichead

In 2025, fuarthas leithdháileadh €775,000 ón Roinn Iompair chun droichead a athshlánú ar an

ngréasán Bóithre Neamhnáisiúnta. San iomlán, tá athshlánú déanta ar 8 gcinn de dhroichead, nó rinneadh oibreacha athsholáthair orthu in 2025.



Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Fuarthas leithdháileadh maoinithe tosaigh €373,479 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí na Bealtaine. Críochnaíodh 10 lána faoin deontas seo. Fógraíodh leithdháileadh breise de €588,297 i mí Lúnasa agus chuir sé sin ar chumas na rannóige bóithre gach lána ar liosta 2017/18 a chríochnú.

Scéim Rannpháirtíochta an Phobail

Fuarthas leithdháileadh €432,850 ón Roinn Iompair in 2025, rud a d'éascaigh, mar aon le ranníocaíochtaí pobail, athdhromchlú a dhéanamh ar ceithre bhóthar.

Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais

Fuarthas leithdháileadh €426,000 ón Roinn Iompair in 2025. Is é an tionscnamh le haghaidh 2025 comharthaíocht Theorainneacha Luais Tuaithe réamhshocraithe nua de **60km/uair** a chur chun feidhme.

Scéim Phíolótach RAP agus Tionscnaimh idirghabhála

Seachadadh Scéim Phíolótach RAP 2025 go réigiúnach le Muineachán ag gníomhú mar phríomhúdarás, ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Lú agus Comhairle Contae an Chabháin chun úsáid meascán fuar Cosán Asfalt Athshlánaithe a chur chun cinn mar réiteach inbhuanaithe cothabhála. Is éard a bhí i gceist leis an gclár éagsúlachtaí i ndearaí meascáin maidir le Cosán Asfalt Athshlánaithe a thriail chun an foirmliú is éifeachtaí agus is marthanaí a chinneadh le haghaidh feidhm níos leithne ar an ngréasán, agus laghdúithe suntasacha ar dhramhaíl, ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin á léiriú ag an am céanna. Bunaíodh ionad athchúrsála láraithe RAP in 2025 chun RAP a phróiseáil, a scagadh agus chun basicéanna a dhéanamh de ar chaighdeán comhsheasmhach, agus tá Comhairle Contae Mhuineacháin muiníneach as creidiúnú NSAI a fháil don tsaoráid.

Le rath na scéime píolótaí, deimhníodh RAP mar rogha mhalartach inmharthana, íseacharbóiní gcomparáid le modhanna cothabhála traidisiúnta agus cumasaíodh é a chomhtháthú go foirmiúil i Straitéis 5 Bliana na Comhairle um Chothabháil Cosán, ina mbeidh RAP ina phríomhghné d'oibreacha cothabhála bóthair bliantúlaó 2026 ar aghaidh.



Idirghabhálacha Inbhuanaithe ar Chostas Íseal

In 2025, chuir Comhairle Contae Mhuineacháin raon idirghabhálacha cosán inbhuanaithe, ar chostas ísealchun cinn a thairg roghanna malartacha éifeachtacha atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de ar mhodhanna traidisiúnta athdhromchlaithe. Áirítear orthu sin Athchúrsáil Tirim *In-Situ*, a dhéanann athnuachan ar struchtúr na gcosán trí na hábhair atá ann cheana a athoibriú; Micreadhromchlú, a athchóiríonn uigeacht agus a chosnaíonn an dromchla leis an gcur isteach is lí; agus Athchúrsáil Chobhsaithe Ghearrtha Anuas *In-Situ*, a tugadh isteach den chéad uair in Éirinn agus a léiríonn acmhainneacht láidir d'athnuachan cosán cobhsaithe geilleagair chiorclaigh. Le gach ceann de na cóireálacha sin, laghdáíodh dramhaíl, astaíochtaí carbóin agus fad tógála agus feabhas á chur ar fheidhmíocht fhoriomlán an ghréasáin ag an am céanna. Chuir a n-úsáid rathúil in 2025 bonn láidir fianaise ar fáil chun na hidirghabhálacha sin a chomhtháthú i Straitéis 5 Bliana Mhuineacháin um Chothabháil Cosán, rud a chinntigh go leanfaí dá n-úsáid mar chroíghnéithe de chlár cothabhála inbhuanaithe an chontae.

Straitéis um Chothabháil Cosán

Forbraíodh Straitéis 5 Bliana um Chothabháil Cosán(2026–2030) in 2025 chun cur chuige struchtúrtha, fianaise-bhunaithe a sholáthar chun infheistíocht a bharrfheabhsú ar fud ghréasán bóithre Mhuineacháin. Bhí a hullmhúchán bunaithe ar shraith trialacha idirghabhála ar chostas ísealagus ísealcharbóina rinneadh le linn 2025, inar léiríodh na buntáistí feidhmíochta, éifeachtúlachta agus inbhuanaitheachta a bhaineann le teicneolaíochtaí cóireála nua-aimseartha. Chuir na trialacha sin ar chumas na Comhairle réitigh cothabhála a shainaithint lena soláthrófar athléimneacht gréasáin níos fearr agus tionchar comhshaoil á laghdú ag an am céanna, rud a bhí mar bhunús do chlár ilbhliantúillena dtugtar tús áite do mharthanacht, éifeachtúlachtcostais agus barrfheabhsú acmhainní.

Lorgaíodh infheistíocht mhéadaithe le haghaidh 2026 chun tacú le cur i bhfeidhm céimneach na straitéise, rud a threoróidh pleanáil agus seachadadh cothabhála go dtí 2030.

Sláinte & Sábháilteacht

In 2025, cheap Comhairle Contae Mhuineacháin Prowork Core Ltd chun córas leictreonach a sholáthar chun Bainistíocht Tráchtá Sealadach, Córas Sábháilte Pleananna Oibre (SSWPanna), Pacáistí Faisnéise Poist, Stóráil Doiciméad agus Bainistíocht Sócmhainní a bhainistiú. Tá sé i gceist an claochlú digiteach sin a chur i bhfeidhm ar fhoireann lasmuigh na gCeantar Bardasach chun cur chuige an fhillteáin pháipéarbhunaithe ar an láthair a ionadú le linn 2026 trí sholáthar oiliúna agus táibléid a sholáthar.

Taisteal Gníomhach:

Cuireadh roinnt scéimeanna taistil gníomhacha i gcrích ar feadh 2025.

Plean Iompair Áitiúil Bhaile Mhuineacháin - Cuireadh Plean Iompair Áitiúil Bhaile Mhuineacháin i gcrích in 2025 agus chomhaontaigh Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Mhuineacháin é ag cruinniú Ceantair Bhardasaigh i mí Mheán Fómhair.

Plean Soghluaisteachta Uirbí Chluain Eois- Cuireadh an Plean Soghluaisteachta Uirbí do bhaile Chluain Eois i gcrích in 2025 tar éis do Chomhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chluain Eois agus Bhéal Átha Beithe é a chomhaontú ag cruinniú Ceantair Bhardasaigh i mí Feabhra.

Glasbhealach Bhaile Mhuineacháin - Slí Óige Uí Dhufaigh - Oibreacha a cuireadh i gcrích ar chuid de Ghlasbhealach Bhaile Mhuineacháin in aice le Slí Óige Uí Dhufaigh lena n-áirítear bailchríoch dheiridh a bhfuil dath dearg air atá frithsheasmhach in aghaidh sciorthaí chun nascacht agus aimsiú slí a fheabhsú feadh an ghlasbhealaigh do rothaithe agus do choisithe.

Scéimeanna um Oiriúnú Acomhail

Inis Caoin – cuireadh oibreacha i gcrích ag Oiriúnú Acomhail ar Chostas Íseal Inis Caoin ag Acomhal L8602 Bóthar na Maoile le L4622 Bóthar Inis Caoin, Inis Caoin, Contae Mhuineacháin ag Eaglais Naomh Muire. Is éard a bhí sa scéim ná colbhaí nua, síntí starracha, feabhsuithe ar an ngréasán draenála, trasrian coisithe neamhrialaithe, cosán, comharthaíocht agus athdhromchlú. Ba é cuspóir na scéime feabhas a chur ar nascacht leis an eaglais agus leis na ceantair máguaird atá ann cheana agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre do gach úsáideoir lena n-áirítear úsáideoirí leochaileacha bóithre ag an am céanna.



Acomhal Bhaile na Lorgan: críochnaíodh na hoibreacha maidir le hOiriúnú Acomhail ar Chostas Íseal ag Acomhal R181 Bóthar Shearcóige le L3210 Bóthar Choillidh Chairn siar ó Bhaile na Lorgan. Is éard a bhí sa scéim ná colbhaí nua, síntí starracha, feabhsuithe ar an ngréasán draenála, trasrian coisithe neamhrialaithe, cosán, comharthaíocht agus athdhromchlú.

Ba é cuspóir na scéime feabhas a chur ar nascacht leis an eaglais agus leis na ceantair máguaird atá ann cheana agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre do gach úsáideoir lena n-áirítear úsáideoirí leochaileacha bóithre ag an am céanna.

Droichead Coisithe an Chrú Capaill – cuireadh tús leis na hoibreacha ar an Droichead Coisithe i mBaile Mhuineacháin chun feabhas a chur ar naisc taistil ghníomhacha do choisithe agus do rothaithe ar an mbealach siúilóide gnóthach seo chuig scoileanna, chuig an nglasbhealach agus chuig limistéir chónaithe. Leanfar de na oibreacha sin in 2026.

Grianghraf a glacadh i mí Lúnasa 2025.



Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá Céim a Dó den dara Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre do Chontae Mhuineacháin lena gcumhdaítear an tréimhse 2026-2027 le foilsiú go luath. Is é is aidhm do phlean Contae Mhuineacháin, bunaithe ar chur chuige an Chórais Shábháilte maidir le sábháilteacht ar bhóithre, líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre an chontae a laghdú, i gcomhréir leis an sprioc náisiúnta 50% thar an tréimhse 10 mbliana 2021-2030.

Is é an plean an dara céim chun gealltanais Chlár Rialtais 2020 a bhaint amach, is é sin Éire a thabhairt chuig 'Fís Nialais', arb é is aidhm dó deireadh a chur le gach bás ar bhóithre agus gach gortú tromchúiseach ar bhóithre na hÉireann faoin mbliain 2050.

Cuireann Grúpa Comhoibrithe um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Mhuineacháin cur chuige ilghníomhaireachta ar fáil maidir le comhordú na ngníomhartha ar leibhéal an chontae. Tá a gculpóirí féin ag gach ceann de na comhpháirtithe laistigh den Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre a chuideoidh le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

Is clár comhpháirtíochta náisiúnta é an Clár um Chosc ar Imbhualtí lena dtugtar Údarais Áitiúla agus an Garda Síochána le chéile in iarracht leanúnach chun láithreacha ag a dtarlaíonn go leor imbhualtí a shainaithint agus beartaíocht choiscitheach cheartaitheach a dhéanamh, nuair is cuí.

Leanann Grúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile Co. Mhuineacháin agus an Coiste um Chosc ar Imbhualtí ag teacht le chéile go rialta.

Riarachán

Bliain thar a bheith gnóthach agus táirgiúil a bhí ann do rannóg na Riarachán Bóithre. Chomh maith le tacaíocht riaracháin leanúnach a sholáthar d'Fhoirne Deartha na mBóithre, bhainistigh an oifig riaracháin líon suntasach tascanna oibríochtúla agus idirghníomhaíochtaí poiblí freisin.

Méid na nOibreacha a Cuireadh I gCrích

- Iarratais maidir le Ualaí Neamhghnácha: 130
- Ceadúnais Oscailte Bóithre: 427
- Ceisteanna / Measúnuithe maidir le Bóithre Teoranta: 498
- Iarratais ar Dhúnadh Sealadach Bóthair: 79
- Ceisteanna ó Chustaiméirí: 606
- Iarratais ar Chomharthaíocht

Shealadach: 98 Maoiniú arna mbainistiú

- Maoiniú iomlán arna tharraingt anuas: €29,727,866.50


Seirbhísí Corparáideacha



Cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach, don Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Tofa. Tá sé freagrach freisin as Cruinnithe míosúla na Comhairle agus Cruinnithe Grúpaí Beartais Chorporáidigh, Cruinniú Ginearálta Bliantúil, Cruinniú Buiséid agus Cruinnithe Speisialta a eagrú agus a bhainistiú. Tá an rannóg freagrach as an bPlean Corparáideach, an Tuarascáil Bhliantúil, an Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil, an Tuarascáil Mhíosúil Bainistíochta agus an t-athbhreithniú ar an gClár Riosca a chomhthiomsú.

Déanann Seirbhísí Corparáideacha comhordú freisin ar thiomsú Tháscairí Feidhmíochta bliantúla an Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) don Chomhairle agus tá ról suntasach acu i dtéarmaí rialachais, ag cinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle an Creat Eitice, an tAcht um Thús Áite do Leanaí, na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), reachtaíocht a bhaineann le Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil.

Clár na dToghthóirí



Ag tús 2025, dhíriomar go príomha ar riaráiste na n-iaratas a ghlanadh tar éis an Olltoghcháin a reáchtáladh i mí na Samhna 2024, chomh maith le cártaí vótála neamhsheachadta a phróiseáil. Mar thoradh air sin, baineadh níos mó ná 1,000 ainm den Chlár.

Bhain an chuid ba shuntasá den obair le Céim I de Thionscadal an Chórais um Chlárúchán Toghthóirí Rialtais Áitiúil (LGERS) a chur i gcrích.

Is é is aidhm don tionscadal feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí toghcháin sula n-aistreofar iad chuig córas a bhainisteofar go lárnach in 2026, mar a shainordaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Sa chéim sin, bhí gá le caighdeánú fairsing ar shonraí an Chláir, lena n-áirítear ullmhacht theicniúil, caighdeánú réimsí, coinbhinsiúin a leagtar amach a chur chun feidhme, ainmneacha bailte fearainn agus na sonraí tagartha uile a aistriú go Gaeilge, bacainní ascnaimh a shainaithint agus a dhíothú (amhail sonraí neamhiomlána nó neamhréireacha, carachtar neamhbhailí, sonraí neamhúsáidte nó dúbailte etc.), agus cáilíocht fhoriomlán sonraí a chinntiú (amhail iomláine agus cruinneas). Próiseas dian ab ea é seo a ghlac an-chuid acmhainní, ach críochnaíodh é i bhfad roimh an spriocdháta i mí Meán Fómhair 2025.

Tar éis don Choimisiún Toghcháin an chéad Tuarascáil Bhliantúil maidir le Clár na dToghthóirí a fhoilsiú, díriodh ar chomharthaí cruinnis a fheabhsú. Eisíodh litreacha do beagnach 7,000 toghthóir nach raibh a gcuid dáta breithe nó Éirchód ar comhad. Fuarthas freagraí ó 40% díobh agus rinneadh a dtaifid a nuashonrú, agus leis sin bhí beagáinín sa bhreis ar 4,000 toghthóir ann nach raibh a gcuid sonraí rithabhachtacha seo ar comhad, agus ba thoradh an-mhaith ó thaobh na rannpháirtíochta de é seo. Eisíodh an dara babhta de litreacha go luath i mí na Nollag, agus bhí tuairim is 3,400 toghthóir eile ann le díriú orthu. Leis na hiarrachtaí seo, tugadh aghaidh ar ábhair imní a luaigh an Coimisiún Toghcháin linn maidir le hiontrálacha dúbailte agus iomarchacha inár gClár.

Cuireadh tús le Céim II de Thionscadal LGERS i mí Iúil, agus díriodh leis seo ar thaifid dhúbailte a bhainistiú ar bhonn náisiúnta. Réitíodh gach príomhdhúbailt agus gach dúbailt thánaisteach roimh an sprioc, Samhain 2025.

I mí Meán Fómhair, thug Oibrithe Allamuigh Clárúcháin cuairt ar mheánscoileanna chun scoláirí sa 6^ú bhliain (idir 16–18 mbliana d’aois) a chlárú agus a réamhchlárú. Le cuir i láthair faoi rannpháirtíocht vótála, tugadh misneach do scoláirí feasacht chlárúcháin a chur chun cinn ina dteaghlach féin trí checktheregister.ie. D’éascair breis is 600 clárúchán agus réamhchlárúchán nua as an togra seo.

Tá aitheantas faighte againn ón gCoimisiún Toghcháin ina dTuarascáil mar cheann de na contaetha leis an ráta is mó réamhchlárúcháin.



Bhí an Toghchán Uachtaránachta ar siúl ar an 24 Deireadh Fómhair 2025. Tháinig méadú suntasach ar iarratais agus uasdátuithe dá bharr. Rinneadh cothabháil iarthoghcháin, mar shampla riaráiste na n-iarratas a ghlanadh a bhfuarthas tar éis an dáta ba dheireanaí chun iarratais a fháil agus cártaí vótála a cuireadh ar ais a phróiseáil, a chur i gcrích roimh dheireadh 2025.

Chuir an Roinn maoiniú ar fáil chun cáilíocht sonraí an Chláir a fheabhsú, go príomha trí thacú le hacmhainní breise don Rannóg Saincheadúnais agus trí chostais ghaolmhara a chlúdach, amhail postas. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú freisin ó DHLGH chun beirt Oifigeach Cléireachais a earcú ar chonradh 18 mí an ceann chun ualaigh oibre mhéadaithe a bhainistiú agus na riachtanais a bhaineann le clár toghcháin comhaimseartha a chomhlíonadh. Léirítear leis seo athrú thar téarma maidir le tosaíocht a thabhairt don Chlár, go náisiúnta, le DHLGH agus CCMA, agus go háitiúil, leis an mBainistíocht Shinsearach agus leis na Comhaltaí Tofa.

Tá ár ndul chun cinn tríd is tríd maidir le cáilíocht sonraí a fheabhsú, mar a léiríodh sna figiúirí atá tugtha thíos, nótaílte agus ardmholadh ón Roinn dá bharr.

	Figiúirí Deiridh Bliana 2024		Figiúirí Deiridh Bliana 2025	
Togthóirí Ar Fad	53,272		51,758	
Togthóirí le Dáta Breithe	41,770	78.4%	43,907	84.83%
Togthóirí le Éirchód	27,977	52.52%	33,144	64.03%
Togthóirí le Dáta Breithe agus Éirchód	24,061	45.17%	28,970	55.97%
Togthóirí le UPSP	9,605	18.03%	14,082	27.20%

Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, tá ceart dlíthiúil ag muintir an phobail rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh an Údaráis Áitiúil. Fuair an Chomhairle 63 iarratas in 2025, ó bhaill de na meáin agus den Oireachtas, ó ionadaithe gnó agus ón bpobal i gcoitinne.

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tugann Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol cearta dlíthiúla dóibh siúd atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Fuair an Chomhairle 6 iarratas in 2025.

Nochtaí Cosanta

I gcomhréir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuairiscíonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bhfuair sí aon nochtadh cosanta amháin sa tréimhse dhá mhí dhéag ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025, agus tarraingíodh siar é ina dhiaidh sin.

Nascadh

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin nasctha go hoifigiúil leis na ceantair seo a leanas:

- Oileán Prince Edward, Ceanada
- Miramichi, Ceanada
- Peterborough, Ceanada
- Osterhofen Gergweis, an Bhaváir, an Ghearmáin (Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois)
- Baile na Lorgan, Co. Thír Eoghain, Tuaisceart Éireann (Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois)
- District Carhaix-Plouguer, an Bhriotáin (Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan)
- Marseillan, Languedoc, an Fhrainc (Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan)
- Geel, an Bheilg (Ceantar Bardasach Mhuineacháin)

Ar an 1 Iúil 2025, thug ambasadóir nua Ceanada chun na hÉireann, a Oiriceas, an tUasal Dennis King, cuairt ar Mhuineachán den chéad uair chun freastal ar cheiliúrthaí do Lá Ceanada. Cuireadh tús leis an ócáid le Searmanas ardaithe brataí i gCearnóg na hEaglaise, Muineachán, agus ina dhiaidh sin bhí turas thart ar an Músaem sa Champas Síochána.



Bhí an ócáid ar siúl in Hillgrove Hotel agus bhronn an Cathaoirleach, an Comhairleoir Paul Gibbons, plaic chomórtha ar Shane.

- Chosain an ócáid seo €1,057.



Thug toscaireacht ó Chomhairle Contae Mhuineacháin cuairt ar Oileán Prince Edward i mí Lúnasa 2025 don cheiliúradh Irish Settler Days agus chun freastal ar Chomóradh 200 Bliain ar ócáid The Benevolent Irish Society.

Cuairt Thoscaireacht Mhuineacháin ar Nua Eabhrac agus Tennessee le haghaidh cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig

Tennessee

Ar an gcuairt a rinne foireann thoscaireacht Chontae Mhuineacháin ar Tennessee (TN) idir an 11 agus an 17 Márta, 2025, bhí an Cathaoirleach, Clr. Paul Gibbons, Robert Burns, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhuineacháin, agus Pamela Kerr, Ceann Fiontraíochta agus Forbartha Geilleagraí.



Thug Nelson Doyle Dancers, Miramichi New Brunswick, cuairt ar Mhuineachán i mí Lúnasa 2025; d'fhan grúpa de 35 ceithre oíche i Muineachán agus d'fhreastail siad ar Fhleadh Cheoil na hÉireann i Loch Garman agus iad ag fanacht ann.

Thug an chuairt deis luachmhar do Chomhairle Contae Mhuineacháin iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann do chomhghuaillíochtaí agus do chomhar ar fud earnálacha éagsúla, lena n-áirítear ardoideachas, nuálaíocht, forbairt eacnamaíoch, tionscal an cheoil, agus forbairt tuaithe.



Fáiltiú Cathartha

Rinne Comhairle Contae Mhuineacháin óstáil ar fháiltiú cathartha in 2025 mar chomóradh ar éacht iontach an Uasail Shane McGuirk, mar aitheantas ar a bhua i gCraobhchomórtas Domhanda Dairteanna WDF.

Tá go leor tosaíochtaí coiteanna agus comhroinnte ag Muineachán agus Tennessee i réimsí na forbartha geilleagraí agus tionsclaíche, na talmhaíochta, na hardmhonaraíochta agus an cheoil. Tá stair dhomhain ag an dá réigiún san fheirmeoireacht, agus saineolas acu ar chleachtais inbhuanaithe agus ar nuálaíocht teicneolaíochta talmhaíochta, lena n-áirítear talmhaíocht bheacht agus uathobriú. Is léir go bhféadfaí eolas a mhalartú maidir le héagsúlú feirme agus talmhaíocht inbhuanaithe, rud a chuirfeadh bonn faoin bhfás frithpháirteach. Ina theannta sin, aithnítear Muineachán agus Tennessee as a saolta ceoil, agus tá Nashville i gcroílár an cheoil tíre sna Stáit Aontaithe agus tá cultúr láidir ceoil i Muineachán agus cuntas teiste acu maidir le féilte ceoil tíre suntasacha a óstáil.

Cuireann an nasc cultúrtha seo deiseanna ar fáil do chomhoibriú ealaíontóirí, do chomhléiriúcháin cheoil, d'fhiontar ceoil agus do thionscnaimh turasóireachta a dhéanann ceiliúradh ar an ngrá comhroinnte do cheol tíre agus do na healaíona.



Nua Eabhrac

Mar chuid den toscaireacht a thaistil go Nua Eabhrac idir 19 - 24 Márta 2025 mar chuid de cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig, bhí Leas-Chathaoirleach, An Comh. Peter Conlon, Olga McConnon, an Stiúrthóir Airgeadais, Tithíochta agus Cultúir agus Darren McCreesh, Bainisteoir Ionad Patrick Kavanagh.

Thug an turas deis iontach don toscaireacht bualadh le Fiontraíocht Éireann agus le hionadaithe éagsúla ón earnáil tógála, foireann "Tionscadal Leanaí", saoráidí cultúrtha éagsúla i Nua Eabhrac agus freastal ar pharáid Lá Fhéile Pádraig in Yonkers. Tugadh onóir do Denis Mulcahy, Bunaitheoir "Tionscadal Leanaí" le bheith mar Cheann Feadhna na paráide.



Searmanas Bronnta Bliantúil

D'óstáil Comhaltaí Chomhairle Contae Mhuineacháin an 18ú Searmanas Bronnta Bliantúil ar an 7 Aibreán 2025 chun aitheantas a thabhairt do na daoine/grúpaí sin i gContae Mhuineacháin a bhain gaisce amach sna réimsí seo a leanas i rith 2025:

- Spórt agus Áineasa
- Na hEalaíona agus Cultúr
- An Óige
- Pobal
- Timpeallacht agus Oidhreacht

Tugadh aitheantas do 10 duine/grúpa as an méid a chuir siad lenár sochaí.



Iníúchadh Inmheánach

Gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil, dearbhaithe agus comhairliúcháin is ea Iníúchadh Inmheánach atá deartha chun luach a chur leis agus oibríochtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin a fheabhsú. Ag obair i gcomhpháirtíocht leis an lucht bainistíochta, tugann an tAonad Iníúcháireachta Inmheánaí cur chuige córasach, smachtaithe chun éifeachtacht rialuithe inmheánacha, bainistiú riosca agus próisis rialachais laistigh den eagraíocht a mheas agus a fheabhsú. Cuireann sé leibhéal cinnteachta ar fáil don Chomhairle, don Phríomhfheidhmeannach, don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iníúcháireachta maidir le socruithe rialaithe inmheánacha laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Cuireadh na tuarascálacha Iníúcháireachta Inmheánaí seo a leanas faoi bhráid an Choiste Iníúcháireachta in 2025: -

- Tuarascáil Bhliantúil maidir le Seiceáil ar Mheaisíní Bainc agus Stocáireamh Bliantúil san Oifig Mótarchánach le haghaidh 2024.
- Stocáireamh ar an Stór Clóis do Mheaisíní 2024.
- Tuarascáil Iniúcháireachta ar SICAP don bhliain 2023.
- Treoirínite maidir le Bonneagar - Tionscadal Cóiríochta Oifigí Cathartha CCM 2024
- Treoirínite maidir le Bonneagar - Scéim Athailínithe Thulaigh Bhriain N54 2024
- Treoirínite maidir le Bonneagar - Clár Caiteachais Ioncaim D06 Pobal agus Fiontraíocht

Tiomsaíodh na Tuarascálacha Iniúcháireachta seo a leanas i rith na bliana freisin lena gcur ar aghaidh chuig an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí agus chuig an gCoiste Iniúcháireachta:

- Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar shampla de Tháscairí Feidhmíochta NOAC don bhliain 2024
- Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar Shampla de Sholáthairtí
- Dréacht-Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar SICAP don bhliain 2024
- Dréacht-Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar Scéim Dearbhán Baile Mhuineacháin.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú agus faomhadh ar an gCairt Iniúcháireachta Inmheánaí agus ar an bPlean Oibre don Iniúchadh Inmheánach ar an 26 Samhain 2024. Bhí an tIniúchadh Inmheánach in ann deimhniú a thabhairt maidir lena neamhspleáchas agus oibiachtúlacht leanúnach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus don Choiste Iniúcháireachta in 2025, i gcomhréir le Caighdeán Iniúchta Inmheánaigh Domhanda Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha agus le moltaí NOAC.

Tugann Iniúchadh Inmheánach tacaíocht freisin d'obair an Choiste Iniúcháireachta agus bíonn sé rannpháirteach sna líonraí náisiúnta agus réigiúnacha d'iniúcháirí inmheánacha an rialtais áitiúil.

Tugann Iniúchadh Inmheánach tacaíocht freisin d'obair an Choiste Iniúcháireachta agus bíonn sé rannpháirteach sna líonraí náisiúnta agus réigiúnacha d'iniúcháirí inmheánacha an rialtais áitiúil.

Cruinnithe in 2025

Seo a leanas achoimre ar na cruinnithe a bhí ar siúl in 2025:

Cruinnithe na Comhairle (lena n-áirítear cruinniú CGB agus 14 chruinniú Buiséid):

An Grúpa um Beartas Corparáideach (CPG)	12
Coiste um Beartais Straitéiseacha – Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair	04
Coiste um Beartais Straitéiseacha - Iompar, Forbairt Tuaithe agus Pobail	04
Coiste um Beartais Straitéiseacha - Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol	04
Coiste um Beartais Straitéiseacha - Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha	04
Ceantar Bardasach Mhuineacháin	11
Ceantar Bardasach	
Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan	11
Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois	11
An Coiste Iniúcháireachta	04
An Coiste Comhairleach Músaem	0
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt	06
An Coiste Luastearainneacha	02
Fóram Oidhreachta	04
Coiste L.I.S. Mhuineacháin	03
An Coiste Logainmneacha	00
Comhchoistí Póilíneachta (JPC)	00
Coiste Gaeilge	01
An Coiste um Chóiríocht don Lucht Siúil	04
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ)	
	07

Cosaint Sonraí agus RGCS (Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí)

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do chleachtais láidir maidir le cosaint sonraí thar gach réimse seirbhíse, le tacaíocht ó bheartais fhoirmiúla amhail a Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí agus fógraí príobháideachta earnáil-sonracha. Cinntíonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bpróiseáiltear sonraí pearsanta le cosaintí teicniúla agus eagraíochtúla cuí, lena n-áirítear bearta a chosnaíonn ar rochtain, caillteanas nó próiseáil neamhdhleathach neamhúdairithe. Más gá, roinneann Comhairle Contae Mhuineacháin sonraí pearsanta le comhlachtaí poiblí údairithe nó le húdarais rialála amháin chun oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Cinntítear leis na próisis struchtúrtha sin comhlíonadh RGCS, treisítear leo muinín an phobail, agus léirítear leo tiomantas leanúnach na Comhairle don chuntasacht, don trédhearcacht agus do chosaint chearta an duine aonair.

Faoi RGCS tá roinnt ceart ag daoine aonair, lena n-áirítear ceart rochtana ar na sonraí pearsanta atá ag an gcomhairle orthu. In 2025, fuair an chomhairle ceithre iarratas ar rochtain ar ábhar sonraí agus d'fhreagair iad.

Léirítear le gníomhaíocht RGCS 2025 rannpháirtíocht leanúnach thar gach croí-réimse comhlíontachta. Léiríonn sé fócas leanúnach ar fhreagairtí tráthúla, ar mhaolú riosca agus ar bhearta réamhghníomhacha cosanta sonraí i rith na bliana. Léirítear sna figiúirí seo, tiomantas leanúnach na n-eagraíochtaí oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus cleachtais rialachais sonraí a neartú.

Ina theannta sin, dhéileáil an Chomhairle leis na hiarratais/teagmhais seo a leanas: -

Ceantar	Sonraí	Figiúirí iomlán a 2025
Beartais/ Prótacail arna bhForbairt	Beartas TCI Rochtain ar TCI Pobail agus déan an doiciméad maidir le nósanna imeachta a íoslódáil don Gharda Síochána Seicliosta Réamheitle do Ladraínn chun comhlíonadh RGCS a chinntiú	3
Measúnuithe Tionchair maidir le Cosaint Sonraí	9 gCinn Curtha i gCrích 13 Athbhreithnithe agus Idir Lámha	22
Sárúithe ar Shonraí	Tuairiscíodh 11 díobh agus measadh go raibh riosca íseal ag baint leo Measadh go raibh riosca ard ag baint le 1 agus tuairiscíodh don DPC í	12
Iarratas ar TCI ón nGarda Síochána	TCI Pobail Bhaile na Lorgan TCI Pobail Bhaile Mhuineacháin TCI Pobail Mhullach Meata/Chorr Thí Talmhan <i>Fuarthas líon beag iarratas le haghaidh saoráidí de chuid na Comhairle;</i> Teach an Mhargaidh agus Mótarcháin Oifig CD Chluain Eois Láithreán Stad, Gort an Chaocháin	55
Comhaontaith e Próiseála Sonraí	Chuaigh 12 rannóg éagsúla san eagraíocht i dteaghmáil le soláthróirí tríú páirtí agus an DPO	30

	agus DPAnna á gcur i gcrích.	
Taifead ar Gníomhaíochtaí Próiseála	Cuireadh athbhreithniú iomlán ar Thaifead Gníomhaíochtaí Próiseála i gcrích do gach rannóg	25
Oiliúint Foirne agus Feasacht	8 bhFíseán Oiliúna a eisíodh trí Chomhlíonadh Meta, 3 alt a cuireadh faoi bhráid nuachtlitir na foirne, 2 ríomhphost sonrach Cosanta Sonraí a scaipeadh ar an bhFoireann Uile	13
Gearáin	Faighte ón gCoimisiún Cosanta Sonraí i ndáil lenár bhfreagra ar Iarratas Rochtana ó Ábhar Sonraí	1

Eitic

Ceanglaítear le halt 19 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 ar gach comhalta tofa ráiteas síntiús a thabhairt don Udarás Áitiúil, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir, á rá cibé an bhfuair an comhalta síntiús níos mó ná €600 le linn na bliana féilire roimhe sin. Fuarthas 18 bhfoirm chomhlánaithe faoin dáta deiridh nó roimhe sin, an 31 Eanáir 2026.

Ceanglaítear i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ar gach comhalta den chomhairle agus ar an bhfoireann ábhartha foirm a chomhlánú i leith a leasanna is gá a fhógairt a shealbhaítear i rith na tréimhse forordaithe agus an dearbhú bliantúil a thabhairt don Chláraitheoir Eitice tráth nach déanaí ná an lá deireanach d'Fheabhra. Fuarthas 18 bhfoirm chomhlánaithe ó chomhaltaí tofa amhail an 23 Feabhra 2026. Iarradh ar 95 ball foirne ábhartha foirm dhearbhaithe a chomhlánú. Críochnaíodh 94 foirm ar líne amhail an 28 Feabhra 2026.

Cumarsáid

In 2025, seachadadh leis an bhfeidhm Cumarsáide cur chuige treisithe agus ní ba straitéisí maidir le conas a théann Comhairle Contae Mhuineacháin i dteagmháil leis an bpobal, le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara. Príomhfhócas i rith na bliana ab ea feabhas a chur ar raon feidhme agus ar thionchar theachtaireachtaí na Comhairle ar fud na mbealaí uile, lena gcinntítear go ndearnadh tionscadail tosaíochta agus an raon seirbhísí a chur in iúl go comhsheasmhach agus go héifeachtach.

Trí bhealaí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha, thacaigh an fhoireann le mórtionscnaimh chorparáideacha trí fheachtais chomhtháite a úsáid ar ardáin dhigiteacha, na meáin chlóite, cumarsáid foirne, caidreamh leis na meáin agus rannpháirtíocht phobail. Áiríodh leis sin feachtas rathúil margaíochta “Tionscadal Leanaí” a chur ar fáil, lenar cuireadh an taispeántas “The Project Children Stories” a tháinig go Muineachán chun cinn. Cuireadh tuilleadh feabhais ar láithreacht dhigiteach na Comhairle trí fhormaidí ábhair níos inrochtana, trí úsáid mhéadaithe a bhaint as físeáin, agus trí theachtaireachtaí cuíchóirithe atá ailínithe le spriocanna eagraíochtúla.

Chomhordaigh an fhoireann Cumarsáide raon gníomhaíochtaí atá dírithe ar an bpobal, lena n-áirítear tionscnaimh do Lá na Comhairle, a léirigh obair fhoireann na Comhairle agus a ghin rannpháirtíocht láidir ar fud na meán sóisialta agus asraonta meán áitiúla.

Táirgeadh sraith físeán thiomnaithe maidir leis an Deontas Athchóirithe do Mhaoin Fholamh i gcomhar lenár bhfoireann Athnuachana Baile, chun tacú le tuiscint an phobail agus chun aird a tharraingt ar an obair dochreidte atá ag tarlú laistigh den chomhairle chun dul i ngleic le láithreáin thréigthe. Bhí 750k amharc ar líne ar an tsraith seo amháin.

Bhí cumarsáid éigeandála fós ina cuid lárnach d’obair na foirne, agus eisíodh nuashonruithe tráthúla le linn imeachtaí aimsire, cur isteach ar sheirbhísí, agus teagmhais sábháilteachta poiblí. Ag obair le Cosaint Shibhialta, Dóiteáin agus Tarrtháil agus foirne oibríochtúla, chinntigh Cumarsáid gur seachadadh faisnéis chuinn go tapa ar fud bealaí digiteacha, meán agus inmheánacha chun tacú le sábháilteacht an phobail.

Go himmheánach, coinníodh an fhoireann ar an eolas trí uirlisí cumarsáide seanbhunaithe a úsáid, amhail an aip Reach, nuashonraithe ón rannóg, agus an nuachtlitir mhíosúil foirne, rud a thacaigh le feasacht na heagraíochta agus comhoibriú trasfhoirne.

Go seachtrach, choinnigh an Chomhairle cumarsáid ghníomhach ar bun trína suíomh gréasáin, ardáin meán sóisialta, an preas agus an raidió áitiúil, agus foilseacháin chorparáideacha, lenar cinntíodh teachtaireachtaí leathana, inrochtana agus comhsheasmhacha don phobal.

Ar an iomlán, bhí fócas straitéiseach feabhsaithe, cumarsáid dhigiteach fheabhsaithe, agus scéalaíocht níos comhsheasmhaí faoi obair agus tionchar Chomhairle Contae Mhuineacháin le feiceáil in 2025.

Social Media 2025 Stats

Social Media Platform	Reach - number of times content is displayed	Engagement ~ likes, shares and comments	New Followers	Total Followers 31/12/25
Facebook 	9,437,984 (96% up from 2024) All organic posts.	479,674	4,177	19,000
X/Twitter 	192.2K	11.5K	-13	5,394
Instagram 	160K	9.7K	1,606	2,994
LinkedIn 	330,345	6,6069	1,114	3,889

Facebook - most popular platform
Instagram and LinkedIn - growing platforms

Tuarascáil Bhliantúil Coiste na Gaeilge 2025

Díríonn Coiste na Gaeilge Comhairle Contae Mhuineacháin ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa Chontae chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle a dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Is iad Cllr. Aidan Campbell (Cathaoirleach) Cllr. Seamus Coyle, Cllr. Richard Truell, Cllr. Pat Treanor and Cllr. Niamh McCooey atá ina gcomhaltaí den choiste

In 2025 bhí an méid seo a leanas san áireamh i ngníomhaíochtaí an Choiste:

1. Reáchtáil an Coiste 4 chruinniú.
2. D’eagraigh an Coiste dhá ceolchoirm le haghaid Seachtain na Gaeilge
3. Bronnadh 37 scoláireacht ar mhic léinn chun freastal ar an nGaeltacht
4. Thug an Coiste tacaíocht do Fleadh Muineacháin .

5. Bhain dhá ghrúpa deag pobail leas as maoiniú Sheachtain na Gaeilge.



Tuarascáil Bhliantúil Choiste na Gaeilge 2025

Díríonn Coiste na Gaeilge Chomhairle Contae Mhuineacháin ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa Chontae chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle a dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

An Comh. Aidan Campbell (Cathaoirleach), an Comh. Seamus Coyle, an Comh. Richard Truell, an Comh. Pat Treanor agus an Comh. Niamh McCooey atá ina gcomhaltaí reatha den Choiste.

D'eagraigh an Coiste na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn 2025

1. Reáchtáil an Coiste 4 chruinniú.
2. D'eagraigh an Coiste dhá cheolchoirm le haghaidh Sheachtain na Gaeilge
3. Bronnadh 37 Scoláireacht Ghaeltachta ar scoláirí ón gContae.
4. Thug an Coiste tacaíocht do Fleadh Mhuineacháin.
5. Fuair 12 ghrúpa deontais chun imeachtaí a chur ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge

Tuairisc ar chomhlíonadh oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Fuarthas gearán amháin ón gcoimisinéir teanga maidir le bileog eolais a dháil an Chomhairle ar gach teaghlach sa Chontae, rud nár líomhnaíodh a bheith i gcomhréir le forálacha an Achta.

Dúnadh an gearán chun sástachta an Choimisinéara tar éis do Chomhairle Contae Mhuineacháin a dheimhniú gur dáileadh dara leabhrán i nGaeilge freisin.

Report on compliance with obligations under the Official Languages Act

Fuarthas aon ghearán amháin ón gCoimisinéir Teanga maidir le fógrán a dháil an Chomhairle ar gach teaghlach sa Chontae, agus cuireadh ina leith nár chomhlíon an fógrán sin forálacha an Achta.

Déileáladh leis an ngearán ag teacht le sástacht an Choimisinéara tar éis gur dhearbhaigh Comhairle Contae Mhuineacháin gur dáileadh leabhrán eile i nGaeilge.

Acmhainní Daonna

Tá ról lárnach ag Acmhainní Daonna maidir le cur ar chumas Chomhairle Contae Mhuineacháin seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar dár bpobail.

In 2025, le leithdháileadh buiséid Acmhainní Daonna de €323,900, tacaíodh le hearcaíocht, oiliúint agus forbairt, caidreamh fostaithe, pleanáil fórsa saothair, forbairt eagraíochtúil agus tionscnaimh folláine ar fud na heagraíochta. Rinneadh gach caiteachas a bhainistiú go stuama i gcomhréir le riachtanais rialachais airgeadais na hearnála poiblí, ag cinntiú go bhfuarthas luach ar airgead agus caighdeán seirbhíse á gcoinneáil ag an am céanna.

Cloch mhíle shuntasach le linn na bliana ab ea Plean Fórsa Oibre Straitéiseach Chomhairle Contae Mhuineacháin 2025-2029 a fhorbairt.

Leis an bPlean Fórsa Oibre Straitéiseach, cuirtear creat struchtúrtha fianaise-bhunaithe ar fáil chun a chinntiú go ndéanfaidh an Chomhairle lucht saothair oile, athléimneach, éagsúil agus lúfar a chothabháil agus a fhorbairt a bheidh in ann freastal ar éilimh seirbhíse atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Déanann sé acmhainneacht an fórsa saothair a ailíniú le cuspóirí corparáideacha, treochtaí déimeagrafacha agus tosaíochtaí beartais náisiúnta.

Leis an bPlean, tá lionsa straitéiseach ann anois trína gcuirtear earcaíocht, pleanáil comharbais, foghlaim agus forbairt agus anailísíocht ionaid oibre ar aghaidh.

Earcaíocht

Earcaíocht	2024	2025
Comórtais a reáchtáladh	46	40
Iarratais a próiseáladh	1187	1020
Agallaimh a rinneadh	787	822
Iarrthóirí a ceapadh/a fuair ardú céime	158	63

Dul ar Scor/Éirí As le linn 2025 Chuaigh 20 duine ar scor/nó d'éirigh siad as a bpost i gComhairle Contae Mhuineacháin in 2025.

Printíseachtaí

Fostaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin seachtar printíseach sna disciplíní seo a leanas: -

Triúr Printíseach Innealtóireachta Sibhialta
Beirt Theicneoirí Cuntasaíochta
1 Phrintíseach le Gairneoireacht
1 Mheicneoir Feithiclí Troma

Éascaítear an foghlaim chumaisc leis na printíseachtaí, rud a thugann an deis don phrintíseach freastal ar choláiste lá amháin sa tseachtain agus oibriú ina rogha réimse 4 lá sa tseachtain leis an gComhairle. Tá Meantóir ainmnithe ag gach Printíseach.

Bhain Comhairle Contae Mhuineacháin aitheantas amach ar an leibhéal náisiúnta in 2025. Cuireadh Sinead Murphy, Uasal ar an ngearrliosta sa chatagóir “Gairneoireacht” de na Dámhachtainí Printíseachta Náisiúnta 2025 agus ainmníodh an tUas. Cameron McMeel mar Phrintíseach na Bliana 2025 sa chatagóir “Meicneoir Tromshaothair”.

Leis na haitheantais seo, leagtar béim ar chaighdeán ár gclár printíseachta agus an mheantóireacht láidir a chuirtear ar fáil ar fud na heagraíochta. Reáchtáil Comhairle Contae Mhuineacháin feachtas earcaíochta le haghaidh Printíseacht in Innealtóireacht Sibhialta agus d'fhostaigh sí triúr Printíseach in Innealtóireacht Sibhialta, ceann i ngach ceann dár gCeantar Bardasach.





Clár Céimithe

Ghlac Comhairle Contae Mhuineacháin páirt san fheachtas earcaíochta náisiúnta do Phleanálaithe larchéime arna chomhordú ag LGMA agus cheap siad Pleanálaí larchéime amháin tríd an bpróiseas seo.

Glacfaidh an Pleanálaí larchéime páirt sa Chlár Tacaíochta agus Forbartha ar fud na hearnála, lena n-áirítear ionductú, oiliúint phleanála fhoirmiúil agus meantóireacht struchtúrtha. Tá an clár seo deartha chun Pleanálaithe larchéime a ullmhú do chomórtais le haghaidh Pleanálaithe Cúnta amach anseo.

Clár WAM

Bunaíodh an clár WAM (Toilteanach, Ábalta, Meantóireacht) in 2005 agus é á mhaoiniú faoi láthair ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é príomhchuspóir WAM rochtain a leathnú ar fhostaíocht do chéimithe faoi mhíchumas agus oibriú ag an am céanna le fostóirí agus tacú leo chun áiteanna oibre níos cuimsithí a chruthú. Fostaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin céimí WAM inár Rannóg Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Plean Fórsa Oibre Straitéiseach 2025-2029

Rinneadh Plean Fórsa Oibre Straitéiseach Chomhairle Contae Mhuineacháin a fhorbairt agus a thabhairt chun críche in 2025. Leagtar amach sa Phlean Fórsa Oibre Straitéiseach ár bhfís agus ár dtiomantas leanúnach chun lucht saothair oilte, athléimneach, éagsúil agus lúfar a chothabháil agus a thógáil a bheidh in ann freastal ar riachtanais athraitheacha phobail Mhuineacháin agus ar an gclár oibre beartais náisiúnta.

I gcoirlár an phlean seo tá struchtúr nua – atá deartha ní hamháin chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrímid trí thacú le soláthar seirbhíse éifeachtúil agus éifeachtach, ach chun sineirgí féideartha a scaoileadh, comhoibriú a chur chun cinn, agus tacú le forbairt agus dul chun cinn foirne. Leis an struchtúr seo, tá ár gComhairle níos freagrúla, níos núálaí agus níos inbhuanaithe.

Léiríonn an struchtúr ár dtosaíochtaí: tacú lenár bpobail tuaithe agus uirbeacha, na caighdeáin rialachais is airde, tacú lenár gComhaltaí Tofa, an tábhacht a bhaineann lenár gcultúr, ár n-oidhreacht agus an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn, an gá atá le tacú le forbairt eacnamaíoch agus turasóireachta agus le hathghiniúint bailte agus sráidbhailte, agus aitheantas á thabhairt do ról na Comhairle i mbainistiú éigeandála, ár n-éiteas nuálaíochta, agus ár ngealltanais maidir le gníomhú ar son na haeráide.



Oiliúint & Forbairt

Lean an Roinn Acmhainní Daonna de thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim foirne, d'fhorbairt cumais agus d'fhorbairt ghairmiúil le linn 2025, ag cinntiú go raibh na scileanna agus an t-eolas is gá ag fostaithe chun seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar agus chun rannchuidiú le tosaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla na Comhairle.

Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna corparáidí ar fáil ar fud na heagraíochta, le béim láidir ar Shláinte & Sábháilteacht, oiliúint reachtúil agus éigeantach, forbairt ceannaireachta agus maoirseachta, uas-sciliú pleanála agus innealtóireachta, scileanna atá dírithe ar chustaiméirí, agus oiliúint theicniúil earnáilsonrach. Thacaigh an oiliúint freisin le réimsí tosaíochta eagraíochtúla lena n-áirítear Gníomhú ar son na hAeráide, Dualgas na hEarnála Poiblí, Airgeadas, agus Comhlíonadh Rialála.

Ar an iomlán, d'fhreastail baill foirne ar 165 cinn de chúrsaí oiliúna, seimineáir, seimineáir ghréasáin agus comhdhálacha in 2025, lena n-áirítear 30 cúrsa intí a seachadadh trasna roinnt láithreacha de chuid na Comhairle. Cuireadh oiliúint ionductúcháin ar fáil do 37 iontrálaí nua, agus cinntíodh leis sin ionductú comhsheasmhach agus feasacht ar bheartais agus caighdeáin chorparáideacha.

Áiríodh sa sceideal oiliúna le haghaidh 2025 raon leathan clár riachtanach agus sainchlár, amhail:

- Cláir sábháilteachta lena n-áirítear Pas Sábháilte, Láimhsiú Sábháilte, Oiliúint do Mhaor Dóiteáin, Dífhibrileoir/CPR, Oiliúint i dTeagmhais Thromchúiseacha, Bainistíocht Tráchtá Sealadach, Oscailt agus Ahchóiriú Bóithre, Oiliúint Athnuachana Sábh Slabhrach, Sluasaid tús-ualaithe, agus Ag Obair ar Airdí.
- Cúrsaí forbartha teicniúla agus gairmiúla ar nós Feistis Dromchla d'Innealtóirí, Suirbhé ar Fhardal an Droichid, Tithíocht Aoisbhá & Réimse Poiblí, Oiliúint Theicniúil Chánach, Sábháilteacht IOSH, Sláinte & Comhshaol do Bhainisteoirí Suímh Foirgníochta, agus Dlí Rátaí Tráchtála.
- Cláir chorpáraideacha agus riaracháin lena n-áirítear oiliúint CBFF, oiliúint agallaí agus agallóirí, Cód Caiteachais Phoiblí, agus Oiliúint Éigeantach maidir le hOifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Sonraí.
- Forbairt cheannaireachta, lena n-áirítear an Clár Forbartha don Cheannaireacht agus do Bhainisteoirí Líne, arna seachadadh i mí Meán Fómhair, 2025.

Lean an Chomhairle dá tiomantas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil trí chúnamh airgeadais a chur ar fáil do bhaill foirne a bhfuil cláir chreidiúnaithe bhreiseoideachais á saothrú acu atá ábhartha dá ról. Ina theannta sin, thacaigh Acmhainní Daonna le tionscnaimh mheantóireachta agus forbartha, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir earnála náisiúnta amhail an Clár Tacaíochta agus Forbartha do Phleanálaithe Iarchéime.

Cuireadh tuilleadh feabhais ar an oiliúint in 2025 trí thacaíochtaí foghlama digití a chomhtháthú, lena n-áirítear cúrsaí agus seimineáir ghréasáin ar líne, agus trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar an bhfoireann oiliúna acmhainní daonna ar an Tairseach Foirne.

Chomh maith le freastal ar na himeachtaí sin, thug an Chomhairle cúnamh airgeadais do 15 fhostaí a thug deis dóibh tabhairt faoi chúrsaí breiseoideachais.

Léiríonn an tacaíocht airgeadais sin tacaíocht na Comhairle do chultúr foghlama agus forbartha leanúnaí san eagraíocht.

Chuir an Chomhairle tús le clár píolótach, Clár Meantóireachta cuimsitheach d'fhoireann Ghairmiúil, Theicniúil, Riaracháin agus don Fhoireann Allamuigh in 2023/2024. Chomh maith leis sin, tugadh oiliúint ionductúcháin do 58 ball foirne nua in 2024, agus próiseáladh 32 iarratas ar thaithí oibre sa tréimhse.

Clár Forbartha do Bhainisteoirí Líne agus don Cheannaireacht

Bhí an chéad Clár Forbartha do Bhainisteoirí Líne agus don Cheannaireacht ag Comhairle Contae Mhuineacháin ar an 17 Meán Fómhair sa Champas Síochána. Mar chuid den ócáid uathúil seo, tháinig bainisteoirí líne le chéile ó sheirbhísí Riaracháin, Innealtóireachta, Teicniúla agus Lasmuigh agus chaith siad lá iomlán i mbun machnaimh ar cheannaireacht agus i mbun forbartha.

Bhí “comhrá cois tine” leis an gCathaoirleach, an Comh.. PJ O’Hanlon agus an Príomhfheidhmeannach Robert Burns mar chuid den chlár, arna n-éascú ag Irwin Turbitt, in éineacht le gníomhaíochtaí grúpa idirghníomhacha agus ionchur ó AD. Leag an ócáid béim ar thiomantas Chomhairle Contae Mhuineacháin tacú lena bainisteoirí líne, iad a fhorbairt agus a chumhachtú mar chuid rithabhachtach d’acmhainneacht eagraíochtúil a fhorbairt agus barr feabhais a bhaint amach sa rialtas áitiúil.



Laethanta Feasachta Foirne



Reáchtáladh an Lá Feasachta Foirne an 2 Aibreán 2025 in Oifigí Cathartha Charraig Mhachaire Rois. Mar chuid den ócáid bhí cuir i láthair ó Robert Burns, Príomhfheidhmeannach, Carmel O'Hare, Stiúrthóirí Seirbhíse, Frances Matthews, Oifigeach Folláine agus Damien Thornton Comhordaitheoir Cheantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois/Bhaile na Lorgan.

Tar éis na gcur i láthair, bhí turas siúlóide go Páirc Madraí, Tob-linn snámha agus C-Tek II, agus ina dhiaidh sin, bhí lón ag na hOifigí Cathartha agus turas ar Teach na mBocht.

Fuarthas aiseolas an-dearfach ón lucht freastail.

Sláinte & Folláine



In 2025, lean Comhairle Contae Mhuineacháin lena tiomantas chun timpeallacht oibre dhearfach, shláintiúil agus thacúil a cothú don fhoireann go léir. Bhí réimse scéimeanna um chothromaíocht oibre is saoil ar fáil ar feadh na bliana, lena n-áirítear Scéim Oibre Bliain níos Giorra, Scéim Saoire Mháithreachais, Saoire Thuismitheoireachta, Saoire Atharthachta, Saoire Thuismitheoireachta Nua, Postroinnt, Sosanna Gairme, Saoire Scrúduithe, Obair Chumaisc, Saoire Force Majeure, Saoire Mhéala agus an Scéim Rothaíochta go hIonad Oibre.

Ar an 21 Eanáir 2025, reáchtáladh an chéad chruinniú den Choiste Folláine nua, ina raibh ceathrar déag ball foirne. Tá Paul Carragher ina Chathaoirleach ar an gCoiste, agus tá Lisa Connolly ina Leas-Chathaoirleach. Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil seo ar na cláir folláine, na feachtais, na ceardlanna agus na himeachtaí a seachadadh i rith na bliana chun tacú le sláinte agus folláine fhoriomlán.

Cuireann Comhairle Contae Mhuineacháin rochtain ar fáil ar Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe de chuid Spectrum Life, a chuireann líne chúraim 24/7 ar fáil atá go hiomlán faoi rún agus a thairgeann tacaíocht agus comhairleoireacht do gach ball foirne de chuid na Comhairle agus dá dteaghlach.

Tionscnaimh Folláine arna Seachadadh in 2025

Folláine Mheabhrach

Cuireadh clár láidir tacaíochtaí meabhairshláinte ar fáil, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin maidir le meabhairshláinte a bharrfheabhsú, aire a thabhairt do ghaolta scothaosta, an tsíceolaíocht a bhaineann le réim bia shláintiúil, agus Feachtas bliantúil an Ribín Ghlais. Bhí rannpháirtíocht mhaith sna seisiúin sin i gcaitheamh na bliana.

Folláine Fhisiciúil

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí rinneadh máistir-ranganna snámha, rátaí lascaire corparáideacha ag Coral Leisure, agus siúlóid ar Ghlasbhealach Mhuineacháin leis an gCoiste Folláine a thabhairt isteach. Ba chloch mhíle shuntasach é seoladh na chéad Straitéise um Fholláine Foirne de chuid na Comhairle an 30 Aibreán, mar chuid de Lá Náisiúnta na Folláine san Ionad Oibre, agus 95 ball foirne rannpháirteach i siúlóid lóin.

Folláine Shóisialta

Chun ceangal agus comhoibriú a spreagadh i measc na foirne, thug an Chomhairle ar ais an tionscnamh *Bring Back the Buzz to the Canteens*, agus dháil siad boscaí gníomhaíochta chuig áiteanna amuigh faoin aer agus chuig stáisiúin dóiteáin. Ba é buaicphointe na bliana an t-imeacht "Folláine ar an Uisce" ag Loch Mucnú, a chumasc gníomhaíocht lasmuigh le tógáil foirne agus rannpháirtíocht shóisialta.

Folláine Airgeadais

I measc na dtacaíochtaí bhí seastán eolais do Chomhar Creidmheasa Charraig Mhachaire Rois agus dhá sheisiún am lóin ina leagtar amach príomhshonraí na scéimeanna pinsin LGSS agus SPS, ar ar fhreastail an fhoireann go maith.

Buíochas agus na Chéad Chéimeanna Eile

Gabhann an Coiste Folláine buíochas ó chroí leis an bhfoireann ar fad agus leis an bhfoireann Bainistíochta as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht leanúnach. Tá an chomhairle tiomanta i gcónaí don fholláine a leabú i ngach gné de shaol na heagraíochta, agus aithnítear an fholláine mar chomhiarracht leanúnach. Tá pleananna ar siúl faoi láthair chun tionscnaimh folláine a leathnú agus a neartú tuilleadh sa bhliain amach romhainn.

An Bhearna Phá idir na hInscní 2025

D'fhoilsigh Comhairle Contae Mhuineacháin a Tuarascáil ar an mBearn Phá idir na hInscní do 2025 an 21 Samhain 2025. Léirítear i dtuarascáil 2025 Bearn Phá idir na hInscní agus n-íoctar 1.89% níos mó le mná ar an meán ná le fir. Léirítear leis an Bearn Bhá Airmheán idir na hInscní go bhfuil an meánráta pá do mhná 14.31% níos airde ná an meánráta pá d'fhir.

Éilíonn An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearn Phá idir na hInscní, 2021 ar eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 50 fostaí sonraí maidir le bearna phá idir na fir agus na mná a fhoilsiú roimh dheireadh gach bliain féilire agus laistigh de shé mhí óna ndáta tagartha. Roghnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin agus gach údarás áitiúil sa tír an 30 Meitheamh 2025 mar an dáta tagartha.

Ní mór an t-eolas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an fhostóra nó ar bhealach eile atá inrochtana do gach fostaí agus don phobal.

Féach cóip de Thuarascáil ar an mBearn Phá idir na hInscní 2025 de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin 2025 ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin nó cliceáil anseo: [Tuarascáil ar an mBearn Phá idir na hInscní 2025](#)

Líon na nDaoine

Ba é seo a leanas líon na foirne i gComhairle Contae Mhuineacháin an 31 Nollaig 2025: -

Príomhfhoireann	Uim h.	Coibhéis Fostaí Lánaimseartha
Bainistiúil	5	5
Cléireachas/Riarachán	221	209.76
Proifisiúnta/Teicniúil	97	95.6
Lasmuigh	127	120.96
Príomhfhoireann Iomlán	450	431.32
Poist ar Conradh	17	15.65
Sealadach/Séasúrach	7	7
Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht	62	
Neamh DoEC&LG	2	0.58
Poist Iomlána Eile	88	23.23

Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois

Peace Plus – 2021-2027 Tionscnamh maidir le Clár RESTART

Fuarthas maoiniú i mí na Bealtaine 2025 do Thionscadal RESTART (Claochlú Eacnamaíoch agus Sóisialta Tuaithe agus Aistriú Athléimneachta le Chéile) agus is mórthionscnamh athghiniúna tuaithe trasteorann é a mhaoinítear faoi Chlár PEACEPLUS – Limistéar Infheistíochta 4.2: Athghiniúint Tuaithe agus Ionchuimsiú Sóisialta. Is ionann an maoiniú iomlán agus thart ar €8.4 milliún, ag tacú le trí bhaile: An Baile Nua, Cluain Eois agus Béal Tairbirt.

I measc na bpríomhfhorbairtí atá beartaithe i gCluain Eois beidh: Oibreacha athchóirithe agus feabhsaithe breise ag coimpléasc The Canal Stores.

Iar-theachín na nOibrithe Canála a athfhorbairt chun seirbhísí a leathnú.

An tseirbhís Béilí ar Rothaí a leathnú tríd an áis uasghrádaithe.

Spásanna ilchuspóireacha breise cruinnithe agus pobail a chruthú chun tacú le grúpaí áitiúla agus seirbhísí a sheachadadh.

Tacófar leis na spásanna le seirbhísí don Mhuiríne nua atá á forbairt in aince leis an suíomh.

Is athghiniúint é seo atá dírithe ar an bpobal agus a bhfuil sé mar aidhm aige athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a neartú i gCluain Eois.

Déanann comhpháirtithe trasteorainn an tionscadal a sheachadadh agus iad ag obair i gcomhar lena chéile, lena n-áirítear Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chluain Eois agus Áis Spóirt Pobail *Clones Erne East* (Nasc Síochána).




Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Chuir an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh maoiniú ar fáil do go leor tionscadal ar fud Cheantar Bardasach h Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois.

Gormbhealach Abhainn an Droma Mhóir

Fuair Gormbhealach Abhainn an Droma Mhóir maoiniú €481,560 chun an Gormbhealach ó Bhéal Átha Beithe go Lios na Long a fhorbairt. Deonaíodh cead pleanála, agus cuirfear tús leis na hoibreacha i R2 2026.



Gormbhealach an Droma Mhóir

Siúlóid Chiorclach Loch an Droma

Chuir an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh maoiniú €50,000 ar fáil chun siúlóid chiorclach a fhorbairt ag Loch an Droma a forbraíodh mar chuid de Phlean Físe 2030 an Droma de chuid Comhairle Contae Mhuineacháin.

Cuireadh comhairliúchán poiblí i gcrích i mí Iúil 2025 agus cuirfear Réamhthuarascáil Dearaidh ina leagtar amach an trí rogha don bhealach os comhair an phobail i R1 2026.

Bogach Bhéal Átha Beithe

Agus maoiniú €198,833 acu, críochnaíodh na hoibreacha Feabhsúcháin ar Chosán Bhogach Bhéal Átha Beithe i mí Dheireadh Fómhair 2025.



Feabhsú Chosán Bhogach Bhéal Átha Beithe

Lido Ghort an Mhuine

Bronnadh maoiniú €119,560.00 chun Lido Ghort an Mhuine a fhorbairt. Críochnófar na hoibreacha i R1 2026.

Loch an Chaisleáin

Fuarthas maoiniú €49,950 le haghaidh obair réamhfhobartha ar chonair siúil 2.3km ag Loch an Chaisleáin. Tá an Ceantar Bardasach ag obair go gníomhach le “Greenan's Cross Restoration Committee”, an grúpa pobail atá taobh thiar den tionscadal seo i bhforbairt an tionscadail. Cuirfear é seo chun tairisceana i R1 2026.

Glasbhealach Chluain Eois chuig na Mullaí

D'éirigh le Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois maoiniú €100,000 a fháil tríd an gCiste Cánach Carbóin 2020 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na tograí chun Glasbhealach a chur ar fáil ó na Mullaí go Cluain Eois ag tógáil ar an staidéar féidearthachta a críochnaíodh i lár 2019.

Ceapadh Clandillon Civil Consulting, rud a d'fhág gur críochnaíodh staidéir chomhshaoil, agus cuireadh roghanna bealaí ar fáil. Tugadh faoi chomhairliúcháin phoiblí fhairsinge sular roghnaíodh na bealaí ab fhearr.

Rinneadh Céim 3 den Mheasúnú ar Riosca Tuilté don scéim mar a d'iarr BIÉ. Deimhníodh le samhaltú tuilte go bhfuil 4.1km den bhealach is fearr i mbaol tuilte. D'fhorbair Comhairle Contae Mhuineacháin teicnící tógála malartacha chun Glasbhealach atá athléimneach ó thaobh tuilte de a sholáthar, mar aon le meastacháin ar chostais a ghabhann leis, i gcomhar lenár gcomhairleoirí agus cuireadh faoi bhráid BIÉ iad lena n-athbhreithniú.

Táimid ag fanacht faoi láthair ar aiseolas ó BIÉ maidir leis an rogha is fearr a roghnú le dul ar aghaidh chuig an chéad chéim eile.

Feabhsú an Réimse Phoiblí agus Tionscadail Taistil Ghníomhaigh

Tá Cuid 8 Pleanáil ag dul ar aghaidh don Scéim Bailte agus Sráidbhailte 2021, Feabhsú an Réimse Phoiblí, ina gcuimseofar feabhsúcháin bonneagair chun páirceáil, an sruth tráchta agus saoraidí do choisithe a fheabhsú. Díreoidh na hoibreacha ar an gcúirt liathróide agus limistéar an Diamaint i mBaile Chluain Eois.

Chuir Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois tús le 4 Scéim Taistil Ghníomhaigh in 2025, Oiriúnú Acomhail ar Chostas Íseal - Cúil Darach (áit a dtagann an R189 le chéile leis an R183) le leithdháileadh de €160,000.

Scéim taistil ghníomhaigh ag an Nasc Síochána i gCluain Eois, le leithdháileadh €50,000 ceadaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun gairdín a dhearadh agus a shuiteáil ag an mbealach isteach chuig Nasc Síochána.

Clár Feabhsúcháin Stadanna Bus - le leithdháileadh de €500,000, shuiteáil Comhairle Contae Mhuineacháin 42 crann brataí agus soicéad le haghaidh stadanna bus ar fud an chontae. Tá 13 láthair laistigh de CB Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois.

Tá Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhéal Átha Beithe ceadaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun siúlbealaí a fhorbairt agus a dhearadh a nascann Príomhshráid Bhéal Átha Beithe agus Páirc agus Scoileanna an Bhaile.

Forbraíodh Pleananna Soghluaisteachta Uirbí/Inbhuanaitheachta AT le haghaidh Bhaile Chluain Eois agus tá sé ag an gcéim chomhairliúcháin.

Cruinnithe den Cheantar Bardasach

Tar éis na dToghchán Áitiúil i mí na Bealtaine 2025 bhí a chéad chruinniú de Chomhairle Cheantar Bardasach



nua ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eoin i mí Meithimh 2025. Toghadh an Comh. Sinead Flynn mar Chathaoirleach agus an Comh. Sean Gilliland mar Leas-Chathaoirleach.


Cathaoirleach nuathofa, an Clr. Sinead Flynn agus an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, an Comh. Richard Truell.

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt

Tuaithe D'éirigh le Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois €5.137m a fháil faoin gCúigiú Glao ar Chatagóir 1 don Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) le haghaidh Mhoil Athghiniúna Chluain Eois (Oidhreacht agus Fiontraíocht). Áirítear leis an iarratas seo an Mol Gnó atá beartaithe ar Shráid Fhear Manach agus Lennard Arms (Lárionad Mainistreach) Sráid Mhic Curtáin/Sráid Áth an Lobhair/An Diamant, An Chrois Mhaol.

Ceapadh conraitheoir chun tús a chur leis an tógáil ar an Mol Gnó agus is í an tréimhse ama mheasta chun an tionscadal seo a chríochnú ná R3 2027.

Ceapadh foireann dearaidh mhionsonraithe tógála agus foireann dearaidh mhionsonraithe taispeántais spáis do thionscadal Lennard Arms. Beidh an tionscadal réidh le dul chun tairisceana i R3 2026.



Leagan amach dearaidh atá beartaithe do Mhol Oidhreacht Chluain Eois

Leithdháil Cistí um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe €400,000 ar Chomhairle Contae Mhuineacháin chun Teach an Mhargaidh a cheannach chun an tionscadal seo a chur chun cinn.



Teach an Mhargaidh, Béal Átha Beithe


Cheap an Ceantar Bardasach sainchomhairleoir; tá dearadh mionsonraithe curtha i gcrích anois agus tá sé ag fanacht ar chead Roinne chun dul ar aghaidh chuig an tairiscint. Leabharlann Phoiblí Bhéal Átha Beithe nua a bheidh i dTeach an Mhargaidh, ina mbeidh leabharlann na bpáistí, leabharlann na ndaoine fásta agus spás pobail chun cruinnithe agus imeachtaí do Ghrúpaí pobail Bhéal Átha Beithe a éascú. Fuarthas maoiniú €1.25m don tionscadal sin.

Tionscadail Chaipitil

Iosta CCM nua beartaithe i gCnoc an Tí, Cluain Eois. Tar éis cead a fháil ó SMT chun dul ar aghaidh leis an bhforbairt ar Iosta Foirne nua Faoin Spéir ag Cnoc an Tí, Cluain Eois, cheap Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois foireann deartha, rinne siad imscrúduithe ar an láthair, fuarthas cead pleanála agus tá siad ag cur i gcrích an phacáiste deiridh dearaidh agus tairisceana chun go mbeifear in ann iosta nua a thógáil.

Is le haghaidh foirgneamh aon stóir é an Dearadh a bheidh 258 méadar cearnach ina mbeidh limistéar stórála d'fheithiclí agus trealamh, stór cothabhála, oifig, saoráidí leasa, clós faoin spéir agus carrchlós feadh Bhóthar Theach an Scothaigh ar an R212 i gCluain Eois.

Cuireadh an tionscadal sin amach ar tairiscint chun conraitheoir tógála a cheapadh. Tá measúnú tairisceana curtha i gcrích; ba cheart go ndéanfaí conraitheoir a cheapadh faoi R1 2026.




Dearadh Tógála Chnoc an Tí

Ciste Aitheantais Pobail

Le Ciste Aitheantais Pobail 2025, tacaíodh le bonneagar agus áiseanna pobail a fhorbairt mar aitheantas ar an méid atá á dhéanamh ag pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine nua atá ag teacht isteach ón Úcráin agus ó thíortha eile agus iad a óstáil.

Chuir Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eoin ceithre thionscadal i gcrích tríd an gciste sin, áirítear leo sin:

- Uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar Fhoirgneamh Pobail Ilúsáide Bhéal Átha Beithe. Le leithdháileadh de €200,000. Cuireadh an tionscadal sin amach chun tairisceana le haghaidh tógála.
- Soláthar cúirte cispheile agus trealaimh le haghaidh Pháirc Bhaile Bhéal Átha Beithe – le leithdháileadh maoinithe de €69,161. Tá ceapachán conraitheora ceadaithe ar bun.
- Droichead coisithe a athsholáthar i bpáirc bhaile Bhéal Átha Beithe - €54,700.
- An stad bus a uasghrádú agus trasrian coisithe a shuiteáil ag an 98ú Ascaill, Cluain Eois – €120,000.



RI 2025

Clár Bóithre 2025

In 2025, thug Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois faoi chlár substaintiúil forbartha ar an mbonneagar bóithre.

Rinne an Ceantar Bardasach oibreacha draenála, forleagain coincréite asfailt agus cóirithe dromchla ar 16.2km ar sheacht mbóthar áitiúla agus ar chúig bhóthar réigiúnacha sa cheantar ar luach measta €3 milliún faoin scéim deontas feabhsúcháin athchóirithe.

Ceadaíodh maoiniú breise chun bóthar réigiúnach eile a athdhromchlú faoin scéim deontas feabhsúcháin athchóirithe.

Bhí cóiriú dromchla ar 43km eile de bhóithre ar fud an Cheantair Bhardsaigh ar 22 bóthar. Thug an Ceantar Bardasach faoi dheisiúcháin/chothabháil ghinearálta fairsing ar an ngréasán bóithre sa cheantar freisin, mar shampla, deisiúcháin/glanadh lintéar, paisteáil bóithre, bearradh fáil, scuabadh agus easghlanadh.



Scéim ar Chostas Íseal

Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Déanann an Ceantar Bardasach iarratas gach bliain ar mhaoiniú le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin ar Chostas Íseal chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. In 2025, d'éirigh leis an gCeantar Bardasach le ceithre iarratas ar Mhaoiniú le haghaidh Tionscadail ar Chostas Íseal. Áirítear leis na ceithre thionscadal na hoibreacha seo a leanas:

- Suiteáil marcálacha bóthair, soilsithe phoiblí agus comharthaí rabhaidh a ghníomhachtaítear le feithiclí ar LP3400/LP3411, Craobh Mhártain
- Suiteáil córais srianta feithiclí ar R183/LS6290, Gardail, Cill Laobháin
- Suiteáil trasriain choisithe ar R189/LP2400, Teach na dTrí Mhíle
- Suiteáil marcálacha bóthair agus comharthaí rabhaidh a ghníomhachtaítear le feithiclí ar bhóithre isteach R183/R162, Béal Átha Beithe

Oifigí Ceantar Bardasach

Bhí lúcháir ar an gCeantar Bardasach a bheith in ann páirt a ghlacadh sna himeachtaí a bhain le soilsiú foirgnimh phoiblí a lasadh i rith na bliana. Reáchtáladh na himeachtaí seo chun feachtas a ardú agus chun aird a tharraingt ar roinnt saincheisteanna an-tábhachtach a théann i bhfeidhm ar go leor daoine ar fud ár bpobal.



Oifigí Bardasach Chluain Eois

Bhí lúcháir ar Chomhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois, d'fhonn tacú le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, Scoláireachtaí Gaeltachta a mhaoiniú do scoláirí ó mheánscoileanna áitiúla a chláraigh ar chúrsaí Gaeltachta i samhradh 2025.



Bronnadh na ngradam scoláireachtaí ag an gCathaoirleach, an Comh. Richard Truell

Tá na Comhaltaí Tofa mórtasach i gcónaí tacú le tionscnaimh phobail agus oibriú i ndlúthchomhar lenár bpobail áitiúla.

Óstáladh imeachtaí amhail Féile Scannán Chluain Eois agus Féile Ealaíon Chluain Eois.

Bhí a chéad Oíche Gradam Pobail bliantúil ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eoin i mí an Mheithimh 2025. Tugadh aitheantas ag an ócáid don obair thábhachtach a dhéanann grúpaí pobail ar fud an chontae ar bhonn bliantúil.

Rinne Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois, thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin agus in éineacht le Foireann Bhaile Bhéal Átha Beithe, comóradh 25 bliain de nascadh bailte idir Béal Átha Beithe, Contae Mhuineacháin agus Gergweis, Osterhofen, an Bhaváir a óstáil, agus chuir sé fáilte roimh an toscaireacht ar cuairt agus ceiliúradh na naisc sheasmhacha trí mhalartuithe cultúrtha, eispéiris chomhroinnte agus tiomantas do mheas agus tuiscint ar a chéile a chothú.



Cathaoirleach, An Comh. Sinead Flynn agus
Bürgermeisterin na Baváire Thomas Etschmann

D'óstáil Cluain Eois an 137ú Cluiche Ceannais de Chraobhchomórtas Peile Sinsir Uladh i mí na Bealtaine 2025. Mar ullmhúchán don imeacht, chomhordaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe agus Chluain Eois, i gcomhpháirt le Foireann Baile Chluain Eois agus Club CLG Naomh Tiarnach, clár cuimsitheach siamsaíochta roimh an gcluiche.

D'fhonn cur le rath imeacht 2024 – ina raibh ceol beo faoin spéir, díoltóirí bia sráide agus Crios tiomanta don Teaghlach – feabhsaíodh imeachtaí ceiliúrtha 2025 trí scáileán faoin spéir a chur leis ar ar craoladh an cluiche.

I gcomhar leis an nGarda Síochána, cuireadh bearta bainistíochta tráchta i bhfeidhm chun tacú le gluaiseacht shábháilte an lucht freastail. Fuarthas áiseanna páirceála breise freisin feadh príomhbhealaí isteach chun spás a dhéanamh do líon méadaithe cuairteoirí.



Lá an Chluiche i gCluain Eois

Tograí le haghaidh 2026

Tá os cionn 40% de ghréasán bóithre an chontae i gCeantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois.

Tá infheistíocht mhór ag teastáil, go háirithe ar an ngréasán bóithre réigiúnach lena chinntiú go gcoinnítear an gréasán ar chaighdeán sásúil.

Leanfaidh an Ceantar Bardasach ag obair leis na hionadaithe tofa agus leis an bhfoireann ó rannóga eile i gComhairle Contae Mhuineacháin chun a chinntiú go bhfaightear maoiniú, agus go seachadfar gach scéim in 2026.

Tá iarratais ar mhaoiniú curtha isteach le haghaidh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar Chostas Íseal agus oibreacha deisiúcháin droichid in áiteanna éagsúla sa Cheantar Bardasach.

Leanfaidh an Ceantar Bardasach ar aghaidh ag cur na dtionscadal chun cinn i mBéal Átha Beithe agus i gCluain Eois, atá á maoiniú faoi láthair faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus féachfaidh sé le scéimeanna a fhorbairt le haghaidh tuilleadh aighneachtaí maoinithe faoin gclár seo.

Tá aighneachtaí cuimsitheacha déanta ag an gCeantar Bardasach faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh na Roinne agus cuirfidh sé na scéimeanna seo chun cinn tar éis maoiniú a fháil.

Leanfaimid orainn ag tacú le grúpaí pobail agus gnólachtaí ina gcuid gníomhaíochtaí agus oibreoidimid go dlúth le rannóg Tithíochta agus Pleanála agus rannóg Athnuachana Baile na Comhairle chun réitigh agus cláir oibre a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe laistigh den Cheantar Bardasach.

Ceantar Bardasach Mhuineacháin

Cruinnithe den Cheantar Bardasach

Reáchtáil an Ceantar Bardasach a Chruinnithe Míosúla ar an tríú Luan de gach mí, cé is moite de mhí Lúnasa. Ag an gCruinniú Cinn Bhliana i mí an Mheithimh, toghadh an Comh. Seamus Treanor ina Chathaoirleach agus toghadh an Comh. Raymond Aughey ina Leas-Chathaoirleach ar feadh bliana. Bhí roinnt cruinnithe fochoiste eile ann chun plé a dhéanamh ar bhóithre, buiséid agus saincheistanna agus cláir eile laistigh den cheantar.

Pobal Pháirc

Ros Mór

Lean Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag infheistiú i limistéir áineasa na páirce agus á gcothabháil.

Cuireadh dealbh mór nua, Rocky, leis an mbealach Rochtain do Chách, bhí sé sin cómhaoinithe ag an gCeantar Bardasach agus ag Éire Ildánach.



Rocky Mór

Forbraíodh conair uimhrithe ainmhithe áitiúla 800 méadar i bPáirc Foraoise Ros Mór le maoiniú ó chlár ORIS. Leanann an bealach conair bitmac atá ann cheana agus tá sé deartha chun leanaí a spreagadh an pháirc a thaiscéaladh, fanacht gníomhach agus foghlaim faoi ainmhithe áitiúla foraoise ar bhealach spráíúil tarraingteach.

Paráid Lá Fhéile Pádraig 2025

Reáchtáil Ceantar Bardasach Mhuineacháin Paráid Lá Fhéile Pádraig Bhaile Mhuineacháin agus gníomhaíochtaí do leanaí an 17 Márta leis an téama Laochra na hÉireann.

Bhí breis agus 60 iontrálaí sa pharáid agus d'fhreastail slua mór den phobal uirthi.



Féile Ceoil Tíre 2025

Bhí an-rath ar an bhFéile Ceoil Tíre agus thug níos mó daoine ná riamh cuairt ar an mbaile le linn na tréimhse ceithre lá, 17-20 Iúil. Is é an Ceantar Bardasach a phleanáil agus a mhaoirsigh an dúnadh bóthair a raibh gá leis i rith an imeachta.

Lintéar Bhóthar na Plandála

Cuireadh tús leis na hoibreacha ar lintéar nua ó Loch Pheadair go dtí an Campas Síochána. Bhí píopa nua 180m ar fad i gceist leis an tionscadal agus cuid de déanta trí thollán faoi theach ar Bhóthar na Plandála agus faoi charrbhealach.

Cuireadh tús leis na hoibreacha i mí an Mheithimh 2025 agus meastar go gcuirfear i gcrích iad i mí Feabhra 2026. Cabhróidh an tionscadal le tuilte a mhaolú i dtuaisceart an bhaile.



An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS)

Fuair Páirc Choill an Chuilinn maoiniú €276,385 faoi ORIS agus thug Ceantar Bardasach Mhuineacháin maoiniú €30,710 anuas air sin. Rinneadh uasghrádú sa tionscadal seo ar an mbonneagar i bPáirc Choill an Chuilinn. D'oscail an tAire Dara Calleary an tionscadal go hoifigiúil an 9 Aibreán 2025.

Maoiniú Páirceanna Spraoi ón Roinn

Fuair Luí na Gréine, Baile an Scothaigh maoiniú €18,887 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíú agus Óige chun trealamh a sholáthar agus thug Ceantar Bardasach Mhuineacháin maoiniú €18,000 anuas air sin.



Luí na Gréine, Baile an Scothaigh

Córas TCI Bhaile Mhuineacháin

Rinneadh suiteáil an chórais TCI do Bhaile Mhuineacháin chun 43 ceamara a chur isteach ag 17 suíomh i Lár Bhaile Mhuineacháin a chur i gcrích, mar aon leis na hoibreacha chun comharthaí TCI a chur in airde.

Bhí an scéim seo maoinithe den chuid is mó leis an ioncam ón limistéar páirceála íoctha agus le deontas ón Scéim TCI Pobalbhunaithe ón Roinn Dlí agus Cirt.

Seoladh an scéim TCI go hoifigiúil an 27 Samhain 2025 ag an gcéad chruinniú de Chompháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Mhuineacháin.



Seoladh Scéim TCI Bhaile Mhuineacháin

Páirceáil Carranna

Bhí páirceáil saor in aisce i bhfeidhm ag an gCeantar Bardasach don Nollaig ó mheán lae gach lá ón 8 Nollaig 2025 go dtí an 1 Eanáir 2026.

Leasaíodh na Fodhlíthe Rialaithe Páirceála agus Carrchlós (Páirceáil íoctha) in 2025 tar éis don Cheantar Bardasach agus Comhairle iomlán iad a fhaomhadh, rud a chinntíonn rialacháin chun dáta chun tacú le bainistíocht tráchta agus forfheidhmiú feabhsaithe.

Déantar airgead a bhailítear trí Pháirceáil íoctha laistigh de Bhaile Mhuineacháin a athinfheistiú sa Cheantar Bardasach trí chothabháil a dhéanamh ar Pháirc Foraoise Ros Mór, Feidhmeannach Tacaíochta Gnó a chur ar fáil, tacú le Foireann an Bhaile, agus maoiniú a chur ar fáil do thionscadail/imeachtaí sa cheantar. Úsáideadh an t-airgead sin freisin chun córas TCI Bhaile Mhuineacháin a mhaoiniú.

Turais Choisíochta

Lean na turais coisíochta sheachtainiúla ar aghaidh gach Satharn ag 12 meán lae ón 29 Márta go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair. Thosaigh na siúlóidí teoraithe saor in aisce sin ag Westenra Hotel agus mhaoinigh Ceantar Bardasach Mhuineacháin iad.

Bailte Slachtmhara

Lean Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag obair go dlúth le Grúpaí Bailte Slachtmhara laistigh den cheantar ar roinnt tionscadal. Tugadh cúnamh freisin do Ghrúpaí Pobail/Cumainn Áitritheoirí i rith na bliana.

D'éirigh le Baile Mhuineacháin toradh iontach a bhaint amach arís in 2025 i gcomórtas bruscair IBAL, agus tá an baile anois sa 4ú háit as an 40 Baile agus Cathair a ndearnadh suirbhé orthu. Aithníodh Baile Mhuineacháin mar áit atá "Níos Glaine ná Noirm Eorpacha" agus tuairisc dhearfach mhionsonraithe ag gabháil leis.

I mí na Bealtaine 2025, sheol Bailte Slachtmhara Mhuineacháin tionscadal uathúil "Foraois Bheag" a fhaigheann maoiniú ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, lena gcruthaítear ocht micreafhóraois in eastáit chónaitheacha.

Leis an tionscadal, tacaítear leis an mbithéagsúlacht, ceapadh carbóin, rannpháirtíocht sa phobal agus seasmhacht aeráide.

Spásanna Oscailte Poiblí

Bhí an Ceantar Bardasach freagrach as go leor de na spásanna oscailte poiblí sa cheantar a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear páirc pheile Pháirc na Beilge.

Gradaim Phobail

Déardaoín, an 12 Meitheamh, tháinig an Ceantar Bardasach agus an Rannóg Pobail le chéile chun Oíche Gradam Pobail a óstáil.

Reachtáladh Gradaim Pobail 2025 chun an obair dheonach sheasta a dhéanann grúpaí pobail agus daoine aonair ar fud an Cheantair a shainaithint, a mholadh agus a cheiliúradh. Tarraingítear aird leo ar thiomantas, flaithiúlacht agus spiorad iontach na ndaoine sin a chuireann go mór leis an saol i Muineachán a fheabhsú.

Clóis Shúgartha

I rith na bliana, chuir Ceantar Bardasach Mhuineacháin cigireachtaí seachtainiúla i gcrích agus rinne sé cothabháil leanúnach ar 20 clós súgartha sa cheantar, mar aon le deisiú leanúnach agus oibreacha uasghrádaithe.

Margadh Feirmeoirí – Cearnóg na hEaglaise

Lean Margadh Feirmeoirí Bhaile Mhuineacháin ar aghaidh i rith 2025 gach Aoine ag Cearnóg na hEaglaise.



Faomhadh na Fodhlíthe Corrthrádála (Rialú agus Ainmniú), 2025 leasaithe i mí Iúil 2025, lena neartaítear an creat rialála maidir le corrthrádáil ar fud Cheantar Bardasach Mhuineacháin.

Comhpháirtíocht Shliabh Beatha

Lean Comhpháirtíocht Shliabh Beatha de theacht le chéile go rialta i rith 2025. Rinneadh ionadaíocht ar na trí Chomhairle, ar Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí, Comhairle Ceantair Lár Uladh agus ar Chomhairle Contae Mhuineacháin (CB Mhuineacháin).

Tá an grúpa ag obair le chéile chun limistéar Shliabh Beatha a fhorbairt agus tá maoiniú €6 milliún faighte aige chun an limistéar a fhorbairt mar cheann scríbe Éiceathurasóireachta faoi mhaoiniú Oileáin Chomhroinnte.

Bóithre

Clár Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre 2025

Cuireadh tús le hoibreacha draenála sa cheantar i mí Feabhra. Rinneadh 11.4km de bhóithre áitiúla agus 1km de bhóithre réigiúnacha san iomlán a dhraenáil agus a athdhromchlú faoin gClár Athchóirithe Bóithre 2025.

Clár um Chotheabháil Athchóirithe

Rinneadh cóiriú dromchla ar 16km de bhóithre áitiúla agus 1.5km de bhóithre réigiúnacha ar an iomlán faoin gClár um Chotheabháil Athchóirithe 2025.

Idirghabhálacha Bóithre ar Chostas Íseal

Tharla tionscadal píolótach Micrishéalaithe mar idirghabháil bóithre ar chostas íseal ar an L-1600 ag Tulaigh Bhriain. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal píolótach sin séala sciodair biotúmain a chur ar stráicí den bhóthar inar sainaithníodh fabhtanna dromchla. Tar éis tréimhse trí go ceithre seachtaine, rinneadh cóiriú dromchla ar an mbóthar uile.

Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Chuir an Ceantar Bardasach scéim sábháilteachta ar chostas íseal chun cinn ar an L-1620 ag na Crosa. Bhí oibreacha athailínithe bóthair, draenáil nua agus Córas Sriantha Feithicle i gceist leis na hoibreacha sin.



Cothabháil Ghinearálta ar Bhóithre

Deisíodh roinnt sciorthaí ciumhaise agus damáiste do bhóithre a tharla de bharr stoirmeacha.

Rinneadh bearradh an féar ar thaobhanna bóithre náisiúnta laistigh den Cheantar faoi dhó in 2025, agus baineadh bruscar mar chuid de na hoibreacha.

Cuireadh oibreacha gearrtha crann i gcrích ar bhóithre náisiúnta agus ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle freisin.

Rinneadh deisiúcháin ar roinnt uchtbhallaí droichid sa Cheantar Bardasach.



Rinne an Ceantar Bardasach bearradh fáil ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle agus ag suíomhanna straitéiseacha sábháilteachta ar bhóithre, oibreacha paisteála móire ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, athsholáthar cosáin i mBéal Átha an Fhóid mar aon le miondeisiúcháin ar fud an Cheantair, agus oibreacha marcála bóthair agus draenála i limistéir iomadúla i rith na bliana.

Cuireadh tús leis an gclár Cothabhála Geimhridh an 14 Deireadh Fómhair 2025 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí deireadh mhí Aibreáin 2026.

Cárta Contae Mhuineacháin

In 2025, tháinig Cárta Bronntanais Contae nua in ionad Dhearbhán Bhaile Mhuineacháin páipéir a bhí ann roimhe, a rinne chomh maith sin go raibh sé imithe as smacht, agus a bhain €12 milliún amach i ndíolacháin ó bunaíodh é in 2016.

I bhfianaise an leibhéil sin díolachán, ní raibh sé inbhuanaithe a thuilleadh an obair láimhe a rinne gnólachtaí rannpháirteacha agus baill foirne na Comhairle chun an dearbhán páipéir a riar agus fuascailtí a phróiseáil, agus bhí gá le cur chuige níos nua-aimseartha agus níos éifeachtúla.

Smaoineamh simplí ach iontach is ea Cárta Bronntanais Chontae Mhuineacháin: is cárta é is féidir a chaitheamh i siopaí, bialanna, caiféanna agus seirbhísí ar fud an chontae. Is bronntanas foirfe é le haghaidh ócáid ar bith, agus an rud is fearr ar fad faoi, fanann gach euro a chaitear i Muineachán, rud a thacaíonn lenár ngeilleagar agus gnólachtaí áitiúla.

Seoladh an Cárta Bronntanais Contae nua an 21 Samhain 2025 agus tá rath ollmhór air go dtí seo. Baineadh amach díolacháin €1,776,832 sna chéad sé seachtaine tar éis an tseolta.

Ina theannta sin, díoladh €370,000 i nDearbháin Bhaile Mhuineacháin sna seachtainí sular gcuireadh deireadh leis an dearbhán páipéir ar dháta an tseolta. I dteannta a chéile, b'fhiú breis agus €2 milliún san iomlán na díolacháin i dtréimhse réasúnta gearr.



Lean Foireann Baile Mhuineacháin agus Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag cur na siopaí agus na ngnólachtaí a ghlacann leis an gcárta bronntanais chun cinn trí na meáin shóisialta, fógraíocht raidió agus imeachtaí an bhaile.



Seoladh Chárta Bronntanais Chontae Mhuineacháin

Feachtais Bholscaireachta sa Bhaile

Is cruinniú d'úinéirí gnó áitiúla, ionadaithe grúpaí pobail, comhordaitheoir arna mhaoiniú ag Comhairle Contae Mhuineacháin, agus ionadaí ó Cheantar Bardasach Mhuineacháin atá i bhFoireann Baile Mhuineacháin. Is é príomhaidhm na meithle líon na gcustaiméirí a fheabhsú, borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí gnó, agus spiorad pobail a chothú i Muineachán.

Ba bhliain rathúil eile é 2025 do Bhaile Mhuineacháin, mar is léir ón raon féilte a chuir leis an méadú suntasach sa turasóireacht. I dteannta a chéile, cuireadh feabhas ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, neartaíodh turasóireacht áitiúil agus cothaíodh rannpháirtíocht chultúrtha leis na himeachtaí sin.

Ina measc, bhí rath mór ar an bhFéile Bia Sráide a tharla an 23 Lúnasa, a chomhordaigh coiste ina raibh Comhordaitheoir, comhaltaí Fhoireann an Bhaile agus baill foirne an Cheantair Bhardsaigh.

Ba bhuaicphointe suntasach é an Dinnéar Boird Fhada a tharla an tráthnóna roimhe sin, an 22 Lúnasa, lenar mealladh rannpháirtíocht láidir agus a chuir leis an atmaisféar ceiliúrtha.

D'éirigh thar barr le Féile Bia Sráide na Nollag freisin a tharla Dé Sathairn, an 6 Nollaig. I dteannta a chéile, bhí an-bheocht ag baint leis na himeachtaí i bPlás Cearnóg na hEaglaise agus i limistéar an Diamaint, rud a thug gníomhaíocht bhríomhar agus rannpháirtíocht phobail don bhaile.



Dinnéar Boird Fhada – Cearnóg na hEaglaise – Lúnasa 2025



Seoladh Fhéile Bia Sráide na Nollag

Bhí ócáid an-rathúil ag coiste Chairde Pháirc Ros Mór, 'Taibhsí Pháirc Foraoise Ros Mór', Dé hAoine, an 31 Deireadh Fómhair a mheall slua mór daoine agus a fuair aiseolas dearfach díograiseach.

Bhí imeacht an-rathúil ag Ceantar Bardasach Mhuineacháin in éineacht leis an gCoiste chun Soilse na Nollag a Lasadh ar an Domhnach, an 23 Samhain. Chuir an Ceantar Bardasach soilse na Nollag agus maisiúcháin Nollag ar fáil do bhaile Mhuineacháin agus rinne iad a bhainistiú.

B'ócáid speisialta í ócáid 2025 toisc gur seoladh an Crann Nollag nua agus bealach áirseach siúl tríd leis. Bhí rath ollmhór ar an gcrann a moladh go hard na spéire, agus thosaigh daoine ag glacadh féiníní lom láithreach ag an suíomh, rud a chuir Muineachán chun cinn a thuilleadh.



Crann Nollag Nua, Cearnóg na hEaglaise, Muineachán



Imeacht - Lasadh Shoilse na Nollag

Ceiliúradh plás nua-athbheoite Cearnóg na hEaglaise agus an Campas Síochána ag Gradaim Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann 2025 a bhfuil ardmheas orthu. Thuill Cearnóg na hEaglaise an Gradam Dearaidh Uirbigh, agus tugadh urraim don Champas Síochána sna catagóirí Dearaidh Uilíoch agus Foirgneamh Poiblí.



Plás Cearnóg na hEaglaise

Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan

Bonneagar Bóthair Bóithre

Réigiúnacha agus Áitiúla

In 2025, bhainistigh an Ceantar Bardasach (CB) infheistíocht €4.5 milliún sa ghréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Neartaíodh thart ar 11km den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta faoin gclár Feabhsaithe Athchóirithe agus rinneadh 24km eile a athshéalú faoin gclár Cothabhála Athchóirithe. Ina theannta sin, deisíodh agus cobhsaíodh deich mbóthar de 13km ar fad san iomlán faoin Scéim phiolótach Idirghabhála ar Chostas Íseal.

Leis an maoiniú a fuarthas faoi scéim Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta 2025 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, bhíodhas in ann bearta sábháilteachta ar bhóithre a chur i bhfeidhm ag trí shuíomh laistigh den Cheantar, agus rinne airgead a fuarthas faoin Iar-Dheontas Náisiúnta Athshlánúcháin Bóithre soláthar do chur i gcrích athdhromchlaithe ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia i gCarraig Mhachaire Rois.

In áiteanna eile, leis an gclár Oibreacha Oiriúnaithe don Athrú Aeráide agus Oibreacha Athléimneachta ina leith 2025, soláthraíodh do dhearadh beart maolaithe tuilte do Dhomhnach Maighean, agus le maoiniú éigeandála faoi chlár Oibreacha Athshlánaithe Dhroichead 2025, cumasaíodh deisiúchán ar thóchar a bhí tite agus ar sciorradh claífoirt cois bóthair feadh R179 ag Doire Leamhán.



Oibreacha idirghabhála ar chostas íseal ar LP4510, Domhnach Maighean



Bratphileáil agus Deisiúcháin Lintéar ag Doire Leamhán

Taisteal Gníomhach

Lean an Ceantar Bardasach ag obair go dlúth leis an Aonad Taistil Ghníomhaigh i rith 2025. Tá sé scéim ar siúl sa Cheantar faoi láthair, ar a bhfuil luach comhcheangailte de thart ar €450,000.

Ár Láir Bailte agus Sráidbhailte a Athnuachan, Mol Pobail, Turasóireachta agus Ealaíon ag Teach na mBocht Charraig Mhachaire Rois

Rinne an feidhmeannas, i gcomhpháirtíocht le Grúpa Forbartha Pobail Fhearnaí, pleananna a chur chun cinn maidir le hathfhorbairt láithreán Theach na mBocht Charraig Mhachaire Rois. Agus faomhadh pleanála Chuid 8 faighte, is é is aidhm don tionscadal cumasúcháin sin den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, Catagóir 2, an scéim a chur ar aghaidh go stádas 'réidh don tsluasaid' faoi dheireadh R1 2026, rud a éascóidh iarratais incháilithe faoi ghlaonna maoiniúcháin amach anseo.



Íomhá choincheapúil den Mhol Pobail, Turasóireachta agus Ealaíon atá beartaithe ag Teach na mBocht Charraig Mhachaire Rois

Tionscadal Athnuachana Cearnóg Mhargaidh Bhaile na Lorgan, Céim II (Teach Margaidh agus Cearnóg Mhargaidh)


Chuir foireann na dTionscadal Caipitiúil an t-athchóiriú atá beartaithe ar an Teach Margaidh agus an Cearnóg Mhargaidh ar aghaidh go céim tairisceana i mí Lúnasa 2025. Ina dhiaidh sin, chuir an feidhmeannas aighneacht isteach chuig an Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2025 ag lorg cead chun an conradh tógála a bhronnadh. Faoi réir cheadú pleanála a fháil, tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an tógáil i R2 2026.



Léaráid ealaíontóra ar Theach an Mhargaidh athchóirithe

Plean Athghiniúna le haghaidh cúlthailte amach ó cheann thiar thuaidh na príomhshráide, i mBaile na Lorgan

Go luath in 2025, chuir Comhairle Contae Mhuineacháin plean athnuachana i gcrích le haghaidh na gcúlthailte, agus an Phríomhshráid, an tSráid Thiar, Sráid Mhucnú agus Bóthar Mhic Craith timpeall orthu. Soláthraítear creat leis an bplean chun réadmhaoin tailte cúil a chur i mbun feidhme, agus treoir á tabhairt maidir le húsáidí inmharthana, dlúis, leagan amach agus dearadh.



Tailte cúil ar an taobh thiar thuaidh den Phríomhshráid, Baile na Lorgan

The Bridewell, Carrig Mhachaire Rois

In 2025, chuir Comhairle Contae Mhuineacháin ceannachán “The Bridewell” i mBaile Charraig Mhachaire Rois i gcrích. Fuarthas maoiniú chun pleananna agus costálacha mionsonraithe a fhorbairt le haghaidh athchóiriú an fhoirgnimh. Samhlaítear go gcuirfear iarratas pleanála Chuid 8 don fhorbairt isteach go déanach i mí an Mhárta nó go luath i mí Aibreáin 2026.



The Bridewell, Carrig Mhachaire Rois

Coimpléasc Linn Snámha agus Fóillíochta Beartaithe i mBaile Charraig Mhachaire Rois

Fuair an suíomh láithreáin is fearr don tsaoirid atá beartaithe cead ó na comhaltaí tofa ag cruinniú Ceantair Bhardasaigh i mí na Samhna. Tá an togra ag dul ar aghaidh anois chuig an gcéim “Pleanáil agus Dearadh Tionscadail”, agus tá sé beartaithe tús a chur le suirbhéanna agus imscrúduithe ar an láithreán i mí Feabhra 2026.



Íomhá choincheapúil den Choimpléasc Linn Snámha agus Fóillíochta atá beartaithe

Feabhsuithe ar an sráid-dreach agus ar thaitneamhachtaí ar an bpríomhshráid i mBaile Charraig Mhachaire Rois Le maoiniú a fuarthas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2025, beifear in ann Scéim um Fheabhsú Éadan Foirgneamh a chur i bhfeidhm sa Bhaile, in éineacht le feabhsuithe ar shoilsiú ar fhoirgnimh sainchomhartha stairiúla agus soláthar locháin mhaisithe ag Cearnóg an Mhargaidh.

Ag Infheistiú i Spásanna Poiblí agus i Saoráidí Áineasa Allamuigh

Máistirphlean agus Creat Forbartha Loch Mucnú agus an Cheantair Máguaird

Ceapadh an gnólacht sainchomhairleoireachta *Cunnane Stratton Reynolds* i mí na Bealtaine 2025 chun Máistirphlean agus Creat Forbartha deich mbliana a fhorbairt le haghaidh Pháirc Loch Mucnú. Díritear leis an bplean ar shraith idirghabhálacha gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a sholáthar chun forbairt inbhuanaithe Eastát Loch Mucnú agus a chomhtháthú leis an mbaile a éascú. Tá an tionscadal ag an gcéim 'Roghanna atá ag Teachta Chun Cinn' faoi láthair agus tá sé beartaithe imeachtaí comhairliúcháin phoiblí breise a dhéanamh i R1 2026.

Máistirphlean Tírdhreacha do Thailte an Chlochair

Cheap Comhairle Contae Mhuineacháin *The Paul Hogarth Company* chun máistirphlean tírdhreacha coincheapa a ullmhú do limistéar Thailte an Chlochair ó dheas de Lár Baile Charraig Mhachaire Rois. Tá téarmaí tagartha an Mháistirphlean atá beartaithe dírithe ar naisc shiúil agus rothaíochta níos fearr a sholáthar le lár an bhaile, freastal ar an síneadh a d'fhéadfaí a chur ar Mheánscoil Lughaidh agus infheistíochtaí a rinneadh le déanaí a chomhdhlúthú i saoráidí spóirt. Táthar ag súil go gcuirfear an plan i gcrích ina iomláine go luath i R2 2026. Go dtí seo, soláthraíodh leis an bplean an bonn le haghaidh iarratas rathúil ar mhaoiniú faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh chun seirbhísí sainchomhairleoireachta dearaidh a fháil chun Máistirphlean Áineasa a fhorbairt do Loch na Glach.



Limistéar staidéir, Máistirphlean Tírdhreacha do Thailte an Chlochair

Máistirphlean Spáis Ghlais Chnoc na Croiche agus Máistirphlean Áineasa Loch Creevy

Le maoiniú a fuarthas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, bhíothas in ann plananna mionsonraithe a fhorbairt chun conláiste Chnoc na Croiche a fheabhsú. Soláthrófar leis an bplean creat chun spás glas agus limistéar taitneamhachta poiblí nua, inúsáidte, ardchaighdeán agus inrochtana a chur ar fáil don taobh ó thuaidh de Bhaile Charraig Mhachaire Rois. Ar an gcaoi chéanna, le maoiniú a fuarthas faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, bhíothas in ann plan áineasa a fhorbairt chun conláiste Loch Creevy a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe inrochtana atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Samhlaítear go gcuirfear iarratais planála Chuid 8 le haghaidh na bhforbairtí sin isteach go luath i R2 2026.



Máistirphlean Áineasa Loch Creevy

Uasghrádú conairí agus feabhsuithe áineasa ar an Oileán Dubh

Le hairgead a fuarthas faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, soláthraíodh chun feabhsuithe suntasacha a chur i gcrích ar an gconláiste ar an Oileán Dubh. Áiríodh leis na hoibreacha, uasghráduithe ar chonairí a bhí ann cheana, comharthaíocht agus léirmhíniú nua, suiteáil suíochánra adhmaid, agus forbairt gnéithe amhaire nádúrtha ag pointí scíthe.



Comharthaíocht nua ag an Oileán Dubh

Spásanna Céadfacha nua i gCarraig Mhachaire Rois agus i mBaile na Lorgan

I mí an Mheithimh 2025, cuireadh spás céadfach agus oideachasúil nua faoin aer i gcrích ag Páirc na Clochbhuaile, Carraig Mhachaire Rois. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh spás céadfach nua i gcrích in aice an chlóis súgartha atá ann cheana féin i bPáirc Loch Mucnú, Baile na Lorgan i mí Lúnasa 2025.



Gairdín Céadfach agus Spás Oideachasúil Faoin Aer ag an gClochbhuaile



Spás Céadfach, Páirc Loch Mucnú

Leis an maoiniú a fuarthas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh in 2025 beifear in ann leanúint d’fheabhas a chur ar áiseanna caithimh aimsire lasmuigh, lena n-áirítear:

- Plean athchóirithe a fhorbairt don Gharraí Daingean i bPáirc Loch Mucnú.
- Céim 2 den spás céadfach faoin aer i bPáirc Loch Mucnú a chur i gcrích.
- An lamairne agus fánán ag an ionad eachtraíochta faoin aer i bPáirc Loch Mucnú a athchóiriú.
- Máistirphlean Áineasa a fhorbairt do Loch na Glach.

Pleanáil agus Forbairt

Thuairiscigh feidhmeannas an Cheantair Bhardasaigh 146 iarratas pleanála san iomlán i rith 2025. Seo a leanas an miondealú:

Cineál Forbartha	Líon na nIarratas
Talmhaíocht	12
Athrú úsáide	3
Tráchtáil	29
Oideachas	7
Tionsclaíoch	6
Spórt agus Áineas	2
Cuid 8	3
Cónaithe (Iomlán)	84
Árasáin (5)	
Forbairt Tithíochta (11)	
Áitribh Aonair (51)	
Eile (sintí, garáistí, bealaí isteach nua) (17)	
Iomlán	146

Bearta Pobail

Lean an Ceantar Bardasach dá thacaíocht d’Fhoirne Baile agus do ghrúpaí áitiúla chun cabhrú le feabhas a chur ar ár bpobail, ár sráid-dreacha agus ár dtimpeallacht thógtha. Tá an infheistíocht leanúnach sna grúpaí sin lárnach dár straitéisí forbartha inbhuanaithe.

Imeachtaí agus Féilte

Agus Paráid Lá Fhéile Pádraig mar thús leis, choinnigh an Ceantar Bardasach cur chuige comhoibritheach láidir ar bun i leith imeachtaí pobail agus féilte a sheachadadh i rith 2025. I measc na mbuaicphointí, bhí -

- Féile Patrick Byrne - lenar cuimsíodh fáiltiú do scoláirí agus múinteoirí ó L'École de Musique du Póher in Carhaix a reáchtáladh ag na hOifigí Cathartha, Carraig Mhachaire Rois go luath i mí Aibreáin.
- An Margadh Feirmeoirí míosúil ag Cearnóg an Mhargaidh, Carraig hachaire Rois.
- Féile Shráide Charraig Mhachaire Rois.
- Mania Mhucnú.
- Filleadh ar Bhaile na Lorgan agus Deireadh Seachtaine "Tom Mór".
- Imeachtaí Lasta Shoilse na Nollag i gCarraig Mhachaire Rois agus i mBaile na Lorgan.
- Margadh Nollag Loch Mucnú.



Banna Píob na Corra Duibhe ag seinm ag Paráid Lá Fhéile Pádraig i gCarraig Mhachaire Rois



Taispeántas tine ag Mania Mhucnú

Sábháilteacht agus Folláine Pobail

Stoirm Éowyn:

Gníomhachtaíodh an Fhoireann Bainistíochta Géarchéime roimh theacht Stoirm Éowyn an 24 Eanáir 2025. Tar éis dheireadh na tréimhse Foláirimh Aimsire Dearga, shlóg criúnna an Cheantair Bhardasaigh chun smionagar a ghlanadh agus bealaí tosaíochta a athoscailt.

Gníomhachtaíodh Moil Phobail, agus tacaíocht acu ó bhaill foirne Chomhairle Contae Mhuineacháin, in Oifigí Cathartha Charraig Mhachaire Rois, Ionad Pobail Eoroma agus Club Pobail agus Sóisialta Inis Caoin. Mhair an chéim freagartha éigeandála láithrí go dtí an 11 Feabhra, ar lena linn a chabhraigh baill foirne Chomhairle Contae Mhuineacháin freisin le Líonraí BSL le glanadh fairsing láithreán chun athbhunú cumhachta a éascú.

Tá oibreacha deisiúcháin fós ar siúl ag Acra an Bhulaí chun an reilig, ar cuireadh as di le crainn a stoitheadh, a chur ar ais mar a bhí go hógair. Idir an dá linn, suiteáladh gineadóir nua ag na hOifigí Cathartha chun neamhspleáchas a chinntiú le linn teagmhais stoirme agus gearradh cumhachta amach anseo.

TCI:

Fuair an Ceantar Bardasach cead chun Scéim TCI Pobail Charraig Mhachaire Rois atá beartaithe a shuiteáil i mí na Samhna 2025. Tá sé beartaithe go mbeidh scéimeanna TCI Pobail Charraig Mhachaire Rois agus Bhaile na Lorgan ag feidmhiú go hiomlán faoi dheireadh R2 2026.

Soilsiú Poiblí:

Chuir an Ceantar Bardasach feabhsuithe fairsinge i gcrích ar an soilsiú poiblí feadh na Príomhshráide/na Sráide Thiar, Baile na Lorgan go déanach i mí Dheireadh Fómhair 2025. Tá feabhsuithe comhchosúla le déanamh ar an soilsiú poiblí feadh na Sráide Móire, Carraig Mhachaire Rois go luath in 2026.

Bailte Slachtmhara

Bailte Slachtmhara - Lean an Ceantar Bardasach lena thacaíocht do na grúpaí seo trí ranníocaíochtaí bliantúla agus cúnamh lóistíochta i rith na bliana. In 2025, choinnigh Carraig Mhachaire Rois a bonn óir don 13ú bliain as a



chéile agus bhain Baile na Lorgan méadú 9 bpointe amach ar a thoradh in 2024.


Grúpa Bailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois sa phictiúr le baill foirne an Cheantair Bhardasaigh ar Lá Glantacháin an Earraigh

Soláthar Corparáideach

Tá an t-aonad soláthair i gComhairle Contae Mhuineacháin freagrach as an méid seo a leanas:

- feabhas a chur ar chomhlíonadh na dtreoirlínte áitiúla agus náisiúnta agus rialacha soláthair an Aontais
- comhairle a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí soláthair
- cúnamh a thabhairt do bhaill foirne na nósanna imeachta cearta a leanúint agus treoirlínte a fhorbairt chun comhlíonadh na mbeartas a chinntiú
- gníomhú mar idirghabhálaí idir an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an tIonad Soláthair Oibríochtúil Rialtais Áitiúil agus Comhairle Contae Mhuineacháin chun an leas is mó is féidir a bhaint as soláthar láraithe
- dul chun cinn ar athchóiriú soláthair a thuairisciú don lucht bainistíochta
- ciorcláin rialtais a bhaineann le soláthar a chur i bhfeidhm
- tairiscintí uile Chomhairle Contae Mhuineacháin a uaslódáil ar na hardáin eTenders agus SupplyGov

In 2025, d'fhoilsigh Comhairle Contae Mhuineacháin 115 tairiscint lenar clúdaíodh Earraí agus Soláthairtí, Seirbhísí, Oibreacha Caipitiúla agus Seirbhísí a Bhaineann le hOibreacha. Mar thoradh air sin, bronnadh 81 conradh in 2025 ar luach €41.2 milliún san iomlán.



Luach Bronnta Conartha de réir catagóire caiteachais

Cuireadh treoir agus oiliúint maidir le soláthar ar fáil do bhaill foirne na Comhairle trí uirlisí éagsúla tacaíochta, Lámhleabhar Nósanna Imeachta Soláthair a tugadh cothrom le dáta agus Oiliúint Soláthair. Ina theannta sin, chuir Foireann an Aonaid Soláthair oiliúint soláthair inti ar fáil do bhaill foirne i Rannóga agus

Rannáin éagsúla.

Cuireadh oiliúint shonrach ar fáil do bhaill foirne ábhartha maidir leis na Treoirlínte maidir le Bonneagar.

Cuireadh treoir agus oiliúint maidir le soláthar ar fáil do bhaill foirne na Comhairle trí uirlisí éagsúla tacaíochta, Lámhleabhar Nósanna Imeachta Soláthair a tugadh cothrom le dáta agus Oiliúint Soláthair.

Ina theannta sin, chuir Foireann an Aonaid Soláthair oiliúint soláthair inti ar fáil do bhaill foirne i Rannóga agus Rannáin éagsúla. Cuireadh oiliúint shonrach ar fáil do bhaill foirne ábhartha maidir leis na Treoirlínte maidir le Bonneagar.

In 2025, rinne an tOifigeach Soláthair Tuarascáil Ráthú Caighdeáin Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2024 a chomhordú, a thiomsú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) mar a éilítear leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tugadh faoi deara leis an tuarascáil gur léiríodh leis na seicliostaí a chuir Comhairle Contae Mhuineacháin i gcrích leibhéal ard comhlíontachta an Chóid Caiteachais Phoiblí agus léiríodh leis na mionseiceálacha a rinneadh ar rogha tionscadal/clár nach raibh aon mhórshaincheist ann lena gcaithfí amhras ar chomhlíonadh na Comhairle leis an gCód.

Cinntíonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bhfuil fócas cuí agus leanúnach ar dheachleachtas i dtairiscint agus i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair ábhartha go léir.

Coistí um Beartais Straitéiseacha

Tá sé mar ról ag Coistí um Beartais Straitéiseacha moltaí beartais a dhéanamh, cur i bhfeidhm beartais a mheas agus a thuairisciú a bheidh le meas; coistí lárnacha beartais a chur ar fáil chun tairbhe a bhaint as comhlachtaí seachtracha chun an beartas a dhéanamh.

Níl na coistí deartha chun plé le gnáthábhair oibríochtúla maidir le seirbhísí a chur ar fáil.

Baineann na Coistí um Beartais Straitéiseacha le baill thofa de Chomhairle Contae Mhuineacháin agus daoine eile atá ainmnithe ag / nó ionadaithe ó earnálacha ábhartha d'obair Choiste um Beartais Straitéiseacha.

Tá cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ag Comhairle Contae Mhuineacháin:

SPC 1 – SPC 2

Tithíocht – Iompar

SPC 3 – SPC 4 Forbairt Eacnamaíoch agus

Fiontar – Gníomhú ar son na hAeráide agus an

Comhshaol

SPC 5 – Turasóireacht, Forbairt
Tuaithe agus Pobail; an Ghaeilge agus
Seirbhísí Cultúrtha

**Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí na gCoistí
um Beartais Straitéiseacha le linn 2025**

Housing SPC

Following the local elections in 2024 new strategic policy committees had to be convened. The newly formed Housing SPC held its Inaugural meeting in March 2025, with further meetings held in May, September and December 2025.

The SPC received presentation on the following topics:

- Capital Programme of works
- Affordable Housing Purchase Scheme
- Cost Rental Scheme
- Homeless Procedures
- Traveller Accommodation Plan
- Regeneration Team Report
- Differential Rent Scheme and Rent Review
- Safe Homes Ireland presentation
- Scheme of Letting Priorities
- Planned Maintenance Programme
- Housing Operational Budget
- Housing Adaptation Grants

Transport SPC

There were 4 Transport meetings held in 2025.

The members received presentations on the following

- Clones Urban Mobility Plan
- Proposed Pilot Road Maintenance Strategy
- Monaghan Town Draft Local Transport Plan
- National Speed Limit review
- Draft Pavement Maintenance Strategy
- Roads over Peat Presentation
- EV Charging update
- Urban Speed Limit Review

The members also received detailed updates of various Roads and Community projects including the LIS.

Economic Development & Enterprise SPC

4 meetings of the SPC took place in 2025 (Feb, April, Sept & Nov)

Members received presentations on a wide range of topics. These included;

- Overview of the scope of the SPC
- Rates Vacancy Abatement Scheme & Scheme for waiver of Rates
- Overview of the Local Enterprise Office
- Derelict Sites Policy Review
- Update on Croi Conaithe Grant Scheme
- Development at Annahagh Industrial Lands
- Monaghan's Economic Statistics
- Establishment of an Economic Development Forum
- Anaerobic Digestors

The SPC over the year provided a consistent forum for informed discussion, policy development and collaborative decision making.

Tourism, Rural & Community Development; An Ghaeilge & Cultural Services SPC

(4 meetings held in 2025.)

The members approved the following strategies:

- County Outdoor Recreation Strategy 2025 – 2030
- County Monaghan Arts Strategy 2025 – 2031
- County Monaghan Heritage Strategy 2026 – 2031
- County Museum Strategic Plan 2025 – 2030

The members also received presentations on;

- Irish Languages Act
- Monaghan Local Sports Plan
- Festival and Events Policy
- County Museum Policies
- Treinfhir Clan
- Everybody Plays Policy

Climate Action & Environment SPC

(4 meetings held in 2025)

In 2025, members received presentations on a wide range of topics.

- RMCEI Plan for Waste, Water Air & Noise for 2025
- Draft of Monaghan's Biodiversity Action Plan 2025-2030
- Draft of Monaghan's Litter Management Plan for 2026-2029
- Community Insurance for Tidy Towns
- Update on "Lough Muckno Road to Recovery Project"
- Introduction to the newly appointed National Parks and Wildlife Service (NWPS) Conservation Ranger for Monaghan - Andrew Egan Walsh and his role within the county
- Tree & Hedgerow Strategy for Monaghan County Council
- Domestic Wastewater Treatment Systems
- Elliots Farm Rewilding & Seed Bank Proposal
- Environment, Biodiversity & Circular Economy Fund 2026
- Progress on Monaghan County Council's Climate Action Plan 2024-2029
- Community Climate Action Programme

Ionadaíocht Comhairleoirí ar Choistí Seachtracha agus Comhairle





**Local Community
Development
Committee**

Cllr. Seamus Coyle

Cllr. Paul Gibbons

Cllr. Pauric Clerkin

Audit Committee

Cllr. Raymond Aughey

Cllr. Paul Gibbons

**Standing Orders &
Procedures
Committee**

Cathaoirleach of the day

Cllr. Peter Conlon

Cllr. Alan Johnston

Cllr. Seán Conlon

Cllr. Sinead Flynn

Cllr. Raymond Aughey

Cllr. Niamh McCooley

**Appointment of
members to witness the
affixing of the Official
Seal**

All Members of Monaghan County
Council appointed to witness the
affixing of the Official Seal.

Local Steering Group for the
Use of Irish in Monaghan
County Council (Coiste
Gaeilge)

Cllr. Pat Treanor
Cllr. Richard Truell
Cllr. Seamus Coyle
Cllr. Aidan Campbell
Cllr. Niamh McCooley

Local Improvements
Scheme Committee

Cllr. Aidan Campbell
Cllr. P.J. O'Hanlon
Cllr. Bronagh McAree
Cllr. Noel Keelan
Cllr. Sean Gilliland

Local Monitoring
Committee (Rural
Water Programme)

Cllr. Paul Gibbons
Cllr. Aidan Campbell
Cllr. P.J. O'Hanlon
Cllr. Noel Keelan

Speed Limits
Committee

Cllr. Raymond Aughey
Cllr. Colm Carthy
Cllr. Peter Conlon
Cllr. Alan Johnston
Cllr. Sinead Flynn
Cllr. P.J. O'Hanlon

County Monaghan
Heritage Forum

Cllr. Peter Conlon
Cllr. Bronagh McAree
Cllr. Seán Conlon
Cllr. Seamus Coyle

Road Safety
Committee

Cllr. Seán Conlon

Museum Advisory
Committee

Cllr. Paul Gibbons
Cllr. Raymond Aughey
Cllr. Alan Johnston
Cllr. Pauric Clerkin

Monaghan Local Sports
Partnership Board

Cllr. Colm Carthy

Local Traveller
Accommodation
Consultative Committee

Cllr. Pauric Clerkin
Cllr. Niamh McCooley
Cllr. Seamus Coyle
Cllr. Seamus Treanor

Monaghan Leisure
Complex Management
Committee

Cllr. Pauric Clerkin
Cllr. Sean Conlon
Cllr. Raymond Aughey

Civic Offices
Steering Group

Cllr. Bronagh McAree
Cllr. Seamus Treanor
Cllr. Raymond Aughey
Cllr. Seamus Coyle
Cllr. Alan Johnston
Cllr. Sean Gilliland
Cllr. Niamh McCooley

Muckno Development
Committee

Cllr. Peter Conlon
Cllr. Aidan Campbell
Cllr. Paul Gibbons
Cllr. Noel Keelan
Cllr. Colm Carthy
Cllr. P.J. O'Hanlon
Cllr. Pat Treanor
Cllr. Pauric Clerkin

**A5/N2 Cross
Border Committee**

Cllr. Peter Conlon
Cllr. Seamus Treanor
Cllr. Noel Keelan
Cllr. P.J. O'Hanlon

**Peace Partnership
Board**

Cllr. Richard Truell
Cllr. Seamus Treanor
Cllr. Niamh McCooley
Cllr. Raymond Aughey
Cllr. Paul Gibbons

Twinning Committee

Cllr. Pauric Clerkin
Cllr. Aidan Campbell
Cllr. Sinead Flynn
Cllr. P.J. O'Hanlon

**East Border Region
Members Forum**

Cllr. P.J. O'Hanlon
Cllr. Peter Conlon
Cllr. Raymond Aughey
Cllr. Aidan Campbell
Cllr. Paul Gibbons
Cllr. Noel Keelan

**Directors to the
East Border
Region Ltd**

Cllr. Noel Keelan
Cllr. P. J. O'Hanlon
Cllr. Aidan Campbell

**Board of the
Garage Theatre**

Cllr. Pauric Clerkin
Cllr. Bronagh McAree

**Northern and Western
Regional Assembly
(NWRA)**

Cllr. Seán Conlon
Cllr. Richard Truell

**Management Board of
ICBAN Ltd., (Irish Central
Border Areas Network)**

Cllr. Alan Johnston
Cllr. Pat Treanor
Cllr. Seamus Coyle

**Clones Erne East
Partnership**

Cllr. Richard Truell
Cllr. Pat Treanor
Cllr. Sinead Flynn
Cllr. Seamus Coyle
Cllr. Sean Gilliland
Cllr. Pauric Clerkin

**Association of Irish
Local Government
(AILG)**

Cllr. Pat Treanor
Cllr. Noel Keelan
Cllr. Sean Gilliland

**Regional Health Forum
– Dublin and North
East**

Cllr. Seamus Coyle
Cllr. Bronagh McAree
Cllr. Alan Johnston

**An Coiste
Logainmneacha**


Cllr. Pat Treanor
Cllr. Peter Conlon
Cllr. Seamus Coyle
Cllr. Bronagh McAree

**Local Authority
Members Association
(LAMA)**

Cllr. Sean Conlon

**Cavan/Monaghan
Education and Training
Board**

Cllr. Sinead Flynn
Cllr. Aidan Campbell
Cllr. Colm Carthy
Cllr. Alan Johnston
Cllr. Seamus Coyle



Comhdhála/Oiliúint ar ar Fhreastail Bail in 2025

Údarás Cur Chun Cinn	Ábhar	Ionad	Dátaí	Líon na mBall ar ar Fhreastail tú
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	Seimineár an Earraigh	Kilford Arms, Cill Chainnigh	30-31 Eanáir 2025	4
AIR	Seimineár Oiliúna Bliantúil	Radisson, Baile Átha Luain	5-6 Feabhra 2025	2
Comhdháil Cheilteach	Rialachas Corparáideach	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	7-9 Feabhra 2025	1
AILG	Fuinneamh Gaoithe	Dún Dealgan	20 Feabhra 2025	1
AILG	Fuinneamh Gaoithe	Chill Chainnigh	22 Feabhra 2025	2
AILG	Comhionannas a Chuimsiú, Pobail Áitiúla a Chothú	Clayton Hotel Galway	20 Márta 2025	3
AILG	Rialtas Áitiúil don Chéad Ghlúin Eile	Limerick Strand Hotel	2-3 Aibreán 2025	9
Institiúid Pleanála na hÉireann	Comhdháil Pleanála Bhliantúil 2025	Bóthar na Trá, Gaillimh	10-11 Aibreán 2025	1
AILG	Práinnfhreagairt – Comhairlí ag Tacú le Pobail i nGéarchéimeanna Aimsire	Radisson Blu Hotel, Sligeach	22 Bealtaine 2025	1
AILG	Maidir le Cathaoirligh agus Oifigigh Shinsearacha SPC	Midlands Park Hotel, Port Laoise	2 Meán Fómhair 2025	3
AILG	Seimineár Oiliúna – AILG	Westport Woods, Maigh Eo	17-18 Meán Fómhair 2025	8
AILG	Airgeadas agus Buiséad Údarais Áitiúil	Arklow Bay Hotel, Co. Chill Mhantáin	9 Deireadh Fómhair 2025	1
AILG	Airgeadas agus Buiséad Údarais Áitiúil	Lasmuigh den réigiún – Tiobraid Árann	11 Deireadh Fómhair 2025	2
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	Seimineár Fómhair Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	Amber Springs, Guaire, Loch Garman	16-17 Deireadh Fómhair 2025	4
Comhdháil Cheilteach	Ról Athraitheach IS in Idirchaidrimh Phoiblí	O'Donovans Hotel, Cloich na Coillte	7-9 Samhain 2025	1
AILG	An comhthéacs athraitheach pleanála agus na Treoirlínte Aireachta nua faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt	Radisson Blu Hotel, Baile Átha Luain	15 Samhain 2025	3

Aguisín I Costais na gComhaltaí

Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Contae Mhuineacháin in 2025 ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025							
Ainm an Chomhairleora	Íocaíocht Ionadaíochta / Tuarastal (Faoi réir ÍMAT etc.)	Liúntas Ionadaíochta Áitiúil (Taisteal agus Cothú, Deimhnithe, Neamhdheimhnithe)	Cathaoirleach / Leas-Chathaoirleach / Cathaoirleach an Liúntais CB (Faoi réir ÍMAT etc.)	Liúntas Chathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha (faoi réir ÍMAT etc.)	Taisteal & Cothabháil (Oiliúint, Comhdhálacha, Cruinnithe Trasteorann agus Eile)	Taisteal Thar Lear (Nascadh etc., Costas Eitiltí agus Speansais)	IOMLÁN ÍOCTHA
An Comh. Colm Carthy	€31,180.75	€9,147.64		€6,000.00	€246.25		€46,574.64
An Comh. Sean Gilliland	€31,180.75	€8,712.64		€6,000.00			€45,893.39
An Comh. Raymond Aughey	€31,180.75	€4,542.88		€6,000.00		€3,423.07	€45,146.70
An Comh. Richard Truell	€31,180.75	€7,987.60	€5,033.17	€6,000.00	€4,484.73	€3,423.07	€58,109.32
An Comh. Peter Conlon	€31,180.75	€8,730.04	€1,833.31		€699.90	€1,633.79	€44,077.79
An Comh. Sinéad FLYNN	€31,180.75	€7,077.52	€3,133.33		€1,855.70	€794.01	€44,041.31
An Comh. Bronagh McAree	€31,180.75	€6,683.92			€806.24	€3,423.07	€42,093.98
An Comh. Pauric Clerkin	€31,180.75	€5,353.52					€36,534.27
An Comh. Paul Gibbons	€31,180.75	€8,682.33	€12,299.96		€2,317.52	€2,128.79	€56,609.35
An Comh. Noel Keelan	€31,180.75	€7,783.78			€2,973.29		€41,937.82
An Comh. Sean Conlon	€31,180.75	€2,616.84	€2,750.00	€6,000.00	€4,875.46		€47,423.05
An Comh. Pat Treanor	€31,180.75	€7,715.08			€3,928.21		€42,824.04
An Comh. Seamus Coyle	€31,180.75	€5,019.01			€5,096.91		€41,296.67
An Comh. PJ O’Hanlon	€31,180.75	€6,092.56	€13,793.68		€2,635.59		€53,702.58
An Comh. Seamus Treanor	€31,180.75	€4,792.84	€3,250.00		€118.15		€39,341.74
An Comh. Aidan Campbell	€31,180.75	€7,787.56				€681.99	€39,650.30
An Comh. Niamh McCooey	€32,573.23**	€7,606.96			€1,410.10		€41,590.29
An Comh. Alan Johnston	€32,573.23**	€5,266.16					€37,839.39
An Comh. Cathy Bennett					€324.55*		€324.55
Iomláin	€564,038.46	€121,598.88	€42,093.45	€30,000.00	€31,772.60	€15,507.79	€805,011.18

*Baineann an íocaíocht leis an gComh. Cathy Bennett le costas a tabhaíodh le linn a róil mar Chathaoirleach in 2024

**Fuair an Comh. Niamh McCooey agus an Comh. Alan Johnston íocaíocht riaráiste i ndáil lena dtuarastal (le haghaidh na tréimhse 16/12/24-31/12/24) tar éis iad a chomhthoghadh chuig Comhairle Contae Mhuineacháin chun folúntais a líonadh a tháinig chun cinn tar éis an Olltoghcháin, an 29 Samhain 2024

Aguisín II Ráiteas Airgeadais 2025

Ráiteas Airgeadais 2025

Achoimre ar Chaiteachas, Ioncam agus Iarmhéideanna

Léiríonn an caiteachas sa Chuntas Caipitil de €68,782,798 an infheistíocht a rinne an Chomhairle chun an bonneagar sa Chontae a fheabhsú.

Cuntas Caipitil

Gníomhaíocht de réir an Ghrúpa Clár	2024 Caiteachas	2024 Ioncam	2024 Glanchoistas
Tithíocht & Foirgneamh	45,704,894	44,121,675	(1,583,219)
Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht	11,223,682	11,147,384	(76,298)
Seirbhísí Uisce	195,869	218,015	22,146
Bainistíocht Forbartha	5,327,641	5,113,732	(213,909)
Seirbhísí Comhshaoil	1,920,858	2,206,587	285,729
Áineasa agus Conláistí	1,047,749	1,757,117	709,368
Seirbhísí Ilchineálacha	3,362,105	864,117	(2,497,988)
Caiteachas / Ioncam Iomlán	68,782,798	65,428,627	(3,354,171)
	2024	2025	
Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 1 Eanáir	(5,915,014)	(1,531,260)	
Caiteachas	58,317,848	68,782,798	
Ioncam	58,586,583	65,428,627	
Aistrithe go hIoncam	(881,566)	(1,783,096)	
Aistrithe Glan ó Chuntas Ioncaim	4,996,585	5,518,217	
Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 31 Nollaig	(1,531,260)	(1,150,309)	

Cuntas Ioncaim

Gníomhaíocht de réir an Rannáin	Caiteachas 2025	Ioncam 2025	Glanchoistas 2025
Tithíocht & Foirgneamh	16,090,124	18,127,994	2,037,870
Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht	31,474,900	23,139,567	(8,335,333)
Seirbhísí Uisce	8,450,781	7,999,737	(451,044)
Bainistíocht Forbartha	13,713,547	6,822,154	(6,891,393)
Seirbhísí Comhshaoil	9,969,249	3,115,596	(6,853,653)
Áineasa agus Conláistí	8,014,387	708,105	(7,306,282)
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	472,809	228,988	(243,821)
Seirbhísí Ilchineálacha	5,686,673	7,555,471	1,868,798
Caiteachas / Ioncam Iomlán	93,872,468	67,697,612	(26,174,856)

Glanchoistas na gClár le maoiniú ó Rátaí an Chontae agus ón gCiste Rialtais Áitiúil **(26,174,856)**

	€
Rátaí	17,034,378
Cáin Mhaoine Áitiúil	13,242,826
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain	4,102,348
Aistrithe go Cúlchistí	(3,943,968)
Barrachas/ (Easnamh) Foriomlán	158,381
Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 1 Eanáir	291,378
Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 31 Nollaig	449,759

Cuntas Ioncaim

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	2025		2024	
Ioncam				
Deontais agus Fóirdheontais an Stáit	49,019,317	50.0%	53,376,161	54.0%
Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla eile	693,483	0.7%	574,329	0.6%
Earraí agus Seirbhísí	17,984,812	18.4%	16,390,727	16.6%
Cáin Mhaoine Áitiúil	13,242,826	13.5%	13,225,238	13.4%
Rátaí	17,034,378	17.4%	15,252,819	15.4%
Ioncam Iomlán	97,974,816	100.0%	98,819,274	100.0%
Caiteachas				
Costais Phárolla	36,914,427	39.3%	34,885,834	36.8%
Costais Oibríochta	43,799,164	46.7%	46,487,579	49.1%
Costais Riaracháin	3,923,640	4.2%	4,355,447	4.6%
Costais Bhunaíochta	2,449,813	2.6%	1,817,244	1.9%
Costais Airgeadais	6,214,328	6.6%	6,075,880	6.4%
Ilchineálach	571,096	0.6%	1,138,580	1.2%
Caiteachas Iomlán	93,872,468	100.0%	94,760,563	100.0%
Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe	4,102,348		4,058,711	
Aistrithe go Cúlchistí	(3,943,968)		(4,298,646)	
Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don Bhliain	158,381		(239,934)	
Cúlchistí Ginearálta an 1 Eanáir	291,378		531,313	
Cúlchistí Ginearálta an 31 Nollaig	449,759		291,378	

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (SIFC)

Réamhrá

Tá mise, Robert Burns, Príomhfheidhmeannach (PF) Chomhairle Contae Mhuineacháin freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (AFS), a d'ullmhaigh an Stiúrthóir Airgeadais, de réir an chóid chleachtais chuntasaíochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Mhuineacháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réirriachtanais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an AFS faoi réir iniúchta sheachtraigh, ag iniúcháir de chuid na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil, arb é is cuspóir dó teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus a rá cibé an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil *staid airgeadais* an údaráis áitiúil agus a ioncam agus a chaiteachas *go cothrom* don tréimhse atá i gceist, agus an ndéantar idirbhearta an údaráis áitiúil faoina maítear go ndéantar iad.

Tuairiscíonn an AFS ar ghníomhaíochtaí laethúla Chomhairle Contae Mhuineacháin i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach, achoimrithe de réir Rannáin. Tugann an Ráiteas ar Staid Airgeadais breac-chuntas ar staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae Mhuineacháin amhail an 31 Nollaig 2025.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam ar reáchtáil laethúil Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim do Chomhairle Contae Mhuineacháin:

	2025 €	2024 €
Earraí agus Seirbhísí	17,984,812	16,390,737
Deontais agus Fóirdheontais	49,019,317	53,376,161
Ranníocaíochtaí Eile	693,483	574,329
Rátaí	17,034,378	15,252,819
Cáin Mhaoine Áitiúil	13,242,826	13,225,238

Seo a leanas an ghníomhaíocht ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 2025:

Tharla róchaiteachas sna Rannóga a leanas: A, B, F, G agus H. Beidh gá le faomhadh na gcomhaltaí trí rún de réir fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 mar gheall ar an róchaiteachas sin. Cuirfear tuarascáil ar an róchaiteachas agus Aistrithe chuig Cúlchistí i láthair ag Cruinniú na Comhairle i mí na Bealtaine 2026.

	2025 €	2024 €
Ioncam	97,974,816	98,819,274
Caiteachas	93,872,468	94,760,563
Aistrithe chuig Caipiteal	(3,943,968)	(4,298,646)
Barrachas /(Easnamh) le haghaidh	158,381	(239,934)
Cúlchiste Ioncaim Tosaigh	291,378	531,313
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	449,759	291,378

Ba é an barrachas ioncaim tosaigh do Chomhairle Contae Mhuineacháin an 1 Eanáir 2025 €291,378. Thaifead an Chomhairle barrachas €158,381 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 a raibh barrachas carnach méadaithe €449,759 mar thoradh air.

Léiríonn an *Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain mar aon le figiúirí na bliana comparáidí de réir mar is cuí.

Cuimsíonn an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla araon
- Obair ar siúl agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht den chuid is mó
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha - lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dliteanais reatha agus fadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus iasachtaí neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/larmhéideanna Éagsúla

Is é €1,613,541,669 iomlán Ghlansócmhainní Chomhairle Contae Mhuineacháin ag deireadh 2025 agus is iad seo a leanas iad:

	2024 €	2024 €
Sócmhainní Seasta	1,586,035,938	1,559,808,626
Oibreacha ar Siúl	34,905,566	14,021,259
Féichiúnaithe fadtéarmacha	29,855,541	29,237,526
Sócmhainní Reatha	22,929,893	17,106,856
Dliteanais Reatha	(16,171,509)	(11,270,958)
Ghlansócmhainní Reatha / (Dliteanais)	6,758,383	5,835,898
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain)	(44,013,759)	(40,981,437)
Ghlansócmhainní/(Dliteanais)	1,613,541,669	1,567,921,871

Tugadh isteach *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* mar chuid de AFS 2011. Bíodh is gur leanadh treoir Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 *Ráiteas ar Shreafaí Airgid*, tá gnó na n-údarás áitiúil an-éagsúil le formhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar fiúntach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil.

Córas um Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Mhuineacháin, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Comhairle Contae Mhuineacháin córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Mhuineacháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha. Is próiseas leanúnach é córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Timpeallacht um rialú airgeadais

Mar PF Chomhairle Contae Mhuineacháin, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe don tuairisciú ag gach leibhéal mar ar leithdháileadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha ar rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.

- Tá Coiste Iniúcháireachta ann a dhéanann, mar chuid dá chlár oibre, athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar PF Chomhairle Contae Mhuineacháin, deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- tá nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- tá treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

Comhlíontacht soláthair

Cinntíonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bhfuil fócas cuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas i dtairiscint agus i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair ábhartha go léir.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag Comhairle Contae Mhuineacháin le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a nochtar do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tá a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúcháireachta éifeachtach ag Comhairle Contae Mhuineacháin a dhéanann athbhreithniú éifeachtachta bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúcháireachta i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúcháireachta mar atá leagtha amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

- I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;
- II. forbairt dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmiú a fheidhme iniúcháireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil;
- III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, ar thuarascáil iniúcháir nó ar thuarascáil speisialta iniúcháir i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a rinne a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagairt ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuairisc a thabhairt don údarás sin ar a thorthaí;
- IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú agus a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
- V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúcháireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs cuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúcháireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúcháireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Mhuineacháin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Mhuineacháin, ar córas é a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a oiread agus is féidir.

Tá clár riosca corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann meastóireacht agus grádú orthu de réir a dtábhacht. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm freisin do gach rannóg seirbhíse agus déantar iad seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta freisin.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar na freagrachtaí as oibriú na rialuithe do bhaill foirne áirithe.

Mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais san áireamh sa dréacht-Thuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2026 agus a chuirfear san áireamh ina dhiaidh sin sa Tuarascáil Bhliantúil fhoilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2026.

Sínithe ag:

Dátaithe:



Príomhfheidhmeannach

01 Aibreán 2026

Aguisín III Ráiteas Rialachais

Ráiteas Rialachais

Aidhm

Is é is aidhm don ráiteas rialachais seo faisnéis ábhartha a thabhairt maidir leis na struchtúir rialachais agus na socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil, lena n-áirítear ar an gComhairle, na coistí, an bhainistíocht shinsearach agus réimsí gaolmhara. Leis sin, léirítear ár dtiomantas do rialachas éifeachtach, aithnítear ceanglais thábhachtacha reachtacha agus dea-rialachais agus dearbhaítear go gcomhlíonann an Chomhairle oibleagáidí Chód Rialachais na nÚdarás Áitiúil.

Dea-Rialachas

Go bunúsach, baineann dea-rialachas san earnáil údaráis áitiúil agus san earnáil phoiblí i gcoitinne le tosaíochtaí a sheachadadh, cuspóirí a bhaint amach, tú féin a iompar le hionracas agus a bheith ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus beartais rialtais. Leis an rialachas, tagraítear don chreat rialacha, caidreamh, córas agus próiseas faoina ndéantar an t-údarás áitiúil a stiúradh, a rialú agus a dhéanamh freagrach agus ina ndéantar údarás laistigh d’eagraíocht a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun. Cuimsítear leis údarás, cuntasacht, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

Prionsabail an Dea-Rialachais

CROÍPHRIONSABAL 1 – Ciallaíonn dea-rialachas díriú ar aidhm an údaráis, ar thorthaí lena ndéantar buntáistí eacnamaíocha, pobail agus buntáistí don tsochaí trí chéile a sheachadadh agus lena ndéantar fíis a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

CROÍPHRIONSABAL 2 – Ciallaíonn dea-rialachas luachanna na seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí sheasamh le caighdeán arda iompair agus iompraíochta.

CROÍPHRIONSABAL 3 – Ciallaíonn dea-rialachas comhaltaí agus oifigigh ag oibriú le chéile chun aidhm choiteann a bhaint amach faoi chuimsiú feidhmeanna agus ról atá sainithe go soiléir.

CROÍPHRIONSABAL 4 – Ciallaíonn dea-rialachas acmhainn na heagraíochta agus cumas agus inniúlachtaí ceannaireachta na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun feidhmiú go héifeachtach agus chun aidhm na heagraíochta a chomhlíonadh.

CROÍPHRIONSABAL 5 – Ciallaíonn dea-rialachas cinntí stuama agus trédhearcacha a ghlacadh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.


CROÍPHRIONSABAL 6 – Ciallaíonn dea-rialachas a bheith ag obair go hoscailte agus go cuimsitheach le muintir na háite, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú.

CROÍPHRIONSABAL 7 – Ciallaíonn dea-rialachas a bheith ag rannchuidiú go gníomhach le forbairt agus le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ach na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí sa Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide agus forálacha an Achta um Gníomhú Aeráide a bhaint amach.

Ár dTiomantas don Dea-Rialachas

Mar Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach na Comhairle, agus thar ceann na gcomhaltaí tofa, an lucht bainistíochta agus na foirne, deimhnímid na rudaí seo a leanas;

1. Ghlacamar leis na prionsabail rialachais mar bhunchloch agus mar fhealsúnacht faoin gcaoi a n-oibrímid mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannach.
2. Glacadh le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar a mhéid atá an Chomhairle ag comhlíonadh an Chóid.
3. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais chuig na Comhaltaí Tofa agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an SIFC agus tugann sé dearbhú do na Comhaltaí Tofa ar bhonn bliantúil. Tá sásraí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta chun fógra a thabhairt do na Comhaltaí Tofa maidir le haon saincheisteanna a thagann chun cinn lasmuigh den ghnáth-thuairisciú bliantúil.
4. Tugtar aitheantas do chomhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla agus rialála agus cloítear leo.
5. Tá soiléireacht maidir le róil agus freagrachtaí bunaithe ar fheidhmeanna coimeáda agus feidhmeannacha agus bunaithe ar théarmaí tagartha an choiste.
6. Tá Cóid Iompair agus dearbhuithe eitice i bhfeidhm do chomhaltaí agus d'fhostaithe.
7. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus deimhniú gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a mbíonn gá léi faoi alt 22(1) den Acht.
8. Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.
9. Chuireamar socruithe maoirseachta rialachais iomchuí i bhfeidhm i dtaca le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus gaolmhara.
10. Mar chuid dár dtiomantas do mhaoirseacht agus cuntasacht éifeachtach, d'fhorbraíomar agus leanaimid ag cur feabhais ar ár gcreat dearbhaithe foriomlán ag úsáid foinsí dearbhaithe seachtracha agus inmheánacha chun dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.



Cathaoirleach

Dáta: 01 Aibreán 2026



Príomhfheidhmeannach

Dáta: 01 Aibreán 2026



Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

Comhairle Contae Mhuineacháin Monaghan County Council

Tuarascáil Bhliantúil 2025 Annual Report 2025